Comhairle Contae an Chabháin
Cavan County Council

# Tuarascáil Bhliantúil
# Annual Report
# 2020

Comhairle Contae an Chabháin
Cavan County Council

***Misean***

*Comhairle a thugann treoir agus a chomhoibríonn le gach duine chun todhchaí níos fearr a chur chun cinn agus a mhúnlú dár gContae*

***Fís***

*Contae forásach, bríomhar atá cliste, nasctha, nuálach, cuimsitheach agus inbhuanaithe*

Comhairle Contae an Chabháin
Cavan County Council

| LEATHANACH AN ÁBHAIR | |
|---|---|
| Ár gContae | 1 |
| Aitheasc an Chathaoirligh | 2 |
| Aitheasc an Príomhfheidhmeannaigh | 6 |
| Toghcheantair agus a hIonadaithe Tofa | 15 |
| Cruinniú an Údaráis Áitiúil | 17 |
| Fáiltithe agus Comhdhálacha Cathartha/Cathaoirleachta a ndearna Ionadaithe Tofa freastal orthu | 17 |
| Oiliúint ar bhain Ionadaithe Tofa leas aisti | 18 |
| Údaráis Phoiblí agus Comhlachtaí eile ar a bhfuil ballraíocht ag Ionadaithe Tofa | 18 |
| Íocaíochtaí le hIonadaithe Tofa | 19 |
| An Coiste um Beartais Straitéiseacha | 20 |
| Síntiúis Pholaitiúla | 21 |
| An Plean Corparáideach | 21 |
| An Foireann Bhainistíochta | 23 |
| **Tithíocht, Leabharlanna & Seirbhísí Cultúrtha, Acmhainní Daonna & Seirbhísí Corparáideacha** | |
| Acmhainní Daonna & Gnóthaí Corparáideacha | 24 |
| Tithíocht | 29 |
| Leabharlanna | 38 |
| Na hEalaíona | 48 |

| | |
|---|---|
| An Músaem | 55 |
| Amharclann Ramor | 62 |
| **Iompar, Athrú Aeráide, Comhshaol, Bainistiú Dramhaíola agus Seirbhísí Uisce** | |
| Iompar | 70 |
| An Comhshaol | 97 |
| Bainistiú Dramhaíola | 115 |
| Seirbhísí Uisce | 137 |
| **Pleanáil Pobail agus Forbairt Eacnamaíochta** | |
| Pleanáil | 145 |
| Fiontar Pobail agus Turasóireacht | 160 |
| Geopháirc Dhomhanda UNESCO | 191 |
| An Oifig Fiontair Áitiúil | 197 |
| **Seirbhísí Airgeadais agus Faisnéise** | |
| Airgeadas | 205 |
| Mótarcháin | 214 |
| Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) | 216 |
| Seirbhísí Éigeandála | 219 |
| Achoimre ar na Cuntais | 233 |




**Tabhair do d'aire:** Is féidir an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur ar fáil i bhFormáid Inrochtana. Déan teagmháil leis an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha ar 049 437 8300

# Ár gContae

Tá 76,092 duine in a gcónaí i gContae an Chabháin. Contae tuaithe atá ann den chuid is mó cé go bhfuil ardú suntasach tagtha ar an daonra i bpríomhionaid uirbeacha an chontae le blianta beaga anuas. Is sainchomharthaí den Chontae iad na droimníní atá sna ceantair tuaithe chomh maith leis na lochanna agus na cnoic bheaga ar fad a bhfuil an Contae breac leo. Níl mórán daoine ina gcónaí in Iarthuaisceart an Chontae, áit atá sléibhtiúil agus go leor ceantair ardscéimhe ann. Tá gnéithe éagsúla ann chomh maith a mheallann turasóirí ón iasacht, lena n-áirítear Uiscebhealach na Sionainne agus Uaimheanna na hÁirse Marmair sa Geopháirc Dhomhanda.

D'fheabhsaigh an M3 an rochtain ar ár gContae agus anois tá teorainn an Chontae ó dheas d'Achadh an Iúir níos lú ná uair an chloig ó Bhaile Átha Cliath. Tá Baile an Chabháin suite go straitéiseach freisin agus aithnítear é mar gheata chuig agus ó Thuaisceart Éireann. Ainmníodh Baile an Chabháin mar Mholbhaile sa Straitéis Spáis Náisiúnta.




| Eochair Eolais | |
|---|---|
| **Baile Cúige** | |
| **Mórbhaile Uirbeach** | |
| **Baile** | |
| **Sráidbhaile** | |

## Aitheasc an Chathaoirligh



*Mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae an Chabháin tá sé de phribhléid agam fáilte a chur roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2020.*

Is mór an phribhléid é slabhra an Chathaoirligh a chaitheamh in aon bhliain, ach ba mhó fós an onóir é a bheith dul i mbun oifige le linn na géarchéime idirnáisiúnta ba mheasa leis na glúnta, toisc gur thug sé deis dom acmhainneacht iontach fhoireann na comhairle agus mhuintir an chontae seo a fheiceáil don féin go pearsanta.

Ní bréag a rá gur eispéireas neamhghnách a bhí ann. Mar ionadaithe áitiúla, is breá linn an idirghníomhaíocht phearsanta, agus is iondúil go mbíonn líon mór imeachtaí agus neart croitheadh láimhe i gceist le ról an Chathaoirligh– rud a thiocfadh go nádúrtha dúinn cúpla mí ó shin ach gur deacair é a shamhlú anois!

Cé go bhfuil mé, ar nós gach duine agaibh, ag tnúth go mór le filleadh ar an gcumarsáid aghaidh ar aghaidh agus an deis taitneamh a bhaint as cuideachta mo theaghlaigh, mo chairde agus mo phobal, mar sin féin, bhain mé an-sásamh as ról an Chathaoirligh a chur i gcrích le linn na paindéime. Tá sé ar cheann de na heispéiris is sásúla dá raibh agam i mo shaol gur tugadh deis dom ceannaireacht a thaispeáint agus ionadaíocht a dhéanamh ar mo chontae in am an éigin.

Mar atá sonraithe sa tuarascáil seo, leanadh le hobair Chomhairle Contae an Chabháin i rith 2020, fiú nuair a chuir an coróinvíreas stop le formhór na gcúrsaí sin atá mar chuid dár sochaí. Bhí an t-ádh orm i mo ról mar chomhairleoir agus mar Chathaoirleach go bhfaca mé, le mo dhá shúil féin, an tréan iarracht a rinne ár

bhfoireann seirbhísí a chur ar fáil don phobal tráth a raibh eagla agus éiginnteacht ar dhaoine mar gheall ar phaindéim dhomhanda
Is ón bpobal a thagann foireann an údaráis áitiúil agus léiríonn a ndúthracht a chaoi a bhfuil gach duine sa chontae seo tiomanta do theacht le chéile ar son a chéile agus, thar aon rud eile, na daoine is leochailí inár sochaí a chosaint.
Luigh 2020 go trom ar ár gcontae agus ar mhuintir an chontae. Ach mar sin féin, tá a fhios againn go bhféadfadh an cás a bheith i bhfad, i bhfad níos measa. Nuair nár éirigh ár gcóras sláinte plódaithe léirigh sé an dlúthpháirtíocht agus an neart dochreidte a léiríomar mar phobal i bhfianaise tubaiste domhanda.

Ar cheann de na himeachtaí ba thábhachtach in 2020 bhí an chéad Lá do Chabhán, agus bhí ríméad orm é a sheoladh. Thug an tionscnamh rannpháirtíochta diaspóra seo muintir an Chabháin agus cairde an Chabháin ar fud na cruinne le chéile chun an contae iontach atá againn agus an iliomad éachtaí a rinne a muintir an chontae a cheiliúradh agus buíochas a léiriú astu. Tráth a raibh uaigneas, imní agus leithlisiú ag oiliúint ar chuid mhaith daoine, chruthaigh an tionscnamh seo dlúthchaidreamh den scoth idir lear mór daoine ar fud an domhain. Agus níos mó ná 10 milliún imprisean ar na meáin shóisialta, d'éirigh linn dearcadh dearfach a chruthú rud a thug, tá mé cinnte, sólás do go leor daoine.

Cé go raibh ról ollmhór ag tionscnaimh ar líne inár bhfreagairt ar an bpaindéim, bhí obair na foirne agus na n-oibrithe deonacha ar an talamh thar a bheith tábhachtach freisin, go háirithe ó thaobh cosaint a thabhairt dóibh siúd a raibh orthu "cocúnú" d’fhonn iad féin a chosaint ar Covid-19. Agus mé ag feidhmiú mar Chathaoirleach, bhí mé ag roinnt cruinnithe d'Fhóram Pobail Covid-19 an Chabháin agus bhí sé fíor-spreagúil an deimhneacht agus an spiorad chomhoibrithe agus comhshaothair a léirigh na heagraíochtaí stáit, pobail, spóirt, reiligiúnacha agus deonacha a fheiceáil agus iad i gceannas ar fhreagairt don phaindéim.

I ngach baile agus sráidbhaile i gContae an Chabháin, tá daoine fós ina mbeatha a bhuíochas d'iarrachtaí na bhfear agus na mban tiomnaithe sin a tháinig le chéile chun a chinntiú go mbeadh bia, leigheas, soláthairtí teaghlaigh agus fiú leabhair

tugtha chuig na daoine ba leochailí sa tsochaí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach aon duine a chabhraigh, is cuma an sna línte tosaigh nó sa chúlra a bhí siad, mar go ndearna siad difríocht nuair a theastaigh sé.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le muintir an Chabháin, idir óg agus aosta, as an diongbháilteacht a léirigh siad le linn na paindéime seo. Cé go raibh na srianta riachtanach, ghoill gach rud a cuireadh i bhfeidhm lena linn orainn ar fad agus ba mhór an inspioráid an neamhleithleachas agus an dlúthpháirtíocht a thaispeáin gach aon duine.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach Tommy Ryan, leis an bhfoireann ardbhainistíochta, agus le foireann uile Chomhairle Contae an Chabháin as a seacht ndícheall a dhéanamh i rith 2020 agus go deimhin gach bliain. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le mo chomhchomhairleoirí as a dtacaíocht agus as an obair leanúnach a dhéanann siad thar ceann mhuintir an Chabháin. Cé go mb'fhéidir go mbíonn easaontas eadrainn faoi shaincheisteanna aonair ó am go chéile, tá a fhios agam go bhfuilimid aontaithe ó thaobh ar ngrá dár gcontae agus an fonn atá orainn feabhas a chur shaol na ndaoine atá ag maireachtáil anseo.

Aon uair a chaithim an slabhra oifige, smaoiním ar an dream a chaith é romham, agus táim buíoch go raibh an deis agamsa, freisin, freastal ar mo chontae mar chéad saoránach. Díreach dhá bhliain ó shin, ní raibh ach bean amháin tar éis a bheith ina Cathaoirleach, ach faoin tráth seo bhí triúr ban sa ról. Tá súil agam, dá bhrí sin gur chabhraigh mé féin, an Comhairleoir Madeleine Argue, agus an Comhairleoir Veronica Sharkey, nach maireann, le go mbeadh na mná sa pholaitíocht áitiúil níos feiceálaí agus go dtiocfaidh ardú i rith an ama ar an líon atá ann!

Nuair a ghlac an phaindéim ceannas ar an náisiún den chéad uair i mí an Mhárta 2020, bhí súil ag go leor againn go bhfillfí ar an ngnáthshaol faoi dheireadh na bliana. Ní mar son a tharla agus anois, agus thú ag léamh na tuarascála seo, tá an

cath i gcoinne Covid-19 fós ar siúl, cé go bhfuil tuar dóchais tugtha dúinn ag an eolaíocht i bhfoirm vacsaíní, agus le gach lá a imíonn thart táimid ag teannadh de réir a chéile níos cóngaraí do thodhchaí saor ón leithlisiú, an scaradh agus an cháiréis nach dtagann go nádúrtha do mhuintir na hÉireann.

Tugann sé an-sólás domsa ar aon nós a chreidiúint, nuair a thiocfaimid as an bpaindéim seo ar deireadh thiar, go ndéanfaimid amhlaidh agus an tuiscint againn gur féidir linn le chéile - mar chontae, mar náisiún - aon dúshlán a shárú.

**An Comhairleoir Sarah O' Reilly,** Cathaoirleach

## Aitheasc an Phríomhfheidhmeannaigh



Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae an Chabháin don bhliain 2020 a chur i láthair.

Nuair a bhíomar ag tosú amach, is beag duine againn a shamhlaigh an t-athrú ó bhonn a thiocfadh ar ár saol i rith na bliana i gcomhthéacs na paindéime domhanda - ní áibhéil ar bith é a rá gurb í 2020 an bhliain ba dhúshlánaí le blianta beaga anuas d'earnáil na n-údarás áitiúil.

Mar sin féin, táim bródúil go ndeachaigh - mar a léirítear sa tuarascáil seo - foireann Chomhairle Contae an Chabháin in oiriúint go tapa do na dúshláin éagsúla ar fad a bhain le Covid-19 agus gur lean siad ar aghaidh ag soláthar réimse leathan seirbhísí do na saoránaigh sa gcontae i gcúinsí a bhí thar a bheith deacair.

Ní hamháin gur lean an Chomhairle seo de sheirbhísí ríthábhachtacha a chur ar fáil, mar shampla pleanáil, tithíocht, uisce, an comhshaol agus an bhriogáid dóiteáin a choinneáil ag imeacht, ach ghlac ár bhfoireann leis an dúshlán suntasach freisin comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt pobail, nach bhfacthas a leithéid cheana, nuair a bhí an phaindéim ag scaipeadh ar luas lasrach trínár sochaí.

Idir an fhoireann a d'oibrigh ar an líne chabhrach 'Glao Pobail' agus a thug cluas éisteachta chairdiúil don dream ba leochailí, an fhoireann Pobail agus Fiontair agus foireann na Leabharlainne a chuir an clár 'Keep Well' ar fáil, agus ar ndóigh, na hoibrithe deonach tiomnaithe ar fad de chuid an Chosaint Sibhialta a chabhraigh le gach rud -seachadtaí bia, iompar leighis agus cúnamh le tástálacha Covid, ghlac ár bpobal leis an dúshlán, tráth a raibh an gcontae agus an náisiún ag tabhairt aghaidh ar an gcontúirt seo nach dtarlódh ach uair amháin inár saol.

Léiríonn an dul chun cinn, mar atá sé leagtha amach sa tuarascáil seo, tiomantas na foirne agus na bainistíochta, tacaíocht agus rannpháirtíocht leanúnach ár gcomhaltaí tofa, agus an comhoibriú agus an comhshaothar atá ar bun le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, leis an earnáil phobail agus dheonach agus leis an bpobal. Ba uirlis ríthábhachtach é an creat straitéiseach mionsonraithe uileghabhálach atá mar bhonn agus mar thaca ag ár gcuid oibre ó thaobh croísheirbhísí a choinneáil ag imeacht i rith an ama. Is iontach an rud é gur baineadh an oiread sin amach i bhfianaise na ndeacrachtaí a bhí ann.

I measc a bhfuil bainte amach ag d'údarás áitiúil in 2020 tá:

- Bhí Máistirphlean Fhearann na Mainistreach, a maoiníodh mar thionscadal i gCatagóir B faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) in 2018, beagnach críochnaithe faoi dheireadh 2020, tar éis comhairliúchán forleathan leis na pobail, úinéirí talún agus lucht gnó. Aithneoidh an Plean seo sraith d'idirghabhálacha luachmhara as a dtiocfaidh athrú ó bhonn, le tacaíocht ó phríomh-chomhpháirtithe, agus tá sé i gceist go spreagfadh sé athghiniúint shóisialta, chultúrtha, eacnamaíoch agus chonláiste ag an suíomh lárnach seo i lár an bhaile, a bhfuil tábhacht ag baint leis ó thaobh na staire de. Rinne Comhairle Contae an Chabháin iarratas ar mhaoiniú Caipitil €14,493,750 in 2020 agus táthar ag súil le cinneadh maidir leis an iarratas sin in 2021.
- Ullmhaíodh Straitéis Athnuachana do Bhaile Shéamais Dhuibh, le tacaíocht ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF). Leagtar amach sa straitéis treoirphlean le haghaidh tionscadail forbartha ar an mbaile amach anseo.

- In 2020, rinneadh dul chun cinn suntasach ar an Ionad Seirbhísí Sibhialta, Cultúrtha agus Leabharlainne nua in Achadh an Iúir. Cuireadh an chéim mhionsonraithe deartha i gcrích agus ina dhiaidh sin cuireadh an obair thógála amach ar tairiscint.

- I Mí an Mhárta críochnaíodh an chéad chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil ar limistéar staidéir na scéime, na srianta tosaigh agus na roghanna bealaigh le haghaidh Seachbhóthar N3 Achadh an Iúir.

- Ar an 11 Samhain 2020 cuireadh tús ar líne leis an dara comhairliúchán poiblí neamhreachtúil ar na roghanna bealaigh atá ar an ngearrliostaithe.

- Rinneadh dul chun cinn le linn 2020 ar chuid B den N55, An Chorr Dhubh go Deisceart Killydoon, idir bailte fearainn Bhéal Átha Trost agus Mullach Odhráin. Ceapadh RPS Consulting Engineers i mí Feabhra 2020 chun Seirbhísí Comhairliúcháin a sholáthar do Chéimeanna 5, 6 agus 7 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadail an BIÉ.

- Rinne Foireann na Geopháirce maoirseacht ar an aighneacht chuig Fáilte Éireann ag iarraidh €6.6m faoi scéim na ndeontas caipitil *'Platforms for Growth'* le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Pháirc Boirne an Chabháin agus ar Log na Sionna. Is éard atá i gceist leis an eispéireas seo do chuairteoirí atá á bheartú ná tionscadal suaitheanta turasóireachta a bhunú ag Log na Sionna agus feabhas a chur ar na háiseanna atá cheana féin i bPáirc Boirne an Chabháin, lena n-áiritear ardán féachana ardaithe.

- Chríochnaigh an Gheopháirc na hoibreacha ar an mol nua dá cuid sa Bhlaic. Ar an suíomh beidh oifigí, spás oideachais, mol cothabhála láithreáin agus seomraí cruinnithe agus beidh sé mar ionad baile oibríochtúil agus straitéiseach don Gheopháirce amach anseo.

- D'éirigh le Páirc Fiontraíochta Mhuinchille, tionscnamh de chuid Chomhairle Contae an Chabháin, an chéad chéim den fhorbairt a thabhairt chun críche, nuair a cuireadh bóthar rochtana nua agus seirbhísí ar fáil don pháirc. Tá PQE Engineering Ltd, an chéad chuideachta ó Mhuinchille, tar éis tús a chur leis an obair ullmhucháin agus tá sé i gceist go mbeadh an obair thógála críochnaithe ar a bhfoirgneamh tionsclaíoch nua, ar láithreán cúig acra, ag deireadh 2021/i dtús 2022.

- Bhunaigh Mol Digiteach an Chabháin, tionscnamh de chuid Chomhairle Contae an Chabháin, comhfhiontar le IDA Ireland agus le Comhairle Contae an Chabháin chun réamhchead pleanála a fháil ar shuíomh roghnaithe i bPáirc Ghnó Choill an Gharraí le Foirgneamh Ardteicneolaíochta a fhorbairt. Beidh sé seo mar chuid de phlean straitéiseach corparáideach Chomhairle Contae an Chabháin leis an bhfás eacnamaíoch inbhuanaithe a éascú agus infheistíocht isteach a mhealladh chuig an gContae.

- Tar éis bliain a bhí dúshlánach do ghnólachtaí beaga, seoladh feachtas *'Look for Local'* na hOifige Náisiúnta Fiontair Áitiúil an 27 Samhain 2020 le daoine spreagadh chun a gcuid siopadóireachta a dhéanamh go háitiúil le linn Nollag 2020.

* Ligeadh 100 teach de chuid na comhairle amach ar cíos i rith na bliana agus lig Comhlachtaí Tithíochta Faofa 24 teach eile ar cíos, rud a d'fhág go raibh 124 buanaonad cóiríochta san iomlán ligthe ar cíos le daoine a bhí i ngátar.

* Chuir Oibrithe Deonacha Cosanta Sibhialta Chontae an Chabháin 662 tasc i gcrích le linn 2020 agus bhí siad ar cheann de na haonaid ba ghníomhaí in Éirinn. I measc na ndualgas a comhlíonadh bhí seachadtaí cógas, aistriú othar agus seachadadh bia agus earraí siopadóireachta eile tríd an líne chabhrach 'Glao Pobail'.

* Chomhordaigh ár roinn TF mórimirce, nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, chuig an obair ón mbaile, d'fhonn a chinntiú go bhféadfadh ár bhfoireann leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí go sábháilte agus go héifeachtúil do mhuintir an Chabháin.

* Ar an 26 Feabhra 2020, cheadaigh baill Cheantar Bardasach Bhaile Shéamais Dhuibh cead pleanála Chuid VIII le haghaidh an Stáisiún Dóiteáin nua. Le linn an dara leath de 2020, lorgaíodh agus rinneadh measúnú ar thairiscintí do chéim na tógála. Cuireadh tuarascáil mhionsonraithe faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag iarraidh cead tús a chur leis an obair thógála.

* In 2020, chríochnaigh Comhairle Contae an Chabháin 11 aonad tithíochta sóisialta nua: seacht gcinn ag Doire Chruinnill, Baile Shéamais Dhuibh, péire ag Bóthar Chluain Eois, Butlersbridge, agus péire ag Swellan, An Cabhán.

* I rith 2020, sheachaid an Rannóg Rátaí an Deontas Atosaithe, na Deontas Atosaithe Plus agus na Deontais Bhreise Atosaithe thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ranníocaíocht a bhí sa deontas seo i dtreo an chostais a bhain le gnó a athoscailt nó a choinneáil ar oscailt agus nasc a athchruthú le fostaithe agus le custaiméirí le linn phaindéim Covid. Íocadh €9,851,417 san iomlán i nDeontais Atosaithe le 1,068 gnó.

* Glacadh seilbh go rathúil ar 25 teach a bhí folamh agus cuireadh iad le stoc tithíochta na Comhairle in 2020. San iomlán, tugadh 72 teach a bhí folamh ar ais le húsáid in 2020.

* Bhronn *The Public Sector Magazine* an gradam 'Leabharlann Phoiblí na Bliana' ar Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin don bhliain 2020.

* Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2020 maidir leis na pleananna atá ag Músaem Chontae an Chabháin Ionad Scéalaíochta na hÉireann a fhorbairt. Críochnaíodh na réamh líníochtaí ailtireachta don tógáil, ceadaíodh cead

pleanála Chuid 8, agus rinneadh brandáil a choimisiúnú chun an t-ainm agus na lógónna d'Ionad Scéalaíochta na hÉireann a chruthú.

- I mí na Nollag 2020, fuair Músaem Contae an Chabháin an taispeántas 'An Chéad Chogadh Domhanda' ar iasacht ón Leabharlann Náisiúnta. Éacht a bhí anseo don chontae agus don Mhúsaem mar gurb é seo an chéad ionad, lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, ina mbeidh an taispeántas áirithe seo le feiceáil. Nuair a bheidh sé suite in 2021 beidh sraith comhoibrithe idir Músaem Contae an Chabháin agus An Leabharlann Náisiúnta dírithe ar an taispeántas mórscála seo.

- Reáchtáladh an chéad 'Lá do Chabhán' riamh, áit ar tugadh deis do mhuintir, do diaspóra agus do chairde an Chabháin teacht le chéile go fíorúil chun a gcontae a cheiliúradh, ar an 26 Meán Fómhair 26. Ar na meáin shóisialta, bhí 9 milliún imprisean ar Twitter agus Instagram agus ar a laghad 1 milliún imprisean ar Facebook do #CavanDay – rud a chiallaíonn gur breathnaíodh ar #CavanDay níos mó ná 10 milliún uair ar na meáin shóisialta i mí Mheán Fómhair, agus astu sin bhí thart ar 3.5 milliún ina n-amhairc uathúla.

- Rinne Glao an Chabháin um Nollaig aithris ar 'Lá do Chabhán' trí theagmháil a dhéanamh le muintir an Chabháin ar fud an domhain agus iarraidh orthu beannachtaí na Nollag a roinnt le cairde agus le teaghlaigh ar fud an domhain.

- D'fhaomh na comhairleoirí i gCeantar Bardasach Bhaile Shéamais Dhuibh an plean le haghaidh Scéim Cheansú Tráchta agus Pábhála Achaidh an Iúir in 2020 agus cuireadh an scéim amach ar tairiscint ar an 20 Samhain 2020.

- Físeán na Nollag 2020: Sa tionscadal comhoibríoch seo, chuir Músaem Contae an Chabháin agus Oifig Oidhreachta an Chabháin físeán gearr le chéile, a ndearnadh scannánú air i Músaem Chontae an Chabháin, agus a thug léargas ar thaithí an phobail le linn 2020, ar an teacht aniar a léirigh siad agus ar an dóchas a bhí acu do 2021. D'fhéach breis agus 27,000 duine ar an bhfíseán croíúil, tochtmhar seo ar líne.

- Ba í 2020 an cúigiú bliain a raibh Féile Eolaíochta an Chabháin Mhuineacháin ar siúl. Chuaigh Comhairle Contae an Chabháin agus Comhairle Contae Mhuineacháin i gcomhar le chéile arís agus réimse imeachtaí a n-óstáil acu i mí na Samhna 2020. Mar gheall ar shrianta Covid19 reáchtáladh na himeachtaí go fíorúil agus bhí na rannpháirtithe in ann rochtain a fháil ar na himeachtaí seo ar líne. Ghlac breis agus 13,000 leanbh páirt in imeachtaí

sruthaithe scoile agus rinne os cionn 1,000 duine fásta imeacht eolaíochta a shruthú.

- Bhuaigh tionscadal *Zero Waste* Bhéal Tairbhirt an gradam don Chlár Bainistíochta Dramhaíola ab fhearr ag na Gradaim Uile-Éireann Pobail & Chomhairle 2020.

- Cuireadh i gcrích an Tionscadal Príomh-Athshlánú Uisce i mBaile an Chabháin - an Phríomhshráid mar chuid de Chlár Náisiúnta Laghdaithe Sceite Uisce Éireann.

- Cuireadh Tionscadal Phríomhphíobán Uisce Shearcóige i gcrích go hiomlán i Ráithe 4 de 2020. Is éard a bhí i gceist leis seo ná 400 méadar de sheanphíopaí uisce iarainn a raibh fadhb leo a athsholáthar ar Bhóthar Choill an Chollaigh, i Searcóg.

- Bronnadh €837,000 ar Chomhairle Contae an Chabháin i mí Eanáir 2020 chun áis spóirt ilchuspóireach a fhorbairt.

- Ghlac na céadta laochra, ó gach cearn d'oileán na hÉireann, i ngan fhios don saol mór, páirt go fíorúil i nGradam Mhórtas Ceantair IPB Insurance  2020 ar an Satharn an 21 Samhain 2020. Ainmníodh trí ghrúpa as Contae an Chabháin in 2020:

    - Freagairt Éigeandála Bia Fhorbairt Áitiúil Chontae an Chabháin  - Tionscnamh Folláine
    - Conair Aislingeach Oileán Tairbirt  - Tionscadal Bhéal Tairbirt– An Tionscnamh Áit Chruthaitheach
    - Tionscnamh Reilig Dhroim Dhúin  – Tionscnamh Turasóireachta Pobail.
- Ag Comórtas Mhórtas Ceantair na hÉireann bronnadh duais mhór ar Fhreagairt Éigeandála Bia Fhorbair Áitiúil Chontae an Chabháin, a bunaíodh i mBéal Tairbirt chun cabhrú le bia a dháileadh le linn ghéarchéim Covid.

- Mar scéim aonuaire do Nollaig 2020, cuireadh maoiniú ar fáil do bhailte agus do shráidbhailte sa Chabhán chun íoc as cuid den chostas a bhain le Soilse na Nollag a sholáthar. Fuair 34 Baile agus Sráidbhaile faomhadh agus bronnadh deontais idir €500 agus €2,250 orthu chun an contae a lasadh suas don Nollaig.

- D'éirigh le Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin 135 chlár a sheachadadh in 2020, lena n-áirítear ardáin ar líne  mar fhreagairt ar COVID 19, le go bhféadfadh an LSP cur leis na deiseanna a bhíonn ag daoine sa chontae páirt a ghlacadh i Spórt agus i nGníomhaíochtaí Coirp.

- Chuir Tionscnamh nua Péinte a seoladh i mí an Mhárta 2020, le tacaíocht ó Fleetwood Paints, cúnamh i bhfoirm deontais ar fáil d'áitribh i mBaile an Chabháin ar mhian leo aghaidheanna na bhfoirgneamh a phéinteáil. Is sampla iontach í an scéim seo de ghnó áitiúil, Foireann an Bhaile agus An t-Údarás Áitiúil a bheith ag teacht le chéile chun athruithe dearfacha a dhéanamh laistigh dár bpobal agus mar thoradh ar an tionscnamh bhí os cionn 40 aghaidh siopa i gcroílár an bhaile úrphéinteáilte le dathanna geala.

- Bunaíodh grúpa oibre tras-rannach inmheánach in 2020 le maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bPleananna Athbheochana Bailte & Sráidbhailte agus comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí an údaráis áitiúil bailte agus sráidbhailte a athbheochan ar fud an chontae, den chuid is mó trí mhaoiniú a uasmhéadú faoi Scéim Bailte agus Sráidbhailte an RRDF agus scéimeanna eile atá ann do thionscadail a fhéachann le feabhsuithe a dhéanamh agus beocht agus gníomhaíocht a chruthú.

- I mí Feabhra 2020, sheol an Cócaire Neven Maguire branda láidir nua féiniúlachta chun gluaiseacht bia an Chabháin a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá foireann d'uirlisí curtha ar fáil don bhranda a threoraíonn úsáid an bhranda ar fud na n-ardán cumarsáide margaíochta go léir. Foilsíodh an chéad eagrán d'eolaire táirgeoirí bia agus dí an Chabháin a thaispeánann go bhfuil an- éagsúlacht táirgí, agus iad ar ardchaighdeán le fáil i gContae an Chabháin.

- Críochnaíodh an obair in 2020 ar an gconair siúil agus rothaíochta 12km 'Bealach Choillidh Chaoin' a nascann Cill na Seanrátha le Páirc Foraoise Choillidh Chaoin. Críochnaíodh an obair freisin ar chosán siúil nua 7km a nascann baile Dhún an Rí le Páirc Foraoise Dhún an Rí.

- Críochnaíodh Glasbhealach Uirbeach nua 1.25km Bhaile an Chabháin, ag nascadh tailte Ospidéal Ginearálta an Chabháin le Carrickane i mBaile an Chabháin.

- D'fhógair an Rialtas an Glao Phobail, mórthionscnamh a nasc an rialtas áitiúil agus náisiúnta leis na hearnálacha pobail agus deonacha, ag deireadh mhí an Mhárta 2020. Is slógadh d'acmhainní stáit agus deonacha araon, nach bhfacthas a leithéid cheana, é an Glao Phobail chun dul i ngleic le tionchar COVID-19. Ba é cuspóir an Ghlao Phobail an ghníomhaíocht phobail a chomhordú, an cúnamh pobail a dhíriú ar an áit ar theastaigh sé agus fuinneamh oibrithe deonacha na tíre a thabhairt le chéile.

- Bhí an Cabhán ar cheann de na chéad chontaetha sa tír a chuir naisc thráchtála ar fáil faoi fheidhmiú céimneach snáithín an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

- Thug criúnna Sheirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin freagra iomlán ar gach eachtra le linn 2020. Forbraíodh pleananna freagartha do Covid-19 agus roinneadh na baill i ngach criú ina n-aonaid bheaga chun freastal ar na stáisiúin dóiteáin agus an trealamh agus na foirgnimh ar fad a steiriliú agus a chinntiú go raibh siad ag feidhmiú go hiomlán mar ba cheart.

- Chuir Comhairle Contae an Chabháin a Foireann Bainistíochta Géarchéime (CMT) i mbun gnímh le go mbeadh ar chumas na heagraíocht freagairt ar bhealach eagraithe agus stuama do phaindéim Covid-19. Bhí éagsúlacht ann mar a bhain le minicíocht chruinnithe an CMT, ag brath ar na riachtanais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.

- Cuireadh tús i mí an Mheithimh 2020 leis an athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chontae an Chabháin ina bhfuil Plean Ceantair Áitiúil do Bhaile an Chabháin 2022-2028.

- Chun tionchar Covid-19 ar ghnólachtaí incháilithe le linn 2020 a mhaolú, d'fhógair an Rialtas scéim tarscaoilte rátaí ar feadh 9 mí. Rinne An Roinn Rátaí tarscaoileadh iomlán dar luach €5,927,211 é a phróiseáil do ghnólachtaí incháilithe i gContae an Chabháin.

- Chruthaigh Covid-19 agus na srianta a bhain leis go leor dúshláin don Roinn Pleanála in 2020, ach in ainneoin na srianta agus na dteorainneacha fuair an Roinn 587 iarratas pleanála in 2020, méadú 14% ar líon na n-iarratas a fuarthas in 2019.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil arís le fir agus mná Chomhairle Contae an Chabháin as an dúthracht, an misneach, an comhbhá agus an chruthaitheacht a léirigh siad ar bhonn laethúil le linn 2020. Is minic go n-éiríonn daoine níos láidir nuair a théann an saol ina gcoinne, agus nuair a bhí siad ag teastáil óna gcontae, níor lig ár bhfoireann síos muid.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin dóibh siúd ar fad a thacaigh le agus a chomhlánaigh obair ár bhfostaithe, go háirithe ár gCathaoirligh le linn 2019, na Comhairleoirí Shane P O'Reilly agus Sarah O'Reilly, a gcomhbhaill thofa, agus comhaltaí na gcoistí éagsúla atá againn, a chuaigh in oiriúint go tapa do shaol na

gcruinnithe fíorúla agus a chomhlíon a bhfeidhmeanna leis an dúthracht agus an tiomantas a léiríonn siad i gcónaí.

Bhí na héachtaí a rinneamar le chéile mar a bheadh ga solais ann i mbliain a bheadh dorcha ina n-éagmais, agus le chéile tá síolta dóchais curtha againn le haghaidh todhchaí níos fearr.

Le gach dea-ghuí,
**Tommy Ryan,**

# Ceantair Bardasacha agus a nIonadaithe Tofa

## Ceantar Bardasach Choill an Chollaigh An Mhuinchille



An Comhairleoir Aiden Fitzpatrick (FF)



An Comhairleoir  Carmel Brady (FG)



An Comhairleoir Clifford Kelly (FF)



An Comhairleoir Paddy Mc Donald (SF)



An Comhairleoir Sarah O'Reilly (Aontú)



An Comhairleoir Val Smith(FG)

## Ceantar Bardasach an Chabháin-Bhéal Tairbirt



An Comhairleoir John Paul Feeley (FF)



An Comhairleoir Madeleine Argue (FG)



An Comhairleoir Patricia Walsh (FF)





An Comhairleoir Peter Mc Vitty (FG)
An Comhairleoir Sean Smith (F.F)
An Comhairleoir Brendan Fay (Neamhspleách)

## Ceantar Bardasach Bhaile Sheáin Dhuibh





An Comhairleoir Craig Lovett (FF)
An Comhairleoir Philip Brady (FF)
An Comhairleoir Shane P O'Reilly (NSP)





An Comhairleoir TP O'Reilly (FG)
An Comhairleoir Trevor Smith (FG)
An Comhairleoir Winston Bennett (FG)

## Cruinnithe an Údaráis Áitiúil

| **Cruinniú** | **Líon na gcruinnithe a tionóladh in 2020** |
|---|---|
| Cruinnithe Míosúla, Athghairthe agus Speisialta den Chomhairle Iomlánach | 9 |
| Cruinnithe Cheantar Bardasach Bhaile Shéamais Dhuibh | 7 |
| Cruinnithe Cheantar Bardasach Choill an Chollaigh - An Mhuinchille | 6 |
| Cruinnithe Cheantar Bardasach An Chabháin - Bhéal Tairbirt | 8 |
| Cruinniú Cinn Bhliana | 1 |
| Cruinniú Buiséid Bliantúil | 1 |
| Cruinnithe an Ghrúpa um Beartais Corparáideach | 12 |
| An Coiste um Beartais Straitéiseacha Tithíocht, Pobal, Cuimsiú Sóisialta agus Seirbhísí Corparáideacha | 3 |
| An Coiste um Beartais Straitéiseacha i leith na hEacnamaíocht, Fiontar agus Pleanáil | 3 |
| An Coiste um Beartais Straitéiseacha i leith Bóithre & Infreastruchtúr | 1 |
| An Coiste um Beartais Straitéiseacha i leith Gníomhú ar son na hAeráide agus na Bithéagsúlachta & An Comhshaol | 2 |
| An Coiste um Beartais Straitéiseacha don Fhorbairt Chultúrtha, An Ghaeilge & Spóirt | 2 |
| An Comhchoiste Póilíneachta | 3 |
| An Coiste Iniúchóireachta | 4 |

**Comhdhálacha, Seimineáir, Imeachtaí ar fhreastail Comhaltaí Tofa orthu**

| **Comhdháil / Seimineár / Imeacht** | **Ionad** | **Cuspóir** | **Líon ar d'fhreastail orthu** |
|---|---|---|---|
| Comhdhálacha Ceilteacha | Cloich na Coillte, Co. Chorcaí | Dul i nGleic le hAstaíochtaí Carbóin & Bochtaineacht Bhreosla | 6 |
| Iontaobhas Oidhreachta Cholm Cille | Gartán, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall | An chaoi ar chuir Críostaíocht na hÉireann leis an tSibhialtacht in Éirinn, san Eoraip agus ar fud an Domhain | 4 |

## Oiliúint ar Bhain Comhaltaí Tofa leas aisti

| Teideal na hOiliúna | Comhlacht a Chuir Oiliúint ar fáil | Ionad | Líon a d'fhreastail ar |
|---|---|---|---|
| Próiseas Déanta an Phlean Forbartha | Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG) | An Cabhán Port Láirge | 5<br>7 |
| Comhdháil Bhliantúil | Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann | An Longfort | 12 |
| Tuarascáil Moorhead | Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann | Corcaigh,<br>Baile Átha Luain,<br>Tiobraid Árann,<br>Loch Garman | 5<br>3<br>4<br>2 |

**Údaráis Phoiblí agus Comhlachtaí Eilea bhfuil ionadaíocht ag Comhaltaí Tofa orthu.**

| | |
|---|---|
| Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin Muineacháin | Clifford Kelly, Sean Smith, Patricia Walsh, Brendan Fay, Sarah O'Reilly, Madeleine Argue, Carmel Brady |
| Fóram Sláinte Réigiúnach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh | Aiden Fitzpatrick, Craig Lovett, Trevor Smith |
| Bord Comhpháirtíochta Spóirt Áitiúil an Chabháin | Brendan Fay, Paddy McDonald, Craig Lovett, Patricia Walsh, Madeleine Argue |
| Údarás Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair | Sean Smith, Craig Lovett |
| Líonra Limistéar na Teorann Láir (ICBAN) | Patricia Walsh, Clifford Kelly, Winston Bennett |
| Cuideachta Comhar-Árachais Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann Teoranta | Paddy McDonald |
| Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG) | John Paul Feeley, Shane P O'Reilly, Peter McVitty |
| Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA) | Clifford Kelly |

Comhairle Contae an Chabháin
Cavan County Council

| | |
|---|---|
| Coiste Forbartha Pobail Áitiúil an Chabháin | Clifford Kelly, Aiden Fitzpatrick, T.P. O'Reilly |
| Comhchoiste Póilíneachta Chontae an Chabháin | Sarah O'Reilly, Shane P. O'Reilly, Clifford Kelly, John Paul Feeley, Carmel Brady, Peter McVitty, Madeleine Argue, Paddy McDonald, Patricia Walsh, Aiden Fitzpatrick, Philip Brady, Craig Lovett, Brendan Fay, Trevor Smith, T.P. O'Reilly |
| Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí an Oirthuaiscirt | Aiden Fitzpatrick, Carmel Brady |
| An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil | John Paul Feeley, Patricia Walsh, Trevor Smith, Madeleine Argue |
| An Comhaontas Aoisbhá | Brendan Fay, Carmel Brady |
| An Coiste Monatóireachta Áitiúil (An Clár Uisce Tuaithe) | John Paul Feeley, Sean Smith, Winston Bennett |
| Fóram Oidhreachta Chontae an Chabháin | Brendan Fay, Aiden Fitzpatrick, Shane P. O'Reilly, T.P. O'Reilly |
| Grúpa Stiúrtha an FSS um Fhéinmharú a Chosc, Cabhán/Muineacháin agus An Grúpa Forfheidhmithe Pobail | Sarah O'Reilly, T.P. O'Reilly |

**Íocaíochtaí le Baill Chomhairle Contae an Chabháin in 2020**

| | |
|---|---|
| Liúntas Costais Bhliantúla (speansais taistil, chothaithe agus ilghnéitheacha) | €91,886.34 |
| Íocaíochtaí as Ionadaíocht | € 312,829.56 |
| Liúntais An Chathaoirligh / An Leas-Chathaoirligh (lena n-áirítear Údaráis Bhardasacha) | €41,185.87 |
| Cathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha | €30,000.00 |
| Taisteal, Cothú le freastal ar Chomhdhálacha, Seimineáir | € 4,463.22 |
| Taisteal, Cothú le freastal ar Imeachtaí Oiliúna | €11,159.01 |
| Taisteal, Cothú le freastal ar imeachtaí thar lear | €374.89 |

## Coistí um Beartais Straitéiseach

| **Forbairt Gheilleagrach, Fiontraíocht & Pleanáil** | **Climate, Biodiversity Action & Environment** |
|---|---|
| An Comhairleoir John Paul Feeley, **Cathaoirleach**<br>An Comhairleoir Peter McVitty<br>An Comhairleoir Sarah O'Reilly<br>An Comhairleoir Winston Bennett<br>An Comhairleoir Aiden Fitzpatrick<br>An Comhairleoir Carmel Brady<br>Thomas Rogers (Talmhaíocht & Feirmeoireacht)<br>Jim McGaughran (Forbairt & Tógáil)<br>Tom Brady (Gnó & Tráchtáil)<br>Stanley Nwaneri (Pobal & Deonach) | An Comhairleoir Philip Brady **Cathaoirleach**<br>An Comhairleoir Madeleine Argue<br>An Comhairleoir Winston Bennett<br>An Comhairleoir T.P. O'Reilly<br>An Comhairleoir Shane P. O'Reilly<br>An Comhairleoir Craig Lovett<br>Fintan McCabe (Comhshaol /Caomhnú)<br>Barry Wilson (Pobal/ Deonach)<br>Joe Brady (Talmhaíocht) |
| **Tithíocht, Cuimsiú Sóisialta agus Gnóthaí Corparáideacha** | **Seirbhísí Iompair, Bonneagair agus Éigeandála** |
| An Comhairleoir Val Smith, **Cathaoirleach**<br>An Comhairleoir Paddy McDonald<br>An Comhairleoir Clifford Kelly<br>An Comhairleoir Patricia Walsh<br>An Comhairleoir Trevor Smith<br>An Comhairleoir Madeleine Argue<br>Leanne Coyle (Pobal/Deonach)<br>Thomas Maughan (Cuimsiú Sóisialta)<br>Paul Elliott (Forbairt & Tógáil)<br>Theresa Thompson (Ceardchumainn) | An Comhairleoir Sean Smith, **Cathaoirleach**<br>An Comhairleoir Peter McVitty<br>An Comhairleoir Sarah O'Reilly<br>An Comhairleoir Trevor Smith<br>An Comhairleoir T.P. O' Reilly<br>An Comhairleoir Brendan Fay<br>Pádraig J Young (Talmhaíocht & Feirmeoireacht)<br>Eamon Mulcahy (Pobal / Deonach) |

| **Forbairt Chultúrtha, An Ghaeilge & Spórt** |
|---|
| An Comhairleoir Clifford Kelly **Cathaoirleach**<br>An Comhairleoir Philip Brady<br>An Comhairleoir Paddy McDonald<br>An Comhairleoir Craig Lovett<br>An Comhairleoir Val Smith<br>An Comhairleoir Shane P O'Reilly<br>Michelle Duffy Rudden (Gnó & Tráchtáil)<br>Evija Nwaneri (Comhshaol / Caomhnú)<br>Grainne McPhillips (Cuimsiú Sóisialta)<br>Mary B Duffy (Pobal / Deonach) |

## Síntiúis Pholaitiúla

Ceanglaítear leis an Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999 (arna leasú) go dtabharfadh Comhaltaí Tofa na nÚdarás Áitiúil ráitis i leith síntiús dá nÚdarás Áitiúil faoin 31 Eanáir gach bliain ina dtugann siad sonraí faoi thabhartais a fuair siad sa tréimhse dhá mhí dhéag roimhe sin. Níor dhearbhaigh na comhaltaí tofa aon síntiúis pholaitiúla don tréimhse[1] Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020 de réir na ráiteas i leith síntiús a bhí curtha isteach ag na comhaltaí tofa ar fad faoin 31 Eanáir 2021.

## An Plean Corparáideach 2019 -2024


Glacadh leis an bPlean Corparáideach i mí Feabhra 2020 agus leagtar amach ann creat straitéiseach an Údaráis Áitiúil le haghaidh gníomhaíochtaí le linn shaolré na Comhairle. (Glacadh leis de réir alt 134 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 arna chur isteach le halt 49 den Acht Rialtais Áitiúil 2014).

## Ár Luachanna

Tá Comhairle Contae an Chabháin dírithe ar seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil do shaoránaigh an Chabháin ar bhealach atá éifeachtúil, cuntasach agus trédhearcach. Beidh na croíluachanna seo a leanas mar bhonn eolais agus mar thaca dár gcinntí:


| | |
|---|---|
| **Daonlathas Áitiúil**: | Rannpháirtíocht níos mó ón bpobal a chur chun cinn agus tacú leis agus ag an am céanna sainordú daonlathach na gcomhaltaí tofa, agus an ról atá acu ó thaobh ionadaíocht agus ceannaireacht shibhialta a sholáthar sa chontae, a aithint agus meas a léiriú air. |
| **Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí** | Tiomantas a léiriú maidir le seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar a dhéanann freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí, riachtanais a bhíonn ag athrú. |
| **Ionracas** | Caighdeáin chuí ionracais a léiriú agus ár ndualgais á gcomhlíonadh againn. |
| **Forásach** | Ár ndícheall a dhéanamh i gcónaí gach a mbíonn ar bun againn a fheabhsú chun eagraíocht nuálach agus réamhbhreathnaitheach a chur chun cinn. |
| **Inbhuanaitheacht** | Ár seirbhísí a sheachadadh de réir phrionsabail na hinbhuanaitheachta, meas a léiriú ar ár n-acmhainní nádúrtha agus an comhshaol a chosaint do na glúnta atá le teacht. |
| **Comhionannas** | A bheith tiomanta do chomhionannas deiseanna a sholáthar do gach duine agus cultúr atá folláin, cuimsitheach agus a léiríonn meas ar chách a chur chun cinn. |

Is iad seo a leanas na Cuspóirí Straitéiseacha a aithníodh sa Phlean Corparáideach:




De réir alt 134 (9) (a) den Acht Rialtais áitiúil 2001, ceanglaítear ar Chomhairle Contae an Chabháin Tuarascáil Bhliantúil ar a ullmhú i dtaca leis an Dhul Chun Cinn ar chur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh. Rinneadh an t-athbhreithniú bliantúil seo agus cuireadh i láthair é mar chuid den tuarascáil buiséid a cuireadh faoi bhráid na gcomhaltaí nuair a bhí an chruinniú buiséid ar siúl. Áiríodh sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn tuarascálacha ó na ranna éagsúla agus déantar é a fhorlíonadh tríd an bplean Bliantúil Um Sheachadadh Seirbhíse agus tuarascálacha míosúla na bpríomhfheidhmeannach. Cuirtear béim sa tuarascáil ar an dul chun cinn a rinneadh le linn 2020 agus leagtar amach ann freisin an dul chun cinn a bhí déanta maidir le gealltanais a leagadh síos i bPlean Corparáideach na Comhairle don tréimhse 2019-2022.

# Foireann Bhainistíochta





Eoin Doyle
Stiúrthóir Seirbhísí Gníomhach


Paddy Connaughton
Stiúrthóir Seirbhísí


Brendan Jennings
Stiúrthóir Seirbhísí


Margaret McNally
Ceann Airgeadais

# Tithíocht, Leabharlanna & Seirbhísí Cultúrtha, Acmhainní Daonna & Seirbhísí Corparáideacha

**Acmhainní Daonna agus Gnóthaí Corparáideacha 2020**

Tá an Roinn Acmhainní Daonna freagrach as gach gné d'fheidhmeanna na n-Acmhainní Daonna a sheachadadh lena n-áirítear baill foirne a earcú, a roghnú agus a eagrú, oiliúint agus forbairt, caidreamh tionsclaíoch, bainistíocht feidhmíochta agus forbartha, comhpháirtíocht san ionad oibre, comhionannas agus éagsúlacht agus aoisliúntais.

Ar an 31 Nollaig 2020 209 bhí 509  ball foirne fostaithe ag an gComhairle. Is iad seo a leanas líon na gcroífhoireann atá i ngach ceann de na catagóirí:

| **Soláthar Foirne** | **Líon** |
|---|---|
| Bainistíocht | 4 |
| Cléireachais/Riaracháin | 187 |
| Gairmiúil/Teicniúil | 75 |
| Lasmuigh | 125 |
| Poist/Tionscadail ar Conradh | 15 |
| Sealadach/Séasúrach | 11 |
| Iomlán | 417 |
| | |
| Comhraiceoirí Dóiteán ar Áirithíocht | 92 |

**Earcaíocht**

Mar gheall ar phaindéim Covid-19 cuireadh earcaíocht ar fionraí ar feadh tréimhse in 2020 agus dá bhrí sin, bhí laghdú ar líon na gcomórtas thar mar a bhí sna blianta roimhe sin. I rith 2020 d'eagraigh an Rannóg Acmhainní Daonna 22 comórtas ar leith do phoist éagsúla laistigh den Chomhairle. Mheall na comórtais seo 264 iarratasóir agus tá 21 ball foirne ceaptha dá mbarr. I measc na gceapachán seo tá baill foirne a tháinig isteach san eagraíocht agus baill foirne reatha a fuair ardú céime.

**Leas Foirne**

Tuigimid an gá atá ann go mbeadh an fhoireann in ann a saol oibre agus a saol baile a chothromú. Tá rochtain ag fostaithe ar réimse leathan scéimeanna a bhfuil sé mar aidhm acu cabhrú le fostaithe cothromaíocht cheart a bhaint amach idir a saol oibre agus a saol pearsanta. I measc na scéimeanna seo tá saoire do thuismitheoirí, saoire force majeure, comhroinnt oibre, saoire le linn an téarma, bliain oibre níos giorra agus sosanna gairme.

**Foghlaim & Forbairt**

In ainneoin na srianta a bhain le paindéim Covid-19, cuireadh Clár Cuimsitheach Oiliúna ar fáil in 2020 chun go mbeadh ar chumas na foirne a ról a chomhlíonadh ar bhealach muiníneach, inniúil agus cur go héifeachtach le fís fhoriomlán na heagraíochta agus cuidiú léi a spriocanna agus a cuspóirí a bhaint amach. Cuireadh oiliúint foirne éigeantach ar fáil le béim ar leith ar shláinte agus ar shábháilteacht agus ar riachtanais oiliúna na heagraíochta. Ar an iomlán, cuireadh oiliúint ar 577 ball foirne taobh istigh agus 476 ball foirne lasmuigh. Leanadh de bheith ag tabhairt tacaíochta do bhaill foirne ar theastaigh uathu tabhairt faoi chláir staidéir bhreisoideachais.

**Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)**

Is é an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) an mheicníocht a úsáidtear chun tacú le comhlíonadh na ndualgas agus é a fheabhsú ag an leibhéal aonair, an leibhéal foirne agus ag leibhéal na heagraíochta agus is bealach é chun caidreamh a bhunú le baill foirne aonair, tacú leo agus iad a fhorbairt. Tá an creat inniúlachta, atá leabaithe anois san eagraíocht do Bhainisteoirí Sinsearacha agus Meánbhainisteoirí araon, mar chuid lárnach dár bpróiseas PMDA. Is í an Fhoireann Ardbhainistíochta a chuireann an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta i bhfeidhm i gComhairle Contae an Chabháin.

**Táscairí Feidhmíochta NOAC**

Is gá do Rannóg na n-Acmhainní Daonna táscairí feidhmíochta a chur i gcrích maidir le saoire bhreoiteachta. Is iad seo a leanas na staitisticí do 2020:

| % na laethanta oibre a cailleadh de bharr breoiteachta | | |
|---|---|---|
| | **Saoire Bhreoiteachta le Teastas** | **Saoire Bhreoiteachta gan Teastas** |
| 2020 | 2.26% | 0.14% |

**Saoráil Faisnéise (SF)**

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm an 21 Aibreán 1998. Achtaíodh an reachtaíocht reatha um Shaoráil Faisnéise agus cuireadh i bhfeidhm í ar na húdaráis áitiúla i mí Dheireadh Fómhair 2014. Foráiltear san Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 go bhfuil na cearta dlíthiúla seo a leanas ag gach duine:

- rochtain a fháil ar thaifid oifigiúla atá i seilbh Ranna Rialtais nó i seilbh chomhlachtaí poiblí eile mar atá sainithe san Acht.
- faisnéis phearsanta maidir leo atá coinnithe a cheartú nó a nuashonrú i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.
- cúiseanna a bheith tugtha dóibh maidir le cinntí a dhéanann comhlachtaí poiblí agus a dhéanann difear dóibh.

**Staitisticí Um Shaoráil Faisnéise (SF) 2020:**

| | |
|---|---|
| Cásanna tugtha ar aghaidh ó 2019: | 5 |
| Líon na n-iarratas a fuarthas: | 64 |
| Líon na n-iarratas a deonaíodh: | 41 |
| Líon na n-iarratas a deonaíodh go pointe áirithe: | 6 |
| Líon na n-iarratas a diúltaíodh: | 17 |
| Tarraingthe siar/Déileáladh leis lasmuigh den SF: | 3 |

**Cosaint Sonraí**

Cuireadh An tAcht um Chosaint Sonraí 2018 i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018. Tá raon feidhme, caighdeáin agus smachtbhannaí níos leithne ag RGCS agus feictear go bhfuil sé níos oiriúnaí don fheidhm sa ré dhigiteach.

Tugadh na cearta seo a leanas do bhaill den phobal:

- an ceart go gcuirfí ar an eolas iad.
- ceart rochtana.
- ceart i leith ceartúcháin.

- an ceart go ndéanfaí léirscriosadh.
- an ceart chun srian a chur le próiseáil.
- An ceart i leith iniomparthacht sonraí.
- an ceart gearán a dhéanamh.
- cearta maidir le cinnteoireacht agus próifíliú uathoibrithe.

Mar Rialaitheoir Sonraí, tá dualgas dlíthiúil ar Chomhairle Contae an Chabháin faoin reachtaíocht:

- É a phróiseáil go dleathach, go cothrom agus ar bhealach trédhearcach.
- Gan é a bhailiú ach ar mhaithe le cuspóir sonraithe, sainráite agus dlisteanach amháin nó níos mó a chur i gcrích agus gan é a úsáid ar aon shlí eile nach mbeadh ag teacht leis an gcuspóir sin.
- A chinntiú go bhfuil sé leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun an aidhm a bhí leis a thabhairt chun críche.
- É a choinneáil cruinn agus cothrom le dáta agus aon sonraí a bheadh míchruinne a scriosadh nó a cheartú gan mhoill.
- É a choinneáil sa chaoi is go mbíonn a fhios agat cé leis na sonraí, gan é a choinneáil níos faide ná mar is gá.
- É a choinneáil trí bhearta slándála teicniúla agus / nó bearta eagraíochtúla cuí a úsáid.
- A bheith in ann a léiriú go bhfuil tú ag comhlíonadh na bprionsabail thuas; agus
- Freagra a thabhairt ar iarrataí ó dhaoine aonair atá ag iarraidh feidhm a bhaint as a gcearta cosanta sonraí (mar shampla a gceart rochtana).

**Staitisticí cosanta sonraí 2020:** Iarrataí Rochtana 6

**Nochtadh Cosanta**

Cuireadh An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 i bhfeidhm ón 5 Iúil 2014, rud a chuireann oibleagáid ar an gComhairle tuairisc a thabhairt ar líon na nochtuí cosanta a rinneadh leis an gComhairle an bhliain roimhe sin.

De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, tuairiscíonn Comhairle Contae an Chabháin nach bhfuair sí aon nochtadh cosanta sa tréimhse 12 mhí dar críoch an 30 Meitheamh 2020.

**Cruinnithe na Comhairle agus Comhaltaí Tofa**

Tá na Seirbhísí Corparáideacha freagrach as cruinnithe iomlánacha na Comhairle a riar agus cuidíonn sé leis an gCathaoirleach agus na Comhaltaí Tofa a bhfeidhmeanna agus a ndualgais a chomhlíonadh.

**Clár na dToghthóirí**

Tá an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha freagrach as Dréachtchlár agus Beochlár na dToghthóirí a thiomsú chomh maith leis an bhForlíonadh a théann leis an gClár a thiomsú. Foilsítear an Clár gach bliain ar an 1 Feabhra agus tagann sé i bhfeidhm ar an 15 Feabhra sa bhliain chéanna.

Tá an Clár comhdhéanta de na catagóirí toghthóirí seo a leanas: Toghthóirí Uachtaránachta, Dála, Eorpacha agus Rialtais Áitiúil. Braithfidh an catagóir ina mbeidh duine ar a shaoránacht agus an cineál toghcháin ina bhféadfaidh sé vótáil mar a thaispeántar thíos.

| **Saoránacht** | **An cineál toghcháin ina bhfuil an duine i dteideal vótáil** |
|---|---|
| Saoránaigh de chuid na hÉireann | Gach Toghchán agus Reifreann |
| Saoránaigh de chuid na Breataine | Toghcháin Dála, Eorpacha agus Áitiúla |
| Saoránaigh eile de chuid an Aontais | Toghcháin Eorpacha agus Áitiúla |
| Saoránaigh neamh-AE | Toghcháin Rialtais Áitiúil amháin |

Le bheith incháilithe le haghaidh clárúcháin mar thoghthóir, ní mór do dhuine a bheith:

- 18 mbliana d'aois nó os a chionn ar 15 Feabhra sa bhliain ina dtiocfaidh an Clár i bhfeidhm.
- Gnáthchónaí a bheith air i gceann de na trí thoghcheantar ar 1 Meán Fómhair den bhliain sula dtiocfaidh an Clár i bhfeidhm.

Is é 56,639líon iomlán na dToghthóirí sa Chontae do Clár na dToghthóirí 2020/2021

| **Toghcheantar Áitiúil** | **Líon Toghthóirí** |
|---|---|
| Coill an Chollaigh - Muinchille | 20,364 |
| Baile Shéamais Dhuibh | 20,252 |
| An Cabhán -bithsprioc | 17,985 |
| **Iomlán** | **58,601** |

## TITHÍOCHT

Is é an príomhchuspóir atá ag an Rannóg Tithíochta a chinntiú go bhfuil caighdeán sách maith cóiríochta tí ag gach saoránach agus é oiriúnach dá riachtanais, go bhfuil, a oiread agus is féidir, an áit agus an tionacht bunaithe ar a rogha féin, agus seirbhís tithíochta freagrúil agus thacúil a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil cúnamh de dhíth orthu. Bhí an-éileamh, ar bhonn leanúnach, ar na seirbhísí agus tháinig méadú ar an leibhéal seachadta i réimse na Tithíochta agus na Tacaíochta Sóisialta in 2020.

### An Gá atá le Tacaíocht Tithíochta Sóisialta

Tugadh faoin Measúnú bliantúil ar Riachtanais Tithíochta i mí Meán Fómhair, Deireadh Fómhair agus Samhain 2020. Ar lá an mheasúnaithe i.e. 30 Samhain cháiligh 1070 teaghlach san iomlán le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta. Bhí 495 díobh seo ag fáil cuidiú de chineál éigin cheana féin agus iad tar éis iarratas ar aistriú a dhéanamh, rud a d'fhág gur 585 an líon iomlán ar theastaigh tacaíocht tithíochta sóisialta uathu sa chontae.

In 2020, tugadh tacaíocht do 284 teaghlach san iomlán trí na roghanna éagsúla tithíochta sóisialta atá ar fáil, mar atá leagtha amach thíos.

**Leithdháileadh Thithe na Comhairle**

Ligeadh 100 teach de chuid na Comhairle ar cíos i rith na bliana agus bhí 24 teach eile ligthe ag Comhlachtaí Tithíochta Faofa. Ciallaíonn sé seo gur ligeadh ar cíos 124 buanaonad cóiríochta ar an iomlán le dhaoine a bhí i ngátar. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur diúltaíodh do níos mó ná 20% de na tairiscintí cóiríochta go léir a rinneadh i rith na bliana.

**Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)**

Is cineál tacaíochta tithíochta sóisialta í an scéim HAP trína gcuireann an Chomhairle cúnamh airgeadais ar fáil do dhaoine atá cáilithe agus atá ag íoc cíosa san earnáil príobháideachais. Bhí 427 tionóntacht ghníomhach san iomlán ann faoin 31 Nollaig 2020. Ní mór gach maoin atá i dteideal HAP a iniúchadh laistigh de 8 mí ón am a mbíonn an chéad íocaíocht déanta leis an Tiarna Talún. Bhí srianta ar an gcigireachtaí le linn 2020, áfach, mar gheall ar na srianta a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar an bpaindéim.

**Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS)**

Lean an Scéim SCC ar aghaidh ag feidhmiú go rathúil in 2020 agus bhí go leor gníomhaíochta ar bun, in ainneoin na ndúshlán a bhain leis an laghdú a tháinig ar an réadmhaoin oiriúnach a bhí ar fáil i roinnt bailte agus sráidbhailte. I measc na ndúshlán eile in 2020 bhí tionontaí RAS a raibh Fógra Fágála faighte acu a chur as a gcuid dtionóntachtaí.  Iomlán na dtionóntachtaí gníomhacha - 527 (An Foras Tithíochta Faofa san áireamh).

**Maoin ar Léas**

Tá 118 gcomhaontú léasa ghníomhach i bhfeidhm le tiarnaí talún príobháideacha agus le Comhlachtaí Tithíochta Faofa araon faoin scéim tithe sóisialta ar léas. Tá siad seo ar fad tugtha ar cíos ag an gComhairle d'iarratasóirí cáilithe atá ar a liosta feithimh.

**Scéim Morgáiste go Cíos**

Ar 31 Nollaig 18 bhí úinéirí tí lonnaithe go rathúil faoin scéim, beagnach dhá oiread fhigiúirí 2019. Tá méadú ag teacht i gcónaí ar an ngníomhaíocht sa réimse seo, rud a chuidíonn le húinéirí tí a bheadh i mbaol a dtithe a chailleadh agus a bheith fágtha gan dídean.

**Aonaid Féinleithlisithe**

Rinne an Chomhairle forálacha do chliaint gan dídean agus do bhaill den Lucht Siúil a bhfuil cónaí orthu i gcarbháin/i dtithe soghluaiste a bhféadfadh go mba ghá dóibh féin-leithlisiú. Bhí ar dhaoine sna catagóirí seo a d'aithin an tAonad um Chuimsiú Sóisialta de chuid FSS CH01 féin-leithlisiú dá ndéarfaí leo sin a dhéanamh, toisc go rabhthas in amhras go raibh Covid-19 orthu, go raibh siad ag fanacht le torthaí tástála nó go bhfuair siad deimhniú ar thoradh dearfach. Chuir an Chomhairle 5 aonad in áirithe, d’fheistigh an Chomhairle amach iad go hiomlán chuige sin agus sannadh iad de réir mar ba ghá i gcomhairle le FSS.

**Iasachtaí agus Tionóntaí ag Ceannach**

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag tairiscint iasachtaí do cheannaitheoirí céaduaire faoin Scéim Iasachta Baile Atógáil Éireann. Ag deireadh 2020, bhí 5 iasacht íoctha amach, fuair 4 cinn eile an cead deiridh agus ceadaíodh 8 acu i bprionsabal. Cheannaigh 1 theaghlach a bhí ina dtionóntaithe a dtithe faoin Scéim Cheannaigh Tionóntaí (Incriminteach).

**Deontais do Thithe Príobháideacha**

Cuireann an Chomhairle trí chineál deontais ar fáil: An Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, Scéim Deontais Tithíochta na nÁiseanna Soghluaisteachta agus an Scéim um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Aosta. Tá na scéimeanna deartha chun cabhrú le daoine fanacht ina gcónaí ina dtithe fein nuair nach bhfuil siad oiriúnach a thuilleadh dá gcuid riachtanas. Chruthaigh an phaindéim dúshláin shuntasacha sa réimse seo in 2020 toisc gur cuireadh srianta ar oibreacha a bheith á ndéanamh ag amanna éagsúla i rith na bliana agus i gcásanna áirithe, bhí deacracht ag iarratasóirí conraitheoirí a fháil chun tabhairt faoi oibreacha roimh

dheireadh na bliana. Mar sin féin, caitheadh €701,987 san iomlán ar dheontais in 2020 mar seo a leanas agus bhí suim iomlán caiteachais €1,478,288 geallta ag deireadh na bliana:

| Deontas | Líon | Méid |
|---|---|---|
| Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do dhaoine faoi Mhíchumas | 31 | €465,988 |
| Scéim Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Aosta | 26 | €146,091 |
| Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta | 16 | € 89,908 |
| Iomlán | 73 | €701,987 |

**Clár Cóiríochta don Lucht Siúil**

Lean an Chomhairle de bheith ag tabhairt aghaidh ar na spriocanna a comhaontaíodh agus ar glacadh leo sa Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil (TAP) 2019 – 2024. Ag deireadh 2020, bhí tacaíocht tithíochta sóisialta faighte ag 144 teaghlach de chuid an Lucht Siúil san iomlán.

**Clár Athlonnaithe Dídeanaithe**

Sannadh 20 teaghlach don Chontae faoi Chlár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann. Mar chomhordaitheoir ar an Tionscadal Athlonnaithe, cuireadh maoiniú suas le huasmhéid €249,698 ar fáil don Chomhairle ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht. Tar éis próiseas foirmiúil tairisceana, cheap an Chomhairle Breffni Integrated chun an clár a chur i feidhm. D'fhostaigh Breffni Integrated Oibrí Tacaíochta Athlonnaithe agus Oibrí Idirchultúrtha, a bhfuil sé de chúram orthu cabhrú leis na dídeanaithe lena chinntiú gur féidir leis na Dídeanaithe socrú síos sa phobal, go bhfuil rochtain chuí acu ar sheirbhísí agus gur féidir leo caidreamh buan a chothú leis an bpobal áitiúil. Lonnaíodh 6 theaghlach san iomlán sa Chontae in 2020, rud a thugann an líon iomlán go dtí 19.

**Bainistíocht Eastát**

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag cur tacaíochta ar fáil do chónaitheoirí ar fud an Chontae agus ag obair i gcomhpháirtíocht leo chun feabhas a chur ar an gcaoi a mbreathnaíonn an timpeallacht mhaireachtála sna gceantair phoiblí. Chuige sin, chuidigh an Chomhairle le bunú líonra de chumainn áitritheoirí, ar a dtugtar Foirne Bainistíochta Eastáit, i gceantair ina bhfuil tithíocht shóisialta. Cé go raibh gearradh siar ar an ngníomhaíocht in 2020, lean 83 Fhoireann Bainistíochta Eastáit (EMTanna) ag obair agus chláraigh siad go foirmiúil leis an gComhairle.

**Scéim Deontas agus Dámhachtainí Eastáit**

Cuireadh maoiniú ar fáil arís faoin Scéim Bhliantúil Deontais agus Dámhachtainí Eastáit. Ghlac 78 Eastát Údaráis Áitiúil páirt in 2020. Bronnadh deontas ar gach grúpa eastát a bhí páirteach agus cuireadh isteach i scéim dámhachtainí é. Is é cuspóir na scéime ná aitheantas agus tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí a dhéanann grúpaí nó daoine aonair a bhíonn dírithe ar fheabhas a chur ar chuma nó ar luach conláiste na limistéar poiblí.

Bronnadh duaiseanna sna catagóirí seo a leanas: An Teach agus an Gairdín Aonair is Fearr, An Grúpa Óige is Fearr, An Athúsáid is Fearr agus An Ghné Speisialta is Fearr. Bronnadh Gradaim Saor ó Bhruscar freisin ar roinnt eastát.





**Soláthar Tithíochta**

Is ón gClár Infheistíochta um Thithíocht Shóisialta a thagann an maoiniú le scéimeanna nua tithíochta sóisialta a thógáil agus tithe folmha atá ann cheana a fháil chun gur féidir iad a úsáid mar thithe sóisialta faoi úinéireacht na Comhairle. Seo a leanas na leithdháiltí cistiúcháin chaipitil a fuarthas faoin gClár in 2020:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Clár Tógála Tithíochta | € 3,390,950 |
| (ii) | Clár Fála Tithíochta | € 4,218,958 |
| (iii) | Comhlachtaí Deonacha Tithíochta - Maoiniú CAS & CALF | € 1,612,924 |
| (iv) | Clár na bhFolús | € 707,746 |
| | **Iomlán** | **€ 9,930,578** |

**Clár Tógála na dTithe Nua**

In 2020, chríochnaigh Comhairle Contae an Chabháin 11 aonad tithíochta sóisialta nua: 7 in Ashgrove, Baile Shéamais Dhuibh; 2 ar Bhóthar Chluain Eois i Butlersbridge; agus 2 in Swellan, An Cabhán.



**Tithe nua i nDoire Chruinnill, Baile Shéamais Dhuibh**



**Tithíocht Nua ar Bhóthar Chluain Eois, Butlersbridge**

Ina theannta sin, thóg Comhlachtaí Tithíochta Faofa 12 aonad tithíochta sóisialta nua ag The Gallops, sa Chabhán.

In 2020, rinneadh dul chun cinn suntasach freisin ar thionscadail eile atá ag céimeanna éagsúla faofa leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, mar atá leagtha amach thíos:

**Bhí 36 aonad ag Céim na Tógála**

- 4 aonad ag Cois Truas, Béal Átha na nEach
- 4 aonad ag Doire Chruinnill, Baile Shéamais Dhuibh
- 19 n-aonad ar an bPríomhshráid, An Mullach
- 6 aonad ar an bPríomhshráid, Butlersbridge
- 3 aonad i gCluain Dara, Dún an Rí

**Bhí 5 aonad ag Céim 3 chun dul ar aghaidh chuig an bPróiseas Tairisceana**

- 15 aonad ag Bóthar an Chabháin, Béal Átha na nEach

**Bhí 16 aonad ag Céim 2, réidh le dul ar aghaidh leis an bPróiseas Pleanála, Cuid 8**

- 13 aonad in Elm Grove, An Cabhán
- 3 aonad i Fairymount Close, Dún an Rí

**Bhí 56 aonad ag Céim 1, réidh le dul ar aghaidh leis an Réamhdhearadh**

- 47 aonad in Eastboro, Coill an Chollaigh
- 9 n-aonad ag Ardán Bhríde, An Cabhán

**Fuair 75 aonad lándéanta Faomhadh i bPrionsabal**

- 32 aonad i Woodlands, Baile Shéamais Dhuibh
- 43 aonad i Mullaghduff, Béal Átha Conaill

**Clár Sealbhaithe Tithíocht Shóisialta**

Glacadh seilbh go rathúil ar 25 teach folamh agus cuireadh le stoc tithíochta na Comhairle iad in 2020.

**Clár na nOibreacha ar Aonaid Tithíochta Folúis**

Fuarthas maoiniú €707,746 ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun obair fheabhsúcháin ar thithe folmha a chur i gcrích. Ina theannta sin, leithdháileadh €210,000 d'Acmhainní Dílse ar thithe folmha i mBuiséad 2020 na Comhairle. San iomlán, cuireadh 72 teach folamh ar ais lena n-úsáid in 2020, 43 níos mó ná i 2019 agus 29 níos mó ná i 2018.

**Clár Cothabhála Tithíochta Fhreagrúil**

2,094 an stoc tithíochta iomlán atá sa Chabhán agus tá an fhreagracht ar an gComhairle a chinntiú go gcoinnítear caoi ar na tithe go rialta agus go ndéantar aon obair dheisiúcháin a theastaíonn. Cuirtear maoiniú ar fáil don obair seo sa Bhuiséad bliantúil agus tagann sé ó acmhainní na Comhairle féin.

Caitheadh €741,568 san iomlán in 2020 ar chothabháil fhreagrúil, rud a chuimsíonn na fadhbanna a bhíonn ó lá go lá sa stoc, dála fadhbanna teasa agus pluiméireachta, fabhtanna leictreacha, deisiú fuinneoga, deisiú doirse, deisiú soirn, deisiú na gcóras cóireála fuíolluisce etc.

**Tionscadail Tógála Corparáideacha**

Chomh maith le cothabháil a dhéanamh ar stoc na Comhairle, ina bhfuil 2094 teach agus tithe nua a thógáil, tá an Rannóg Tithíochta freagrach freisin as Bainistiú Tionscadail a dhéanamh ar thionscadail tábhachtacha Tógála Corparáideacha.

In 2020, rinneadh dul chun cinn suntasach ar an Ionad nua Seirbhísí Saoránach, Cultúrtha agus Leabharlainne in Achadh an Iúir. Cuireadh an chéim dheartha mhionsonraithe i gcrích, agus iarradh tairiscintí ina dhiaidh sin do chéim na tógála. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an tógáil i R2, 2021.




**PLEAN CORPARÁIDEACH 2019-2024**

Tacaíonn an obair na Rannóige Tithíochta go díreach le Cuspóirí Straitéiseacha agus Gníomhartha Straitéiseacha an Phlean Chorparáidigh 2019-2024.

## Leabharlanna agus Cúrsaí Cultúrtha

### Seirbhís Leabharlainne an Chabháin

Chuir Seirbhís Leabharlainne an Chabháin tús i 2020 le clár cuimsitheach chun na seirbhísí reatha a fheabhsú agus gnéithe nua agus nuálacha a thabhairt isteach a chuirfeadh le heispéireas na ndaoine a úsáideann na leabharlanna ar fud an chontae. Áiríodh leis sin forbairt a dhéanamh ar áiseanna agus ar threalamh leabharlainne céadfach le cúnamh maoinithe ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Ghlac Seirbhís Leabharlainne an Chabháin páirt i *"Take A Closer Look",* feachtas náisiúnta poiblíochta a bhí ar bun i mí Eanáir agus i mí Feabhra agus a tharraing aird ar an réimse seirbhísí agus áiseanna a chuireann córas leabharlanna

poiblí na hÉireann ar fáil. Chríochnaigh an feachtas seo le Lá Oscailte Náisiúnta a tionóladh ar an Satharn an 29 Feabhra, tráth ar thaispeáin na leabharlanna na spásanna leabharlainne, a n-acmhainní agus a dtrealamh, chomh maith le sceideal bríomhar gníomhaíochtaí a bheith ar bun do gach aoisghrúpa.

**Seirbhís Leabharlainne an Chabháin i dtimpeallacht Covid-19**

Agus foirgnimh leabharlainne dúnta don phobal ón 12 Márta, mar thoradh ar an bpaindéim, rinne Seirbhís Leabharlainne an Chabháin a cuid seirbhísí a oiriúnú go tapa chun freastal ar éilimh a bhí ag athrú agus tugadh isteach réimse beart lena n-áirítear ábhar léitheoireachta a thabhairt chuig daoine leochaileacha sa phobal a bhí ag cocúnú.

**Seirbhís Seachadta Leabhar**

Cuireadh tús leis an tionscnamh seachadta leabhar i mí Aibreáin agus leanadh ar aghaidh leis ar bhonn míosúil, le tacaíocht ó Ranna Bóithre agus Seirbhísí Uisce Chomhairle Contae an Chabháin i bpáirt le Ranna Cosanta Sibhialta an Chabháin. Thug an tseirbhís seo lámh tharrthála do go leor daoine agus chuidigh sí le meabhairshláinte dhaoine aonair le linn tréimhsí a bhí an-dúshlánacha. Nuair a tugadh isteach bearta dianghlasála arís i mí Dheireadh Fómhair, tháinig borradh nua faoi líon na n-iarratas ar sheirbhís ó Sheirbhís Leabharlainne an Chabháin agus d'athdhearbhaigh sí a thiomantas freastal ar an éileamh sin agus míonna deacra an gheimhridh ann.



Seirbhís Seachadta Leabhar Leabharlainne. Ó chlé Eoin Doyle, Stiúrthóir Seirbhíse, Comhairle Contae an Chabháin; An Cathaoirleach Sarah O'Reilly; Darragh Pakenham, Cosaint Shibhialta an Chabháin & Emma Clancy, Leabharlannaí Chontae an Chabháin. Grianghraf: Lorraine Teevan

**Seirbhísí Leabharlainne Ar Líne**

De bharr feachtas bolscaireachta a tharraing aird ar an réimse seirbhísí ar líne atá ar fáil saor in aisce tríd an tseirbhís leabharlainne, tháinig an-ardú ar an méid úsáide a baineadh as Ríomhleabhair agus ríomhchlosleabhair, nuachtáin ar líne agus irisí chomh maith le cúrsaí teanga agus cúrsaí oiliúna eile. Cuireadh réimse imeachtaí ar líne ar fáil i rith na bliana lena n-áirítear scéalaíocht, léamha filíochta agus léachtaí, agus bhí lucht féachana ollmhór acu.


Rinneadh ceiliúradh ar líne ar phríomhfhéilte áitiúla agus náisiúnta ar nós Oíche Chultúir i Meán Fómhair agus Féile Eolaíochta an Chabháin Mhuineacháin i mí na Samhna. Bíonn Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin i dteagmháil go leanúnach le daoine a fhaigheann leabhair ar iasacht agus lena lucht leanúna ar ardáin éagsúla na meán sóisialta, agus iad ag soláthar faisnéis údarásach chothrom faoi Covid-19, saothair chultúrtha dála gailearaí fíorúil agus turais mhúsaeim chomh maith le siamsaíocht éadrom.

**Pearsanra na leabharlainne**

D'fhreagair an tSeirbhís Leabharlainne, le linn 2020, nuair tháinig iarratas go gcuirfí baill foirne ar fáil do réimsí oibre líne tosaigh na n-údarás áitiúil, dála an Roinn Tithíochta, an Líne Chabhrach Pobail agus Scéim Tascanna Sealadacha an Rialtais. Scaoileadh Foireann na Leabharlainne saor ón Líne Chabhrach Pobail ag teacht gar do dheireadh mhí na Bealtaine d'fhonn éascú a dhéanamh ar na hullmhúcháin a theastaigh chun na seirbhísí leabharlainne a athoscailt.
Chun dul i ngleic leis an dúshlán a bhain leis na seirbhísí a bheith á mbogadh ar líne, ghlac foireann na Leabharlainne páirt i gcláir oiliúna éagsúla lena n-áirítear na meáin shóisialta, eagarthóireacht físe agus imeachtaí a óstáil ar líne. Ghlac an fhoireann páirt freisin in Oiliúint Feasachta Ar Uathachas a bhí á soláthar ag AsIAm.

**Athoscailt Leabharlanna an Chabháin**

Nuair a bhí na bearta sláinte poiblí riachtanacha go léir i bhfeidhm, d'oscail Lárleabharlann Johnston a doirse Dé Luain, an 8 Meitheamh, agus seirbhís *Déan Teagmháil agus Bailigh* a thairiscint do na léitheoirí. Tar éis do na srianta a bheith maolaithe tuilleadh, chuir Lárleabharlann Johnston síneadh leis an tseirbhís seo chun rochtain theoranta brabhsála, ríomhaire agus priontála a chur san áireamh ón Luan, an 29 Meitheamh. Athosclaíodh Brainsí eile i rith mhíonna an tsamhraidh, agus bhí seirbhís brabhsála ar fáil go dtí gur filleadh ar shrianta níos géire i mí Dheireadh Fómhair, tráth ar dúnadh na leabharlanna arís.




Foireann Leabharlainne an Chabháin agus Leabharlann an Chabháin á athoscailt an 8 Meitheamh 2020. Grianghraf: Seirbhís Leabharlainne an Chabháin

**Tionscnaimh Leanúnacha Leabharlainne**

Lean Seirbhís Leabharlainne an Chabháin ar aghaidh ag cur i bhfeidhm tionscnaimh náisiúnta ar nós *Ceart chun Léitheoireachta, Éire Shláintiúil ag do Leabharlann* agus *Work Matters,* agus láithreacht ar líne acu, i bhfianaise shrianta na bliana seo. Tacaíonn *'Ceart chun Léitheoireachta'* le forbairt na litearthachta, agus lean Leabharlanna an Chabháin ar aghaidh ag plé le tuismitheoirí agus le haosaigh óga trí na meáin shóisialta chun cabhrú leis an scolaíocht/staidéar baile agus leis an léitheoireacht le haghaidh pléisiúir agus eagraíodh gníomhaíochtaí ar líne chun tacú le *Spring into Storytime, Summer Stars* agus *Féile Leabhar na bPáistí*. Ghlac Seirbhís Leabharlainne an Chabháin páirt i dtionscnamh faoi stiúir na Comhairle chun cuidiú le leanaí ó Scoil Náisiúnta Naomh Felim leis an léitheoireacht chomhroinnte le linn na bliana acadúla 2019/2020. Tháinig deireadh leis an tionscnamh seo, roimh an am a bhí ceaptha, i mí an Mhárta 2020. Bhronn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an gradam *Ceart chun Léitheoireachta* ar Sheirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin, mar aitheantas ar an iarracht a bhíonn ar bun againn go leanúnach forbairt na litearthachta a chur chun cinn tríd an tseirbhís

leabharlainne. Chuir an tSeirbhís Leabharlainne faisnéis iontaofa sláinte ar fáil mar chuid dár gclár, *Healthy Ireland at your Library*.

Tá Seirbhís Leabharlainne an Chabháin tiomanta do rochtain do gach saoránach ar a raon áiseanna agus seirbhísí a fhorbairt agus a chur chun cinn. In 2020, bhí trealamh agus bogearraí céadfacha nua faighte lena n-áirítear Faighneog Céadfach, both táibléid féinseirbhíse agus bord Draíochta féinseirbhíse atá deartha chun cabhrú le daoine a bhfuil néaltrú agus uathachas orthu. Bhíothas in ann an infheistíocht seo sna teicneolaíochtaí seo atá ag teacht chun cinn a dhéanamh trí mhaoiniú a fuarthas ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus ó Éire Ildánach.




Faighneog Céadfach a cuireadh i Lárleabharlann Johnston. Grianghraf: Seirbhís Leabharlainne an Chabháin

## Ag Obair i bPáirt

Aithníonn Seirbhís Leabharlainne an Chabháin an ról tábhachtach atá ag an iliomad comhpháirtithe a mbímid ag obair leo chun ár gcláir bhliantúla a chur ar fáil, lena n-

áirítear Rannóg Pobail agus Fiontair Chomhairle Contae an Chabháin, an Fhoireann Chultúrtha, Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin, gníomhaireachtaí seachtracha ar nós BOO an Chabháin/Mhuineacháin, FSS agus go leor eile.

Bíonn ról lárnach ag Seirbhís Leabharlainne an Chabháin ó thaobh comhordú a dhéanamh ar Chlár Éire Ildánach don chontae agus ar na buaicphointí le linn 2020 tá *Cruinniú na nÓg* i mí an Mheithimh agus an Oíche Chultúir i Meán Fómhair. Bhí *Cruinniú na nÓg*, lá náisiúnta chun an chruthaitheacht i measc leanaí agus daoine óga a cheiliúradh, ar siúl Dé Sathairn an 13 Meitheamh agus go leor gníomhaíochtaí spraíúla idirghníomhacha ar bun ar líne arna gcomhordú ag Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin, Oifig Ealaíon an Chabháin, Amharclann Ramor agus Músaem Chontae an Chabháin. Chomhoibrigh Comhairle Contae an Chabháin le Comhairle Contae Mhuineacháin ar thionscnamh an-spreagúil chun ábhar a fhorbairt do chainéal nuachruthaithe YouTube Óige Ildánach an Chabháin Muineacháin. Tá an cainéal seo ag leanúint ar aghaidh ag taispeáint ábhar, sna cineálacha éagsúla ealaíne a chruthaíonn daoine óga ar fud an Chabháin agus Mhuineacháin

Tá Seirbhís Leabharlainne an Chabháin bródúil as sraith léachtaí staire ar ábhair a mbeadh spéis iontu go háitiúil agus go náisiúnta a chur ar fáil. Cuireadh tuilleadh feabhais ar a raibh á chur ar fáil ag an leabharlann trí leithdháileadh mhaoiniú Dheich mBliana na gCuimhneachán, a thacaigh leis an Sraith Léachtaí Comórtha Céad Bliain a cuireadh ar fáil ar líne in 2020.

Tá ról lárnach ag brainsí na leabharlainne ó thaobh tacú le gníomhaíochtaí áitiúla pobail trí ionaid agus bolscaireacht a chur ar fáil d'imeachtaí, ar nós go ndearna Leabharlann an Mhuinchille óstáil ar thaispeántas ealaíne mar chuid d'Fhéile Ealaíon an Mhuinchille agus go raibh taispeántas áitiúil grianghrafadóireachta ar siúl i Leabharlann Choill an Chollaigh mar chuid den Oíche Chultúir.

Rinneadh dul chun cinn ar na pleananna le haghaidh leabharlann agus ionad cultúrtha cathartha nua a thógáil in Achadh an Iúir agus fuair sé faomhadh ag Céim 2 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail in 2020.

Cuireann Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin seirbhís ríthábhachtach ar fáil i gcroílár gach pobail ar a ndéanann sé freastal agus gach brainse ag feidhmiú

mar spásanna cathartha, atá oscailte agus ina mbíonn fáilte roimh chách. Tugadh an t-aitheantas cuí do chaighdeán na seirbhíse a chuirimid ar fáil nuair a bhronn *The Public Sector Magazine* an gradam *Leabharlann Phoiblí na Bliana* orainn don bhliain 2020.



Gradam Leabharlann Phoiblí na Bliana 2020. Ó chlé: Eoin Doyle, Stiúrthóir Seirbhíse, Comhairle Contae an Chabháin; Emma Clancy, Leabharlannaí de chuid Chontae an Chabháin, Tommy Ryan, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae an Chabháin. Grianghraf: Lorraine Teevan

**Straitéis Rannpháirtíochta Diaspóra an Chabháin 2017 – 2021 agus Glao an Chabháin 2020**

Mar chuid de Straitéis Rannpháirtíochta Diaspóra Chomhairle Contae an Chabháin, chuir Comhairle Contae an Chabháin tús le pleananna chun Glao an Chabháin 2020, ollchruinniú de theaghlach domhanda an Chabháin, a óstáil i mí Lúnasa 2020 agus bhí sé i gceist go mbeadh an chéad Lá do Chabháin ar siúl ar an 22 Lúnasa 2020. Bunaíodh coiste trasearnála chun an t-imeacht a phleanáil agus seoladh nuachtlitir ina raibh sonraí faoi Fhéile Ghlao an Chabháin chuig na mílte sa bhaile agus thar lear i mí na Nollag. Bhí Oíche Oscailte an-dearfach ar siúl in Óstán Kilmore i mí Eanáir 2020, rud a chruthaigh an-díograis maidir leis an bhFéile. Rinneadh an cinneadh deacair i mí Aibreáin an ócáid a chur siar i bhfianaise na

paindéime domhanda agus díríodh aird go tapa ar cheiliúradh a dhéanamh ar líne ar mhuintir an Chabháin sa bhaile agus thar lear. Ainmníodh 26 Meán Fómhair ina Lá do Chabhán, agus rinneadh seó a bhí coimisiúnaithe go speisialta a léiriú agus a chraoladh ar Theilifís an Chabháin agus ar chainéil meán sóisialta na heagraíochta. D'éirigh thar barr leis, agus bhí an haischlib #CavanDay á mhearscaipeadh ar feadh dhá lá. D'oibrigh Coiste Ghlao an Chabháin, a bhí á chomhordú ag Leabharlannaí an Chontae Emma Clancy, i rith an tsamhraidh chun craoladh uaillmhianach, ardchaighdeáin, ar stíl irise a chur le chéile, le tacaíocht ó mheáin shóisialta leathana, tharraingteacha agus feachtas fógraíochta ar na meáin oidhreachta. Fostaíodh an scannánóir Alan Bradley agus an láithreoir teilifíse áitiúil Louise O'Reilly chun craoladh beo speisialta a thaifeadadh ag Halla an Bhaile sa Chabhán agus é á éascú ag an mBainisteoir Amharclainne Padraic McIntyre. Bhí scannánaíocht ar siúl thar thrí lá ag deireadh mhí Lúnasa agus rinneadh taifeadadh ar radhairc bhreise ar an láthair. Rinne baill den choiste píosaí scannánaíochta freisin sa Mhúsaem, san Oifig Turasóireachta, san Oifig Ealaíon, san Oifig Oidhreachta agus san Oifig Fiontair Áitiúil. Tugadh poiblíocht fhorleathan don ócáid ar na meáin shóisialta agus ar na meáin thraidisiúnta araon.

Áiríodh ar an gclúdach ar raidió feachtas fógraíochta, agallaimh, agus craoladh beo ar Northern Sound, agallamh ar Today FM (craoladh beo ón gCabhán a bhí i gceist leis seo murach go raibh srianta breise Covid i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath). Chomh maith leis sin bhí agallaimh le Irish Radio i Nua-Eabhrac agus i Londain, agus tagairtí ar Newstalk, ar an Ryan Tubridy Show, ar Raidió RTÉ, iRadio, agus é luaite ag Paul McCloone agus ag Máiréad Ronan ar Today FM. Dúradh in eagarfhocal an Angla-Chelt gur "sárthaispeántas don chontae" a bhí san ócáid. Glacadh go maith leis an gcraoladh ar líne. Bhí os cionn 24,000 amharc aige go dtí seo agus tá an bhfigiúr seo ag ardú go seasta.

Ar na meáin shóisialta bhí 9 milliún imprisean ar Twitter agus ar Instagram agus 1 mhilliún imprisean ar a laghad ar Facebook le haghaidh an haischlib #CavanDay, rud a thugann le fios gur breathnaíodh ar an haischlib #CavanDay níos mó ná 10 milliún uair ar na meáin shóisialta i mí Mheán Fómhair agus thart ar 3.5 milliún de lucht féachana uathúil i gceist. Ba é an tOifigeach Cumarsáide a bhainistigh an feachtas, le cúnamh ón Oifig Turasóireachta.

Bhí #CavanDay ag treochtáil ag Uimhir 1 in Éirinn faoi 10am maidin Dé Sathairn agus fós ag treochtáil sna 10 gcinn ab airde faoi thráthnóna Dé Domhnaigh. Ciallaíonn sé sin gurb é seo an t-ábhar ba mhó a rabhthas ag caint faoi ar Twitter in Éirinn Dé Sathairn.

Rinne daoine agus cuntais ardphróifíle tvuíteáil ar an ócáid dála - Simon Harris, Seamus O'Rourke, Rory's Stories, RTE Countrywide, Neale Richmond TD, Heather Humphreys, Mary Lou McDonald, Léitheoir nuachta RTÉ Ray Kennedy, Brian F O'Byrne, Leona Maguire, Aodhán Ó Ríordáin, agus Marty Morrissey.

Bhí comhartha Lá do Chabhán le feiceáil freisin i bPáirc Breffni agus an teannas ag méadú roimh an gclúdach teilifíse ar Chluiche Ceannais Peile Sinsear An Chontae ar RTÉ2. Sheas Marty Morrissey le taobh an chomhartha #CavanDay le haghaidh grianghraif a foilsíodh ar líne agus sa chéad eagrán eile den Anglo Celt.

Foilsíodh ar líne roimh #CavanDay fógra fíorúil 'Cavan Cola', a rinne an scannánóir as Gowna Pádraig Conaty, le tacaíocht ó Chomhairle Contae an Chabháin trí Éire Ildánach agus fuair sé seo breis agus leathmhilliún imprisean ar na meáin shóisialta.

Bhí gnólachtaí áitiúla ar bord freisin mar a bhain leis an tionscnamh #CavanDay, agus go leor acu ag tairiscint lascainí speisialta #CavanDay, agus cuid eile fós, dála Óstán Slieve Russell, ag cur soilse gorma ar a bhfoirgnimh don ócáid. Dath gorm a bhí ar shoilse Theach Cúirte sa Chabhán don ócáid freisin.




## Na hEalaíona

De réir Alt 6 den Acht Ealaíon 2003, féadfaidh údaráis áitiúla cúnamh airgeadais a chur ar fáil ar mhaithe le: (a) Spéis an phobail sna healaíona a spreagadh, (b) Eolas, meas agus cleachtas na n-ealaíon a chur chun cinn, nó (c) Caighdeáin sna healaíona a fheabhsú laistigh dá limistéar feidhme.

Tá oifig ealaíon Chomhairle Contae an Chabháin á treorú ag: **Uileghabhálacht agus Uaillmhian – Straitéis d'Ealaíona an Chabháin 2018 – 2023,** tuairiscíonn an oifig ealaíon ar iarratas chuig an **gCoiste um Beartais Speisialta do Thithe, Cúrsaí Corparáideacha agus Cultúrtha.**

Is í Comhairle Contae an Chabháin an phríomhfhoinse maoinithe don fhorbairt ar na n-ealaíona agus faigheann na cláir tacaíocht €65,000 ón gComhairle Ealaíon.

**Misean**

Déanfaidh Comhairle Contae an Chabháin, trínár dtreoirphrionsabail **Uileghabhálacha agus Uaillmhéine,** na cúinsí a chothú agus a chruthú inar féidir le healaín iontach tarlú agus ag an am céanna a chinntiú gur féidir leis an oiread

daoine agus is féidir a bheith ag plé le heispéiris ealaíon ar ardchaighdeán agus ag glacadh páirte iontu.

Tugtar tosaíocht do:

- Na hEalaíona
- Lucht Féachana a Fhorbairt
- Éagsúlacht
- Bonneagar

Tosaíochtaí comhroinnte faoi **Chreat-Chomhaontú Comhairle Contae an Chabháin agus an Chomhairle Ealaíon 2019 go 2026**.

1. Ag Tacú le hEalaíontóirí
2. Daoine Óga agus na hEalaíona
3. Ag Sroicheadh Tuilleadh Daoine

**Dámhachtainí agus Sparánachtaí Ealaíon**

Cuireann Baill Chomhairle Contae an Chabháin buiséad ar fáil do **Dhámhachtainí Forbartha Ealaíon** faoin Acht Ealaíon 2003 chun tacú leis na healaíona pobail. Cuireadh **Gradaim d'Ealaíontóirí Gairmiúla** ar fáil mar thacaíocht d'ealaíontóirí agus **Gradam nua d'Ealaíontóirí atá ag Teacht Chun Cinn** a bhí dírithe ar ealaíontóirí atá ag tosú amach sa ghairm.

Bronnadh **Sparánacht Tyrone Guthrie** ar Aaron Monaghan le haghaidh amharclannaíocht agus ar Ghráinne Brady le haghaidh ceol.

**Miondealú Ar Mhaoiniú 2020**

| Dámhachtainí agus Sparánachtaí Ealaíon | Faighte | Bronnta | Luach Iomlán |
|---|---|---|---|
| Ealaíontóirí Gairmiúla | **28** | **14** | **€17,072** |
| Dámhachtainí Forbartha | **46** | **33** | **€20,300** |
| Sparánacht Guthrie Thír Eoghain | **17** | **2** | **€1,120** |
| Ealaíontóirí atá ag Teacht Chun Cinn | **4** | **4** | **€5.460** |

**Covid-19 agus na hEalaíona**

Mar gheall ar threoirlínte Covid-19 agus treoirlínte an Rialtais dúnadh ionaid ealaíona agus cuireadh imeachtaí ealaíon ar ceal. Bhí an- droch thionchar go sóisialta agus go heacnamaíoch aige sin ar ár n-earnáil chultúrtha agus ar an lear mór ealaíontóirí, gairmithe agus trádálaithe aonair atá mar chuid den tionscal seo. Sa Chabhán, mar thoradh air seo, cuireadh féilte agus imeachtaí pobail ar ceal chomh maith lenár n-ionaid chultúrtha a bheith dúnta. Thug na healaíontóirí agus an earnáil aghaidh air seo agus cur chuige cumaiscthe i leith a gcuid oibre in úsáid acu. Ina ainneoin seo, bhí an-tóir ar ábhar na n-ealaíon mar ba léir ó dhíolacháin leabhar, imeachtaí ar Facebook, sruthú beo, zúmáil, YouTube agus ar ardáin éagsúla na meán.

**Teagmháil**

Scaipeadh 15 R-Fheasachán in 2020 chuig ár mbunachar agus bhí sonraí nuashonruithe rialta ar Facebook/Twitter agus ar www.cavanarts.ie. In 2020, leagadh béim ar theagmháil a dhéanamh le healaíontóirí agus leis na pobail chun eolas faoi deiseanna a thabhairt, dul i ngleic leis an uaigneas agus obair a chruthú agus a roinnt.



(The Hug -leis an Dealbhóir Marie Smith. Grianghraf Pádraig Conaty)

**Bronntanas**

Cuireadh sraith de 17 bhfíseán, a rinne próifíliú ar ealaíontóirí agus ar chleachtas na n-ealaíon, le chéile agus seoladh iad ar YouTube Ealaíon an Chabháin don Nollaig. Rinne na físeáin inspioráideacha seo ceiliúradh ar an saothar a chruthaigh ealaíontóirí agus pobail an Chabháin.

Bhí an Comhairleoir Sarah O'Reilly i measc na rannpháirtithe le script ghearr dá cuid inar thug sí chun cuimhne an saol mar a bhíodh sé ina baile dúchais, Coill an Chollaigh. I measc na rannpháirtithe bhí Noel Monahan agus Padraig Lynch, atá ag comhoibriú linn le fada, agus dán agus péintéireacht Nollag acu, Ceolfhoireann Choláiste Phádraig le cóiriú speisialta d'Oíche Chiúin le Ciarán Tackney, The Duffy Brothers le Sean Nós, Saothar nua le Paul Flynn, The Old Man, Kim McCafferty and Con Horgan le Amistat agus físeán beochan íomhá ar íomhá, Miriam Fitzgerald Juskova leis an ealaín a chruthaíonn sí le páipéar, Ealaín Chnuasach le Thomaz Grzesik, Festival in a Van lena gcuairteanna ar thithe altranais le Niamh McCormack agus Claire Crehan ar ghlór agus pianó, Oh Glint le Heather Brett á tionlacan ag Ellen O'Brien.  Rinne Rebecca O Connor agus Will Govan, eagarthóirí The Moth Magazine cur síos ar a dtaithí ar an saol i measc lochanna an Chabháin, bhí baill den Bhanna bunaidh Buachaillí Bhréifne agus Banna Naomh Féilim le ceoltóirí traidisiúnta NYAH ann, Club Scannán agus Grianghrafadóireachta Dhroim an Lao, Jane McCormick le dearcadh aisteach ar an gcoimeádaíocht in ‘Corracanvy Hoard’ agus sliocht as Fragments, saothar damhsa comhaimseartha le Jessie Keenan. Ina dhiaidh sin chuir an craoltóir náisiúnta, RTÉ, agallamh ar Marie Smith, an dealbhóir a chruthaigh *The Hug* faoina saothar ealaíne íocónach atá ina shiombail do chuid mhaith de na rudaí ar chaill muid amach orthu le linn 2020. Tá TG4 ag cur clár amach faoi Phortaire Béil an Chabháin, Seamus Fay agus é ag ceiliúradh 88 bliain agus a shaol caite aige leis an bportaireacht.

I measc lucht déanta na bhfíseán bhí Pádraig Conaty, déantóir scannán a bhfuil gradaim buaite aige agus Jago Studios agus Paul Farnan agus ar na hionad  bhí Halla an Bhaile, An Cabhán agus ionaid eile ar fud an chontae.
http://www.cavanarts.ie/Default.aspx?StructureID_str=6&guid=191

**Clár Ealaíon**

I mí Dheireadh Fómhair seoladh *Lost Landmarks* díolaim a scríobh baill de Chomhairle na nDaoine Scothaosta, a chuir Anthony J Quinn in eagar agus a tugadh mar bhronntanas do dhaoine aosta in éineacht le pacáistí leasa an Aonaid um Chuimsiú Sóisialta do Dhaoine Aosta.

**Oíche Chultúir 2020**

Bhí Oíche Chultúir 2020 an-difriúil againn agus de bharr na héiginnteachta a bhain leis an bpaindéim, bhí roinnt leagain amach éagsúla á n-ullmhú do na cláir. Meascán d'imeachtaí ar líne agus d'imeachtaí fisiciúla a bhí sa chlár ar deireadh, idir léirithe amharclainne, imeachtaí litríochta, taispeántais amharcealaíne agus ceol. Bhí imeachtaí sceidealta ar Chainéal YouTube Ealaíon an Chabháin agus Cainéal YouTube Cruthaitheach An Chabháin Mhuineacháin i gcomhpháirtíocht lenár gcomhghleacaithe i gContae Mhuineacháin.

Áiríodh leis an gclár dráma, The Barber of Belcoo, le John Mc Manus a bhain go sonrach leis an suíomh agus a stiúraigh Padraic McIntyre le Bríd Ní Neachtain agus an scór bunaidh le Daragh Slacke. Cuireadh é seo i láthair ag Dolmain The Calf House, Páirc Bhoirne an Chabháin le maoiniú ó Chlár Éire Ildánach. Ba chomhoibriú é *Submerged,* a ndearnadh scannánú air ar an láthair ag Loch Uachtar agus taispeánadh i Músaem Chontae an Chabháin, idir an damhsóir Jessie Keenan agus Kim McCafferty, ealaíontóir sorcais agus seónna agus an déantóir scannán Padraig Conaty.

Rinne Aaron Monaghan agus Clare Monnelly léamh cleachtaithe ar *The Whispering Chair,* dráma nua le Tara Maria Lovett agus sé fuair ardmholadh. Chuir an oifig oidhreachta agus Bear Essentials oíche cheoil agus bia i láthair le Sinéad Mullally. Sheol Fidel Hogan Walsh agus Julie Corcoran an tionscadal comhoibríoch filíochta agus grianghrafadóireachta 'Time' , a cruthaíodh le linn na Dianghlasála. Chuir na leabharlanna sraith imeachtaí ar líne agus taispeántas fisiciúil ar fáil.

Chuir Impact Promotions oíche cheoil i láthair ag an Lough Bawn le Strings and Things agus chuir Comhaltas Chill na Seanrátha clabhsúr leis an oíche.



(Tommy Ryan, CE, John McManus drámadóir, Bríd Ní Neachtain, aisteoir, Padraic McIntyre, stiúrthóir agus an Comhairleoir Sarah O'Reilly, Cathaoirleach ag 'The Barber of Belcoo' Grainghraif: Adrian Donohoe)

**Music Generation**

Chuir *Music Generation* oideachas ar an gceol taibhithe ar fáil tríd an *Early Years, Primary Vocal Programme* agus *Trad Pilot*, chomh maith le himeachtaí speisialta lena n-áirítear léirithe *Festival i*n A Van agus cur i láthair físe *Musician Educator*, chomh maith le *A Christmas Childhood,* cóiriú nua leis an gceoltóir as Cabhán, Claire Crehan, a ndearnadh taifeadadh air in Ionad Patrick Kavanagh, Co. Mhuineacháin.

**Redemption of a Rogue**

Taispeánadh an scannán fada *Redemption of A Rogue,* a scríobh agus a stiúraigh Philip Doherty agus a léirigh Pale Rebel, le tacaíocht ó bhuiséad na hEalaíne Poiblí


den chéad uair ag Fleadh Scannán na Gaillimhe 2020 agus bhuaigh sé duais An Chéad Scannán fada Éireannach is Fearr agus An Scannán Éireannach is Fearr. Rinneadh an scannánú ar an láthair sa Mhuileann Irainn agus i gceantair bhaile an Chabháin agus bhí foireann d'aisteoirí breise agus ceoltóirí áitiúla ann agus Aaron Monaghan sa phríomhról.

**Lights of Hope**

Coimisiúnaíodh sraith d'físeáin ghearr le Tom Meskell, ina raibh a chuid leanaí féin páirteach, chun tacú le teaghlaigh a raibh leanaí beaga acu tabhairt faoi cheardlann ealaíon simplí agus iad ag úsáid ábhar tí agus ábhar in-athchúrsáilte.
Chuir Tom Meskell sraith glaonna CPD ar zúm ar fáil freisin le healaíontóirí as an Cabhán a bhain leis an gcaoi le lóchrainn seónna a dhéanamh.

**Na hEalaíona agus an tSláinte**

In 2020, chuir Fóram Ealaíon agus Sláinte An Chabháin lena n-áirítear na baill: Tusla, Seirbhísí Meabhair-Shláinte an Chabháin Muineacháin, (CAMHS), Comhpháirtíocht Ealaíon agus Oideachais Áitiúil an Chabháin Muineacháin (LAEP), Music Generation an Chabháin Muineacháin, an oifig ealaíon agus na ranna um chuimsiú sóisialta i gComhairle Contae an Chabháin Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ar fáil leis an speisialtóir ealaíon agus sláinte, Julie Aldridge, an t-ealaíontóir agus léachtóir, Louise Gartland, an traenálaí neamhspleách Artonomy agus Bernadette Kenny, Blue Box. Chuir The Peer Network sraith d'eispéireas piarfhoghlama ar fáil. Chuir Chuir Kim Doherty and Heather Brett clár leathan do dhaoine óga agus dá dtuismitheoirín ar fáil i gcomhar le sainfhoireann ó CAMHS.



*Ealaíontóirí an Chabháin ag glacadh páirte i seisiún oiliúna ar Zoom ar dhéanamh seó le Tom Meskell.*
*Grianghraf Tom Meskell*

## An Músaem

In ainneoin go raibh air dúnadh ar feadh dhá thréimhse mar gheall ar shrianta Covid, d'éirigh le Músaem an Chontae sraith de mhórthaispeántais a sheachadadh le linn 2020. Chuir an Músaem réimse imeachtaí, físeáin, léachtaí agus ceardlanna ar líne ar fáil freisin. Seo a leanas roinnt de na buaicphointí:-

### Cogadh na Saoirse

Rinneadh mórthaispeántas ar Chogadh na Saoirse in Éirinn agus sa Chabhán a fhorbairt ar urlár uachtarach an Mhúsaeim. Bhí an taispeántas mar thoradh ar thaighde a thóg breis agus bliain agus chomh maith le cur síos a dhéanamh ar Chogadh na Saoirse tá samhail ar mhórscála ann de gheataí Phriosúin Mhuinseo agus taispeántán, ar mhéid nádúrtha, de champa géibhinn. Rud a chuireann go mór leis an taispeántas is ea scannán a tógadh ag an am a léirítear mar 3 íomhá teilgthe, chomh maith le taifeadadh ó bhéal den Chaptaen Peter Moynagh as Droichead Uí Dhálaigh. Tá seomra sa taispeántas freisin

atá tiomnaithe do Chogadh na Saoirse i gContae an Chabháin agus i measc réimse leathan déantán ar nós gunnaí, gránáidí, litreacha, éidí agus doiciméid áirítear leis Bratach na hÉireann a crochadh ar bheairic an Chabháin tar éis d'arm na Breataine agus don RIC imeacht.

**Cogadh na Saoirse**



Forbraíodh taispeántas mór maidir le Cogadh na Saoirse in Éirinn agus i gContae an Chabháin sa dánlann ar an urlár uachtarach den Mhúsaem. Toradh é an taispeántas ar thaighde a rinneadh ar feadh níos mó ná bliain, ina bhfuil ní hamháin scéal an chogaidh ach athchruthú ar scála mór de gheataí phríosún Chill Mhaighneann mar aon le taispeántán ar mhéid nádúrtha de Champa Géibhinn Bhaile Coinnleora. Cuirtear feabhas breise ar an eispéireas le trí theilgean ar scála mór de phíosaí scannánaíochta ón am mar aon le taifeadadh béil ar an gCaptaen Peter Moynagh ó Dhroichead Uí Dhálaigh.

Tá seomra sa taispeántas chomh maith atá tiomnaithe do Chogadh na Saoirse i gContae an Chabháin ina bhfuil réimse leathan déantán amhail gunnaí, gránáidí, litreacha, éadaí agus cáipéisí chomh maith leis an Trídhathach a cuireadh in airde ar bheairic an Chabháin i ndiaidh d'arm na Breataine agus an CRÉ an áit a fhágáil.

**Roinn do Scéal, An Cabhán 2020**

Mar thoradh ar an tionscadal seo, bhailigh Músaem Contae an Chabháin scéalta agus pictiúir ón bpobal a thug léargas ar an taithí a bhí acu ar a bheith ina gcónaí sa Chabhán le linn thréimhse dheacair COVID-19 in 2020. Thug na scéalta seo inspioráid do Mhúsaem Contae an Chabháin agus d'Oifig Oidhreachta an Chabháin le haghaidh Físeán na Nollag 2020. Cuireadh na scéalta, na h-íomhánna agus eispéiris a bhain le COVID-19 i gCartlanna Mhúsaem Chontae an Chabháin agus cinntíonn sé go mbeidh cuimhní cinn ón am seo caomhnaithe mar thaifead don todhchaí.

**Ionad Scéalaíochta na hÉireann**



Rinne Músaem Chontae an Chabháin an-dul chun cinn in 2020 ar fhorbairt Ionad Scéalaíochta na hÉireann. Críochnaíodh an Réamhthoisiú Ailtireachta don tógáil, tugadh cead pleanála le haghaidh Cuid 8 agus rinneadh Brandáil Margaíochta a choimisiúnú lena n-áirítear an t-ainm agus na lógónna a bhaineann le hIonad Scéalaíochta na hÉireann. Tá roinnt scéalaithe cáiliúla, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta tar éis a mbailiúcháin phearsanta uathúla a thairiscint do Chartlann an Ionaid ionas gur féidir iad a chaomhnú don todhchaí.



**Siúlán na mBan Rialta:**

Rinneadh an tsiúlóid 1 km timpeall ar láithreán an Mhúsaeim a dhraenáil agus cuireadh tarra air le maoiniú ón Roinn Pobal agus Fiontar agus an Scéim Tionscnaimh Áineasa Lasmuigh. Áiríodh leis an bhforbairt freisin painéil eolais ar

fhlóra agus fána an cheantair. Áis nua atá anseo don phobal áitiúil agus cuireann sé, mar thaispeántas lasmuigh, le líon na gcuairteoirí a thagann chuig Músaem Chontae an Chabháin.

**Gailearaí an Ghorta Mhóir:**

Le cúnamh ó Chiste Spreagtha Poist Éire Ildánach tugadh faoi athfhorbairt struchtúrach ollmhór a dhéanamh ar ghailearaí an Ghorta Mhóir sa Mhúsaeim. Osclaíodh bealach isteach nua chun le go mbeadh mó spáis ann do chuairteoirí, rinneadh painéil faisnéise a athdhearadh mar aon le mórphictiúr balla ar mhórscála a léiríonn an turas a thug an oiread sin Éireannach trasna na farraige. Choimisiúnaigh an Músaem samhail scálaithe iontach mionsonraithe de long ó thréimhse an ghorta agus tá sé seo le feiceáil sa ghailearaí.

**Taispeántas Eisimirce:**

Rinneadh taispeántas Eisimirce an Mhúsaeim a athdhearadh agus a nuashonrú chun 'Seomra Feithimh i Stáisiún Traenach' nuathógtha a chur san áireamh. Gné mhór den taispeántas seo is ea go leagtar amach ann an fhorbairt ar na hiarnróid i gContae an Chabháin.

**Comhoibriú leis an Leabharlann Náisiúnta:**

I mí na Nollag 2020, fuair Músaem Chontae an Chabháin taispeántas na Leabharlainne Náisiúnta den Chéad Chogadh Domhanda ar iasacht. Coup iontach a bhí anseo don chontae agus don Mhúsaem mar gurb é an chéad ionad é lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a mbeidh an taispeántas seo le feiceáil ann. Nuair a bheidh sé in áit in 2021 díreofar sraith comhoibrithe idir Músaem Chontae an Chabháin agus an Leabharlann Náisiúnta ar an taispeántas mórscála seo.

**Foilseacháin**

Mar fhreagra ar go leor iarratas ó phátrúin, chuir an Músaem trí fhoilseachán ar fáil: *'First we make our choices' Ireland and the First World War – 'And soon would reap' The 1916 Easter Rising* - *'United under the flag' The War of Independence 1919-1921.* Dáilfear na foilseacháin seo ar scoileanna a thagann ar cuairt, ar dhaoine fásta agus



ar ghrúpaí pobail. Le linn na Nollag 2020 dháil Cabhán Aoisbhách iad ar dhaoine aosta sa Chontae.

**Oíche Chultúir**

Chun Oíche Chultúir 2020 a cheiliúradh, rinne Músaem Chontae an Chabháin óstáil ar dhá thaibhiú iontach – 'Submerged' agus 'The Whispering Chair'.

Is gearrscannán é **'Submerged'** le Jessie Keenan, damhsóir áitiúil & córagrafaí, Kim Mc Cafferty, aisteoir áitiúil & taibheoir fisiciúil agus an scannánóir áitiúil Padraig Conaty. Is é an láithreán oidhreachta íocónach ag Oileán Chloch Locha Uachtair a spreag an obair chomhoibritheach seo agus léiríodh é den chéad uair i Músaem Chontae an Chabháin mar chuid den Oíche Chultúir agus tús á chur le sraith taispeántas.

In **'The Whispering Chair'** bhí léamh cleachta le Clare Monnelly agus Aonghus Óg McAnally ar dhráma nua le Tara Maria Lovett. Tá an dráma suite i gcomhthéacs Chogadh na Saoirse sa Chabhán agus fiosraíonn sé an streachailt ar son na féiniúlachta agus an marthanais araon in Éirinn breis agus céad bliain ó shin.



**The Whispering Chair le Tara Maria Lovett**

Clare Monnelly agus Aaron Monaghan

## An tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta 2020




Don tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta d'oibrigh Músaem Contae an Chabháin agus Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae an Chabháin le Alan Bradley, scannánóir ón gCabhán, le físeán iontach a chruthú agus a tháirgeadh a dhéanann ceiliúradh ar an mbua cáiliúil a bhí ag an gCabhán i gCraobh na hÉirinn sa Pheil i gCathair Nua Eabhrac. Rinneadh an físeán tochtmhar seo a scannánú ag Músaem Chontae an Chabháin agus roinneann sé linn na cuimhní atá Betty agus Paddy, a bhí ina leanaí ag an am ar imríodh Craobh na hÉireann i 1947 agus cuireann sé i gcuimhne dúinn a thábhachtaí atá an CLG i sochaí na hÉireann. Seoladh an físeán seo ag músaem Chontae an Chabháin agus ar líne ag an am céanna. Mar thoradh ar an méid spéise a cuireadh ann ar líne breathnaíodh ar an scannán níos mó ná 32,000 uair agus shroich sé 85,000.

### Físeán na Nollag 2020

Sa tionscadal comhoibríoch seo, chuir Músaem Contae an Chabháin agus Oifig Oidhreachta an Chabháin físeán gearr le chéile, a raibh scannánú déanta air ar an láthair i Músaem Chontae an Chabháin, agus a thug léargas ar thaithí an phobail le linn 2020, an teacht aniar a léirigh siad agus an dóchas a bhí ann don bhliain 2021. Seoladh an físeán ar líne roimh Nollaig 2020 agus bhí Michael Harding, Deirdre Shannon, Harry Long agus go leor leanaí agus daoine fásta áitiúla páirteach ann. Bhí teacht ar líne ag níos mó ná 27,000 duine ar an bpíosa croíúil, tochtmhar seo.

**Cruinniú na nÓg 2020**

Mheall Músaem Chontae an Chabháin, mar chuid de Chruinniú na nÓg, tionscnamh de chuid Chlár Éire Ildánach, leanaí chun saothar ealaíne, a spreag Contae an Chabháin, a sheoladh isteach. Bhí na saothair seo mar inspioráid do scéal agus léaráidí nua a chruthaigh Músaem Contae an Chabháin agus an Scéalaí Liz Weir. Seoladh an físeán seo ar mheáin shóisialta Mhúsaem Chontae an Chabháin.

**Beocht a chur sa Stair**



D'fhonn rannpháirtíocht leanúnach leis an bpobal a chinntiú fad is a bhí na doirse dúnta, choimisiúnaigh Músaem Chontae an Chabháin, le maoiniú ó Éire Ildánach, dhá ghearrscannán chun beocht a chur sa Stair. Scríobh agus stiúir Alan Bradley an dá léiriúchán agus úsáideadh foireann ghairmiúil de dhaoine cruthaitheacha. Is píosa corraitheach, tochtmhar é *A Letter from the Trenches* a dhíríonn ar an taithí a bhí ag saighdiúir Éireannach sna trinsí sa chéad Chogadh Domhanda. Rinneadh é a scannánú ar an láthair ag an taispeántas trinsí den Chéad Chogadh Domhanda atá sa Mhúsaeim. Díríonn *The Messenger* ar ról na mban, a ligtear i ndearmad go minic, sa tréimhse thart ar Éirí Amach na Cásca 1916. Rinneadh é a scannánú ar an láthair sna spásanna taispeántais sa Mhúsaem. Seoladh an dá phíosa ar líne saor in aisce don phobal agus eatarthu d'éirigh leo 15,000 duine a shroicheadh.

**Feabhsúcháin ar Taispeántais Trinsí an Chéad Chogadh Domhanda**

Rinne Músaem Chontae an Chabháin an-obair ar an taispeántas cáiliúil atá lonnaithe sa Mhúsaem, ina bhfuil macasamhail de thrinse sa Chéad Chogadh Domhanda. Fostaíodh foireann ghairmiúil chun feabhas a chur ar an dearadh fuaime a bhí cheana féin i spás an trinse. Cuireadh córas fuaime nua úrscothach isteach

taobh le dreach fuaime atá deartha go speisialta chun eispéireas na gcuairteoirí a fheabhsú agus beocht dáiríre a chur sa trinse. Tabharfaidh an dearadh nua deis do chuairteoirí taithí a fháil ar an saol sna trinsí go neamhspleách nó mar chuid de thuras treoraithe.

## AMHARCLANN RAMOR

### Cúlra Amharclann Ramor

Is é misean Amharclann Ramor spéis agus rannpháirtíocht sna healaíona i gContae Cava a spreagadh, a chothú agus a fhorbairt. Tá sé mar aidhm ag Ramor Theatre an misean seo a bhaint amach trí chlár éagsúil, á gcur i láthair ag ealaíontóirí gairmiúla, a léiriú i ngach foirm ealaíne. Déanfar é seo i gcomhar trí shaothair ó ealaíontóirí gairmiúla nua agus ó ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn a spreagadh, a éascú agus a fhorbairt, trí obair chomhpháirtíochta. Bainfear amach an sprioc freisin trí fhorbairt na healaíona don óige agus oibriú le grúpaí ealaíon pobalbhunaithe agus le daoine aonair chun tionscadail a fhorbairt agus iad a chur ar taispeáint san ionad.

Rinne Amharclann Ramor, a d’oscail den chéad uair i Meán Fómhair 1999, ceiliúradh in 2020 ar a bheith 22 bliain oscailte don phobal agus ó shin i leith bhí sé mar mhol lárnach do shaol an chultúir agus na healaíne i gContae an Chabháin. Tá Compántas Amharclainne Livin Dred lonnaithe in Amharclann Ramor agus d'oibrigh sé le cúig bliana déag anuas i gcomhpháirtíocht leis an ionad chun amharclann ghairmiúil den scoth a ghríosú, a fhorbairt agus a chur ar fáil, amharclann a chuaigh ina dhiaidh sin ar camchuairteanna go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Ba é Ramor a thosaigh an Líonra Amharclainne NOMAD agus tá sé fós ag tiomáint an Líonra. Tá an Amharclann ag plé go gníomhach le go leor grúpaí ealaíon pobail agus tá Amharclann Óige POD lonnaithe ann. Déanann Amharclann Ramor *Inhouse Productions* freisin, ag obair le cleachtóirí gairmiúla téatair agus le daoine aonair atá lonnaithe sa phobal.

Is é an tÚdarás Áitiúil a reáchtálann an Amharclann le tacaíocht shuntasach airgeadais ó Chomhairle Ealaíon na hÉireann.



**Amharclann Ramor, An Phríomhshráid, Achadh an Iúir, Co. an Chabháin**

**Foireann Ramor**





Nuala McCabe    Frances Brady    Paddy Farrelly

**Bainisteoir Amharclainne** Padraic McIntyre

**Bainisteoir Teicniúil** Paddy Farrelly

**Riarthóir** Nuala McCabe

**Oifig na dTicéad** Frances Brady

**Fáilteachas /Caifé** Helen Foy

**Athbhreithniú Gairid ar na hImeachtaí in Amharclann Ramor in 2020**

Bhí Amharclann Ramor ag réiteach le haghaidh bliain an-ghnóthach eile in 2020 agus taibhithe sna foirmeacha ealaíne ar fad le bheith ar siúl san amharclann, lena n-áirítear Drámaíocht, Scannáin, Ceardlanna, Ceol Coitianta, Drámaí do Leanaí, Greann, Scannán do Pháistí, Ceol Clasaiceach, Drámaíocht don Óige, *In-house Productions*, Drámaíocht Riachtanas Speisialta agus Drámaíocht Pobail. ***B'éigean go leor de na pleananna seo a chur ar an méar fhada mar gheall ar Covid 19.***

Meastar gur ioncam thart ar €50,000 a bheidh ag Oifig na dTicéad in 2020 toisc nach raibh sé ar oscailt ach sa chéad 3 mhí den bhliain de bharr gur dúnadh na hamharclanna ar fud na tíre mar gheall ar shrianta Covid-19. Bhí ioncam breise €63,000 ann ó Chomhairle Ealaíon na hÉireann. Bhí thart ar 4000 custaiméir ag íoc ag an doras sna 3 mhí a raibh trádáil ar bun in 2020. Deimhníonn na figiúirí seo a thiomanta atá Ramor do na Cuspóirí Straitéiseacha atá leagtha amach i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae an Chabháin 2020 - 2024 tríd an bhForbairt Pobail, An Rannpháirtíocht, Caighdeán na Beatha agus an cuimsiú trí na hEalaíona agus an cultúr a thabhairt chuig saoránaigh an Chabháin agus é a chur chun cinn ina measc. Tá Ioncam Oifig Bhosca Ramor ag teacht leis an nGníomhaíocht Eacnamaíoch Inbhuanaithe agus chaill gnólachtaí áitiúla gnó, rud nach bhféadfaí a sheachaint, toisc go rabhamar dúnta de bharr Covid agus nach raibh custaiméirí ag teacht chuig ár n-imeachtaí in Achadh an Iúir. Is iondúil go dtiocfadh forbairt ar an turasóireacht de bharr cuairteoirí a bheith ag teacht ó áiteanna lasmuigh den Chontae, rud a chothaíonn íomhá dhearfach d'Amharclann Ramor, de Chomhairle Contae an Chabháin agus, go deimhin, Contae an Chabháin ina iomláine, ach arís mar gheall ar go raibh an Amharclann dhúnta níor tharla sé seo mórán in 2020.

Cuirfidh sé go mór le hAmharclann Ramor go bhfuiltear ag dul ar aghaidh leis an bhforbairt, a bhfuil fáilte roimpi, ar an spás nua Leabharlainne agus Cultúir mar go mbeidh beár, oifig ticéid, seomraí feistis agus spás cleachtaidh nua ar fáil. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige sin ar an gclár ach coinneofar é seo chomh híseal agus is féidir agus beidh roinnt léiriúcháin ag bogadh lasmuigh den láthair le linn na tréimhse seo.

**Rannpháirtíocht an Phobail**

Tá an rannpháirtíocht lenár bpobal áitiúil thar a bheith tábhachtach dúinn in Amharclann Ramor.  Bíonn muid i gcónaí i dteagmháil leis an bpobal i gcoitinne chun iad a mhealladh chuig seónna a bhíonn á gcur i láthair againn, chomh maith le iad a spreagadh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ealaíon. Bímid, i rith an ama, ag dul i dteagmháil leis an bpobal trí eagraíochtaí pobail chun déimeagrafach chomh héagsúil agus is féidir a mhealladh ónár gceantar áitiúil. In 2020, mar gheall ar Covid-19, b'éigean imeachtaí a bhogadh ar líne agus taobh amuigh, d'fhonn freastal ar ár gcustaiméirí.

**Tacaíocht d'Ealaíontóirí**

In éineacht leis na hearnálacha cultúir eile de chuid Chomhairle Contae an Chabháin, Oifig Ealaíon an Chabháin, Músaem Chontae an Chabháin agus na leabharlanna oibrímid lena chinntiú go mbíonn na healaíona comhtháite mar cheann de phríomhfheidhm Chomhairle Contae an Chabháin agus tá sé mar mhian againn go mbeadh an t-ealaíontóir agus an lucht féachana ina chroílár seo.
Cuid de na healaíontóirí ar tugadh tacaíocht dóibh in 2020:
JIMMY MURPHY: In 2020 mar chuid de Dhámhachtain na gCoimisiún a d'fógair An Chomhairle Ealaíon rinne Ramor iarratas, i bpáirt leis an drámadóir Jimmy Murphy, a bhfuil duaiseanna buaite aige, ar dhráma nua lánfhada a scríobh do Ramor. Ansin d'eagrófaí ceardlanna bunaithe ar an dráma le haisteoirí chun an obair a thástáil agus chríochnófaí le léamh poiblí in 2021.
JOHN MCMANUS: Chun Oíche Chultúir a cheiliúradh léirigh Amharclann Ramor dráma nua John McManus *Barber of Belcoo* ag Geopháirc Bhoirne an Chabháin i Meán Fómhair 2020. Rinneadh é seo a shruthú ar líne freisin ar fud go leor ardáin meán sóisialta.
LIVIN DRED:  Rinneadh scannánú ar *A Christmas Carol* le Charles Dickens in Amharclann Ramor i mí na Nollag 2020. Cuireadh an scannán seo chuig Scoileanna Náisiúnta ar fud an Chabháin agus Mhuineacháin saor in aisce, ionas go bhféadfadh páistí taithí amharclannaíochta Nollag a fháil gan an seomra ranga a fhágáil.

Is é an mian atá againn go bhfeicfeadh ealaíontóirí Amharclann Ramor mar áit inar féidir leo a gcuid oibre agus a ngairmeacha a chothú agus a fhorbairt trí chlár ealaíon cuimsitheach, éagsúil agus cruthaitheach.



A Christmas Carol á scannánú ag Livin Dread in Amharclann Ramor (Samhain 2020)

**Amharclann Ghairmiúil**



**A Holy Show le Janet Moran sa Ramor (Feabhra 2020)**

Ceithre léiriú ón Amharclann Ghairmiúil a bhí ar siúl in Amharclann Ramor in 2020. Tharla sé seo toisc gurbh éigean dúnadh mar gheall ar Covid-19 ó mhí an Mhárta 2020.

Buaicphointí*: Trad, A Holy Show, Take Off Your Cornflakes* agus *Tintown.*

**Amharclannaíocht do Leanaí**



**Bosco sa Ramor (Eanáir 2020)**

Trí léiriú le haghaidh Amharclann na Leanaí a bhí mar siúl in Amharclann Ramor in 2020. Is mar gheall ar gurbh éigean dúinn dúnadh de bharr Covid-19, ó mhí an Mhárta 2020, a tharla sé seo.

I measc na léirithe a bhí ar siúl bhí: Amharclann Lambert Puppet (Bosco), *The Woman Who Swallowed A Fly*, *Disappearing Gun* le Ger Carey Live agus *A Christmas Carol* a ndearnadh sruthú beo air chuig Scoileanna Náisiúnta i mí na Nollag 2020.

**Scannáin**



**Rocketman sa Ramor (Meán Fómhair 2020)**

Reáchtáladh ocht léiriú i gcomhar le Access Cinema in Amharclann Ramor in 2020 lena n-áirítear Scannáin as Éirinn, Scannáin Idirnáisiúnta, Scannáin i dTeanga Iasachta agus Scannáin Faisnéise.

## Ceol




**Sharon Shannon sa Ramor (feabhra 2020)**

Lean an ceol de bheith ina chuid tábhachtach de chlár Amharclann Ramor in 2020 le cur i láthair ó ealaíontóirí ceoil.

I measc na mbuaicphointí bhí The Fureys, Startling Blue, Sharon Shannon, Vienna Strauss Gala, Rock and Roll Years and Dance Hall Days agus Kieran Goss & Annie Kinsella

## Na hEalaíona Pobail




**Sillan Players le *At The Black Pigs Dyke* sa Ramor (Feabhra 2020)**

Tá ár gClár Ealaíon Pobail fós mar chuid lárnach den chlár anseo in Amharclann Ramor. Bhí 4 léiriú againn in 2020 ó ghrúpaí drámaíochta amaitéaracha áitiúla sa cheantar ach tháinig cuid acu ó chúlra ceoil freisin.

I measc na ngrúpaí a d'óstáil muid bhí: The Virginians, Sillan Players, The Black Pigs Dyke Theatre Company agus *A Celebration of the life of Louise Arnold*.

**Drámaíocht don Óige**

Bíonn Amharclann Óige POD ar siúl ag an Ramor agus béim ar scileanna rannpháirtíochta a fhorbairt agus cumas ealaíona, agus cumas pearsanta agus sóisialta na ndaoine óga a chur chun cinn tríd an drámaíocht, chomh maith le tuiscint na ndaoine óga ar an amharclann mar fhoirm ealaíne a fheabhsú. Tá 55 ball páirteach. Leanadh ar aghaidh leis na ranganna seo ar líne le linn dianghlasála.

DRÁMAÍOCHT DO DHAOINE ÓGA A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA ACU: Reáchtálann Ramor Theatre blocchúrsaí 6 seachtaine atá dírithe ar an Drámaíocht a thabhairt chuig Dhaoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta acu. Baineann na ceardlanna seo úsáid as an drámaíocht mar mheán foghlama agus mar mhodh léirithe do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Déantar é seo trí mheán na drámaíochta agus an spraoí agus iad ag obair mar ghrúpaí agus mar dhaoine araon. Tá 23 rannpháirteach ann.

Comhairle Contae an Chabháin
Cavan County Council

# Iompar, Athrú Aeráide, An Comhshaol agus Seirbhísí Uisce

## Bóithre & Iompar

### Covid-19

Mar gheall ar shrianta Covid-19 a bheith tugtha isteach agus an chéad dianghlasáil i bhfeidhm i mí an Mhárta 2020, cuireadh an clár bliantúil oibreacha bóthair siar i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine. Le linn na tréimhse sin, is iad na seirbhísí riachtanacha amháin a bhí á gcur ar fáil ag an bhfoireann oibriúcháin bóithre, lena n-áirítear cothabháil riachtanach ar bhóithre, glanadh na sráideanna, cothabháil ar limistéir phoiblí chomh maith le láithreáin dumpála neamhdhleathacha a ghlanadh. Chuir na srianta de cheangal freisin ar fhormhór na foirne feidhmeanna deartha agus tacaíochta a sheachadadh go cianda i rith na bliana. In ainneoin gur chuir Covid-19 isteach orthu d'éirigh le rannóg na mbóithre a clár oibre don bhliain a chur i gcrích agus leanúint de bheith ag seachadadh a cuid seirbhísí ar fad i rith 2020.

Tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as cothabháil agus feabhsú na mbóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla ar fad taobh istigh den Chontae. San iomlán, tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as cothabháil a dhéanamh ar bhreis agus 3,000km (1,880 míle) de bhóithre poiblí gach bliain.

Toisc gur contae é atá ag brath ar an mbonneagar bóithre, tá réimse na mbóithre lárnach mar a bhaineann leis na príomhchuspóirí straitéiseacha atá i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae an Chabháin a chur i gcrích:

1. Tacú le Pobail
2. Gníomhaíocht Eacnamaíoch Inbhuanaithe a Spreagadh
3. Acmhainní Comhshaoil Nádúrtha a Chosaint agus a Fheabhsú
4. Acmhainn Bonneagair a Phleanáil agus a Fhorbairt
5. Íomhá Dhearfach de Chomhairle Contae an Chabháin agus den Chontae a chur chun cinn
6. Dea-Rialachas agus Cumas na Eagraíocha a Fhorbairt


Tá na cuspóirí seo le fáil inár bPlean Seirbhíse Bliantúil agus cabhraíonn siad le múnlú a dhéanamh ar ár gcuspóirí don bhliain amach romhainn.

**Aicmiú Líonra Bóithre an Chabháin**

Tá luach measta iomlán an ghréasáin bóithre sa Chontae os cionn €1.1 billiún, agus is ionann an gréasán Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla agus €1 billiún den iomlán sin. Tá 779 droichead bóthair san iomlán (níos faide ná 2 mhéadar) sa chontae.

| Catagóir | Cineál Bóthair | Fad (Ciliméadair) |
|---|---|---|
| **Náisiúnta** | Príomhbhóthar Náisiúnta | 62.21 |
| | Bóthar Náisiúnta den Dara Grád | 61.07 |
| **Neamh-Náisiúnta** | Réigiúnach | 399.14 |
| | Príomhbhóthar Áitiúil | 747.83 |
| | Bóthar Áitiúil den Dara Grád | 1315.08 |
| | Bóthar Treasach Áitiúil | 426.03 |
| **Iomlán** | | **3011.36** |

Is é fad iomlán an bhóthair phoiblí i gContae an Chabháin ná 3,011km.




Catagóirí Bóithre i gContae an Chabháin

| | | |
|---|---|---|
| **Náisiúnta** | **Náisiúnta den Dara Grád** | **Réigiúnach** |
| **Príomhbhóthar Áitiúil** | **Áitiúil den Dara Grád** | **Treasach Áitiúil** |

**Maoiniú**

Tagann an maoiniú le feabhas a chur ar bhóithre poiblí sa Chabhán agus iad a chothabháil go príomha ó thrí fhoinse. Cuireann Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) maoiniú ar fáil do Bhóithre Náisiúnta agus tugann An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS) maoiniú le haghaidh Gréasán na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Cuireann BIÉ cúltaca teicniúil agus riaracháin ar fáil don mhaoiniú seo de réir mar is gá. Cuireann Comhairle Contae an Chabháin leithdháileadh suntasach in aghaidh na bliana ar fáil óna cuid acmhainní dílse chun cothabháil a dhéanamh ar

Ghréasáin na mBóithre Áitiúla agus Réigiúnacha.


**Leithdháiltí Maoinithe 2020**

Léirítear sa tábla thíos an maoiniú a dháil gach foinse maoinithe ag tús 2020.

| Catagóir Bóthair | Foinse Maoinithe | Leithdháileadh Tosaigh |
|---|---|---|
| | | |
| Bóithre Náisiúnta | Bonneagar Iompair Éireann | €10,863,534 |
| Bóithre Neamhnáisiúnta | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | € 15,136,048 |
| Bóithre Neamhnáisiúnta | Comhairle Contae an Chabháin | € 2,326,379 |
| | | **€28,325,961** |

**Ranníocaíochtaí Chomhairle Contae an Chabháin**

Ag tús na bliana 2020, chuir Comhairle Contae an Chabháin €2.32 milliún dá hacmhainní féin ar fáil i dtreo Chothabháil agus Feabhsú an Ghréasáin Bóithre Neamhnáisiúnta (Bóithre Áitiúla agus Réigiúnacha). Léirigh sé sin tiomantas leanúnach na Comhairle i leith cothabháil a dhéanamh ar a gréasán bóithre.




**Maoiniú ón Roinn** **Maoiniú ó BIÉ** **Acmhainní na Comhairle féin**

**Leithdháiltí Breise**

Le linn 2020, bhí Comhairle Contae an Chabháin in ann leas a bhaint as maoiniú breise ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoi phacáiste spreagtha an

Rialtas i mí Iúil lena n-áirítear €1,070,000 do Bhearta Taistil Gníomhacha agus €464,000 d'Oibreacha Oiriúnaithe don Athrú Aeráide. Ina theannta sin, fuair an t-údarás maoiniú €84,000 le haghaidh mionoibreacha ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus €135,000 ó BIÉ le haghaidh oibreacha a bhain le mionlochtanna a dheisiú ar Ghréasán na mBóithre Náisiúnta.

**Bóithre Náisiúnta**

Is éard atá i ngréasán na bPríomhbhealaí Náisiúnta ná an N3 agus an N16. Is é Bóthar Bhaile Átha Cliath/ Inis Ceithleann/ Bhéal Átha Seanaidh an N3; is é Bóthar Shligigh/Inis Ceithleann an N16. Cuimsíonn an Líonra Náisiúnta de bhóithre den dara grád an N54 An Cabhán/Muineachán idir Butlersbridge agus Teorainn an Chontae ag Log Uí Cheallaigh, an N55 An Cabhán/Baile Átha Luain agus an N87 ó Thimpeallán Halla an Charria, Béal Tairbirt go dtí an teorainn ag An Muileann Iarainn.

**Mion agus Mór oibreacha ar Bhóithre Náisiúnta**

**N3 Seachbhóthar Achadh an Iúir**

Is é Achadh an Iúir an t-aon bhaile ar Bhealach Náisiúnta an N3 ó Bhaile Átha Cliath go dtí an teorainn nach bhfuil seachbhóthar aige. Chomh maith leis sin is é an t-aon bhaile gan seachbhóthar é ar an bpríomhlíonra náisiúnta i bhfoisceacht 100km do Bhaile Átha Cliath. Cheap Comhairle Contae an Chabháin JB Barry Transportation mar Chomhairleoirí Teicniúla in 2019 chun gach seirbhís innealtóireachta, comhshaoil, eacnamaíochta agus breithmheasa a bheadh ag teastáil a sholáthar chun an tionscadal a thabhairt trí na céimeanna pleanála agus dearaidh. Sínfidh an scéim ó dheireadh débhealach reatha an N3 ag teorainn an Chabháin/na Mí go dtí Lios Cré, ó thuaidh de bhaile Achadh an Iúir.



*Thuas: Brú tráchta in Achadh an Iúir*

In 2020, chuir BIÉ leithdháileadh €600,000 ar fáil chun pleanáil agus dearadh na scéime a chur chun cinn de réir na dTreoirlínte Bainistíochta Tionscadail do scéimeanna na mBóithre Náisiúnta. Faoin am seo tá an scéim tugtha chun cinn go dtí trí Chéim 1 (Coincheap agus Indéantacht) de na Treoirlínte Bainistíochta agus tá sé faoi láthair ag Céim 2, Rogha Roghnúcháin.

Cuireadh an chéad chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir le limistéar staidéir na scéime, na srianta tosaigh agus na roghanna bealaigh i gcrích i Márta 2020 agus ina dhiaidh sin rinneadh measúnú ar an aiseolas a fuarthas agus cuireadh na roghanna tosaigh i bhfeidhm. Reáchtáladh an dara comhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leis na roghanna bealaigh a bhí ar an ngearrliosta (ar líne/go fíorúil) idir 11 Samhain 2020 agus 15 Eanáir 2021. Tá measúnú á dhéanamh faoi láthair ar, i measc critéir eile, an aiseolas ón bpobal, agus úsáidfear é chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas roghnúcháin don Rogha is Dealraithí atá ag Teacht Chun Cinn, atá i gceist againn a fhógairt i Samhradh na bliana 2021.

**Mionscéimeanna Feabhsúcháin**

**N55 An Chorr Dhubh go dtí ó dheas de Killydoon, Cuid A**

Críochnaíodh Cuid A, a raibh athailíniú 3.2km ar an N55 i gceist leis ag dhá ionad ar leith ó dheas de Bhéal Átha na nEach, i ndeireadh na bliana 2018. Tá an Conradh ag an gCéim Chlabhsúir faoi láthair agus an Chomhairle ag fanacht go gcuirfidh an conraitheoir an páipéarachas deiridh don scéim isteach.




*Thuas: Radharc ón aer ar an athailíniú ar an N55 ag Garrymore, agus an t-acomhal nua leis an L-6552, le lána tiomnaithe ann don chasadh ar dheis.*

**N55 An Chorr Dubh go dtí ó dheas de Killydoon, Cuid B**

Faoi Chuid B, déanfar athailíniú 3.7km ar an N55 idir bailte fearainn Bhéal Átha Trost agus Mullach Odhráin, díreach ó dheas de Chuid A. Rinneadh dul chun cinn maith ar an Scéim le linn 2020. Ceapadh RPS Consulting Engineers i mí Feabhra 2020 chun Seirbhísí Comhairliúcháin a sholáthar do Chéimeanna 5, 6 & 7 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadail BIÉ. Tá Céim 5 de Scéim á thabhairt cur chun cinn faoi láthair (Cumasú & Soláthar) lena n-áirítear an dearadh mionsonraithe a chríochnú agus Doiciméid Tairisceana a réiteach don Phríomhchonradh Tógála.

Ghlac Comhairle Contae an Chabháin seilbh ar na tailte CPO i rith na bliana, tar éis Fógra Iontrála a bheith tugtha, i mí Lúnasa 2020, do na húinéirí talún a gcuirfeadh sé as dóibh.  Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana ar na próisis ghaolmhara a bhain le fálta a chur thart ar talamh agus ar réadmhaoin agus tairgeadh cúiteamh do na húinéirí talún go léir ar chuir sé as dóibh. Tá an idirbheartaíocht fós ar siúl chun teacht ar chomhréiteach, tá comhréiteach aontaithe i roinnt cásanna go dtí seo agus táthar ag súil go mbeifear tar éis teacht ar níos mó réitigh in 2021.




*Thuas: Léarscáil Suímh den N55 An Corr Dubh go dtí ó dheas de Killydoon, Athailíniú, Cuid B*

Mar réiteach don Phríomhchonradh Tógála, cuireadh roinnt Conarthaí Oibreacha Cumasúcháin chun cinn le linn 2020, lena n-áirítear conradh balla teorann chun fálta a chur thart ar na tailte CPO a bhí faighte agus bhí sé seo curtha gcrích go substaintiúil i mí na Nollag 2020. Ina theannta sin, cuireadh Suirbhéanna Topagrafacha Forlíontacha agus Conarthaí Talún i gcrích go substaintiúil in 2020, bronnadh Conradh Seirbhísí Seandálaíochta i dtreo dheireadh na bliana agus tosófar ar an obair allamuigh i mí Eanáir 2021. Tá sé ar intinn ag an údarás cead a lorg ó BIÉ an obair ar an scéim a chur amach ar tairiscint roimh dheireadh 2021.

Bronnadh an Conradh do Sheirbhísí Comhairleoireachta Seandálaíochta ar Archaeological Consultancy Services Unit (ACSU). Bhí moill ar ACSU mar a bhain le ráitis i dtaobh an chaoi a dtabharfadh siad faoin ullmhúcháin agus an ceadúnú a bhí riachtanach a fháil mar gheall ar shrianta Covid-19. Réitíodh na fadhbanna seo agus tá cruinniú réamh-thosaithe sceidealta go sealadach do thús na bliana 2021.





*Thuas: Radharc ón aer ar na hoibreacha fálú teorann ar an N55 An Corr Dubh go dtí ó dheas de Killydoon, Cuid B ag Béal Átha Trost*


**N3 Timpeallán Bhóthar Bhaile Átha Cliath:**

Ceapadh Innealtóirí RPS Consulting Engineers chun Scéim Timpeallán Bhóthar Bhaile Átha Cliath ar an N3 a thabhairt trí chéimeanna 1, 2 agus 3 de na Treoirlínte Bainistíochta Tionscadail. Is í príomhaidhm na scéime seo ná aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhíonn le brú tráchta agus le sábháilteachta ag an timpeallán. Tá RPS ag obair faoi láthair ar chéim 2, roghnú rogha.

**Scéimeanna Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre**

**N3 Achadh an Iúir, Scéim HCL na Príomhshráide HD15:**

Críochnaíodh Réamhdhearadh do Chéim 2 de Scéim HD15 Phríomhshráid N3 Achadh an Iúir ag deireadh 2018 tar éis dul i gcomhairle le Comhairleoirí an Cheantair Bhardasaigh, le Foireann an Bhaile, leis an gCumann Forbartha agus leis an bpobal. In 2019, fuarthas faomhadh ó BIÉ le Roadplan Consulting Engineers a cheapadh don scéim agus é a chur chun cinn trí Chuid 8 Pleanáil, Dearadh Mionsonraithe, Tairiscintí agus Tógáil.



D'fhaomh na comhairleoirí i gceantar Bardasach Bhaile Sheáin Dhuibh an Phleanáil do Scéim Ceansú Tráchta agus Pábhála Achadh an Iúir in 2020. Rinneadh tairiscint ar an scéim ar an 20 Samhain 2020 agus bronnadh an conradh i mBealtaine 2021.

**Scéim Óstán Cavan Crystal (R212)– Timpeallán na Cille Móire (N3) HD15 HCL:**

Cuimsíonn an scéim seo cosáin nua, Lánaí Rothaíochta ardaithe, bána Bus Nua agus oibreacha le feabhas a chur ar shábháilteacht, a rachadh chun tairbhe do choisithe agus do thiománaithe araon ó Óstán Cavan Crystal go dtí Óstán Kilmore. D'fhorbair comhairleoirí RPS an scéim trí Chéim 2 de na Treoirlínte Bainistíochta Tionscadail in 2020 agus cuireadh tuarascáil ar aghaidh chuig BIÉ ag tús 2021 agus maoiniú á lorg do dhearadh agus tairiscint iomlán na scéime in 2021.

**Scéim HD15 HCL an N87, baile Bhéal Átha Conaill:**

Is éard atá i gceist leis an scéim sábháilteachta seo ná bonneagar uile BSL a chur faoi thalamh i gcomharsanacht an droichid agus acomhal an N87/R205 i mbaile Bhéal Átha Conaill chomh maith le uasghrádú a dhéanamh ar shoilsiú sráide agus ar áiseanna do choisithe. D'oibrigh Comhairle Contae an Chabháin i gcomhar le BSL le linn 2020 chun na línte lasnairde ar fad a chur faoi thalamh agus tá na hoibreacha 95% críochnaithe faoin am seo.

**N3 Achadh an Iúir go Carrakeelty More (Machaire Rátha)**

In 2020, fuair Comhairle Contae an Chabháin faomhadh ó BIÉ RPS Consulting Engineers a cheapadh chun tuarascáil roghanna agus féidearthachta a fhorbairt i dtaca le hoibreacha féideartha faoin Scéim Rangaithe Sábháilteachta Líonra NRA HD 15 seo. Cuireadh dréacht-choincheap agus dréacht-tuarascáil féidearthachta faoi bhráid BIÉ i dtús na bliana 2021 agus beidh maoiniú á lorg le haghaidh dearadh iomlán agus tairiscintí na scéime in 2021.

**Scéimeanna Forleagan Pábhála na mBóithre Náisiúnta**

Fuarthas maoiniú ó BIÉ in 2020 chun trí scéim fhorleagan a chur chun cinn ar Ghréasán na mBóithre Náisiúnta. Ina measc bhí;

1. An N16: Forleagan pábhála An Blaic Thiar - críochnaíodh na hoibreacha go substaintiúil i samhradh na bliana 2020 agus tá an scéim sa tréimhse lochta faoi láthair.



*Thuas: Oibreacha athleagain ar Scéim an N16, an Bhlaic Thiar, i Meitheamh 2020*

1. Bhí Scéim Pábhála Baile Chomhairle Contae an Chabháin ar an N55 i mBéal Átha na nEach curtha i gcrích go substaintiúil faoi dheireadh mhí na Nollag 2020 ach go raibh obair ar fhabhtanna le cur i gcrích in 2021.

2. N87 Gort an Choill go Mullaghduff: Cuireadh tús leis na hoibreacha tosaigh ar an scéim i mí na Samhna 2020 agus táthar ag súil an scéim a chríochnú i samhradh na bliana 2021.

**NP/NS Mionfheabhsuithe ar Bhacainní Sábháilteachta 2020**

Leithdháil BIÉ €50,000 le haghaidh obair dheisiúcháin agus athsholáthar na mBacainn Sábháilteachta feadh na bPríomhmbhóthar Náisiúnta agus na mBóthar den Dara Grád agus críochnaíodh an obair i mí Dheireadh Fómhair 2020.

**NP/NS Fálú Iarfheistithe 2020**

Leithdháil TII €50,000 chun fálú coincréite/uaine iarnróid atá ann cheana féin a iarfheistiú ar bhealaí náisiúnta le cineál fál nua le córas srianta mogalra sreinge teannta. Moltar na córais seo le haghaidh criosanna soiléire ar chodanna den ghréasán bóithre náisiúnta a bhfuil teorainneacha luais 100 km/u i bhfeidhm orthu. Aithníodh go raibh cuid den N3 ag Lios na nEanach, ó thuaidh de Leamhaigh, mar shuíomh oiriúnach chun thart ar 1,455 méadar den chóras fálú nua seo a fheistiú, obair a bhí curtha i gcrích i mí na Samhna 2020.

**Scéimeanna Cothabhála Caipitil**

Fuair Comhairle Contae an Chabháin maoiniú ó BIÉ faoi chiste cothabhála Chatagóir B chun obair dhromchlaithe a chríochnú ag na háiteanna seo a leanas ar an Ghréasán na mBóithre Náisiúnta in 2020;

- N03 – Achadh an Iúir (Rahardrum)
- N03 Na Bilí
- N55 Tullygullin

**Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla**

**Clár Oibreacha Bóthair 2020**

Leithdháileadh deontas €15,138,068 ar Chomhairle Contae an Chabháin le linn 2020 chun obair fheabhsúcháin agus cothabháil a dhéanamh a bhain le Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, Athshlánú Droichid, Teorainneacha Luais in Eastáit Tithíochta agus Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal. Bhain an obair, den chuid is mó, le feabhas a chur ar chúrsaí draenála, an bóthar a neartú le hábhar ghránacha agus tarmac agus an dromchla a chóiriú. Seachadadh Clár na mBóithre do 2020 trí na trí

Cheantar Bardasacha agus críochnaíodh 54km d'oibreacha athchóirithe pábhála agus 87Km de chóiriú dromchla ar fud an chontae in 2020.




**Scéimeanna Réigiúnacha & Áitiúla um Shábháilteacht ar Bhóithre**

Fuair Comhairle Contae an Chabháin €342,500 i Leithdháiltí Deontais DOT do 11 Scéim Sábháilteachta ar Chostas Íseal in 2020.

I measc na scéimeanna tá comharthaíocht rachtáin níos fearr a chur in airde ag cora ar Bhóithre Réigiúnacha, an R165 Leamhnaigh go dtí Coill an Chollaigh, an R191 Coill an Chollaigh go dtí An Mhuinchille agus an R178 Coill an Chollaigh go dtí Achadh an Iúir, fásra a ghlanadh dromchla greamacháin níos fearr a chur ar an R165 ag Cnoc Chorr Gharraí i nDún an Rí.

Ina theannta sin, críochnaíodh síntí cosáin nua lena n-áirítear soilsiú poiblí ag dhá shuíomh i mBaile Shéamais Dhuibh, ar an L3013 ag dul i dtreo mhonarcha Liffey Meats agus ar an R196, Bóthar an Dromainn, ag dul i dtreo mhonarcha Box. Cuireann na cosáin seo bealach siúil atá sábháilte ar fáil do choisithe a mbíodh orthu siúl ar an gcarrbhealach roimhe seo,

ag caolais bóthair atá thar a bheith contúirteach. I measc na n-oibreacha eile bhí feabhsúcháin ar mharcáil bóthair, soilsiú poiblí agus línte radhairc ag Acomhal Bhóthar Rassan / Bhóthar an Chabháin (L-3016/L-3029) lena n-áirítear bearta maolaithe tráchta ar an mbealach isteach go Baile Shéamais Dhuibh ó Bhóthar an Chabháin.



*Thuas: Cosán & Soilsiú Poiblí ar an L3013 i mBaile Shéamais Dhuibh*

Tugadh an tríú céim agus an chéim dheiridh de scéim um Maolú Tráchta ar an mbealach go baile An Mhuinchille ó Bhóthar an Chabháin chun críche freisin in 2020. I measc na gcéimeanna a cuireadh i gcrích roimhe seo bhí trasnú do choisithe in aice leis an stáisiún dóiteáin agus bearta maolaithe tráchta roimh na páirceanna tionsclaíocha. Faoin gcéim sin cuireadh síneadh leis an gcosán agus leis an soilsiú poiblí go dtí an bealach isteach chuig Errigal Country House Hotel.

Cuireadh síneadh leis na cosáin agus cuireadh bearta moillithe tráchta i bhfeidhm ar an R178 ag an mbealach isteach go Coill an Chollaigh ó Bhóthar Achadh an Iúir agus é ag síneadh ó dheireadh scéim na bliana seo caite ag Gairdíní Lios Cré go dtí Lios na Lao, bealach a mbíonn an-tóir ag coisithe air. I measc na Scéimeanna eile a cuireadh i gcrích in 2020 bhí comharthaíocht rabhaidh bhreise agus marcálacha bóthair ag Cabhsa Achadh na Sceire i mBaile an Chabháin agus trasriain rialaithe do choisithe a sholáthar ar an R212, Bóthar Bhaile Átha Cliath in aice leis an acomhal le Sráid Uí Chonghaile.




*Thuas: Cosán agus Soilsiú Poiblí ar an R188 ar an mbealach isteach go Muinchille*

**Tionscadail Réigiúnacha & Áitiúla Droichid agus Bóithre:**

Fuair Comhairle Contae an Chabháin €640,400 i Leithdháiltí Deontais RITS in 2020 chun 16 dhroichead a athshlánú ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. I measc na ndroichead a bhain tairbhe as an leithdháileadh seo bhí L6532 Droichead na Clogaí, R162 Athsholáthar Lintéar ag Drumpeak Clapper, R200 Droichead Bellavalley Íoch, L6012 Droichead Chláraigh, L2026 Droichead Laragh, L7516 Droichead na Tonnaí Duibhe, L1512 Droichead Paddock, L3539 Droichead Parker Uimhir 2, L5061 Clontygrigny, L7081 Droichead Uí Dhálaigh, L2000 Droichead Cornacarrow, L5553 Droichead Derrygara, L1518 Droichead One Tree Cross agus conradh chun an fásra a bhaint de thart ar cheithre dhroichead is daichead eile.

Trasnaíonn an dá dhroichead athshlánúcháin eile atá sceidealaithe faoi chlár Abhainn na hEoghancha, is iad sin Droichead na Cnapaí ar an R192, Bóthar Shearcóige go dtí Bóthar An Mhuinchille agus Droichead Dhroim Dhúin ar an R191, An Muinchille go dtí Bóthar Choill an Chollaigh. D'aimsigh na hoibreacha suirbhé le linn chéim an dearaidh tosaigh lear mór diúilicíní péarla fionnuisce ag an dá dhroichead seo. Tá an diúilicín péarla fionnuisce liostaithe mar speiceas atá i mbaol agus tá sé cosanta faoin Acht um

Fhiadhúlra agus faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga. Rinne Comhairle Contae an Chabháin iarratas ar ceadúnas trasghluaiseachta chun na diúilicíní a athlonnú ón áit ina mbeidh na hoibreacha ar na ndroichid ar siúl. Dhiúltaigh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra an t-iarratas seo ar cheadúnas, ar an mbonn go dteastaíonn suirbhé níos cuimsithí uathu ar dhobharcheantar Abhainn na hEoghanacha. Ní raibh fáil ag Comhairle Contae an Chabháin ar an maoiniú a bheadh riachtanach chun suirbhé chomh leathan sin a chur i gcrích in 2020 agus dá bhrí sin cuireadh an dá thionscadal droichid seo ar athló go dtí gur féidir an maoiniú sin a fháil agus go mbeidh raon feidhme na n-oibreacha suirbhé a theastaíonn, aontaithe leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Cheadaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt dhá dhroichead eile a chur ar an liosta in ionad Dhroichid Drumgoon and na Cnapaí agus mar thoradh air seo críochnaíodh oibreacha éigeandála ar Dhroichead Derrindrehid ar an L 1520 agus



**Before**



**After**

cuireadh Dhroichead R165 Corrycholman Clapper ar chlár 2020.

**Roimh ré** **Tar éis na hOlbre**

*Thuas: L1520 Droichead Derrindrehid*

Le linn na bliana fuair Innealtóirí Droichead Chomhairle Contae an Chabháin amach go raibh droch bail ar dhá dhroichead agus gur theastaigh idirghabháil phráinneach agus chuimsitheach. Ba iad Droichead R212 Narracks agus Droichead L3024 Nine Eyed i Stramatt, Machaire Rátha na droichid a bhí i gceist. Críochnaíodh na hoibreacha a theastaigh a dhéanamh ar an dá dhroichead seo in 2020, chomh maith leis an gclár oibre a bhí beartaithe do dhroichid.

**Deontas Feabhsúcháin Sonrach – Tionscadal Dhroichead Dunancory ar an R194**

Leithdháileadh Deontas Feabhsúcháin Sonrach €600,000 in 2020 ar Chomhairle Contae an Chabháin chun áiseanna feabhsaithe a chur ar fáil do choisithe agus do thrácht feithiclí ag Droichead Dunancory ar an  R194 in aice le Achadh an Iúir. Is éard a bhí i gceist leis an scéim ná an taobh thoir thuaidh den droichead a leathnú chun freastal ar dhá lána tráchta agus cosáin ar an dá thaobh an mhótarbhealaigh.

Chuir Innealtóirí Chomhairle Contae an Chabháin, in éineacht le Malachy Walsh & Partners  a bhí ar áirithíocht chun seirbhísí comhairliúcháin a sholáthar, an scéim seo tríd an bpróiseas pleanála agus soláthair in 2019 agus i dtús na bliana 2020. Bronnadh an conradh don scéim ar McCabe Masonry Ltd. i mí Lúnasa 2020 agus críochnaíodh na hoibreacha go substaintiúil i mí na Samhna 2020.

Nuair a críochnaíodh an tionscadal tháinig deireadh leis an scrogall tráchta ar Bhóthar Réigiúnach an R194 idir Baile Shéamais Dhuibh agus Baile Achadh an Iúir agus tá feabhas tagtha ar chumas oibriúcháin, ar an achar ama a thógann turais agus ar iontaofacht ar an gconair straitéiseach seo.





*Thuas: Droichead Dunancory*
*Roimh agus i nDiaidh na hOibre*

**Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail**

Tá rannóg Bóithre agus Iompair Chomhairle Contae an Chabháin ag leanúint de bheith ag tacú le Rannpháirtíocht an Phobail mar a bhaineann le obair fheabhsúcháin ar Bhóithre Áitiúla. In 2020, fuair 5 Scéim Rannpháirtíochta Pobail maoiniú ó RITS, agus chuir na hiarratasóirí 20% de chostas na n-oibreacha ar fáil.

**Leithdháiltí i dtaca le Bearta Taistil Gníomhacha 2020**

Fuair Comhairle Contae an Chabháin leithdháileadh €1,070,000 ón Roinn Iompair i mí Lúnasa do roinnt tionscadal ar fud an chontae, mar chuid den mhaoiniú ó Bhearta Spreagtha um Thaisteal Gníomhach i mhí Iúil. Mar thoradh ar an maoiniú bhíothas in ann 18 dtionscadal a chur i gcrích ar fud an chontae, lena n-áirítear uasghrádú/cosáin leathnaithe/lánaí rothaíochta a sholáthar agus áiseanna trasnaithe a fheabhsú i mbailte agus i sráidbhailte, lena n-áirítear trasriain shíogacha agus crosairí le comharthaíocht orthu.



*Thuas: Droichead Drumlark á leathnú chun spás a dhéanamh do chosán nua*



*Thuas: Oibreacha um Taisteal Gníomhach críochnaithe ar Bhóthar na hArdeaglaise, Baile an Chabháin*

**Athrú Aeráide**

Fuair Comhairle Contae an Chabháin maoiniú €464,000 ón gCiste um Oiriúnú don Athrú Aeráide i mí Lúnasa le haghaidh 8 dtionscadal ar fud an chontae. Bhí na tionscadail seo i gceantair ina raibh fadhbanna ag dul i bhfad siar le tuilte ag tarlú arís agus arís eile agus is éard a bhí i gceist leis na hoibreacha ná leibhéal na

mbóithre a ardú agus crosairí bóthair a uasghrádú. Is iad na 8 dtionscadal a cuireadh i gcrích in 2020;

- L5539 Cuibhe/Corleggy, Béal Tairbirt
- L55321 Drumard, An Chill Mhór
- L3006 Stramaquerty
- L10301 Derrymoney An Bábhún Buí
- L5548 Doire Abhla, Droim Caisidel
- L2503 Laken, Béal Átha na Each go dtí Ármhach
- L6510 An Ghlasdromainn, Na Pollaí
- R165 Carraig an Chromáin/Suí Finn



*Thuas: Oibreacha Oiriúnaithe Aeráide Críochnaithe ar an L55321 Drumard/An Chill Mhór*

**Cothabháil ar Bhóithre**

Tá cothabháil leanúnach ar an ngréasán bóithre ríthábhachtach chun go mbeidh tairbhe á bhaint as infheistíocht a rinneadh in oibreacha feabhsúcháin sna blianta roimhe sin. Léirítear sa tábla thíos luach na n-oibreacha cothabhála a rinneadh i rith na bliana ar gach cineál bóthair.

| Catagóir Bóthair | Ciliméadair | Costas Cothabhála 2020 (€) |
|---|---|---|
| PB Náisiúnta | 62 | 795,287 |
| PB den dara | 61 | 429,297 |
| Réigiúnach | 399 | 1,101,587 |
| Áitiúil | 2489 | 5,251,413 |
| **Iomlán** | **3011** | 7,577,584 |

**Cothabháil ar Bhóithre Náisiúnta**

Le linn 2020, fuair Comhairle Contae an Chabháin maoiniú €1,224,584 chun an líonra de phríomhbhóithre náisiúnta agus bóithre den dara grád a chothabháil sa Chabhán faoi na cláir Um Chothabháil Gheimhridh, Soilsiú Bealaigh, Gnáthchothabháil agus Fabhtanna ar Bhealaigh. Tá maoiniú cothabhála breise curtha ar fáil ag BIÉ le haghaidh oibreacha cothabhála sonracha eile.

**Cothabháil ar Bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla**

In 2020, chuir an RITS leithdháileadh €2.46m ar fáil i bhfoirm Deontas Lánroghnach a bhí le caitheamh go sonrach ar cothabháil a dhéanamh ar ghréasáin na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Chuir Comhairle Contae an Chabháin €1.53m breise ar fáil óna hacmhainní féin don chuspóir céanna. I measc na bpríomhoibríochtaí cothabhála bhí draenáil agus obair dheisiúcháin ar dhromchlaí.

**Cothabháil Gheimhridh**

Déanann Comhairle Contae an Chabháin cóireáil ar 530km ainmnithe den ghréasán Bóithre mar chuid dá Seirbhís Cothabhála Geimhridh agus is ionann é seo agus 18% den líonra iomlán. Cuirtear Plean Freagartha Seirbhíse Geimhridh agus léarscáileanna de na bealaí a gcuirtear salann orthu ar shuíomh gréasáin na Comhairle le bhféadfaidh an pobal iad a fheiceáil. Tugtar tús áite don Ghréasán Bóithre Náisiúnta toisc gur ann is mó a bhíonn trácht agus gur féidir taisteal ar

luasanna níos airde air. Déantar Cothabháil Gheimhridh mar réamhchóireáil bunaithe ar an gcineál aimsire atá geallta.

**Soilsiú Poiblí**

Soláthraíonn Comhairle Contae an Chabháin Soilsiú Poiblí do 29 baile agus sráidbhaile san iomlán agus déanann sé cothabháil orthu. I rith na bliana, rinne an Chomhairle uasghrádú ar chodanna den bhonneagar soilsithe laistigh de gach ceann de na trí Cheantar Bardasach, lena n-áirítear úsáid a bhaint as teicneolaíocht LED, rud a laghdaíonn na costais fuinnimh agus chothabhála agus a laghdaíonn astaíochtaí carbóin.

Faoi dheireadh 2020 bhí 53% de stoc soilsithe poiblí Chomhairlí Contae an Chabháin nuashonraithe le feistis LED. In 2020 fuair an t-údarás €42,000 ó BIÉ le haghaidh oibreacha uasghrádaithe chun uasghrádú a dhéanamh ar na soilse ar fad ar na Príomhbhóithre Náisiúnta agus ar na Bóithre den Dara Grád. Tá Comhairle Contae an Chabháin ag obair i gcomhpháirtíocht leis an RMO faoi láthair ar bhonn réigiúnach chun clár iomlán iarfheistithe LED a chur i gcrích agus súil aige é seo a chur i bhfeidhm in 2021. Is é SSE Airtricity Utility Solutions Ltd Conraitheoir Cothabhála na Comhairle le haghaidh soilsiú poiblí agus cuireann Energia soláthar leictreachais neamh-mhéadraithe ar fáil.

**Glasbhealaí**

**Glasbhealach Iarnróid Liatroma An Chabháin**

Tá údaráis áitiúla an Chabháin agus Liatroma ag obair i bpáirt le forbairt a dhéanamh ar an tionscadail Ghlasbhealaigh 54km seo a bhainfidh úsáid as an sean-iarnród caol a bhíodh ag dul ó Bhéal Tairbirt i gContae an Chabháin trí Bhéal Átha Conaill, Bellaheady, Teampall an Phoirt, Killyran, Garbhros, Béal an Átha Móir, Fíonach agus Maothail go dtí Dromad i gContae Liatroma. Tá an Tionscadal Glasbhealaigh seo á fhorbairt, feadh an bhealaigh atá beartaithe, i gcomhar leis na grúpaí pobail agus na cumainn forbartha áitiúla. D'fhostaigh Comhairle Contae an Chabháin Roughan & O'Donovan Consulting Engineers in 2016 chun

Réamhdhearadh mionsonraithe a réiteach agus Scagadh AA agus Scagadh MTT a dhéanamh don tionscadal. Tá Comhairle Contae an Chabháin ag leanúint de bheith ag lorg maoinithe chun an tionscadal a chur chun cinn agus déantar cur síos air thíos.

**Béal Átha Conaill go Bellaheady**

Bronnadh maoiniú ar Chomhairle Contae an Chabháin i gcomhpháirtíocht le hUiscebhealaí Éireann faoi Bheart 3 den Scéim Um Bonneagar Áineasa Allamuigh 2017. Tugadh chun críche go substaintiúil in 2020 an fhorbairt ar chonair rothaíochta agus siúil áineasa 5.5km ó bhaile Bhéal Átha Conaill go dtí Droichead Bellaheady, go príomha ar Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne ar bhruach abhainn na Graine.

*Thuas: Cuid den chosán áineasa ó Baile Átha Conaill go Bellaheady atá críochnaithe*



**Béal Átha Tairbirt go dtí An Chorrchoill (Loic 1)**

I gcomhpháirtíocht le hUiscebhealaí Éireann, d'éirigh le Comhairle Contae an Chabháin maoiniú a fháil do chuid den Ghlasbhealach / Bealach Gorm ó Bhaile Bhéal Átha Tairbirt go dtí Loic 1 i gCorrchoill.  Úsáideann an cosán an gréasán bóithre atá ann cheana agus uasghrádaítear rianta rochtana príobháideacha ar an bhealach i dtreo Dhroichead Achadh Leathan. Ó Achadh Leathan síneann an cosán feadh Chanáil na Graine go dtí Loic 1.

Ceapadh Jennings O' Donovan Consulting Engineers chun seirbhísí comhairliúcháin a chur ar fáil agus reáchtáil siad comórtas soláthair ag deireadh 2019. Ceapfar an conraitheoir rathúil nuair a bheidh réiteach faighte ag Uisce Éireann ar roinnt fadhbanna atá le húinéirí talún feadh an chuid a bhaineann le canáil na Graine. Tá sé beartaithe tús a chur leis an tógáil in 2021.

**Glasbhealach An Chabhán go Butlersbridge – Glasbhealach Uirbeach Bhaile an Chabháin**

D'éirigh le Comhairle Contae an Chabháin maoiniú a fháil do chuid den Ghlasbhealach feadh an tsean iarnróid ó Bhóthar Loretto ag nascadh le cúl Ospidéal Ginearálta an Chabháin. Is éard a bhí i gceist leis an scéim ná Glasbhealach, trí mhéadar ar leithead le dromchla air, a thogáil feadh an iarnróid nach bhfuil in úsáid níos mó agus feadh píosa de thalamh glas ar Thailte Ospidéal Ginearálta an Chabháin, achar thart ar 640m. Críochnaíodh na hoibreacha i mí Lúnasa.

Ceadaíodh Pleanáil Chuid VIII i mí Iúil 2019 agus tar éis comórtas soláthair, cuireadh tús leis an tógáil i mí an Mheithimh 2020. Cuireadh an tionscadal i gcrích go substaintiúil i mí Lúnasa agus bhí soilsiú poiblí suiteáilte i mí na Nollag 2020.




Obair ar siúl ar an nGlasbhealach

*Thuas: Glasbhealach Uirbeach Bhaile an Chabháin agus é críochnaithe.*

**Glasbhealach Iarnróid an Chabháin**

I mí Iúil 2020, fuair Comhairle Contae an Chabháin maoiniú €175,000 le haghaidh Glasbhealach Iarnróid an Chabháin, a nascfaidh Baile an Chabháin le Glasbhealach Chanáil Uladh atá beartaithe i Muineachán agus le Glasbhealach Liatroma an Chabháin atá beartaithe ag Béal Tairbirt. Úsáidfear an maoiniú seo chun an tionscadal seo a chur chun cinn trí Chéim O (Scóip agus Réamh-mheas), Céim 1(Féidearthacht) agus Céim 2 (Roga Roghnúcháin). Cuireadh an obair Chomhairleoireachta amach ar tairiscint i mí na Nollag 2020 agus bronnfar an conradh in 2021.

**Sábháilteacht ar Bhóithre**

Seoladh an Plean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre an Chabháin 2017-2020 i mBealtaine 2017. Is é Grúpa Oibre An Chabháin um Shábháilteacht ar Bhóithre, grúpa ilghníomhaireachta, ildisciplíneach a bunaíodh in 2015 chun cur chuige comhordaithe, comhoibríoch agus comhsheasmhach a chinntiú ó thaobh sábháilteacht a fheabhsú do gach duine a úsáideann na bóithre, a d'ullmhaigh an plean.

Tá ionadaíocht ar Ghrúpa Oibre An Chabháin um Shábháilteacht ar Bhóithre ag Obair le Chéile, Comhairle Contae an Chabháin, an tSeirbhís Dóiteáin, an RSA, BIÉ, An Garda Síochána, FSS, an tSeirbhís Otharchairr agus Bord Oideachais & Oiliúna Mhuineacháin An Chabháin.

Is iad seo a leanas cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta: -

An gréasán bóithre sa Chabhán a dhéanamh sábháilte do gach duine a úsáideann na bóithre.

- Prionsabail na Straitéise Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 a chur i bhfeidhm agus díriú go háirithe ar na ceithre phríomhghné a bhaineann le sábháilteacht ar na bóithre, is iad sin Oideachas, Innealtóireacht, Forfheidhmiú agus Meastóireacht.
- Tuiscint chomhchoiteann ar fhreagracht i leith sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn.

- Dul i ngleic leis na príomhiompraíochtaí ar gá athrú a chur orthu mar atá aitheanta sa Straitéis Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre.
- Dul i ngleic le haon iompar ar leith a bhaineann le Contae an Chabháin agus straitéisí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na hiompraíochtaí seo.
- Leanúint ar aghaidh leis an nasc agus leis an gcomhoibriú trasteorainn agus iad a neartú, go háirithe i réimse an oideachais agus an fhorfheidhmithe.

Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar an bPlean ar bhonn rialta agus táthar ag súil go gcuideoidh an Plean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre an Chabháin 2017-2020 go mór leis na bóithre a dhéanamh níos sábháilteacht i gContae an Chabháin.

Fuair Comhairle Contae an Chabháin Cluasáin Fhíorúla agus oiliúint ó Aviva, rud ba chóir a chabhródh lenár gclár oideachais do na meánscoileanna. Ar an drochuair, mar gheall ar Covid, ní fhéadfaí dul ar aghaidh leis seo.

**Coistí um Beartais Straitéiseacha**

Ceann de na príomhchuspóirí atá ag Rialtas Áitiúil Níos Fearr ná feabhas a chur ar an Daonlathas Áitiúil agus mar thoradh air sin bunaíodh Coistí um Beartais Straitéiseacha. Cuireann siad seo fóram nua ar fáil d'Ionadaithe Tofa na Comhairle agus d'Ionadaithe na nEagraíochtaí Pobail agus an Stáit ionas gur féidir leo oibriú le chéile chun beartais nua a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar shean bheartais. Déanann ball de chuid na Comhairle cathaoirleacht ar gach Coiste agus cuireann an Stiúrthóir Seirbhísí séirbhís ar fáil.

**An Coiste um Beartais Straitéiseacha um Bóithre agus Iompar**

Tionóladh cruinniú amháin le linn 2020, pléadh na topaicí seo a leanas agus rinneadh dul chun cinn ina leith:

Clár Oibreacha Bóthair 2020, Soilsiú Poiblí, CIS, LIS, Glasbhealaí,
Seachbhóthar Achadh an Iúir, Cothabháil Gheimhridh, Fálta

Is iad seo a leanas baill an Choiste um Beartais Straitéiseacha um Bóithre agus Iompar:

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Sean Smith | Cathaoirleach an Choiste |
| An Comhairleoir Peter Mc Vitty | Ball de Chomhairle Contae an Chabháin |
| An Comhairleoir Sarah O' Reilly | Ball de Chomhairle Contae an Chabháin |
| An Comhairleoir TP O' Reilly | Ball de Chomhairle Contae an Chabháin |
| An Comhairleoir Brendan Fay | Ball de Chomhairle Contae an Chabháin |
| An Comhairleoir Trevor Smith | Ball de Chomhairle Contae an Chabháin |
| Padraig J Young | Ionadaí Talmaíochta agus Feirmeoireachta |
| Eamon Mulcahy | Ionadaí Pobail |

## Athrú Aeráide, Comhshaol agus Bainistiú Dramhaíola

Is í an Rannóg um Athrú Aeráide, Comhshaol agus Bainistiú Dramhaíola an rannóg atá freagrach as gach gné a bhaineann leis an gcomhshaol laistigh den chontae. Déanann sí bainistíocht freisin ar an tSeirbhís Maor Madraí, an tSeirbhís Tréidliachta, Cothabháil Reiligí Dílsithe, Fodhlíthe Corrthrádála agus Bainistíocht Fuinnimh.

### An Comhshaol

Toisc gur contae tuaithe é an Cabhán den chuid is mó, agus go leor aibhneacha agus lochanna ann, ní haon ionadh go mbíonn gá an-aird a dhíriú ar chaighdeán an uisce. Is féidir le sceitheadh tionsclaíoch agus tráchtála, cleachtais feirmeoireachta, sceitheadh ó ionaid chóireála fuíolluisce uirbigh agus córais chóireála fuíolluisce a fhreastalaíonn ar thithe aonuaire tionchar a bheith acu ar chaighdeán an uisce. Tá ról ríthábhachtach ag an Rannóg Comhshaoil agus Dramhaíola maidir le cosaint a thabhairt do na foinse uisce óil poiblí, grúpa agus príobháideach atá againn ar fud an Chontae. Déileálann an rannóg freisin le fadhbanna comhshaoil eile, lena n-áirítear cigireachtaí ar an láthair ar chóireáil fuíolluisce, truailliú torainn agus aeir, iarratais phleanála agus fodhlíthe a bhaineann go sonrach leis an gcomhshaol. Déanaimid monatóireacht ar úsáid fuinnimh agus bíonn cleachtais fuinnimh inbhuanaithe á

spreagadh againn chun gearradh siar ar an méid fuinnimh a úsáidtear taobh istigh den Chabhán. Aithnítear anois gur dúshlán domhanda atá san athrú aeráide agus go bhfuil gá le freagairtí ó thaobh beartais chun gur féidir cúinsí atá taobh thiar den athrú aeráide a mhaolú agus dul in oiriúint do na hiarmhairtí dosheachanta a bhaineann leis an aeráid a bheith anois ag athrú. Tá gníomhaíocht ag an leibhéal áitiúil ríthábhachtach chun cabhrú le rioscaí agus tionchair an athraithe aeráide a laghdú sna pobail ar fad. Tugadh faoi ghníomhartha ó Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide sa Chabhán in 2020 agus forbróidh an straitéis seo an próiseas pleanála oiriúnaithe i gComhairle Contae an Chabháin. Is é seo an chéad chéim chun go mbeidh tuilleadh eolais agus tuisceana againn ar an athrú aeráide, níos mó teacht aniar ionainn, agus freagairtí éifeachtacha againn ar na bagairtí a bhaineann leis an athrú aeráide.

**Uiscí Nádúrtha**

Deirtear go bhfuil loch ag an gCabhán do gach lá den bhliain agus mar gheall ar an ngeolaíocht uathúil atá againn is sa Chabhán a éiríonn dhá cheann de na haibhneacha is mó in Éirinn, an tSionainn agus An Éirne. Is cuid ríthábhachtach d’áilleacht an chontae iad ár n-uiscí nádúrtha ó thaobh cónaitheoirí agus cuairteoirí araon. Má chinntíonn muid go bhfuil an t-uisce ar ardchaighdeán, tiocfaidh laghdú ar an gcostas a bhaineann le huiscí óil a chóireáil agus beidh ár gcontae á dhéanamh níos tarraingtí freisin do mhuintir an Chabháin agus do chuairteoirí araon. Tá soláthar uisce atá sábháilte agus slán ar cheann de na príomh ghnéithe ar a bhfuil an ghníomhaíocht gheilleagrach i gContae an Chabháin bunaithe. Braitheann na tionscail talmhaíochta, bia agus dí ar uisce glan a bheith ar fáil dóibh.

**An Chreat-treoir Uisce**

Féachann Creat-treoir Uisce an AE (WFD) 2000 lenár n-uiscí nádúrtha, lena n-áirítear aibhneacha, lochanna, screamhuisce, uisce cósta, agus uiscí trasdula, a chosaint agus a fheabhsú. Cuirtear cuspóirí na Creat-Treorach Uisce i bhfeidhm trí Phlean Bainistíochta Abhantraí, an cur chuige atá ag an rialtais le cáilíocht an uisce a fheabhsú agus a chosaint ar fud na tíre.

D'eisigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Beartas Uisce) 2014, chun éifeacht a thabhairt do chreat rialachais nua, i dtrí shraith, agus cuireann sé seo oibleagáidí nua ar údaráis áitiúla comhordú a dhéanamh ar na gnéithe den bhainistíocht abhantraí agus rannpháirtíocht an phobail atá leagtha amach sa Chreat-treoir Uisce. Tugadh stádas caighdeáin do gach réimse uisce. Tá dualgas orainn gach réimse uisce atá go maith nó an-mhaith a chosaint agus caithfear na huiscí sin nach bhfuil ar chaighdeán maith a fheabhsú.

**Plean Bainistíochta Abhantraí (RBMP)**

Ceanglaítear ar Éirinn, faoin gCreat-Treoir Uisce (WFD), plean bainistíochta d'abhantraí a chur le chéile. Leagtar amach sa Phlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018-2021 na gníomhartha a chuirfidh Éirinn i gcrích chun caighdeán an uisce a fheabhsú agus stádas éiceolaíoch 'maith' a bhaint amach i réimsí uisce (aibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí cósta) faoi 2027. Tá caighdeán an uisce in Éirinn imithe in olcas le fiche bliain anuas. Cuireann an Plean creat níos comhordaithe ar fáil chun feabhas a chur ar chaighdeán ár n-uiscí, sláinte an phobail, an comhshaol agus áiseanna uiscebhunaithe a chosaint agus tionscail a bhraitheann ar uisce, lena n-áirítear agraibhia agus an turasóireacht, háirithe faoin tuath in Éirinn, a chothú.



**Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil- LAWPRO**

Is seirbhís chomhroinnte é Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil a oibríonn le hÚdaráis Áitiúla agus le gníomhaireachtaí stáit ar mhaithe le Pleananna Bainistíochta Abhantraí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in Éirinn, mar a cheanglaítear faoi Chreat-Treoir Uisce an AE. Is é príomhfhócas na hoibre seo caighdeán an uisce a chosaint agus a fheabhsú in aibhneacha, i lochanna agus i screamhuisce. Tá dea-chaighdeán an uisce, agus timpeallacht shláintiúil uisce, ríthábhachtach do shláinte an duine agus don iliomad fiadhúlra. Tá sé mar bhonn agus mar thaca ag an ngeilleagar áitiúil freisin agus tacaíonn sé le poist áitiúla in earnálacha amhail turasóireacht, talmhaíocht agus déantúsaíocht.

Is iad seo a leanas trí aidhm straitéiseacha an chláir:

- Tacú le comhlachtaí poiblí agus le páirtithe leasmhara eile agus comhordú a dhéanamh orthu le gur féidir cuspóirí an RBMP a bhaint amach.

- Pobail áitiúla a spreagadh chun dul i ngleic le habhantracha na n-abhann de réir an chur chuige comhtháite bainistíochta do na habhantracha.
- Bunús a leagan síos agus móiminteam a choimeád ag imeacht mar a bhaineann le feabhsuithe fadtéarmacha agus bonn eolais a chur faoi fhorbairt agus faoi chur i bhfeidhm an 3ú Timthriall RBMP.

**Monatóireacht ar Aibhneacha & ar Lochanna**

Thóg foireann allamuigh na Rannóige Comhshaoil níos mó ná 200 sampla as aibhneacha agus lochanna ar fud Chontae an Chabháin le linn 2020. Tugadh faoi na samplaí seo a bhailiú de réir Chlár Náisiúnta Monatóireachta na Creat-Treorach Uisce. Úsáidtear torthaí na hanailíse ar na samplaí seo, in éineacht le sonraí eile bitheolaíochta, éiceolaíochta agus hidrmorfeolaíochta atá ar fáil don EPA, chun caighdeán uisce na n-aibhneacha agus na lochanna a aicmiú don Chreat-Treorach Uisce. Tá cineálacha éagsúla brú ar chaighdeán an uisce, lena n-áirítear, fuíolluisce uirbigh, talmhaíocht agus foraoiseacht. Tá an-éagsúlacht ag baint leis an gcineál brú a bhíonn ar chaighdeán uisce agus tá formhór na réimsí uisce atá "i mbaol" faoi réir níos mó ná brú amháin. Ní féidir cuid mhaith den obair a dhéanaimid chun feabhas a chur ar chaighdeán an uisce a feiceáil go héasca. D'fhéadfadh go dtógfadh sé i bhfad nó go mbeadh feabhas le tabhairt faoi deara ar chaighdeán an uisce, i lochanna go háirithe. Mar sin féin, i bhfianaise na gcóras atá i bhfeidhm, tá súil againn go bhfeicfear feabhas seasta agus leanúnach sna blianta amach romhainn go dtí go mbainfimid stádas maith amach dár n-uiscí go léir.

**Córais Chóireála Fuíolluisce Tí**

Achtaíodh an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) in 2012 chun cáilíocht screamhuisce agus uisce dromchla (go háirithe foinsí uisce óil) a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le córais cóireála uisce tí nach mbíonn ag feidhmiú mar is ceart. Ceanglaíodh ar gach úinéir áitribh atá ceangailte le córas cóireála fuíolluisce tí a gcórais a chlárú faoi mhí Feabhra 2013. Leagtar amach i bPlean Cigireachta Náisiúnta (NIP) na riachtanais chigireachta ar bhonn naisiúnta agus roghnaítear na córais a dtugtar tús áite dóibh le haghaidh cigireachta, bunaithe ar an riosca truaillithe a bhaineann leo.

Cuireadh oiliúint ar fhoireann na rannóige comhshaoil agus tá cigireachtaí déanta acu ar chórais chóireála fuíolluisce de réir an NIP. Rinneadh 16 chigireacht in 2020 i gContae an Chabháin.

**Truailliú Uisce**

Le linn 2020, d'fhreagair baill foirne ón Rannóg Comhshaoil breis agus céad gearán a bhain le huisce. Mar thoradh ar na himscrúduithe a d'eascair as na gearáin seo, cuireadh tús le cineálacha éagsúla gníomhaíochta forfheidhmiúcháin. I gcásanna áirithe, ní raibh gá le haon ghníomh eile nuair a rinneadh imscrúdú agus dúnadh an comhad nó cuireadh ar aghaidh chuig Rannóg eile den Chomhairle é le fiosrú. I gcás inar measadh go raibh gá le gníomh forfheidhmiúcháin mar gheall ar ábhar truaillithe a bheith urscaoilte nó baol truaillithe d'uiscí a bheith ann, d'fhéadfadh na gníomhartha seo a leanas a bheith déanta ag brath ar an gcás a bhí feicthe ag an gCigire ar an láthair –

- Litir chomhairleach
- Litir rabhaidh
- Fógra faoi Alt 12 (Na hAchtanna um Thruailliú Uisce)
- Fógra faoi Alt 3 (Na hAchtanna um Thruailliú Uisce)
- Tras-Thuarascáil don Roinn Talmhaíochta

**Ceadúnais Sceitheadh**

Rinne cigirí ón Rannóg Comhshaoil monatóireacht ar 57 saoráid a bhfuil cheadúnais sceite acu le linn 2020. Bhí 85 imscrúdú i gceist leis seo. Coinníonn na ceadúnais seo smacht ar sceitheadh eisiltigh chuig uiscí talún agus dromchla, lena n-áirítear aibhneacha & lochanna. Cuireann na ceadúnais seo freagracht agus cuntasacht ar an té a dhéanann an sceitheadh/ ag a bhfuil an ceadúnas. Tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as rialú a dhéanamh ar urscaoileadh eisiltigh chuig uiscí trí cheadúnú a thabhairt. Áirítear leis na ceadúnais na coinníollacha cuí rialaithe truaillithe, chomh maith le teorainnluachanna astaíochtaí ar an urscaoileadh.
Tá baint ag an Rannóg Comhshaoil freisin leis an bpróiseas a thugann ceadúnas

chun sceitheadh a cheadú chuig an líonra séarachais. Tagann sé seo faoi shainchúram Uisce Éireann agus déanann cigirí na Rannóige Comhshaoil ábhartha an obair seo de réir an chomhaontaithe seirbhíse le hUisce Éireann.

**Na hAchtanna um Thruailliú Aeir & Rialacháin (Tuaslagóirí/Péint Mhaisiúcháin/PVE/Gual Deatúil)**

Le linn 2020, bhí Cheadúnas Aeir gníomhach amháin ag feidhmiú sa Chontae, bhí cigirí i láthair ar an suíomh agus bíonn siad i dteagmháil leis an oibreoir maidir le comhlíonadh riachtanais an cheadúnais.

Déileálann Rialacháin na dTuaslagóirí go príomha le hastaíochtaí ó ghnólachtaí timghlanta ar fud Chontae an Chabháin. Astaítear comhdhúile so-ghalaithe orgánacha (VOCanna) i bhfoirm gáis ó sholad nó leachtanna áirithe. Áirítear leo seo ceimiceáin éagsúla, a bhféadfadh drochthionchar a bheith ag cuid acu ar an tsláinte go gearrthéarmach agus go fadtéarmacha. Tá na rialacháin seo i bhfeidhm chun laghdú a dhéanamh ar an méid astaíochtaí comhdhúile so-ghalaithe orgánacha (VOCanna) a bhíonn sa timpeallacht, go háirithe trí astaíochtaí a théann san aer a rialú, a chosc agus a laghdú. Déantar amhlaidh toisc go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag eisiúintí VOC ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. Eagraíonn na hoibreoirí measúnuithe agus má bhíonn gach rud in ord, cuireann siad iarratas ar Theastas chuig Comhairle Contae an Chabháin.  D’fhéadfaí Teastas a eisiúint le haghaidh tréimhse suas le 3 bliana má bhíonn an t-oibreoir ag cloí leis na rialacháin.  D’fhéadfaí tréimhsí ama níos giorra a chur i bhfeidhm dá mbeadh neamhchomhlíonadh le réiteach. Bhí 3 shaoráid a raibh na Teastais riachtanacha i bhfeidhm acu ag deireadh 2020.


Faoi na Rialacháin a bhaineann le Péint Mhaisiúcháin, tá sé in aghaidh an dlí saoráid a chuireann bailchríoch ar fheithiclí nó a dheisíonn iad a oibriú gan teastas bailí comhlíontachta. Ní mór do sholáthraithe a chuireann ábhar agus péint le haghaidh carranna ar fáil cloí leis na rialacháin seo freisin toisc gur coir é táirgí a chuireann bailchríoch ar fheithiclí agus atá neamhchomhlíontach a chur ar an margadh. Tá an nós imeachta a bhaineann le Teastas a fháil mar an gcéanna le nós imeachta na Rialachán ar Thuaslagóirí. Bhí 10 saoráid a raibh an Teastas

riachtanach acu ag feidhmiú ag deireadh 2020.

Tá na Rialacháin um Astaíochtaí Gal Pheitril (PVEanna) ábhartha má bhíonn cuideachta ag bplé le breoslaí leachtacha agus gáis, dála stáisiúin pheitril. Sa chás seo is gá teastas astaíochtaí gal peitriliam (PVE) a fháil ó Chomhairle Contae an Chabháin. Déanann measúnóir mheasúnú nuair a bhíonn peitreal á sheachadadh agus cuirtear na torthaí a fhaightear faoi bhráid Chomhairle Contae an Chabháin. Má bhíonn gach rud in ord is féidir Teastas a eisiúint. Bhí an Teastas riachtanach ag 28 saoráid ag deireadh 2020.

Glaoitear an tAcht um Thruailliú Aeir (Margaíocht, Díol, Dáileadh agus Dó Breoslaí Sonraithe) 2012 (arna leasú) freisin ar na Rialacháin um Ghuail Dheatúil. Ní cheadaítear gual deatúil ná breoslaí áirithe eile a dhó in aon Chrios Deataigh Íseal (LSZanna). Ó Mheán Fómhair 2020 ar aghaidh, tá baile an Chabháin curtha san áireamh mar chrios deataigh íseal.

Le linn 2020, bhí imscrúduithe a ndéanamh ar fud Chontae an Chabháin ar bhreosla a bhí ar díol sa Chontae. Bhí leibhéil éagsúla comhlíonta i gceist. Má chloítear leis na rialacháin seo, cuirfear feabhas ar chaighdeán an aeir agus ar shláinte an phobail ar deireadh thiar, chomh maith le cuidiú leis an dream atá i mbaol ó ghalair riospráide.




Ordnance Survey Ireland Licence No. EN 0047220 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland

**Specified Area of Cavan**

Air Pollution Act (Marketing, Sale, Distribution and Burning of Specified Fuels) Regulations

*The legal boundaries for this Specified Area are described in the Regulations. It is prohibited to market, sell, distribute or burn smoky coal within this Specified Area.*

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Stáisiún monatóireachta aeir agus sonraí. Suiteáladh Stáisiún Monatóireachta ar Chaighdeán an Aeir Mórthimpeall in 2020 agus tá sé suite taobh thiar de Theach Cúirte an Chabháin, ar Shráid Farnham, i mBaile an Chabháin. Tomhaiseann agus tarchuireann an córas na sonraí faireacháin aeir i bhfíor-am agus cuirtear torthaí grafacha i láthair ar shuíomh gréasáin an GCC ag: https://www.epa.ie/air/quality/data/cn/pm/. Úsáidfear na sonraí monatóireachta aeir a ghabhann an stáisiún chun an tionchar atá ag an gcosc ar chaighdeán an aeir a mheas.

**Cigireachtaí ar Fheirmeacha agus na Rialacháin Níotráití**

Tá ról tábhachtach ag an talmhaíocht i bhfás eacnamaíoch agus i bhfás inbhuanaithe Chontae an Chabháin.  Chun go bhfanfaidh sé seo amhlaidh, ní mór do lucht talmhaíochta a chinntiú go gcuirtear oibleagáidí éagsúla a bhaineann leis an dlí agus leis an gcomhshaol i bhfeidhm.

De bharr gur Contae tuaithe é an Cabhán den chuid is mó, d'fhéadfadh droch-

chleachtais talmhaíochta a bheith taobh thiar de chuid den truailliú in ár n-aibhneacha agus ár lochanna. Cuirtear na Rialacháin Níotráití nó na Rialacháin GAP (Dea-Chleachtas Talmhaíochta) i bhfeidhm i gContae an Chabháin. Cuireann na Rialacháin seo tacaíocht reachtúil ar fáil don dea-chleachtas talmhaíochta chun na huiscí a chosaint ar thruailliú ó fhoinsí talmhaíochta agus áirítear leo bearta dála:

- Tréimhsí ina mbíonn cosc ar leasú a chur ar an talamh
- Teorainneacha ar leasú talún a úsáid
- Ceanglais stórála mar a bhaineann le haoileach beostoic
- Monatóireacht ar éifeachtacht na mbeart ó thaobh an chleachtais talmhaíochta de agus an tionchar ar chaighdeán an uisce

**Uisce Óil Poiblí**

Déantar monatóireacht ar an uisce óil a thagann ó scéimeanna soláthair uisce poiblí agus ó mhórscéimeanna uisce. Déantar é seo d'fhonn a chinntiú go mbíonn an t-uisce á tháirgeann na scéimeanna ag chomhlíonadh na caighdeáin chuí ó thaobh an tsláinte phoiblí de, agus a dheimhniú go gcomhlíonann an t-uisce óil na rialacháin ábhartha. Tugann foireann na Rannóige Comhshaoil faoin obair mhonatóireacht ar an uisce óil poiblí thar ceann Uisce Éireann, faoin gcomhaontú reatha seirbhíse.

**Rannpháirtíocht an Phobail**

Buaileann foireann na rannóige Comhshaoil le baill den phobal ó lá go lá. Baineann siad úsáid as na deiseanna seo chun oideachas a chur ar an bpobal maidir leis an gcaoi le caighdeán an uisce a fheabhsú agus cúram a dhéanamh de chaighdeán maith uisce trí chosaint a thabhairt dár n-aibhneacha, ár lochanna agus ár bhfoinsí soláthair uisce óil.  Ar bhonn níos foirmiúla tugaimid cuairteanna ar scoileanna chun an teachtaireacht seo a scaipeadh i measc an dream níos óige sa phobal seo trí chur i láthair a dhéanamh ar chaighdeán an uisce sa scoil agus ar fud an Chontae. Tá seisiúin eolais curtha ar fáil againn i mbrainsí leabharlainne áitiúla agus in ionaid phobail. Cuireadh bac suntasach ar an dá bhealach rannpháirtíochta seo le linn 2020 mar gheall ar shrianta a bhain le Covid. Bainimid úsáid rialta as na meáin

shóisialta agus as na meáin áitiúla chun oideachas ar chur ar an bpobal agus iad a chur eolas faoi fhadhbanna séasúracha comhshaoil.

Ghlac an Rannóg Comhshaoil páirt i straitéis thiomnaithe rannpháirtíochta saoránach mar chuid den Phlean Cigireachta Náisiúnta um Fhuíolluisce Tí le linn 2020.

Chuir an Rannóg Comhshaoil feachtas feasachta éifeachtach i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go dtabharfaí isteach agus go gcuirfí i bhfeidhm go héasca na rialacháin agus tús á chur le Crios Deataigh Íseal An Chabháin.

Bhí baint ag an Rannóg Comhshaoil leis an nGrúpa Gníomhaíochta Náisiúnta Lotnaidicídí agus Uisce Óil (NPDWAG), Grúpa Fócais Abhantrach an Chabháin.

**Féile Eolaíochta An Chabháin Muineacháin**

Ba í 2020 an cúigiú bliain a raibh Féile Eolaíochta An Chabháin Muineacháin ar bun. Chuaigh Comhairlí Contae an Chabháin agus Mhuineacháin i gcomhar le chéile arís agus iad ag óstáil réimse imeachtaí i mí na Samhna 2020. Mar gheall ar shrianta Covid19 reáchtáladh na himeachtaí go fíorúil, agus bhí na rannpháirtithe in ann rochtain a fháil ar na himeachtaí seo ar líne. Ba é an cuspóir a bhí leis ná féile spreagúil agus oideachasúil a chur ar fáil chun spéis gach duine san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht, sna healaíona agus sa mhatamaitic (STEAM) a mhúscailt agus a chothú.  Bhí baill foirne Rannóg Comhshaoil na Comhairle páirteach i bhfeidhmiú céimneach na féile. D'éirigh thar barr leis an bhféile. Ghlac breis agus 13,000 dalta scoile páirt in imeachtaí sruthaithe scoile agus rinne os cionn 1,000 duine fásta imeacht eolaíochta a shruthú.

**Ag obair ar fud na heagraíochta**

Oibríonn an Rannóg Comhshaoil ar bhealach comhtháite le ranna eile de chuid na Comhairle lena n-áirítear:

- Cruinnithe réamhphleanála, iarratais ar phleanáil a bhíonn curtha ar aghaidh agus ag freagairt fadhbanna /saincheisteanna ón Rannóg Pleanála a mbíonn gnéithe a bhaineann le caighdeán uisce, aeir nó torainn ag baint leo.

- Cuidiú le measúnú a dhéanamh ar thionscnamh na scoileanna glasa, cuairteanna agus cur i láthair chun feasacht a ardú.
- Comhairle a chur ar an Rannóg Tithíochta maidir le hoiriúnacht láithreáin do thithe sobhogtha.
- Déileáil le fiosruithe agus astreoruithe ó Oifigí na gCeantar Bardasach, An Roinn Pobail agus Fiontair, Seirbhísí Uisce/Uisce Éireann, Bainistiú Dramhaíola agus Bóithre i dtaobh caighdeán uisce agus cosaint agus athchóiriú uisce.

| **Gníomhaíochtaí Deimhniúcháin, Forfheidhmithe agus Ceadúnúcháin 2020** | |
|---|---|
| Líon na gCeadúnas Sceite faoi Alt 4 | 57 |
| Líon na gCeadúnas Truaillithe Aeir | 1 |
| Líon na Láithreán Cláraithe faoin Rialáil ar Thuaslagóirí | 3 |
| Líon na n-ionad Péint Mhaisiúcháin atá Cláraithe | 10 |
| Líon na gClárúchán faoin Rialáil ar Ghal Peitriliam | 28 |
| Líon na ngearán a fuarthas (uisce/aer/torann gan dramhaíl san áireamh) | 105 |
| Líon na dtras-thuarascálacha don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 3 |
| Líon na bhFógraí faoi Alt 12 a seirbheáladh de réir na nAchtanna um Thruailliú Uisce | 5 |
| Líon na gcigireachtaí a rinneadh ar Chórais Cóireála Fuíolluisce Tí | 16 |

**Bainistíocht Fuinnimh**

Ar fud na heagraíochta ar fad, tugann Bainistíocht Fuinnimh na Comhairle faoi na gnéithe seo:

- Aird a tharraingt ar Spriocanna Laghdaithe Fuinnimh Chomhairle Contae an Chabháin tuairisciú ina leith.
- A chinntiú go gcloíonn soláthar fuinnimh Chomhairle Contae an Chabháin le conarthaí náisiúnta na hOifige um Sholáthar Rialtais.
- Nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun monatóireacht a dhéanamh ar ídiú fuinnimh.
- Treoir agus comhairle a chur ar fáil maidir le rialacháin fuinnimh agus riachtanais reachtúla.
- Feasacht a ardú chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.
- Cleachtais fuinnimh inbhuanaithe a spreagadh.
- Tacú le tionscadail a fheabhsaíonn éifeachtúlacht fuinnimh.

Is é an sprioc atá ag Comhairle Contae an Chabháin go dtiocfadh feabhas 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2020. Bunaithe ar na haighneachtaí sealadacha Monatóireachta agus Tuairiscithe atá seolta chuig SEAI don bhliain 2020, tá Comhairle Contae an Chabháin tar éis feabhas 27.8% a chur éifeachtúlacht fuinnimh ón tréimhse bhonnlíne 2001-2005.

Tugann an Bainisteoir Fuinnimh tuairisc ar an tomhaltas fuinnimh bliantúil agus na sonraí gaolmhara don SEAI i gcomhréir leis na spriocdhátaí a leagtar síos gach bliain.

Déantar an leictreachas ar fad a úsáideann Comhairle Contae an Chabháin a sholáthar de réir thairiscintí na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair agus is é an Bainisteoir Fuinnimh a riarann é seo. Ó mhí an Mheithimh 2019 i leith, tá an conradh leictreachais d'fhoirgnimh nach le teaghlaigh iad le soláthraí aonair a chuireann leictreachas ar fáil do nach mór 60 láithreán atá á n-oibriú ag Comhairle Contae an

Chabháin. Áirítear orthu seo foirgnimh oifige, leabharlanna, saoráidí bainistíochta dramhaíola, áiseanna áineasa, stáisiúin dóiteáin, músaeim, amharclanna, srl. Riartar an conradh don soláthar leictreachais le haghaidh Soilsiú Poiblí freisin tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais faoi rialú Chomhairle Contae an Chabháin. Tá thart ar 6600 soilse poiblí ann a gcaithfear leictreachas a sholáthar dóibh (80% den chostas fuinnimh) agus a chaithfear a chothabháil (20% den chostas fuinnimh). Tá conradh cothabhála do na soilse poiblí i bhfeidhm cheana féin.  Is é an soilsiú poiblí is mó a úsáideann fuinneamh laistigh de Chomhairle Contae an Chabháin agus é freagrach as thart ar 41% den fhuinneamh a bhíonn úsáidte.
Chaith Comhairle Contae an Chabháin beagán faoi bhun **€1.5 milliún** ar fhuinneamh le linn 2020 mar atá leagtha amach sa tábla thíos:


| Cineál Fuinnimh | | Ídiú Fuinnimh (Tomhaltas fuinnimh phríomhúil iomlán) |
|---|---|---|
| | | kWh |
| Leictreachas | | **8,937,957** |
| Teirmeach | | **672,931** |
| Iompar | | **2,635,624** |
| Fuinneamh Iomlán Ídithe | | **12,246,512** |

Tháinig laghdú ar úsáid leictreachais agus fuinnimh theirmigh le linn 2020 agus ardú ar úsáid fuinnimh iompair bunaithe ar chomparáid le sonraí 2019.

**I measc na nGníomhaíochtaí Suntasacha Fuinnimh le linn 2020 bhí:**

- Cuireadh Tuairisc Monatóireacht agus Fuinnimh isteach maidir leis an méid fuinnimh a bhí ídithe, de réir na spriocdhátaí do 2019.
- Eisíodh an Tuarascáil Náisiúnta Fuinnimh in 2020 a léiríonn go bhfuil feabhas sealadach 27.8% curtha ag Comhairle Contae an Chabháin ar éifeachtúlacht fuinnimh ón mbonnlíne.

- Cuireadh Straitéis Rannpháirtíochta Fuinnimh Chomhairle Contae an Chabháin i bhfeidhm.
- Léamha míosúla déanta ar mhéadair sna foirgnimh cheanncheathrú.
- Teachtaireachtaí séasúracha seolta chuig an bhfoireann maidir le héifeachtúlacht fuinnimh atá curtha i bhfeidhm.
- Gníomhaíochtaí fuinnimh scaipthe ar gach Ceann Rannóige le cur san áireamh i ngach Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil/Plean Gnó. Tionóladh cruinnithe foirne agus tá gníomhartha bainteach leo ar siúl.
- Monatóireacht leanúnach ar bhillí agus iarratais leanúnacha ar léamha méadair laistigh de Chomhairle Contae an Chabháin.
- Idirchaidreamh ar siúl faoi láthair leis an bhfoireann ábhartha maidir le íocaíochtaí/ceadaithe.
- Rannpháirtíocht leanúnach le Grúpa Fuinnimh Inbhuanaithe an Chabháin – seoladh Máistirphlean Fuinnimh Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe an Chabháin (CSS).


XD Consulting
Sustainable Energy Engineers

Cavan Sustainable Energy Community's Energy Master Plan

Final Report

| Client | Consultancy Team | Date |
| --- | --- | --- |
| Cavan SEC | Xavier Dubuisson, Sarah Kandrot, Trevor Sweetnam | 18/05/20 |

This study is funded by
seai SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

The study was coordinated by
Cavan County Local Development

XD Sustainable Energy Consulting Ltd
+353 (0)86 0476124
xavier@xdconsulting.eu
www.xdconsulting.eu

Directors
Xavier Dubuisson
Susan O'Flaherty

Registered address
Rocksavage, Clonakilty,
Co. Cork, P85 AP20, Ireland

- Tuilleadh Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe (CSS) bunaithe ar fud Chontae an Chabháin - SEC Bhéal Tairbirt, Foireann Fuinnimh an Chabháin Thoir, SEC Dhún na Rí agus SEC An Mhuinchille.
- Réamh-imscrúduithe ag an linn snámha agus ag an ionad fóillíochta lena fháil amach an bhféadfaí éifeachtúlacht fuinnimh agus coigilteas a dhéanamh ag an suíomh seo. Scrúdú freisin ar an gcás gnó a d'fhéadfaí a dhéanamh chun na hoibreacha riachtanacha a mhaoiniú.
- Uasghráduithe fuinnimh déanta ag Rannóg Tithíochta na Comhairle ar 90 teach de stoc tithíochta Chomhairle Contae an Chabháin.
- Rinneadh leithdháileadh leanúnach ar láithreán bunaithe ar bhuaiteoirí tairiscintí na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair, de réir mar a bhí suíomhanna nua ar fáil.
- Rinneadh uasghrádú go dtí soilse LED atá tíosach ar fhuinneamh ar 56% den stoc soilsithe poiblí.
- Seoladh an Clár Optimising People @ Work de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí in 2020.
- Bhí ionchur againn i bpróiseas na Seirbhíse Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach (SRSS) atá maoinithe ag an Aontas. Is é príomhchuspóir na hoibre suntasaigh oibre seo bonn eolais a chur faoi fhorbairt agus faoi chur i bhfeidhm clár cuimsitheach uasghrádaithe foirgneamh d'fhoirgnimh na hearnála poiblí in Éirinn, chun iad a thabhairt go dtí Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) B faoi dheireadh 2030.
- Leithdháileadh (30%) faighte ó SEAI ó scéim deontais na bPobal i dtreo tionscadal soilsithe poiblí. (Coigilteas 25,735kWh)
- Bhí ionchur againn sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail mar a bhain le gníomhaíochtaí fuinnimh, dírithe ar naisc leis na SCEanna.
- Idirchaidreamh á dhéanamh leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO) agus leis an Oifigeach/Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide. Bunaíodh Grúpa Réigiúnach na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide (Muineachán, An Cabhán) agus bhí gníomhaíochtaí aeráide/fuinnimh ar bun mar thoradh air seo.
- Coinníodh Líonra Oifigeach Fuinnimh an Oirthuaiscirt ag imeacht i gcomhar le Meantóir na hEarnála Poiblí, a cheap SEAI.
- Aontaíodh conradh le Bord Gais le haghaidh soláthar gáis, de réir nósanna imeachta soláthair an OGP.

**Gníomhartha atá Beartaithe do 2021**

- Monatóireacht agus Tuairisciú Feidhmíochta éifeachtúlachta fuinnimh ÚFIÉ a chur i gcrích do 2020 i gcomhréir leis na spriocdhátaí atá leagtha síos.

- Tuarascáil ar an dul chun cinn maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a chur ar fáil don Fhoireann Ardbhainistíochta
- Idirchaidreamh a dhéanamh le hOifig na nOibreacha Poiblí i dtaobh fadhbanna leis an chláir Power at Work bhaineann le méadrú cliste atá suiteáilte ar an láthair.
- Cur i bhfeidhm leanúnach na straitéise rannpháirtíochta fuinnimh.
- Feasacht na foirne a ardú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú trí theachtaireachtaí séasúracha a úsáid.
- Iniúchtaí a dhéanamh lasmuigh d'uaireanta oibre.
- Athbhreithniú ar bhillí míosúla, comparáid a dhéanamh agus eolas a scaipeadh.
- Nósanna imeachta a bhaineann le monatóireacht mhíosúil ar úsáid fuinnimh a choinneáil ag imeacht.
- Nósanna imeachta a bhaineann le léamh rialta na méadar a choinneáil ag imeacht.
- Cruinnithe na Foirne Fuinnimh & a ghníomhartha a choinneáil ag imeacht.
- Tacú leis an Rannóg Pobail & Fiontair trí eolas a chur ar fáil faoi gach cineál maoinithe atá ar fáil do phobail/ghrúpaí/daoine aonair.
- Coistí Fuinnimh Inbhuanaithe an Chabháin – ionchur i ngníomhartha an coiste nuair is féidir, deiseanna maidir le deontais phobail a fhiosrú agus naisc a bhunú le tionscadail de chuid Chomhairle Contae an Chabháin.
- Dul ag obair i bpáirt maidir le cur i bhfeidhm oiliúint ar ghníomhú ar son na haeráide do na SECanna lena n-áirítear tacaíocht chistiúcháin.
- Idirchaidreamh a bhunú le ÚFIÉ agus CARO chun imeachtaí/ceardlanna scoile a chomhordú le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna sa Chabhán le linn Sheachtain na hEolaíochta.
- Uasghráduithe an tsoilsithe poiblí – leanúint leis an dul chun cinn agus é mar sprioc go mbeadh 65% uasghráduithe go dtí LED faoi dheireadh na bliana 2021.

- Leanúint ar aghaidh ag dáileadh suíomhanna nua de réir an chórais buathairiscintí atá ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair.
- Tionscadal éifeachtúlachta fuinnimh na linne snámha agus an ionaid fóillíochta a chur chun cinn.
- Tionscadail fuinnimh a chur chun cinn ag cúig láithreán atá sainaitheanta i gcomhar le foghrúpa réigiúnach um ghníomhú ar son na haeráide de chuid na n-údarás áitiúil.
- Tuilleadh deiseanna le haghaidh tionscadail coigilte fuinnimh agus éifeachtúlachta fuinnimh sa réigiún a fhiosrú, i gcomhar le húdaráis áitiúla sa chomharsanacht.

**Athrú Aeráide**

Glacadh leis an Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide sa Chabhán in 2019. Tá sé mar aidhm ag straitéis oiriúnaithe na n-údarás áitiúil a chinntiú go bhfuil tuiscint cheart ar an athrú aeráide, go dtugtar chun cinn gníomhaíochtaí atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus a chinntiú go ndéantar breithnithe oiriúnaithe aeráide a chur i lár an aonaigh agus a chomhtháthú i ngach feidhm de chuid Chomhairle Contae an Chabháin.
I bhfianaise an athraithe aeráide, cuirfidh an t-oiriúnú seo ar chumas Chomhairle Contae an Chabháin a bheith níos éifeachtaí, cúram a dhéanamh de leas na foirne agus coinneáil ag cur seirbhísí agus feidhmeanna ar fáil ar fud limistéar riaracháin agus geografach Chontae an Chabháin.

B'fhéidir gurb iad na gnéithe is tábhachtaí den phlean na gníomhartha oiriúnaithe atá aitheanta d'fhonn feabhas a chur ar chumas Chomhairle Contae an Chabháin dul in oiriúint do thionchair an athraithe aeráide agus aghaidh a thabhairt ar na príomh rioscaí aeráide i gcomhthéacs an athraithe aeráide réamh-mheasta.

Tugadh faoi go leor de na gníomhartha a aithníodh sa straitéis oiriúnaithe in 2020. Léiríonn sé seo go bhfuil Comhairle Contae an Chabháin ag pleanáil go réamhghníomhach, go bhfuil sé i mbun gnímh agus go ndéanfaidh sé na coigeartuithe atá riachtanach chun na tionchair atá ann cheana agus na tionchair a

bhfuiltear ag súil leo amach anseo ón athrú aeráide a íoslaghdú nó a sheachaint.

## Bainistiú Dramhaíola

Tá rannóg Bainistíochta Dramhaíola Chomhairle Contae an Chabháin freagrach laistigh den Chontae as Bainistiú Dramhaíola, Bainistiú Bruscair agus Feasacht agus Oideachas Comhshaoil. Déanann sé bainistíoch chomh maith ar an tSeirbhís Maor Madraí, an tSeirbhís Tréidliachta, Cothabháil ar reiligí dílsithe agus na fodhlíthe Corrthrádála. Téann sainchúram na Rannóige Bainistíochta Dramhaíola ó bheartais bainistithe dramhaíola agus pleanáil go dtí bainistiú ar an mbonneagar dramhaíola agus forfheidhmiú na Rialachán Dramhaíola.

### Beartas agus Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola

I mí Mheán Fómhair 2020 foilsíodh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta dramhaíola "***An Plean Gníomhaíochta dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach"***. Is treochlár nua é an Plean seo do gach údarás Áitiúil mar a bhaineann le pleanáil agus bainistiú dramhaíola agus in ionad a bheith dírithe ar dhiúscairt dramhaíola féachann sé ar na slite a bhféadfadh muid acmhainní a chaomhnú trí gheilleagar ciorclach a chruthú.

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach raon aidhmeanna agus spriocanna don Stát agus na bearta trína mbainfear iad seo amach, lena n-áirítear tuilleadh rialála agus bearta ar fud réimsí éagsúla dramhaíola dála An Geilleagar Ciorclach, Dramhaíl Chathrach, Cosaint Tomhaltóirí agus Rannpháirtíocht na Saoránach, Plaistigh agus Pacáistiú, Tógáil agus Scartáil, Teicstílí, Soláthar Poiblí Glas agus Forfheidhmiú Dramhaíola. Beidh roinnt de na bearta sin ag teacht i bhfeidhm sna blianta beaga amach romhainn amhail an Cosc ar Phlaistigh Aonúsáide.

### Príomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola (WERLA)

Tá an Cabhán mar chuid d'Údarás Réigiúnach Forfheidhmithe Dramhaíola Chonnacht Uladh (WERLA) atá freagrach as gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin dramhaíola sa réigiún a chomhordú.  Seoladh Plean Réigiúnach Bainistíochta

Dramhaíola Chonnacht-Uladh in 2015, beidh sé i bhfeidhm go dtí 2021 agus cuireann sé creat ar fáil d'ocht n-údarás áitiúla sa réigiún mar a bhaineann le cosc a chur ar dhramhaíl agus é a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. I gclár oibre WERLA 2020, leagtar amach tosaíochtaí náisiúnta a chuirtear isteach i gclár oibre comhordaithe do na húdaráis áitiúla mar seo a leanas.

**Tosaíochtaí Náisiúnta Forfheidhmithe Dramhaíola do 2020**

D'oibrigh Forfheidhmiú Dramhaíola leis an bPríomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmithe Dramhaíola CU (WERLA) chun dul i ngleic le tosaíochtaí náisiúnta forfheidhmithe dramhaíola in 2020 agus ionchorpraíodh iad i bplean RMCEI don bhliain 2020. I measc na dtosaíochtaí náisiúnta do Dhramhaíl 2020 bhí;

1. **Dul i ngleic le gníomhaíochtaí suntasacha dramhaíola atá mídhleathach** (Dumpáil Mhídhleathach & Gluaiseacht Neamhúdaraithe Dramhaíola)
2. **Láithreáin Spéise Ilghníomhaireachta**- Láithreáin a shainaithint a bhféadfadh dramhaíl a bheith curtha iontu gan údarú agus a dteastaíonn freagairtí ilghníomhaireachta ina leith agus fógra a thabhairt do na WERLAnna.
3. **Gníomhaíocht Dramhaíola Tógála agus Scartála**- diúscairt neamhúdaraithe dramhaíola C&D á dhéanamh ag oibreoirí C&D lena n-áirítear bainistiú, gluaiseacht agus diúscairt a dhéanamh ar dhramhaíl C&D.
4. **An Treoir maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré caite (ELV) -** cigireachtaí ar láithreáin / oibreoirí Feithiclí a Bhfuil a Ré Caite agus oibreoirí neamhúdaraithe ELV a aimsiú sa cheantar.
5. **Bailiú Dramhaíola - Teaghlach & Tráchtáil**
6. **Dul i ngleic le Sreabhadh Dramhaíola -** mí-aicmiú dramhaíola a aimsiú agus a laghdú.

**Rialacháin dramhaíola agus a bhForfheidhmiú**

Gach bliain, mar chuid de ghealltanais agus oibleagáidí Chomhairle Contae an Chabháin faoi rialacha an AE & an Stáit, forbraítear Plean RMCEI (Íoschritéir Mholta

do Chigireachtaí Comhshaoil) ina leagtar amach cuspóirí cigireachta Chomhairle Contae an Chabháin. Tá critéir neamhcheangailteacha sa RMCEI i dtaobh cigireachtaí comhshaoil a phleanáil, a fhiosrú agus a thuairisciú.

Mar chuid de Phlean RMCEI, ceanglaítear ar an Rannóg Comhshaol & Dramhaíola i gComhairle Contae an Chabháin tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí cigireachta a chuirtear i bhfeidhm agus ar athbhreithnithe rialta a dhéantar ar a bpleananna faoi seach d'fhonn a chinntiú go bhfuil na pleananna á gcur chun feidhme go héifeachtach.

Is féidir na cigireachtaí a dhéanann an Rannóg Bainistíochta Dramhaíola a roinnt ina dhá chatagóir:

- Gnáthchigireachtaí (lena n-áirítear gnólachtaí/áiseanna atá ceadaithe ag Comhairle Contae an Chabháin). Is féidir Gnáthchigireachtaí a phleanáil roimh ré, rud mar atá cuspóir ag an bPlean Cigireachta Bhliantúil.
- Cigireachtaí neamhghnáthaimh a bhaineann go hiondúil le cigireachtaí a mbíonn baint acu le himscrúdú ar Ghearáin Dramhaíola.

Ar na Cigireachtaí Comhshaoil a dhéanann an Rannóg Bainistíochta Dramhaíola tá cigireachtaí faoi raon leathan Rialachán Dramhaíola. Is iondúil go mbaineann Cigireachtaí Neamh-Ghnáthaimh a dhéantar le gearáin a fhaightear ó bhaill den phobal, nó ó laistigh d'Údaráis Áitiúla an Chabháin nó ó ghníomhaireachtaí agus eagraíochtaí lasmuigh.  I measc na ngnáthchigireachtaí a dhéantar tá cigireachtaí ar láithreáin neamhúdaraithe diúscartha nó aisghabhála dramhaíola, ar dhumpáil mídhleathach agus ar láithreáin dumpála atá neamhdhleathach agus cigireachtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí dramhaíola neamhúdaraithe ginearálta (dó mídhleathach agus gluaiseacht neamhdhleathach dramhaíola, mar shampla).

| **An Bhliain 2020** | |
|---|---|
| **Líon na ngearán oscailte mar a bhí ar 01/01/2020** | **56** |
| Líon na nGearán Dramhaíola/Bruscair a Fuarthas | 567 |
| Líon na ngearán Dúnta | 569 |
| **Líon na ngearán oscailte ar 31/12/2020** | **54** |

**Contae an Chabháin (Scaradh, Stóráil agus Cur i Láthair Dramhaíola Tí agus Tráchtála) Fodhlíthe, 2019.**

Tháinig na Fodhlíthe seo i bhfeidhm ar an 13 Nollaig 2019 agus cuireann siad dualgas ar tháirgeoirí dramhaíola i dteaghlaigh agus in áitribh tráchtála i dtaca le stóráil, cur i láthair agus scaradh dramhaíola, éilliú a chosc agus a chruthú go bhfuil bailitheoir dramhaíola ceadaithe ag bailiú a gcuid dramhaíola, á dhiúscairt nó á thabhairt chuig saoráid dramhaíola údaraithe. Baineann na Fodhlíthe seo le gach teaghlach, árasán agus áitreabh tráchtála. Chun dramhaíl a bhainistiú mar is ceart, caithfidh tú:

1. Conradh a bheith agat le bailitheoir údaraithe dramhaíola a bhailíonn ó dhoras go doras. Caithfidh cruthú maidir leis an gcomhaontú a bheith agat ón sealbhóir.
2. Comhaontú a bhaineann le comhroinnt bosca bruscair a bheith i bhfeidhm agat.
3. A léiriú go mbaineann tú úsáid go rialta as saoráid dramhaíola m.sh. láithreán conláiste cathartha.

Scaipeadh sonraí faoi na Fodhlíthe agus bainistiú ginearálta dramhaíola tí in 2020 nuair a foilsíodh leabhrán eolais na dTreoirlínte um Bainistiú Dramhaíola 2020.

**Leabhrán Eolais na dtreoirlínte ar bhainistíocht dramhaíola**




Le maoiniú ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus mar chuid de Thionscnamh Frithdhumpála 2019, dhear an Rannóg Bainistíochta Dramhaíola leabhrán eolais "Treoir bainistíochta don dramhaíl tí”. Cuireann an leabhrán seo, ina bhfuil 20 leathanach, comhairle maidir leis an gcaoi le dramhaíl tí a bhainistiú mar is ceart chomh maith le bearta a haineann leis an mbealach le dramhaíl sa bhaile a chosc agus a laghdú. Scaipeadh an leabhrán seo ar léitheoirí an Anglo Celt mar chuid d’fhoilsiúchán "Green Future" Celtic Media Groups a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2020. Dáilfear an leabhrán freisin ar shealbhóirí tí ag ceardlanna, seónna trádála agus laethanta eolais a eagróidh an Chomhairle /nó a ndéanfaidh sí freastal orthu amach anseo.

| | |
|---|---|
| **Táscairí Feidhmíochta don bhliain 2020**<br>Líon iomlán na dTeaghlach Seirbhísithe amhail an 31/12/2020 | 17,841 |
| Líon na dTeaghlach Seirbhísithe comhiomlán>500 amhail an 31/12/2020 | 8,911 |
| Líon iomlán na dteaghlach a bhaineann leas as seirbhís 3-araid amhail an 31/12/2020. | 3,291 |
| % de theaghlaigh a bhaineann leas as seirbhís 3-Araid | 37% |

## Gearáin Faoi Bhruscar/Dramhaíl

Bíonn gach gearán faoi Bhruscar agus Dramhaíl a thuairiscítear don Chomhairle thaifeadadh agus imscrúdú iomlán déanta orthu. Déanaimid ár ndícheall déileáil leis na gearáin seo ar bhealach pras, éifeachtúil agus éifeachtach.






*Samplaí de dhumpáil /diúscairt mhídhleathach a ndearna ár bhFoireann Forfheidhmithe imscrúdú orthu*

In 2020, fuair an Rannóg Bainistíochta Dramhaíola 567 gearán a bhain le caitheamh bruscair, diúscairt mhídhleathach, dumpáil mhídhleathach, dramhaíl a bheith coinnithe ró fhada agus dó i ngairdíní cúil.

| Cineál Gearáin | Líon na nGearán a Fuarthas |
|---|---|
| Bruscar | 37 |
| Dramhaíl (nach C&D é) | 503 |
| Dramhaíl (C&D) | 27 |
| **Iomlán** | **567** |

## Forfheidhmiú Bruscair agus Dramhaíola

Eisíodh 69 fíneáil bhruscair ar an láthair (€150) san iomlán i leith cionta a rinneadh faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997 arna leasú. Cuireadh ceithre chomhad ionchúisimh ar aghaidh chuig Gníomhaire Dlí na Comhairle chun tús a chur le himeachtaí dlí faoin Acht thuas.

Cuireadh 13 chomhad ionchúisimh eile ar aghaidh chuig Gníomhaire Dlí na Comhairle freisin mar gheall ar chionta faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996 arna leasú. Is é €5,000 an fhíneáil uasta sna cásanna seo. Go dtí seo, d'éirigh leis an Rannóg Bainistíochta Dramhaíola i gcás trí ionchúiseamh acu seo agus beidh na cásanna eile ós comhair Chúirt Dúiche an Chabháin in 2021.

**Ag obair ar fud na heagraíochta**

Oibríonn An Rannóg Bainistiú Dramhaíola ar bhealach comhtháite le ranna eile de chuid na Comhairle, lena n-áirítear:

- Cruinnithe réamhphleanála agus iarratais ar phleanáil a bhíonn atreoruithe agus fadhbanna /ceisteanna a thagann ón Rannóg Pleanála a bhaineann le caighdeán uisce, aeir nó torainn a fhreagairt.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn Tithíochta maidir le fadhbanna /gearáin a bhaineann le bainistíocht dramhaíola.
- Bearta a dhéanfadh laghdú ar dhumpáil mhídhleathach a eagrú leis na trí Cheantar Bardasach.
- Caidreamh a bhunú le hOifigeach Cumarsáide na Comhairle chun tionscnaimh feasachta agus oideachais a chur ar bun maidir le bruscar agus cosc ar dhramhaíl.

**Tionscnamh Frithdhumpála**

Tá sé mar aidhm ag an Tionscnamh Frithdhumpála (ADI) dul i ngleic leis an dumpáil mhídhleathach agus tacaíocht a chur ar fáil d'údaráis áitiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar an dumpáil atá mídhleathach agus cur chuige comhtháite a fhorbairt le déileáil leis an bhfadhb seo. Mar chuid de Thionscnamh Frithdhumpála 2020, chríochnaigh Comhairle Contae an Chabháin seacht dtionscadal a thug tosaíocht do na príomhbhearta a leagtar amach i gCiorclán WP03.20:

- Tionscadal 1 – Bearta Maolaithe – Láithreáin atá aitheanta mar cheantair a mbíonn go leor bruscair á chaitheamh iontu go mídhleathach ag Tóin re Gaoith, Coill an Chollaigh a ghlanadh.

- Tionscadal 2 – Bearta Forfheidhmiúcháin – 4 Cheamara a chaitear ar an gcolainn a fháil chun cabhrú leis an bhfoireann Forfheidhmithe Dramhaíola ina gcuid oibre.
- Tionscadal 3 – Bearta Forfheidhmiúcháin – Trealamh breise a fháil chun cabhrú le himscrúduithe ina mbaintear úsáid as Drón.
- Tionscadal 4 – Bearta Forfheidhmiúcháin – Trealamh Monatóireachta CTI buan agus Comharthaí Eolais a shuiteáil ag roinnt Ionaid Fág Anseo agus athchóiriú iomlán a dhéanamh ar Ionad Fág Anseo Bhaile Shéamais Dhuibh.
- Tionscadal 5 – Bearta Forfheidhmiúcháin – Trealamh Monatóireachta CTI buan a shuiteáil ag 3 ionad a gcaitear go leor bruscair iontu.
- Tionscadal 6 – Bearta Coisctheacha – Reáchtáladh Lá Bailithe Dramhaíola Toirtiúla ag Ionad Conláiste Cathartha Corranure i mí Lúnasa 2020.
- Tionscadal 7 – Bearta Coisctheacha – Reáchtáladh Lá Athchúrsála Tochtanna ag Ionad Conláiste Cathartha Corranure i mí Iúil 2020.

**Tionscadal 1 – Bearta Maolaithe – Láithreán a ghlanadh suas in áiteacha a ndéantar dumpáil mhídhleathach iontu go rialta ag Tóin re Gaoith, Coill an Chollaigh**

Bhí an-chontúirt do shláinte na gcónaitheoirí áitiúla ag baint leis an suíomh seo mar gheall ar iompar frithshóisialta, dramhaíl tí a bheith á dhumpáil agus á dhó agus fíniú creimire.  Tá an suíomh seo suite ar thailte atá faoi úinéireacht na Comhairle in aice le sean láithreán líonta talún agus tá sé an-ghar do cheantar a bhfuil cónaí ann, do Phobalscoil Choill an Chollaigh agus d'Eaglais Naomh Áine. Bhí an suíomh gránna seo le feiceáil go soiléir ón bpríomhbhóthar idir Achadh an Iúir agus Coill an Chollaigh (R178) agus droch íomhá á chruthú aige den bhaile. I measc na n-oibreacha a rinneadh bhí fáil réidh leis an sean dramhaíl agus í a dhiúscairt, fál teorann a dheisiú agus a athbhunú chun cosc a chur ar athdhumpáil agus trealamh buan TCI a chur in áit.

**Tógadh 24.18 tona as an láithreán seo.**





**Tionscadal 2 – Bearta Forfheidhmiúcháin – 4 Cheamara a Chaitear ar an gColainn a Fháil**

Cuireadh tús i mí Iúil 2020 le scéim phíolótach chun Ceamaraí a Chaitear ar an gColainn (BWCanna) a sholáthar do gach ball den Fhoireann Forfheidhmithe Dramhaíola (2 Mhaor Pobail & 2 Oifigeach Forfheidhmithe Dramhaíola). Ní bheidh na BWCanna á gcaitheamh ach amháin nuair a bheifear ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí imscrúdaitheacha/forfheidhmithe. Ní chaithfear BWCanna le linn gnáthghníomhaíochtaí agus ní oibreoidh an fhoireann forfheidhmithe iad ach amháin sa chás go dtagann siad ar chúinsí nó ar shuíomh atá naimhdeach.

Is é an príomhchuspóir atá leis na BWCanna ná stop a chur le hiompar foréigneach agus trodach i leith na Foirne Forfheidhmithe Dramhaíola agus é a chosc. Baineann formhór na ngníomhartha forfheidhmiúcháin a ghlacann ár bhfoireann forfheidhmithe le bruscar, diúscairt mhídhleathach, dumpáil mhídhleathach (ar scála mór agus beag), dó i ngairdíní cúil, láithreáin inlíonta, bailiú dramhaíola go neamhdhleathach agus feithiclí tréigthe/deireadh saoil.

Cuirfear an tionscadal seo i bhfeidhm i ranna forfheidhmithe eile laistigh den údarás áitiúil agus tá ár Roinn Bóithre ag réiteach faoi láthair le tionscnamh den chineál céanna a chur i bhfeidhm chun cabhrú leis na Maoir Tráchta dlíthe páirceála na Comhairle a chur i bhfeidhm sna bailte móra ar fad.

**Tionscadal 3 – Bearta Forfheidhmiúcháin –** (BWCanna) **Trealamh breise a fháil chun cabhrú le himscrúduithe ina mbaintear úsáid as Drón.**
Nuair a cheannófar trealamh breise beidh an drón a fuarthas faoi ADI 2018 agus a úsáidtear faoi láthair chun diúscairt mhídhleathach, dumpáil mhídhleathach agus dó dramhaíola ar fud an Chontae a aimsiú, níos éifeachtaí agus beidh sé in ann eitilt níos faide ó bhaile.

Déanfaidh an trealamh breise go leor de na hoibríochtaí a shimpliú agus cuirfidh sé le raon na gcatagóirí dramhaíola a bhíonn á bhfiosrú ag an bhFoireann Forfheidhmithe Dramhaíola.

Cuirfidh sé ar chumas na foirne forfheidhmithe monatóireacht a dhéanamh ar láithreáin líonta talún trí amhairc lasnairde a sholáthar a ligean don fhoireann breathnú ar thrasghearrthacha de chealla áirithe nó de láithreáin líonta talún iomlána.

Cuirfidh an trealamh breise le cumas ár bhFoireann Forfheidhmithe Dramhaíola agus beidh siad in ann imscrúdú a dhéanamh ar níos mó de na dumpaí mídhleathacha, ar limistéir foraoise, bogaigh agus cairéil nach bhfuil in úsáid agus a

mbeadh sé deacair don fhoireann imscrúdú a dhéanamh orthu ón talamh.

Cuideoidh sé freisin leis an bhFoireann Forfheidhmithe Dramhaíola imscrúdú a dhéanamh ar Áiseanna Cóireála Údaraithe agus ar iarratais pleanála móra. Cinnteoidh úsáid leanúnach na teicneolaíochta cliste seo sláinte agus sábháilteacht ár bhfoirne, an phobail agus sláine an dróin féin. Ní hamháin go dtiocfaidh sé ar dhumpáil agus ar dhó atá mídhleathach ach cuideoidh sé le slándáil na Foirne Forfheidhmithe Dramhaíola agus fianaise á bailiú acu. De bharr úsáid níos fearr a bheith á bhaint as an teicneolaíocht agus bailiú fianaise a bheith níos éifeachtúla cuideofar le FPNanna a eisiúint agus ionchúisimh a thabhairt faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996 arna leasú.

**Tionscadal 4 – Bearta Forfheidhmiúcháin – Oibreacha feabhsúcháin ar Líonra na n-Ionaid Fág Anseo**

Suiteáladh ceamaraí buana Forbhreathnú HD agus ceamaraí Aitheantais Pláta Ceadúnais a mbainfear úsáid astu chun uimhreacha clárúcháin feithiclí na ndaoine a dhéanann coir a aithint. Úsáidfear an fhianaise seo le fíneálacha bruscair ar an láthair agus/nó ionchúisimh chúirte a eisiúint.

| **Suiteáladh Trealamh Buan Faireachais CTI ag na háiteanna seo a leanas** | |
|---|---|
| Ionad Fág Anseo Bhéal Áth na nEach | Ionad Fág Anseo An Mhuinchille |
| Ionad Fág Anseo Bhéal Átha hÉis | Ionad Fág Anseo Dhún an Rí |
| Ionad Fág Anseo Bhaile Shéamais Dhuibh | Ionad Fág Anseo An Mhullaigh |
| Ionad Fág Anseo An Bhábhúin Bhuí | Ionad Fág Anseo Na Dromann |
| Ionad Fág Anseo Bhéal Átha Conaill | Ionad Fág Anseo Achadh an Iúir |

Cuireadh Ceamara breise ag Ionad Fág Anseo Bhéal Tairbirt sa bhreis ar an gceamara atá ann cheana.

Faoin tionscadal seo freisin suiteáladh comharthaíocht nua bhuan nua ag Ionaid Fág Anseo nach raibh aon chomharthaíocht orthu roimhe seo acu nó a raibh uasghrádú ag teastáil ón gcomharthaíocht reatha. Rinneadh uasghrádú ar an gcomharthaíocht ag na hionaid seo a leanas:

- Ionad Fág Anseo Bhéal Átha na nEach
- Ionad Fág Anseo Bhaile Shéamais Dhuibh
- Ionad Fág Anseo An Bhábhúin Bhuí
- Ionad Fág Anseo Bhéal Átha Chonaill
- Ionad Fág Anseo An Mhuinchille
- Ionad Fág Anseo Dhún an Rí
- Ionad Fág Anseo Mhullaigh
- Ionad Fág Anseo na Dromann

**Oibreacha Deisiúcháin ar Ionad Fág Anseo Bhaile Shéamais Dhuibh**

Mar chuid de ADI 2020, thug Comhairle Contae an Chabháin faoi obair dheisiúcháin ag Ionad Fág Anseo Bhaile Shéamais Dhuibh le feabhas a chur ar an gcaoi a mbreathnaíonn an tIonad Beir Leat agus stop a chur le diúscairt mhídhleathach agus dumpáil mhídhleathach. Críochnaíodh na hoibreacha deisiúcháin seo a leanas:

- Tugadh chun siúil 1.36T dramhaíola a bhí carntha faoi na gabhdáin athchúrsála agus taobh thiar díobh.
- Suiteáladh plionta coincréite agus fál teorann le go mbeadh suíomh an Ionaid Fág Anseo leagtha amach go soiléir.
- Suiteáladh comharthaíocht nua agus trealamh monatóireachta TCI.
- Rinneadh tréan níochán agus glanadh ar na gabhdáin athchúrsála.





***Ionad Beir Leat Bhaile Shéamais Dhuibh roimhe***




***Ionad Beir Leat Bhaile Shéamais Dhuibh ina dhiaidh***

**Tionscadal Feasachta Forlíontach**

Chun cur leis na ceamaraí buana agus an chomharthaíocht fheabhsaithe atá ag na hIonaid Athchúrsála Fág Anseo cuireadh le chéile trí leabhrán eolais, ina bhfuil 8 leathanach, a úsáidfear chun feasacht agus oideachas comhshaoil a fheabhsú agus a dháilfear trí na Scoileanna Glasa agus trí Líonraí na mBailte Slachtmhara.




**Tionscadal 5 – Bearta Forfheidhmiúcháin – Trealamh Buan Monatóireachta CTI a shuiteáil ag 3 ionad a ndéantar go leor dumpála iontu**

Chun dul i ngleic leis an diúscairt mhídhleathach agus an dumpáil mhídhleathach ag na háiteanna a bhfuil fhios go gcaitear go leor bruscair iontu agus leis an riosca do shláinte an phobail agus don timpeallacht máguaird a laghdú chuir Comhairle Contae an Chabháin trealamh follasach buan CTI ag 3 ionad a bhfuil fhios go ndéantar go leor dumpála iontu. Cé go raibh 2 láithreán faoi réir bearta laghdaithe i dTionscnaimh Frithdhumpála a bhí i bhfeidhm roimhe seo, tá dumpáil tar éis éirí

forleathan arís. Is é an tríú láithreán a aithníodh ná an suíomh ar bhain ár mbearta laghdaithe faoin Thionscnamh Frithdhumpála na bliana seo leis.

### Tionscadal 6 – Bearta Coisctheacha – Lá Bailithe Dramhaíola Toirtiúla

Reáchtáladh Lá Bailithe Dramhaíola Toirtiúla ag Ionad Conláiste Cathartha Corranure ar an 15 Lúnasa 2020. Bhí an bailiúchán seo ar fáil do theaghlaigh agus tá sonraí na n-earraí a bailíodh leagtha amach thíos:

| Nithe a Bailíodh | Líon |
|---|---|
| Tochtanna | 188 |
| Foireann Troscáin triúir | 145 |
| Toilg | 120 |
| Cathaoireacha uilleach | 169 |

I measc na nithe eile a bailíodh bhí: troscán adhmaid i.e. slischlár, taisceadáin cois leapa, vardrúis, cófraí tarraiceán, urláir adhmaid, urláir lannaithe, fálú adhmaid, seilfeanna, táblaí bia agus cathaoireacha, doirse inmheánacha, cairpéid, fo-chairpéid agus líonóil, bunanna leapacha, cláir cinn, duivéanna agus piliúir, tinteáin, troscán oifige i.e. cathaoireacha oifige, deasca, comhadchaibinéid, suíocháin ghluaisteáin, naíchóistí cliabháin agus bugaithe. **Bailíodh 30 tona dramhaíola ar an lá.**



**Tionscadal 7 – Bearta Coisctheacha – Lá Athchúrsála Tochtanna ag Ionad Conláiste Cathartha Corranure**

Bailíodh 500 tocht agus bhain 177 teaghlach úsáid as an tseirbhís ar an lá.





**Sean Láithreáin Líonta Talún**

Caithfear measúnuithe riosca sean láithreacha líonta talún a dhéanamh ar na láithreáin diúscartha dramhaíola neamhcheadúnaithe ar fad a bhí ag feidhmiú idir 1977 agus 1996 de réir na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Deimhniú na Rialachán maidir le Diúscairt Dramhaíola Neamhcheadúnaithe Stairiúla agus Gníomhaíocht Aisghabhála, 2008). Rinneadh measúnú ar roinnt láithreán ardriosca sa tréimhse 2012-2015 agus cuireadh feabhas orthu. Tá measúnuithe riosca athbhreithnithe ar siúl ar shuíomhanna a mbaineann meánriosca leo ó 2017 i leith. Le linn 2020, fuarthas maoiniú le haghaidh measúnuithe riosca agus ceadúnú i gcás trí shuíomh acu sin, Gowna, Béal Átha Conaill agus Achadh an Iúir. Cuireadh measúnú riosca Leibhéal 2 i gcrích do Láithreán Líonadh Talún Gowna agus tugadh faoi oibreacha sealadacha ar shean láithreán líonadh talún Bhéal Átha Conaill. Chomh maith leis sin, fostaíodh sainchomhairleoir chun an t-iarratas ar Theastas GCC do shean láithreán líonadh talún Achadh an Iúir, a ndearnadh measúnú riosca air in 2018, a chur i dtoll a chéile. Tabharfar an t-iarratas seo chun críche agus cuirfear isteach é i ráithe 2, 2021.

**Clár na Scoileanna Glasa a chur chun cinn**

Tá Comhairle Contae an Chabháin ag leanúint ar aghaidh ag tabhairt tús áite do Chlár na Scoileanna Glasa agus oibríonn sí i gcomhpháirt leis an Taisce. Molaimid do gach scoil páirt a ghlacadh sa chlár agus tá méadú tagtha ar líon na scoileanna a atá páirteach le blianta beaga anuas. I mí na Bealtaine 2020, bronnadh Brat Glas ar na scoileanna seo a leanas:

**Téama Bruscair & Dramhaíola:**

- Gaelscoil Bhreifne

**Téama Taistil:**

- Scoil Náisiúnta Corlurgan
- Scoil Náisiúnta Bhaile an Mhuilinn
- Scoil Mhuire, An Leacain
- Scoil Naomh Padraig, An Bhlaic

- St. Anne's NS, Coill an Chollaigh
- St. Clare's NS, Baile Shéamais Dhuibh
- St. Felim's NS, Leiter, Coill an Chollaigh
- St. Brigid's NS, An Tonnaigh Dhubh

**Saoránacht Dhomhanda, Bruscar &:**

- SN Chlochar na Trócaire, Béal Tairbirt
- St. Joseph's NS, Dún an Rí

**Stáisiúin Athlíonta Uisce**

In 2020, chuir an Chomhairle stáisiúin athlíonta uisce ar fáil do St. Aidan's Comprehensive, Coill an Chollaigh and Coláiste Dhún an Rí, Dún an Rí agus chuir siad buidéil uisce in-athúsáidte ar fáil do gach dalta sa dá scoil seo.

**Glantachán Náisiúnta an Earraigh**

Go traidisiúnta, bíonn Feachtas Glantacháin Náisiúnta an Earraigh ar siúl ar fud na hÉireann i rith mhí Aibreáin agus le blianta beaga anuas tá sé imithe ó neart go neart i gContae an Chabháin. Chun tacú leis an bhfeachtas seo, spreagamar Scoileanna, Coistí, Grúpaí Pobail Áitiúla agus Cumainn Cónaitheoirí ar fud an Chontae le bheith páirteach i dtionscadail ghlantacháin ina gceantar féin. Bhí málaí, lámhainní, bainteoirí bruscair agus veisteanna lonracha i measc an ábhair a cuireadh ar fáil do ghrúpaí chun cabhrú lena nglantacháin. Ghlac grúpaí ó gach cearn den chontae páirt san fheachtas agus bailíodh lear mór bruscair a bhí cois bóthair. In 2020, mar gheall ar phaindéim COVID-19, seoladh glantachán náisiúnta an earraigh go hoifigiúil ar an 8 Meitheamh. Chláraigh 71 grúpa leis an Taisce agus ghlac os cionn 1,700 duine páirt i nglantacháin idir Márta agus Iúil. Chuir an Chomhairle trealamh breise bailithe bruscair, chomh maith le comharthaíocht, ar fáil do ghrúpaí a raibh soláthairtí breise uathu agus a fuarthas réidh leis an dramhaíl a bailíodh.

**Seachtain Náisiúnta na gCrann**

Tree Council of Ireland

Níl bealach níos éifeachtaí chun carbón a bhaint as an atmaisféar agus dul i ngleic leis an athrú aeráide ná tuilleadh crann a chur ag fás.

Spreagann an feachtas bliantúil seo daoine le níos mó crann a chur ag fás agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí áitiúla a bhíonn ar bun ina gceantar féin.

Gach bliain le linn An Phlean Bainistíochta Bruscair 2016 – 2019, fuair an Chomhairle 200 crann dúchasach ó Chomhairle Crann na hÉireann agus bhronn siad na crainn seo ar Scoileanna Glasa, Grúpaí na mBailte Slachtmhara agus ar ghrúpaí pobail. In 2020, tugadh 400 crann dúchasach saor in aisce do ghrúpaí pobail.

**Grúpa Díothú Dramhaíola Bhéal Tairbirt (BZW)**

Thosaigh BZW amach mar fhreagra áitiúil ar an bhfadhb dhomhanda a bhaineann leis an táirgeadh agus an tomhaltas nach bhfuil inbhuanaithe. Is idirghabháil faoi stiúir an phobail é BZW a spreagann daoine lena n-iompar a athrú trí chleachtais agus beartais inbhuanaithe a aithint atá dírithe ar lorg carbóin Phobal Bhéal Tairbirt a laghdú.

Seoladh an tionscadal 5 bliana seo a bhaineann le cosc ar, feasacht i leith agus cumarsáid i dtaobh dramhaíl i mí Feabhra 2019 agus tá sé faoi stiúir Choiste Bailte Slachtmhara Bhéal Tairbirt i gcomhar leis an gComhairle, WERLA Chonnacht Uladh agus an EPA.  Tá Gradam Spark Change 2019 buaite aige cheana féin sa Chatagóir Cumarsáide agus bhuaigh sé an Gradam Don Chlár Bainistíochta Dramhaíola is Fearr, urraithe ag REPAK, ag Gradaim Phobail agus Chomhairle uile-Éireann 2020.




Baill de Ghrúpa Díothú Dramhaíola Bhéal Tairbirt ag fáil an ghradaim don ‘Chlár Bainistíochta Dramhaíola is Fearr’ ag Gradaim Uile-Éireann na bPobail agus na gComhairlí 2020

**Clár Oibre Áitiúil 21 An Chiste Comhpháirtíochta Comhshaoil**

Cuireann an ciste seo forbairt inbhuanaithe chun cinn trí chabhrú le tionscadail comhshaoil ag an leibhéal áitiúil, atá ar scála beag agus nach ndéanann brabús. Cuireann an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus na hÚdaráis Áitiúla an maoiniú ar fáil. Is féidir maoiniú a dhéanamh ar thionscadail agus ar scéimeanna ar nós gairdíní pobail, cuibhrinn agus scéimeanna múirín agus tionscnaimh oideachais. Thug Comhairle Contae an Chabháin tacaíocht do roinnt tionscadal comhshaoil faoin **Chlár Oibre Áitiúil 21 An Chiste Comhpháirtíochta Comhshaoil,** rud a raibh tionchar an-dearfach aige ó thaobh dul i ngleic leis truailliú ó bhruscar.

**Seirbhís an Mhaoir Madraí**

Éilíonn Cur i bhFeidhm an Achta um Rialú Madraí 1986 arna leasú go bhfostódh an tÚdarás Áitiúil Maor Madraí lánaimseartha. Cuireann an Maor Madraí seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil ar fáil, chun déileáil le rialú agus bainistiú madraí fáin, madraí nach dteastaíonn ó dhaoine, iompar frithshóisialta ag madraí agus ceadúnais madraí a eisiúint.

**Seirbhísí Tréidliachta**

Tá Oifigeach Tréidliachta lánaimseartha amháin, a fhaigheann cúnamh ó 5 chigire

tréidliachta páirtaimseartha, fostaithe againn. Tá cigire Tréidliachta páirtaimseartha fostaithe freisin ag póna na madraí. Bíonn an tOifigeach Tréidliachta ag déanamh cigireachta/ag bronadh ceadúnais agus ag déanamh iniúchtaí ar sheamlais agus ar gléasra beaga feola laistigh den Chontae. I rith na bliana, cuirtear samplaí randamacha feola ar aghaidh chuig saotharlann Lárnach Feola na Roinne Talmhaíochta agus Bianna i gCill Dara ionas gur féidir iad a thástáil le haghaidh iarmhair antaibheathach agus iarmhair cheimiceacha eile.

**Gníomhú ar son na hAeráide agus na Bithéagsúlachta & An Comhshaol**

Mar gheall ar shrianta COVID-19 tionóladh dhá chruinniú de chuid an SPC in 2020. Le linn chruinniú mhí na Nollag 2020, chuir an tOifigeach Bainistíochta Bruscair cuspóirí an Dréachtphlean Bainistíochta Bruscair 2021 – 2024 atá beartaithe i láthair agus thug an tOifigeach Feasachta Comhshaoil nuashonrú maidir leis na háiseanna athchúrsála atá á gcur ar fáil ag an údarás áitiúil.

**Baill an Choiste Um Beartais Straitéiseacha Comhshaoil & Pleanála**

| **Gníomhú ar son na hAeráide agus na Bithéagsúlachta & An Comhshaol** | |
|---|---|
| Cathaoirleach | An Comhairleoir Philip Brady |
| Baill Tofa | An Comhairleoir Madeline Argue<br>An Comhairleoir Winston Bennett<br>An Comhairleoir TP O' Reilly<br>An Comhairleoir Craig Lovett<br>An Comhairleoir Shane P O' Reilly |
| Talmhaíocht agus Feirmeoireacht | Joseph Brady |
| Gnó & Tráchtáil | Fós le líonadh |
| Comhshaol/Caomhnú | Fintan McCabe |
| Pobal/Deonach | Barry Wilson |

**Tionchar shrianta COVID-19**

Tá an Chomhairle tiomanta do thacaíocht a thabhairt don phobal agus daoine ag dul i ngleic le COVID-19. Déanfaidh an Chomhairle a dícheall a chinntiú go mbeidh an leibhéal céanna seirbhíse ar fáil don phobal agus déanfaimid gach rud is féidir linn le cabhrú le baill den phobal atá scoite amach agus/nó leochaileacha i gContae an Chabháin le linn éigeandáil COVID-19.

Mar sin féin, bhí an-tionchar ag ráig COVID-19 ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme an Dréachtphlean Bainistíochta Bruscair 2021 – 2024, lena n-áirítear na cuspóirí seo a leanas:

**Bearta Oideachais**

- Cuireadh gach Cuairt a bhí beartaithe a thabhairt ar Scoileanna Glasa tar éis 12 Márta 2020 ar ceal.
- Cuireadh searmanas Ghradaim na Scoileanna Glasa ar ceal.
- Cuireadh Comórtas na Scoileanna Slachtmhara a bhí beartaithe do Shamhradh 2020 ar ceal.
- Cuireadh Tascfhórsa Bruscair Guma Coganta 2020 a bhí beartaithe do mhí an Mheithimh 2020 ar ceal.

**Bearta Feasachta**

- Cuireadh Glantachán Náisiúnta an Earraigh (NSC) a bhí beartaithe d'Aibreán 2020 siar go dtí mí Iúil 2020.
- Níor ceadaíodh níos mó ná 15 rannpháirtithe ag Glantachán an Earraigh agus bhí srianta maidir le scaradh sóisialta i bhfeidhm.
- Cuireadh na Suirbhéanna Sraitheanna Bruscair a bhí beartaithe do Mhí an Mhárta agus do mhí na Samhna 2020 ar ceal.
- Cuireadh na suirbhéanna náisiúnta ar Thruailliú ó Bhruscar agus Cainníochtú siar go dtí Deireadh Fómhair – Nollaig 2020.
- Cuireadh an Nuashonrú do na Baill Tofa ar Ghníomhaíochtaí Bruscair & agus Dramhaíola do 2019 siar go dtí Deireadh Fómhair 2020.

**Bearta Forfheidhmiúcháin**

- Cuireadh srian ar Imscrúduithe agus ar Fhorfheidhmiú a bhain le Gearáin faoi Bhruscar & Dramhaíl idir mí an Mhárta agus Meitheamh 2020.
- Ba ghá níos mó patróil agus cothabháil a dhéanamh ag na hIonaid Athchúrsála Fág Anseo le linn na tréimhse sin.

**Bearta Coisctheacha**

- Cuireadh Suirbhéanna Bruscair ag UMBanna bainc, a bhí beartaithe do mhí na Bealtaine 2020, ar ceal.
- Cuireadh ar ceal an Lá Athchúrsála Saor in Aisce ar Earraí Leictreach & Leictreonach ag Ionaid athchúrsála Fág Anseo, a bhí á eagrú ag Ardán Eorpach Athchúrsála.
- Cuireadh na Deontais Frith-Bhruscair agus Frith-Ghraifítí don bhliain 2020 siar go dtí 2021.

**Comhpháirtíocht le Pobail agus Gnólachtaí**

- Rinneadh níos mó cothabhála ar an hIonaid Athchúrsála Fág Anseo.
- Coinníodh ag imeacht na seirbhísí riachtanacha a bhíonn á gcur ar fáil ag na trí Ionad Conláiste Cathartha, i gcomhréir le Treoirlínte FSS.
- Ní raibh an oiread céanna caidrimh ar bun le grúpaí deonacha áitiúla, lena n-áirítear Grúpaí na mBailte Slachtmhara.
- Cuireadh iarratais ar mhaoiniú CEAF don bhliain 2020 siar go dtí 2021.

## Seirbhísí Uisce

Tá Rannóg Seirbhísí Uisce Chomhairle Contae an Chabháin, i gcomhar le hUisce Éireann, fós ag dul i dtaithí ar na dúshláin a bhaineann le timpeallacht oibre atá réasúnta nua. Tá Roinn Seirbhísí Uisce Chomhairle Contae an Chabháin chun tosaigh ó thaobh creat oibriúcháin a mhúnlú agus a sheachadadh d'fhonn a chinntiú go mbeimid sa chás, mar Chontae agus mar Náisiún, go mbeidh ar ár gcumas an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as na deiseanna a chuireann na cúinsí athraitheacha ar fáil.

Ón 1 Eanáir 2014, bhí Uisce Éireann freagrach as uisce a chur ar fáil agus as seirbhísí fuíolluisce. Sa bhliain 2020, tá bliain 7 caite den Chomhaontú Seirbhíse 12 bhliain (SLA) atá le hUisce Éireann chun na seirbhísí a sheachadadh.

Meastar gur 'leas sóisialta' é uisce agus tacaíonn gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí uisce leis na trí ghné (eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil) den fhorbairt inbhuanaithe. Is iad seo a leanas cuspóirí na rannóige atá ag obair thar ceann Uisce Éireann:

- soláthar leordhóthanach uisce a chur ar fáil d'úsáideoirí baile, do thionscail, don fheirmeoireacht agus d’úsáideoirí eile.
- áiseanna séarachais a chur ar fáil chun gur féidir séarachas agus dramhaíl eile a bhíonn ar iompar in uisce a dhiúscairt go sábháilte agus go leordhóthanach.
- bonneagar a chur ar fáil mar thacaíocht do na cuspóirí thuas.
- seirbhís éifeachtúil agus fhreagrúil a chur ar fáil do chustaiméirí i gcónaí.
- pleanáil don fhás agus don fhorbairt a tharlóidh sa todhchaí.
- gach ceann de na nithe thuas a sheachadadh ar an gcostas eacnamaíoch is fearr agus ar an praghas is ísle do chustaiméirí.

Tá 16 Scéim Uisce Phoiblí sa Chontae agus 8 gcinn díobh seo á soláthar ag Grúpscéimeanna Uisce príobháideacha.  Tá 26 ionad cóireála fuíolluisce poiblí sa Chontae.

**Táscairí Feidhmíochta**

Déanann Rannóg Comhshaoil na Comhairle maoirseacht ar shampláil agus ar thástáil gach soláthróir Uisce Poiblí agus gach sceitheadh eisiltigh ó ghléasraí fuíolluisce, agus úsáid á bhaint as Creat Saotharlainne Uisce Éireann.

Baineann na táscairí feidhmíochta don rannóg le comhlíonadh na Rialachán um Uisce Óil 2014.

Seo a leanas na figiúirí comhlíontachta do na Scéimeanna Soláthair Uisce Poiblí.

| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Comhlíonadh** | 99.3% | 98.9% | 98.9% | 98.9% | 99.4% |

**Paindéim COVID-19 – 'Dianghlasáil'**

**Cleachtais Oibriúcháin na Seirbhísí Uisce**

Rinne foireann 'Líne Tosaigh' na Seirbhísí Uisce an-obair ó thaobh dualgais oibriúcháin agus chothabhála an Líonra a chomhlíonadh agus iad ag léiriú, an oiread agus ab fhéidir, go raibh 'gach rud ina cheart arís'. Cloíodh go docht ag gach céim leis an treoir reatha agus leis an gcomhairle náisiúnta a bhain le prótacal oibre COVID 19.

**Cleachtais Fhoireann Theicniúil agus Riaracháin na Seirbhísí Uisce**

Socraíodh ar dtús go mbeadh formhór na foirne riaracháin agus teicniúla ag obair go cianda agus rochtain iomlán acu ar gach córas TF de chuid Chomhairle Contae an Chabháin agus gach córas de chuid Uisce Éireann a bheadh ag teastáil. Leanadh den obair gan aon chur isteach ar fheidhmiú na Seirbhísí Uisce. Coinníodh líon beag foirne i bpríomhoifig na Seirbhísí Uisce. De réir mar a maolaíodh na bearta dianghlasála, d'fhill an fhoireann chun dul i mbun oibre sa phríomhoifig nó rinneadh meascán d'obair san oifig agus d'obair ó chian. Mar sin féin, mar gheall ar an athrú go dtí Leibhéal 5 tá an chuid is mó d'fhoireann na Seirbhísí Uisce tar éis filleadh ar an obair ó chian. Tá seirbhís iomlán a chur ar fáil i gcónaí do chustaiméirí ar an bhfón agus ar ríomhphost.

**Oibreacha Caipitil**

Rinneadh dul chun cinn ar dhá thionscadal chaipitil shuntasacha le linn 2020 i gcomhar le hUisce Éireann:

- Athchóiriú ar an bPríomhlíonra Uisce i mBaile an Chabháin
- Na tionscadail Rannpháirtíocht Luath-Chonraitheora, (ECI), Ionad Cóireála Fuíolluisce, (WWTP)

**Athchóiriú ar an bPríomhlíonra Uisce i mBaile an Chabháin**

Rinneadh an Tionscadal Athchóirithe ar an bPríomhlíonra Uisce i mBaile an Chabháin-An Phríomhshráid, mar chuid de Chlár Náisiúnta Uisce Éireann um Laghdú ar Sceitheadh Uisce.

Bhain na hoibreacha le píobáin phoileitiléin arddlúis, (plaisteach) a chur in áit thart ar 1,394 méadar de phríomhlíonra stroighin aispeiste 8-orlach, 6-orlach, a bhí ann agus a raibh fadhb leo.

Suiteáladh an príomhlíonra nua trí ghearradh amach sa charrbhealach ar an bPríomhshráid agus ar Shráid na hEaglaise. Bhain an obair le:

- Trinse a thochailt,
- Píopa HDPE nua 250mm a chur síos,
- Naisc agus seirbhísí a shuiteáil,
- Aislíonadh agus athshuíomh.

Bhí príomhlíonra comhthreomhar le suiteáil ar an bPríomhshráid agus i gcuid de chosáin Shráid na hEaglaise trí sciorrlíneáil, rud a bhain le píopa HDPE nua 125mm a shleamhnú suas taobh istigh den phríomhlíonra aispeist 8-orlach a bhí ann cheana agus na seirbhísí a aistriú go dtí an príomhlíonra seo.
Cé go raibh moill ann, mar gheall ar Covid-19 agus an dianghlasáil a bhain leis, bhí na hoibreacha substaintiúla curtha i gcrích faoi lár mhí na Samhna 2020.
Taispeántar thíos roinnt grianghraf a tógadh le linn do na hoibreacha a bheith ar bun.



Ag sciorrlíneáil an phíobáin 125mm trí phíopa aispeist 200mm ar chosán in aice le cosán oifig an phoist.



Píopa 250mm i dtrinse curtha in áit, thíos faoi go leor Seirbhísí Fóntais

**Na tionscnaimh Rannpháirtíocht Luath-Chonraitheora (ECI), Ionad Cóireála Fuíolluisce (WWTP)**

Faoi Phlean Infheistíochta Caipitiúla Uisce Éireann 2017 – 2021 aithníodh 52 ionad cóireála fuíolluisce ar fud na tíre ar ghá iad a uasghrádú toisc gur chlis siad mar a bhain le teorainneacha sceite agus toilleadh hiodrálach.

Ar na láithreáin sa Chabháin atá san áireamh faoi láthair tá:

- Achadh an Iúir
- Baile Shéamais Dhuibh,
- Coill an Chollaigh,
- Dún an Rí,
- Muinchille

Cuireadh tuarascálacha staidéar féidearthachta i gcrích do na suíomhanna thuasluaite i Ráithe 4 de 2019 agus cuireadh na cúig shuíomh chun cinn chun déileáil le réimsí éagsúla dála Pleanáil, Dearadh, MTT, EIS etc., i Ráithe 1 de 2020.

Ceapadh conraitheoir agus tar éis dóibh pacáistí gearra treorach a fháil ó fhoireann an ECI thosaigh siad ag obair ar na pacáistí oibre a chur chun cinn ón gcéim seo go dtí an deireadh.

Tá Rannóg Mór-Chaipitil na Seirbhísí Uisce ag obair i gcomhar le foireann ECI Uisce Éireann le dearadh na n-aighneachtaí a chur chun cinn i gcomhairle le Conraitheoir an ECI. Tugadh go leor cuairteanna ar láithreáin agus rinneadh suirbhéanna ar láithreáin le linn 2020 chun na sonraí riachtanacha a bhailiú. Tháinig an chéad sciar de na hIarratais ar Fhaisnéis (RFI) ó Chonraitheoir an ECI agus rinneadh athbhreithniú orthu, freagraíodh iad agus dúnadh iad. Tionóladh cruinnithe athbhreithnithe teicniúla uair sa choicís le go bhféadfadh an Conraitheoir réitigh dearaidh don phróiseas cóireála a cheapadh agus a fhorbairt agus go ndéanfaí iad a mheas agus a fhaomhadh.

**I measc na dtionscadal Caipitil eile a chuaigh chun cinn in 2020 bhí:**

- Oibríonn an **Tionscadal Díghalraithe Uisce** chun gach ionad cóireála uisce a uasghrádú go dtí na sonraíochtaí le haghaidh uisce óil atá ag Uisce Éireann faoi láthair. Ar na hIonaid atá san áireamh sa tionscadal tá: Béal Tairbirt, Dún

an Rí, Béal Átha Conaill, An Muileann Iarainn, Coill an Chollaigh, An Cabhán, Baile Shéamais Dhuibh agus Muinchille.

- **CFC (Téachtadh, Flocasú & Léirghlanadh)** Oibreacha Tionscadail ag Muinchille, An Mhuileann Iarainn, Coill an Chollaigh, Baile Shéamais Dhuibh agus Béal Tairbirt.
- **Tionscnamh Phríomhlíonra Uisce Shearcóige.** Bhain sé seo le sean phríomhlíonra 400 méadar, a bhí déanta as iarann teilgthe, a athrú ar Bóthar Choill an Chollaigh, Searcóg. Críochnaíodh na hoibreacha go hiomlán i Ráithe 4 de 2020.
- **Tionscadal Seirbhísí Cúlchlóis.** Rinneadh dul chun cinn ar na hoibreacha le linn 2020 ag ionaid éagsúla i mBéal Tairbirt, sa Chabhán, i nDún an Rí, i mBaile Shéamais Dhuibh agus I Muinchille.

**Nuashonrú ar Uisce Tuaithe an Chabháin**

Seoladh an Clár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil 2019-2021 an 8 Feabhra, 2019. Rinneadh aighneachtaí faoi 7 mBeart éagsúla. Rinneadh aighneachtaí ar mhaoiniú i leith 51 tionscadal ar leith thar ceann 27 Scéim nó scéimeanna atá i mbeart. Bunaíodh Painéal Saineolaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar na haighneacht ar fad. D'eisigh an Roinn fógra faoi na leithdháiltí an 14 Deireadh Fómhair 2019.

Ba é €1,686,470 an leithdháileadh iomlán don Chabhán ó Chlár 2019-2021. Baineann na leithdháiltí sin le scéimeanna agus le tionscadail ar leith. Fuarthas leithdháiltí do 23 de na tionscadail seo, (rud a chlúdaíonn 17 scéim nó scéimeanna i mbeart) . Cuireadh tuilleadh sonraí maidir le leithdháileadh MARWP don chlár 2019-2021 ar fáil do chruinniú de Choiste Monatóireachta Uisce Tuaithe an Chontae ar an 5 Samhain 2019. Tá sé i gceist go mbeadh an chéad chruinniú eile de Choiste Monatóireachta an Uisce Tuaithe ar siúl i dtús na bliana 2021. Bhí moill curtha air mar gheall ar Phaindéim Covid-19.

Déantar teagmháil le gach scéim a fuair maoiniú faoi MARWP 2019-2021 gach 6-8 seachtaine chun nuashonrú maidir leis na tionscadail éagsúla a fháil. Ullmhaítear tuarascáil ansin agus cuirtear ar ais í chuig an Roinn. Tugtar faoi deara gur cuireadh

stop le go leor de na tionscadail nó go raibh moill shuntasach orthu mar gheall ar an bpaindéim.

Tá tionscadail faoin gclár seo curtha i gcrích ag ocht scéim agus eisíodh íocaíochtaí dar luach €438,848.38 in iomláine. Ullmhaíodh an t-éileamh is déanaí chun an caiteachas seo a fhorchúiteamh agus cuireadh faoi bhráid na Roinne é i mí na Nollag 2020.

**Fóirdheontas GWS –** Ba é an 30 Meitheamh an spriocdháta le hiarratais a chur isteach le haghaidh íocaíochtaí Fóirdheontais Deiridh 2019 agus Réamhíocaíochtaí 2020. Iarradh ar scéimeanna a n-éilimh Fóirdheontais a chur isteach chomh luath agus ab fhéidir. Tá próiseáil déanta anois ar gach iarratas ar fhóirdheontas don tréimhse 2019/2020. Tá na híocaíochtaí Fóirdheontais A Deiridh do 2019 agus Réamhíocaíochtaí do 2020 faighte ag gach scéim. Tá an Rannóg Airgeadas faoi láthair ag próiseáil na n-íocaíochtaí a bhaineann le R4 Fóirdheontas B Réamhíocaíoctaí 2020. Eisíodh iad seo chuig na scéimeanna i dtús mhí Eanáir, rud a thug próiseas réamhíocaíochta 2020 chun críche. Tá gach iarratas ar fhorchúiteamh a bhaineann leis an sruth Fóirdheontais curtha aghaidh chuig an Roinn.

**An Clár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil – Beart 8 - Deontais do Thoibreacha.** Bhí moill ar iarratais mar thoradh ar phaindéim Covid-19 ach tá níos mó spéise á léiriú ann toisc gur fógraíodh scéim nuashonraithe ciste deontais do thoibreacha ag tús mhí an Mheithimh. Rinneadh na sonraí agus na foirmeacha iarratais go léir a nuashonrú ar shuíomh gréasáin na Comhairle chun na hathruithe seo a léiriú. Tugadh deontais le haghaidh toibreacha dar luach €27,493.03 san iomlán d'iarratasóirí le linn 2020. Tá an tsuim seo forchúitithe ina iomláine, ag an Roinn.

Tá Rannóg na Seirbhísí Uisce ag obair go dlúth le Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce lena chinntiú go bhfaigheann gach scéim sa Chabhán tacaíocht agus treoir rialta maidir le paindéim Covid-19.

Tá Comhairle Contae an Chabháin, tríd an gClár Monatóireachta, ag coinneáil uirthi ag obair go dlúth leis na Grúpscéimeanna Uisce d'fhonn a chinntiú go gcoinneofar an t-uisce óil ar ardchaighdeán agus go mbeidh sé ag cloí leis na Rialacháin um Uisce Óil.

# Forbairt Pobail agus Geilleagair a Phleanáil

## Pleanáil

### Réamhrá

Tá an Rannóg Pleanála freagrach as na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 arna leasú a chur i bhfeidhm. Cuimsíonn obair na Rannóige Pleanála na réimsí seo a leanas:

- Pleanáil Chun Cinn
- Bainistíocht Forbartha agus Feidhmeanna Reachtúla eile
- Láithreáin thréigthe & Struchtúir Chontúirteacha
- Cúram a dhéanamh d'Eastáit Tithíochta
- Eastáit nach bhfuil Críochnaithe
- Faireachas Margaidh
- Ranníocaíochtaí agus Bannaí Forbartha
- Rialú Foirgníochta
- Comhlíonadh/Forfheidhmiú na Forbartha:
- Oidhreacht
- An Coiste um Beartas Straitéiseach ar Pleanáil & an Comhshaoil
- Táscairí Feidhmíochta


**Pleanáil Chun Cinn**

Tháinig Plean Forbartha Chontae an Chabháin 2014-2020 agus Plean Forbartha 2014-2020 Bhaile an Chabháin & a chomharsanacht i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2014. Cuireadh moill ar an athbhreithniú ar na pleananna, a bheidh ina Phlean Forbartha do Chontae an Chabháin agus Plean Ceantair Áitiúil do Bhaile an Chabháin 2022-2028 mar chuid de, go dtí go nglacfar leis an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair.

Cuireadh tús leis an athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chontae an Chabháin, a bhfuil Plean Ceantair Áitiúil do Bhaile an Chabháin 2022-2028 mar chuid de, i mí an Mheithimh 2020. Faoi seo eisíodh Páipéar ar Shaincheisteanna Straitéiseacha ina leagtar amach saincheisteanna straitéiseacha an Chontae. Baineadh úsáid as seo chun aighneachtaí agus tuairimí a spreagadh maidir leis an ábhar atá sa dréachtphlean atá beartaithe. Tharla roinnt comhairliúchán poiblí agus rannpháirtíochtaí sa tréimhse seo agus san áireamh bhí sé chruinniú comhairliúcháin phoiblí sna tráthnónta chun plé a dhéanamh le grúpaí poiblí agus pobail, físeán ar líne a rinne cur síos ar na príomhcheisteanna a bhain leis an gcontae, suíomh gréasáin agus meáin shóisialta cothrom le dáta, fógraí ar an raidió agus sna nuachtáin agus comhrá teileafóin duine le duine nó cruinnithe ar líne le pleanálaí ón bhFoireann Réamhphleanála.

Ullmhaíodh Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach le haghaidh mí Dheireadh Fómhair 2020 agus eisíodh í chuig na Comhaltaí Tofa. Thug sé seo breac-chuntas ar na haighneachtaí a bhí faighte maidir leis an bplean forbartha, thug sé léargas ar dhearcadh an Phríomhfheidhmeannaigh ar na haighneachtaí a bhí tagtha isteach agus áiríodh leis moltaí maidir le hábhar an dréachtphlean forbartha atá beartaithe i ndáil le gach aighneacht acu

I mí na Nollag 2020, thug na Comhaltaí Tofa treoir gur cheart, bunaithe ar Thuarascáil na bPríomhfheidhmeannach dréachtphlean forbartha Chontae an Chabháin, lena n-áirítear Plean Ceantair Áitiúil do Bhaile an Chabháin, a ullmhú.




**Limistéir Chaomhantais Ailtireachta**

Rinneadh staidéar cuimsitheach ar an gcontae maidir leis na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a d'fhéadfadh a bheith ann agus críochnaíodh é in 2019. Mar thoradh air sin moladh cúig ACA san iomlán don Chontae. Críochnaíodh na ACAanna a bhí fós le réiteach in 2020 agus tá sé i gceist iad a chur san áireamh i ndréacht-Phlean Forbartha Chontae an Chabháin 2022-2028.

**Iarratas URDF do Abbeylands**

Bhí Máistirphlean Abbeylands, a maoiníodh mar thionscadal i gCatagóir B faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) in 2018, beagnach críochnaithe faoi dheireadh 2020, tar éis dul i gcomhairle leis na pobail, le húinéirí talún agus le gnólachtaí. Sainaithneofar sa Phlean seo sraith d'idirghabhálacha tábhachtacha a dhéanfaidh athrú ó bhun, le tacaíocht ó phríomh-chomhpháirtithe,

agus a spreagfaidh athghiniúint shóisialta, chultúrtha, eacnamaíoch agus shaoráide ag an suíomh lárnach seo i lár an bhaile, a bhfuil tábhacht ó thaobh na staire leis.

Rinne Comhairle Contae an Chabháin iarratas ar mhaoiniú Caipitil de €14,493,750 in 2020 agus táthar ag súil le cinneadh maidir leis an iarratas sin in 2021.



**Bainistíocht Forbartha agus Feidhmeanna Reachtúla eile:**

Fuair an rannóg Pleanála 587 iarratas pleanála in 2020, ardú 14% ar líon na n-iarratas a bhí faighte in 2019. Bhain formhór na n-iarratas le forbairtí dála fiontair thionsclaíocha, scéimeanna tithíochta, forbairtí talmhaíochta, forbairtí tráchtála, áitribh aonair, síntí ar áitribh a bhí ann cheana féin, garáistí teaghlaigh agus obair a bhí déanta a choinneáil.

Rinneadh achomharc chuig an mBord Pleanála i dtaca le 14 chinneadh de chuid an Údaráis Phleanála agus i gcás 8 (57%) acu ghlac An Bord Pleanála leis an gcinneadh a bhí déanta ag an Údarás Pleanála.

Tháinig ardú freisin ar líon na n-iarratas ar Shíneadh a chur le Tréimhse na Pleanála agus fuarthas 29 n-iarratas in 2020 (méadú 93% ar an mbliain roimhe sin).

Bhí Covid-19 agus na srianta a cuireadh i bhfeidhm in éineacht leis thar a bheith dúshlánach don Roinn Pleanála in 2020 agus tá fós in 2021. In ainneoin na srianta

agus na dteorainneacha, b'éigean don Roinn na seirbhísí pleanála riachtanacha ar fad a choinneáil ag imeacht agus a sheachadadh. Cé gur eisíodh ordú éigeandála a chuir síneadh leis na hamlínte reachtúla laistigh den chóras pleanála, ní raibh aon athrú curtha i bhfeidhm mar a bhain le hiarratais phleanála a fháil/a dhearbhú agus le gníomhaíochtaí gaolmhara dála atreoruithe, liostaí pleanála seachtainiúla, scanadh ar iarratais chun go mbeidís le feiceáil ar líne agus glacadh le haighneachtaí. Bhí sé seo fós ar siúl nuair a bhí an tír ina stad agus é ráite le formhór na ndaoine a bhí ag obair fanacht sa bhaile. B'éigean go leor nósanna imeachta a athrú agus tugadh isteach a lán nósanna imeachta eile ag am a bhí thar a bheith dúshlánach cheana féin. Nuair a cuireadh deireadh leis an ordú éigeandála, ba é an dúshlán a bhí romhainn láithreach ná gach cinneadh a eisiúint in am agus ar bhealach eagraithe. Tá an próiseas fós an-dúshlánach agus méadú tagtha ar gach saghas iarratas agus muid i gcónaí ag iarraidh cloí le Treoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta Covid 19.

**Láithreáin Thréigthe agus Struchtúir Chontúirteacha:**

I mí na Nollag 2018 bhí 5 pháirtchlár ann le haghaidh shuíomhanna tréigthe sa chontae. Rinneadh iad seo a nuashonrú agus a chomhcheangal in aon chlár amháin. Bunaíodh dréachtbheartas lena chinntiú go mbeadh an próiseas ag cloí leis an reachtaíocht reatha agus tugadh treoir in 2020 le go bhféadfaí líon na maoin thréigthe sa chontae a laghdú. Próiseáladh gach suíomh a bhí ar na cláir a tháinig roimhe seo agus déanfar athbhreithniú anois ar na bailte is mó le go bhféadfar an clár reatha a nuashonrú. In 2020 bhí;

58 litir rabhaidh eisithe faoi Alt 8/2.

23 litir rabhaidh eisithe faoi Alt 8/7.

23 réadmhaoin curtha ar chlár na láithreán tréigthe.

Réiteach sásúil i gceist i gcás 30 maoin.

**Tógáil i gCúram**

Scríobhadh agus glacadh le polasaí Tógáil i gCúram don Chabhán in 2007 de réir mar a threoraigh an tAire John Gormley. Rinneadh athbhreithniú ar an mbeartas seo in 2016 agus ghlac na comhaltaí tofa leis an athbhreithniú. Rinneadh na hathbhreithnithe ar mhaithe le soiléiriú agus le go mbeadh an doiciméad níos éasca le húsáid. Rinneadh athbhreithniú arís ar an doiciméad seo in 2020 le go bhféadfaí reachtaíocht nua a tugadh isteach in 2018 a chur san áireamh.
Tá 236 eastát tithíochta sa chontae faoi láthair. Tá 57 de na heastáit seo tógtha i gcúram. Tógadh 12 acu seo i gcúram in 2012, 24 in 2017, 12 i mí na Nollag 2018 agus 9 gcinn eile i mí na Nollag 2020. Tógadh an chuid eile acu níos mó ná 12 bhliain ó shin. Rinneadh uasghrádú go dtí LEDanna ar an soilsiú poiblí i 5 eastát. Fuarthas **7** n-iarratas ar Thógáil i gCúram in 2020 agus cuireadh iad seo leis an **32** iarratas a bhí ar an liosta cheana féin. Tá sé i gceist eastáit a Thógáil i gCúram ar bhonn leanúnach, de réir mar a cheadaíonn acmhainní, go dtí go mbeidh gach ceann de na sean eastáit Tógtha i gCúram.

**Eastáit Tithíochta Nach bhfuil Críochnaithe**

In 2010 bhí 156 eastát sa Chabhán ar Chlár na nEastát Nach raibh Críochnaithe ag an Roinn. Tá 5 eastát ar an gclár anois agus tá sé i gceist dul i ngleic leo seo in 2021. Sháraigh sé seo an moladh atá leagtha amach i mBainistíocht agus Réiteach Forbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe, áit a moltar gur cheart é seo a laghdú 25% ar a laghad in aghaidh na bliana. In 2016, díríodh ar bhannaí a tharraingt anuas agus go gcríochnódh An Chomhairle oibreacha beaga nach raibh críochnaithe sna heastáit seo agus táthar fós dírithe air seo. Tá an Fhoireann i gcónaí ag déanamh monatóireachta ar stádas na n-eastát nach bhfuil críochnaithe agus ag oibriú le hinstitiúidí airgeadais agus le forbróirí chun fadhbanna atá fós gan réiteach sna heastáit seo a réiteach.

**Faireachas Margaidh**

Caithfidh aon duine nó cuideachta, a mhonaraíonn earra le díol ar mhargadh na hEorpa, margadh na hÉireann san áireamh, cloí leis na Rialacháin um Tháirgí Foirgníochta (CPR) 2013. Ciallaíonn sé seo go gcaithfear an táirge a thástáil agus a

dheimhniú go bhfuil sé oiriúnach don chuspóir atá beartaithe dó. Eisítear uimhir CE ansin agus ní mór don mhonaróir Dearbhú Feidhmíochta (DOP) a chur i gceangal leis ar mhaithe le comhsheasmhacht a chinntiú ar fud na mBallstát uile.

Ceanglaítear le hAirteagal 40 de RTF ar gach Ballstát, údarás a ainmniú a thugann fógra agus a bhíonn freagrach as na nósanna imeachta is gá a leagan síos agus a chur i gcrích chun measúnú a dhéanamh, chomh maith le fógra a thabhairt maidir leis na comhlachtaí a bheidh le húdarú chun cúraimí tríú páirtí a dhéanamh sa phróiseas Measúnaithe agus Fíoraithe seasmhachta feidhmíochta (AVCP) chun críocha RTF, agus monatóireacht a dhéanamh ar na comhlachtaí dá dtugtar an fógra sin.
I gcás na hÉireann, is í an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an t-údarás ainmnithe a thugann fógra faoin RFC. Tugann Bord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann faoi chreidiúnú agus monatóireacht ar gach comhlacht a dtugtar fógra dó in Éirinn. Is iad na comhlachtaí a dtugtar fógraí dóibh na tithe tástála ar bhronn an t-údarás a thugann an fógra stádas orthu.

Is é an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta don chontae inar monaraíodh an táirge an t-údarás faireachais margaidh le haghaidh táirgí foirgníochta, mar atá leagtha amach in I.R.225/2013.

**Ranníocaíochtaí Forbartha**

Cuirtear an scéim Ranníocaíochta Forbartha 2017 seo i bhfeidhm ar iarratais a deonaíodh an 1 Eanáir 2017 nó ina dhiaidh sin. Tá an ranníocaíocht seo ceangailte le hiarratais a dheonaítear sa Chontae agus de réir na scéime ar glacadh léi. Tá fáil ar roinnt díolúintí agus laghduithe freisin, lena n-áirítear an laghdú 10%, a tugadh isteach le deanaí, i gcás ina mbíonn ranníocaíochtaí forbartha íoctha ina n-iomláine laistigh de 6 mhí ón am ar tugadh an fógra tosaithe (tá feidhm ag díolúintí). Bailíodh €1,269,015 san iomlán (€1,144,334 glan ó asbhaintí Uisce Éireann) i ranníocaíochtaí forbartha.

Tá An Fhoireann Ranníocaíochta Forbartha i rith an ama sa tóir ar ranníocaíochtaí forbartha nach mbíonn íoctha, trí shonraisc a eisiúint tráth a

gcuirtear fógraí tosaithe isteach agus obair leantach a dhéanamh ar chuntais atá ann cheana lena chinntiú go bhfuil na híocaíochtaí á ndéanamh. Tá ceadanna a deonaíodh ó 2004, agus nár tugadh aon fhógra tosaithe ina leith, á seiceáil freisin chun a fháil amach an bhfuil forbairt déanta agus iarrtar na híocaíochtaí ranníocaíochta forbartha nuair is cuí.

**Rialú Foirgníochta**

I mí na Bealtaine 2014 tugadh isteach an Córas Bainistíochta Um Rialú Foirgníochta nó BCMS. Is córas ar líne é seo faoina ndéantar gach iarratas tógála a chlárú agus a bhainistiú. Athraíodh an teideal BCMS in 2017 go BCMP (Tionscadal Bainistíochta Rialaithe Foirgníochta). Bhunaigh an CCMA 3 údarás réigiúnacha, mar seo a leanas:

| Réigiúin Rialaithe Foirgníochta | Na hÚdaráis Áitiúla |
|---|---|
| Mórcheantar Bhaile Átha Cliath/Réigiún an Oirthir agus Lár tíre | Cathair Bhaile Átha Cliath, Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, An Mhí, Lú, Cill Dara, Cill Mhantáin, An Longfort, an Iarmhí, Uíbh Fhailí, Laois (12) |
| Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair | Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, An Cabhán, Muineachán, Maigh Eo, Ros Comáin, Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe (9) |
| Réigiún an Deiscirt | An Clár, Luimneach, Tiobraid Árann, Cill Chainnigh, Ceatharlach, Loch Garman, Ciarraí, Cathair Chorcaí, Contae Chorcaí, Cathair agus Contae Phort Láirge (10) |

Tá ionadaí amháin ag gach réigiún ar bhord tionscadail BCMP. Tá Ionadaíocht á déanamh ag Comhairle Contae an Chabháin i rith an ama ar Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair (An tInnealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach ar Rialú Foirgníochta).

Cuireann an Roinn Rialaithe Foirgníochta comhairle agus treoir ar fáil do ghníomhairí agus d'úsáideoirí an chórais chomh maith le cigireachtaí a dhéanamh ar láithreáin chun comhlíonadh agus cruinneas na faisnéise a chuirtear isteach a chinntiú. Le linn 2020, phróiseáil Rannóg Rialaithe Foirgníochta Chomhairlí Contae

an Chabháin 248 Fógra agus 56 Deimhniú Comhlíontachta ar Chríochnú (CCC). Is iad seo na Fógraí ar fad a bhí i gceist:

- 31 Fógra Tosaithe neamhbhailí.
- 85 Fógra Tosaithe deimhnithe (an fhoirm fhada).
- 43 Fógra Tosaithe deimhnithe (an fhoirm ghearr).
- 72 Fógra Tosaithe deimhnithe (roghnaigh gan).
- 13 Fógraí 7 Lá deimhnithe.

As an 56 CCC a próiseáladh bhí 8 gcinn acu neamhbhailí.

Tá an Rannóg Pleanála ag leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta agus iniúchadh rialta ar fhorbairtí lena chinntiú go dtógtar foirgnimh de réir na Rialachán ábhartha um Choinníollacha Pleanála agus Tógála.

**Comhlíonadh/Forfheidhmiú Forbartha**

D'oscail an Rannóg Forfheidhmithe 114 chás nua a bhain le gearáin sa bhliain féilire 2020. Dhún an Rannóg 28 cás le linn na tréimhse céanna.
As na comhaid a dúnadh:

- Réitíodh 39% (nó 11 chás) toisc go raibh siad ‘coiscthe faoin reachtaíocht’, nó gur glacadh leis gur 'Forbairt dhíolmhaithe' a bhí iontu gan aon Litreacha Rabhaidh eisithe;
- Dúnadh 0% de na comhaid (nó 0 gcás) san iomlán mar thoradh ar idirbheartaíocht leis an Údarás Pleanála.
- Dúnadh 61% (nó 17 gcás) nuair a bhí Litreacha Rabhaidh nó Fógra Forfheidhmiúcháin eisithe.

Tá 335 cás oscailte agus á n-imscrúdú agus áirítear orthu sin cásanna na mblianta roimhe sin.

**Oidhreacht**

Ba bhliain ghnóthach eile í 2020 d'Oifig Oidhreachta an Chabháin agus í ag cinntiú i gcónaí go ndéantar an oidhreacht uathúil agus éagsúil atá i gContae an Chabháin a chaomhnú agus a chothú, agus, thar rud ar bith eile, go mbeadh meas uirthi agus í á ceiliúradh ag muintir an chontae. In ainneoin shrianta Covid-19, lean Oifig Oidhreachta an Chabháin ar aghaidh ag cur seirbhís ar fáil ar fud an chontae agus cúinsí á gcur in oiriúint acu do na srianta sláinte poiblí. In 2020, lean an Oifig Oidhreachta ar aghaidh ag cur beartais oidhreachta Eorpacha, Náisiúnta agus Áitiúla i bhfeidhm nuair ba chuí. Chomh maith le bheith ag cur beartais i bhfeidhm, chuir an Oifig Oidhreachta raon tionscadal agus gníomhaíochtaí chun cinn, a chuir ar chumas an phobail a bheith gníomhach ó thaobh ár n-oidhreacht de agus páirt a ghlacadh inti, mar shampla tríd an bhfeachtais 'Where We Belong'. Le linn 2020, thug an oifig oidhreachta faoi deara go raibh spéis athnuaite á léiriú i ngach gné den oidhreacht agus daoine agus pobail ag dul i dtaithí ar bhealach maireachtála nua i rith na paindéime.
Faigheann an Oifig Oidhreachta leithdháileadh bliantúil maoinithe ón gComhairle Oidhreachta. Cuireann seo ar chumas na hOifige Oidhreachta díriú ar thionscadail shonracha a chuireann i bhfeidhm na gníomhartha atá i bPlean Oidhreachta Chontae an Chabháin agus a mbíonn tionchar fadtéarmach acu ar oidhreacht an chontae.

**Bealaí Órga an Chabháin**


Bliain an-rathúil eile a bhí inti do Bhealaí Órga an Chabháin ó thaobh líon na bpobal a bhí rannpháirteach sna Bealaí Órga. Le linn 2020, d'fhostaigh an Oifig Oidhreachta beirt ealaíontóirí áitiúla chun grúpaí áitiúla Bealaí Órga sa chontae a éascú agus oibriú in éineacht leo. Is é aidhm an tionscadail seo na daoine cruthaitheacha a úsáid leis na pobail a éascú chun freagairt ar bhealach samhlaíoch agus cruthaitheach don oidhreacht atá ar a mBealaí Órga. Táthar ag súil an tionscadal seo a fhorbairt tuilleadh in 2021. Bhí grúpaí a raibh baint acu le Bealaí Órga an Chabháin bainteach leis an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta, ócáid a bhí ar bun ar líne den chuid is mó. Chuir go leor grúpaí tionscadail iontacha i láthair agus léargas á thabhairt acu ar an oidhreacht shaibhir a bhaineann lena mBealaí Órga m.sh. rinne

Bealach Órga Pháirc na bhFianna cur i láthair iontach ar bhithéagsúlacht a gceantar áitiúil agus chuir Bealach Órga Jampa Ling scannán i láthair faoin gcaoi le haireachas a dhéanamh amuigh sa dúlra.

**Líonra na Reiligí Stairiúla**

Tá ag éirí go maith le Líonra na Reiligí Stairiúla ó bunaíodh é in 2017. Tá leathnú tagtha ar an líonra agus tá méadú ag teacht ar líon na reiligí stairiúla, faoi úinéireacht na Comhairle, atá rannpháirteach sa líonra.  Is é aidhm an líonra rochtain ar na suíomhanna seo a fheabhsú, cuidiú le deisiúcháin riachtanacha a dhéanamh agus painéil threoraithe agus léirmhínitheacha a chur ar fáil. I measc na dtionscadal a bhí ar bun i mbliana mar chuid de Líonra na Reiligí bhí comharthaíocht léirmhínitheach a chur ar fáil do reiligí stairiúla atá dílsithe do Chomhairle Contae an Chabháin agus digitiú a dhéanamh ar na cláir adhlactha stairiúla, a bhfuil fáil orthu anois mar acmhainn ar shuíomh gréasáin Oidhreacht an Chabháin.




**Ciste na Séadchomharthaí Pobail**

Bhunaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Ciste na Séadchomharthaí Pobail in 2020. D'infheistigh Ciste na Séadchomharthaí Pobail caipiteal inár séadchomharthaí seandálaíochta luachmhara chun iad a chosaint don todhchaí, ar mhaithe le muintir na háite agus an pobal.



Fuair Sean Reilig Mhaigh Bolg Maoiniú Séadchomharthaí 2020 le tabhairt faoi chlár na n-oibreacha caomhnaithe.

<u>'Loch Uachtair – A Place Oughter Time'</u>

D'fhorbair Abarta Heritage trealamh uirlisí chun bradai a aithint, chomh maith le plean léirmhínitheach agus ábhar do 6 phainéal léirmhínitheach.




**Maoiniú ón bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht d'Údaráis Áitiúla**

In 2020, fuair an Oifig Oidhreachta maoiniú bithéagsúlachta tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Chuir sé seo ar chumas na hOifige Oidhreachta sraith tionscadal bithéagsúlachta a eagrú a bhain le treoirlínte ar phailneoirí do Chomhairle Contae an Chabháin.

**Seachtain Oidhreachta 2020**

D'éirigh thar barr leis an tSeachain Oidhreachta sa Chabhán agus bhí níos mó daoine ná riamh ag plé go gníomhach leis na imeachtaí ar feadh na seachtaine agus ag glacadh páirte iontu. In 2020, bhog an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta i dtreo tionscadail ar líne den chuid is mó. D'aithin an Chomhairle Oidhreachta dhá thionscadal sa Chabhán ag leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear Líonra Reiligí Stairiúla an Chabháin agus an beocht a cuireadh i nDaonáireamh 1911 i gCill na Seanrátha. In 2020, bhain go leor pobail leas as scéim deontais na seachtaine oidhreachta áitiúla, rud a chuir ar a gcumas tionscadail áitiúla a eagrú chun a n-oidhreacht a cheiliúradh. Ar cheann de na himeachtaí ar éirigh go maith leis agus a heagraíodh bunaithe ar na treoirlínte sláinte poiblí, bhí nochtadh na saothar ealaíne feadh Bhealach Órga na Líne, Teampall an Phoirt.




Bealach Órga na Líne, Teampall an Phoirt – freagairt don oidhreacht ar an mBealach Órga, maoinithe ag Éire Ildánach agus ag an gComhairle Oidhreachta.

**Oidhreacht Thógtha 2020**

Tá an Oifig Oidhreachta ag leanúint de bheith ag cur caomhnú agus bainistiú na h-oidhreachta tógtha chun cinn i gContae an Chabháin. Chomh maith le hathbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar thaifead na struchtúr cosanta agus na n-oibreacha gaolmhara, cuireann an Oifig Oidhreachta comhairle agus bonn eolais maidir le polasaí ar fáil don rannóg pleanála. Tugtar cúnamh don phobal i gcoitinne freisin chun an Oidhreacht Thógtha a bhainistiú. D'éirigh le hOifig Oidhreachta Chomhairle Contae an Chabháin €109,000 fháil do thionscadail caomhnaithe oidhreachta tógtha, lena n-áirítear Teach Owendoon agus Droichead Clara, faoi na scéimeanna seo a leanas: Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha, Ciste na Struchtúr Stairiúil agus Pacáiste Spreagtha mhí Iúil.



Obair caomhnaithe riachtanach ar Theach Owendoon, maoinithe trí Chiste na Struchtúr Stairiúil.

**An Coiste um Beartais Straitéiseacha ar an bhForbairt Gheilleagrach, Fiontraíocht agus Pleanáil**

Tháinig an CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontraíocht agus Pleanáil le chéile (go fíorúil) trí huaire in 2020. Tá comhaltaí an CBS liostaithe thíos.

| An CBS um Fhorbairt Eacnamaíocht, Fiontraíocht agus Pleanáil | Colún Ainmniúcháin |
|---|---|
| An Comhairleoir John Paul Feeley | Cathaoirleach |
| An Comhairleoir Peter McVitty | Comhairle Contae an Chabháin |
| An Comhairleoir Sarah O'Reilly | Comhairle Contae an Chabháin |

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Aidan Fitzpatrick | Comhairle Contae an Chabháin |
| An Comhairleoir Winston Bennett | Comhairle Contae an Chabháin |
| An Comhairleoir Carmel Brady | Comhairle Contae an Chabháin |
| Thomas Rodgers | Talmhaíocht & Feirmeoireacht |
| Jim McGaughran | Forbairt & Tógáil |
| Tom Brady | Gnó & Tráchtáil |
| Stanley Nwaneri | Pobal / Deonach |

**Táscairí Feidhmíochta Pleanála**

| | |
|---|---|
| **P1: Foirgnimh nua a ndearnadh Cigireacht orthu** | |
| Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil | 225 |
| Líon na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil in 2020 a bhí faoi réir cigireachta amháin ar an láthair ar a laghad le linn 2020 | 20 (9%) |
| | |
| **P2: % de na cinntí Pleanála atá daingnithe ag an mBord Pleanála** | |
| Líon na gcinntí pleanála ÚÁ a bhí ina n-ábhar achomhairc in 2020 | 14 |
| % de na cinntí ag A inar deimhníodh cinneadh a rinne an ÚÁ | 8 (57%) |
| | |
| **P3: % de chásanna Forfheidhmithe Pleanála a dúnadh de bharr iad a bheith réitithe** | |
| Líon iomlán na gcásanna pleanála a atreoraíodh nó a thionscain an t-údarás áitiúil a ndearnach scrúdú orthu | 114 |
| Líon iomlán na gcásanna a dúnadh le linn 2020 | 28 |
| % de chásanna ag B a caitheadh amach faoi alt 152(2), an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 nó gur dúnadh iad toisc go raibh siad faoi urchosc reachtúil nó díolúnaithe | 11 (39%) |
| % de chásanna ag B a réitíodh chun sástacht an ÚÁ trí idirbheartaíocht | 0% |
| % na gcásanna ag B a dúnadh mar gheall ar imeachtaí forfheidhmiúcháin | 17 (61%) |
| Líon iomlán na gcásanna pleanála a bhí á n-imscrúdú ag 31/12/2020 | 335 |
| | |
| **P4: Costas per Capita na Seirbhíse Pleanála** | |
| Sonraí Chlár D sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2020 (AFS) roinnte ar dhaonra limistéar an ÚÁ de réir Dhaonáireamh 2016 | Costas per capita 19.77 |

## Pobal, Fiontar agus Turasóireacht

Tá an Roinn Gnóthaí Pobail, Fiontar agus Turasóireachta freagrach as an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil, cur i bhfeidhm agus forbairt ghné an Chomhphobail den Phlean Áitiúil, Eacnamaíochta agus Pobail, LEADER, Athbheochan Bailte agus Sráidbhailte, Cláir Mhaoiniúcháin don Fhorbairt Tuaithe, Ionchuimsiú Sóisialta, Fóram Drugaí agus Alcóil an Chabháin, An Clár Contae Aoisbhá, An Clár Peace IV, Comhairle na nÓg (An Chomhairle Sóisearach), Deontais Phobail agus Dheonacha, Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin, An Cabhán Sláintiúil, an Oifig Turasóireachta. Tacaíonn agus maoiníonn an Roinn an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí, líonra neamhspleách de ghrúpaí pobail agus deonacha i gContae an Chabháin a bhfuil sé de shainchúram air feabhas a chur ar an rannpháirtíocht le saoránaigh. Tá dlúthbhaint aige le Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga an Chabháin agus leis an bPlean Áitiúil Nascadh don Bheatha chun Féinmharú a Chosc.

**An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC)**

Bunaíodh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil an Chabháin faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 chun cur chuige comhleanúnach agus comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm mar a bhaineann leis an bhforbairt áitiúil agus pobail.
Tá feidhmeanna an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil leagtha amach faoi Alt 128A den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014 mar seo a leanas:

- Na gnéithe pobail den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 6 bliana (LECP) a ullmhú agus glacadh leo.
- Na gnéithe pobail den LECP a chur i bhfeidhm nó socrú a dhéanamh maidir lena gcur i bhfeidhm.
- Comhordú a dhéanamh ar an mbainistiú agus an maoirseacht ar chur i bhfeidhm na gclár a cheadaigh an t-údarás áitiúil nó a ceadaíodh trí chomhaontú idir an LCDC agus comhlachtaí poiblí eile.
- Éifeachtacht, comhordú agus comhsheasmhacht a chinntiú agus dúbailt a sheachaint i dtaca le cláir forbartha áitiúla agus pobail a mhaoinítear go poiblí.
- Barrfheabhas a chur ar acmhainní ar mhaithe leis na pobail áitiúla agus úsáid níos

fearr a bhaint as acmhainní forbartha áitiúla agus pobail a mhaoinítear go poiblí.

In ainneoin na ndúshlán a bhí le sárú, ba bhliain rathúil í 2020 do LCDC an Chabháin ó thaobh an chaoi a ndeachthas in oiriúint do Covid-19 tríd an gclár SICAP, a raibh dhá bhabhta den Mhaoiniú Feabhsúcháin Pobail riartha agus a ndearnadh dul chun cinn breise ar chlár LEADER. Ullmhaíodh tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíocht LCDC in 2020 agus a cuireadh iad faoi bhráid na Roinne de réir Alt 128(b) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

Bhí 7 gcruinniú ag LCDC an Chabháin in 2020. Cé gur tháinig raibh roinnt athruithe ar bhallraíocht an LCDC le linn 2020 agus gur athraíodh go dtí cruinnithe cianda, bhí rannpháirtíocht den scoth fós ag cruinnithe an LCDC mar a bhain leis na baill reachtúla agus na baill neamhreachtúla araon.

Rinne baill an LCDC agus dreamanna seachtracha cur i láthair éagsúla do bhaill an LCDC chun cur lena n-eolas ar earnálacha oibre agus feabhas a chur ar na deiseanna líonraithe agus ar sheirbhísí. I measc na gcur i láthair bhí:

- Seirbhísí Andúile do Dhaoine Óga sa Chabhán/i Muineachán ó HSE/TUSLA/Tascfhórsa Drugaí Réigiúnacha an Oirthuaiscirt
- Freagairt phobail – Glao Pobail Covid19 an Chabháin – fhaisnéis a chuir an tUasal John Donohoe, An Príomhoifigeach i láthair.
- Planet Youth Project le Andy Ogle (Comhordaitheoir, Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil an Oirthuaiscirt) agus Maureen McIntyre (Oifigeach Óige, CMETB)
- Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga an Chabháin (CYPSC)le Mr Ste Corrigan, Comhordaitheoir an Chabháin ar CYPSC, TUSLA - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
- Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin le Nadine McCormilla, Comhordaitheoir Chomhpháirtíocht Spóirt an Chabháin

**An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)**

D'ullmhaigh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil an Chabháin (LCDC) plean sé bliana

áitiúil, eacnamaíoch agus pobail (LECP) in 2016 lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an míbhuntáiste, tacú le fiontar, le fostaíocht, oiliúint agus leis an mbonneagar pobail agus cur chun cinn an gheilleagair a fhorbairt.

Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean faoi dhó le linn 2020 agus léiríodh go raibh dul chun cinn maith déanta i gcás mórán gach gníomh sa phlean. I measc na mbuaicphointí ó 2020 tá:

- Ón 31 Nollaig 2020 amach bhí gealltanais tugtha i gcás 100% den mhaoiniú, €6.8 milliún san iomlán, a bhí ar fáil ó Leader le haghaidh tionscadail. Tá €3,461,210 san iomlán íoctha le tionscnóirí in íocaíochtaí iomlána nó céimnithe le haghaidh tionscadail atá críochnaithe.
- Bhí Cruinniú Cinn Bhliana 2020 Comhairle na nÓg ar siúl go fíorúil ar an 13 Samhain 2020 agus bhí gach iar-bhunscoil i gContae an Chabháin páirteach ann.
- Deontais faoin gClár Feabhsúcháin Pobail 2020 – Faoi bhabhta 1 den Scéim CEP, tugadh €57,000 san iomlán amach agus bronnadh deontais le haghaidh tionscadail chaipitil ar 38 grúpa pobail áitiúil. (€19,000 i ngach Ceantar Ceantair Bardasach). Faoi Bhabhta 2 bronnadh €120,000 i ndeontais ar 26 Grúpa Pobail Áitiúil.

- Bhuaigh tionscadal Díothú Dramhaíola Bhéal Tairbirt an gradam don Chlár Bainistíochta Dramhaíola ab Fhearr ag Gradaim Phobail & Comhairlí na hÉireann 2020.

- Choimisiúnaigh Ealaíona an Chabháin Sraith físeán, dar teideal "An Bronntanas", ó ealaíontóirí agus ó phobail sa Chabhán chun na healaíona áitiúla a chur chun cinn agus seachadadh é seo ar líne ón 13 go dtí an 20 Nollaig 2020. (Sroicheadh físe ar Facebook 11,000 agus 26,000 bainte amach faoi 8.1.2021 agus 2,392 amharc ar Facebook.)

- Bronnadh €837,000 ar Chomhairle Contae an Chabháin i mí Eanáir 2020 chun saoráid spóirt ilchuspóireach a fhorbairt. Fostaíodh comhairleoirí chun cabhrú leis na doiciméid tairisceana a ullmhú ionas go mbeidh ar ár gcumas foireann ildisciplíneach a fhostú chun an áis spóirt ilchuspóireach a dhearadh.

- Reáchtáladh cruinnithe den Chomhaontas Aoisbhách gach ráithe agus forbraíodh agus ceadaíodh Straitéis nua aoisbhá an Chabháin 2021 go dtí 2023 don Chontae.
- Bhí cruinniú den Fhóram Drugaí agus Alcóil ar siúl gach ráithe. Bunaíodh Foghrúpa nua Cumarsáide Drugaí & Alcóil Mhuineacháin –chun dul ag obair ar chomhordú a dhéanamh ar comhroinnt faisnéise faoi na seirbhísí atá ar fáil, ar oiliúint agus ar chur chun cinn na bhfeachtais áitiúla agus náisiúnta.

- Lean Aonad Bainistíochta Bruscair Chomhairle Contae an Chabháin ar aghaidh ag tacú leis an nGlantachán Náisiúnta Earraigh, a thosaigh ar an 8 Meitheamh agus a chríochnaigh ar an 8 Iúil. Chláraigh 71 grúpa sa Chabhán leis an Taisce agus bhí os cionn 1,700 duine páirteach i nglantacháin idir Márta agus Iúil.

- Rinne Bord Oideachais agus Oiliúna An Chabháin Mhuineachán coimisiúnú ar staidéar ar Chlár Foghlama Malartach, a chabhróidh le clár foghlama malartach a fhorbairt do dhaoine óga faoi bhun 16 bliana d'aois.

- Bhí go leor tionscnaimh comhshaoil áitiúla ar bun, lena n-áirítear cupáin in-athúsáidte agus buidéil in-athúsáidte, feachtas sna meán ag tarraingt aird ar bhailitheoirí dramhaíola gan ceadúnais, cur crainn, Scéim Chlár Oibre Áitiúil 21, An Dúshlán Cuir Stop le Dramhbhia, Tacaíochtaí & Imeachtaí na mBailte Slachtmhara, Bratacha Glasa i scoileanna, dramhaíl chontúirt a bhailiú ó thithe, Glantachán Náisiúnta an Earraigh, Laethanta Athchúrsála ar dhramhaíl thoirtiúil agus earraí leictreacha, tionscnamh gnó Refill Ireland a chur i bhfeidhm.

**SICAP**

Is idirghabháil an-tábhachtach é an Clár Gníomhachtaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta (SICAP) do ghrúpaí a bhfuil sé níos deacra teacht orthu. Tá an seachadadh á mhaoirsiú agus á bhainistiú ag LCDC an Chabháin. Tá sé mar aidhm ag SICAP aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht, ar an dífhostaíocht fhadtéarmach agus ar an eisiamh sóisialta trí rannpháirtíocht áitiúil agus comhpháirtíochtaí idir daoine aonair atá faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail agus gníomhaireachtaí san earnáil phoiblí. Is é Cuideachta Forbartha Áitiúil Chontae an Chabháin (LDC) a chuireann Clár SICAP i bhfeidhm.

Leagtar amach i bPlean Bliantúil SICAP gníomhartha atá dírithe ar chabhrú le grúpaí pobail áitiúla acmhainn a fhorbairt, agus rannpháirtíocht a spreagadh le go mbunófar pobail níos láidre agus rannpháirtíocht agus comhoibriú a chur chun cinn. Tacaíonn LDC freisin le daoine aonair trí thacaíochta forbartha pearsanta agus tacaíochtaí folláine a chur ar fáil, deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur ar fáil agus cúnamh a thabhairt don dream atá ag lorg oibre chomh maith le deiseanna féinfhostaíochta.

Le linn 2020, bhí an-tionchar ag ráig phaindéim Covid-19 ar sheachadadh phlean SICAP don bhliain  2020. Ina ainneoin sin, d'éirigh leis an gCuideachta Forbartha Áitiúil seirbhísí SICAP a chur in oiriúint mar fhreagra ar na dúshláin a bhain leis na srianta agus cuireadh seirbhísí ar fáil go rathúil le freastal ar an éileamh a bhí athraithe.

In ainneoin na ndúshlán a bhí le sárú, baineadh amach na spriocanna a bhí leagtha síos do SICAP le haghaidh 2020 agus sáraíodh iad.

| | Sprioc Bhliantúil 2020 | Sprioc Athbhreithnithe (Ag cur san áireamh tionchar Covid) | Sprioc Iarbhír bainte amach | Gnóthachtáil céatadánach |
|---|---|---|---|---|
| Líon na ngrúpaí pobail áitiúla ar tugadh cúnamh dóibh faoi SICAP (KPI 2) | 42 | 40 | 44 | 110% |
| Líon iomlán na ndaoine faoi mhíbhuntáiste (15 bliana d'aois agus os a chionn) a bhí ag plé le SICAP ar bhonn duine le duine (KPI 1) | 520 | 470 | 492 | 105% |
| % KPI2 a baineadh amach ó cheantair faoi Mhíbhuntáiste | 18% | | | 25% |

B'ionann an caiteachas iomlán faoi Chlár SICAP i gContae an Chabháin in 2020 agus €761,627.17.

Le linn 2020, bhí an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) thar a bheith éifeachtach ó thaobh na dtacaíochtaí práinnfhreagartha a dhíriú ar na daoine ba mhó a bhí imeallaithe agus eisiata go sóisialta inár bpobail. Chuir an Rialtas, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Pobal solúbthacht bhreise ar fáil laistigh de chlár SICAP ag tosach na géarchéim Covid-19, le go bhféadfadh LCDCanna agus Cuideachtaí Forbartha Áitiúla freagairt do na riachtanais áitiúla lasmuigh de raon feidhme a gcuid pleananna bliantúla SICAP a bhí réamhcheadaithe.

**An Cabhán Sláintiúil**

Is é príomhaidhm chiste Éire Shláintiúil tacú le tionscadail agus tionscnaimh nuálacha, trasearnála, atá bunaithe ar fhianaise agus a thacaíonn le príomhbheartais náisiúnta a chur i bhfeidhm i réimsí dála otracht, caitheamh tobac,

alcól, gníomhaíocht choirp agus sláinte ghnéis. €246,050 an leithdháileadh atá ar fáil do LCDC an Chabháin don tréimhse 2019 go 2021.

Ar aon dul leis na babhtaí roimhe seo, tá sé mar aidhm ag an leithdháileadh seo tacú le feidhmiú céimneach roinnt tionscnamh de chuid na ngníomhaireachtaí atá comhpháirteach leis an LCDC.  I dtaca le ciste Éire Shláintiúil, sainmhínítear iad seo mar 'Ghníomhartha' agus is iad seo a leanas a fuair tacaíocht faoin mbabhta seo;

- Gníomh 1 – Tionscnamh Gníomhaíochta Coirp
- Gníomh 2 - Bia Sláintiúil Gan Stró
- Gníomh 3 – Tionscnaimh ar Shláinte Iomlánaíoch
- Gníomh 4 - Comhdhálacha ar an tSláinte Dhigiteach
- Gníomh 5 – Rannpháirtíocht an Phobail
- 'An Ciste Meabhair-Shláinte Pobail'
- Scéim na ndeontas beag don Mheabhairshláinte Pobail

Ar chuid den dul chun cinn a rinneadh faoi Chiste Éire Shláintiúil an Chabháin in 2020 bhí:

- ‘An Ciste Meabhair-Shláinte Pobail', Tionscadal Acmhainneacht na nDaoine Óga – D’oibrigh An Cabhán Sláintiúil i gcomhphháirtíocht le Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga an Chabháin (CYPSC), An Ciste Meabhair-Shláinte Pobail chun an gníomh seo a chur i bhfeidhm. Earcaíodh oibrí acmhainneachta tríd an ISPCC agus lean an t-oibrí ar aghaidh ag obair go cianda ó tháinig Covid19. Tá an tacaíocht seo á cur ar fáil i gceantair bhaile an Chabháin, Dhún an Rí agus an Mhullaigh. Cuimsíonn sé obair tacaíochta teiripeach duine le duine a chur ar fáil do dhaoine óga agus dá dteaghlaigh le gur féidir leo acmhainneacht a fhorbairt.

- Faoi Ghníomh 4 - Comhdhálacha ar an tSláinte Dhigiteach: D’eagraigh Seirbhís Óige Bounce Back agus Youth Work Ireland An Chabháin Mhuineachán i gcomhar le Cábhán Sláintiúil, Comhdháil ar an tSláinte Dhigiteach i Márta 2020 in Óstán na Cille Móire. D'fhreastail os cionn 1200 duine óg ar an gcomhdháil agus bhí 35 bunscoil agus 6 mheánscoil ó gach

cearn den chontae i láthair ag foghlaim le bheith in ann an t-idirlíon a úsáid go sábháilte.

- Faoin mbabhta is déanaí seo de Mhaoiniú Éire Shláintiúil tá fáil ar scéim na ndeontas beag. Cuireadh an maoiniú seo ar fáil d'eagraíochtaí pobail, deonacha agus spóirt áitiúla le gníomhartha nó tionscadail a sheachadadh a bheadh ag teacht leis an téama Meabhair-Shláinte i mBabhta 3. Tháinig scéim seo na ndeontais beag i bhfeidhm sa Chabhán in 2020 agus bhí maoiniú iomlán de €30,000 ar fáil. Fuarthas 17 n-iarratas arbh fhiú os cionn €65,080 iad. Bronnadh deontais idir €2,000 agus €5,000 ar 13 Ghrúpa Pobail.

Chuir an Clár Cábhán Sláintiúil tionscnaimh ar bun chun tacú le pobail áitiúla mar fhreagairt ar Covid19. Ina measc siúd bhí:

- Feachtais sláinte agus folláine a tháinig ó Éire Shláintiúil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus ó Meabhair-Shláinte Éireann (MHI) a chur chun cinn, lena n-áirítear na feachtais #InThisTogether agus #HoldFirm.
- Cuirtear gníomhaíocht choirp agus tacaíochtaí meabhairshláinte chun cinn gach lá ar na meáin shóisialta, do dhaoine óga agus do dhaoine aosta.
- Tionscnamh an Bhosca Cúraim: Líontar boscaí cúraim le rudaí éagsúla a theastódh don tsláinte agus don fholláine ar nós: teirmiméadair, díghalrán, díghalráin, málaí thar oíche, srl. Bíonn bileoga eolais ar chúrsaí sláinte agus folláine san áireamh iontu freisin. I gcomhar le FSS, cuirfear ar fáil iad do dhaoine leochaileacha inár bpobal lena n-áirítear an dream atá ag féinaonrú agus ag cocúnú. Tá 80 bosca ar fáil agus tiocfar ar dhaoine aonair trí FSS.

Mar gheall ar gur bhásaigh daoine óga go tragóideach sa chontae le déanaí, bhunaigh bord Contae CLG an Chabháin coiste nua sláinte agus folláine. Déanann Comhordaitheoir Chabháin Shláintiúil ionadaíocht ar Chlár Sláinte an Chabháin ar an gcoiste seo.




Tionscnamh an Bhosca Cúraim



**Comhdháil ar an tSláinte Dhigiteach 2020**

**Clár LEADER**

Feidhmíonn an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil mar Gúpa Gníomhaíochta Áitiúil [LAG] do Chlár LEADER.

Bhuail LAG le chéile 9 n-uaire san iomlán le linn na bliana.

Ar an 15 Nollaig bhí an maoiniú ar fad a bhí faighte faoi Chlár Leader 14-20 roinnte ar thionscadail, rud a chiallaigh gur bronnadh €6,844,368 milliún san iomlán ar thionscadail sa Chabhán.

Suas go dtí an 8 Nollaig bhí €3,864,589 íoctha amach san iomlán le tionscnóirí as tionscadail a bhí curtha i gcrích acu nó mar íocaíochtaí céimnithe ar a dtionscadail.

**Clár Idirthréimhseach LEADER**

D'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys TD, sonraí faoin gClár Idirthréimhseach LEADER a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Aibreán 2021.

I gcomhréir le tiomantas a tugadh i gClár an Rialtais, déanfaidh Clár Idirthréimhseach LEADER bearna a líonadh idir deireadh a bheith tagtha leis an gClár LEADER reatha do 2014-2020 agus tús a bheith curtha leis an gcéad chlár eile de chuid an Aontais, rud a shíltear nach dtarlóidh go dtí 2023 mar gheall ar mhoill ag leibhéal an Aontais.

Féadfaidh Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla a bheith ag obair ar thionscadail fhéideartha a aithint agus a mheas ón 1 Eanáir 2021. Tá €70 milliún san iomlán á chur ar fáil don Chlár agus fuair an Cabhán leithdháileadh €2,517,948.

Beidh an Clár Idirthréimhseach dírithe go príomha ar acmhainneacht a fhorbairt laistigh de na phobail sin nach bhfuair maoiniú LEADER go dtí seo.

Tacóidh an clár freisin le poist a chruthú, le fiontraíocht a chothú agus a spreagadh, agus cabhróidh sé le tionscadail a thugann aghaidh ar an gclár oibre aeráide, ar an gclaochlú digiteach agus a spreagann pobail tuaithe chun cur leis an misneach agus na sócmhainní atá acu cheana féin.



**Thuas : Halla Pobail Chillín Chéir a fuair maoiniú ó Chlár Leader**




**Carrchlós Nua i Laragh a fuair maoiniú faoi Chlár Leadar 14-20**

**CLÁR**

Is Clár infheistíochta spriocdhírithe é CLÁR le haghaidh ceantair tuaithe agus é mar aidhm aige maoiniú a chur ar fáil do thionscadail bheaga bonneagair i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste.

Is iad seo a leanas na bearta atá á maoiniú faoi chlár CLÁR 2020:

Beart 1: Bearta Sábháilteachta Scoileanna/Pobail

Beart 2: Limistéir Áineasa Pobail (nua in 2020)

Beart 3: Tacaíochtaí Folláine Pobail, a chuimsíonn:

- Béilí ar Rothaí agus seirbhísí a bhaineann leo (nua in 2020)
- Iompar Soghluaisteachta agus Cúraim Ailse

In 2020, chuir Comhairle Contae an Chabháin 10 dtionscadal faoi bhráid na Roinne lena gceadú agus mar thoradh air seo fuair sé leithdháileadh €334,692 do 8 dTionscadal faoi Bhearta 1 agus 2.

**Cuimsiú Sóisialta**

Is é ról an chuimsithe shóisialta seirbhísí a fheabhsú do chustaiméirí atá imeallaithe agus oibriú ar bhonn idirghníomhaireachta chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht agus ar eisiamh sa chontae.

I measc na réimsí suntasacha gníomhaíochtaí a bhain le cuimsiú sóisialta le linn 2020 bhí:

- Tuilleadh forbartha ar an gClár Contae Aoisbhá
- Tacaíochtaí do Chomhairle Daoine Scothaosta an Chabháin
- Grúpa Idirghníomhaireachta lucht siúil an Chabháin
- Fóram Drugaí agus Alcóil an Chabháin
- Tacaíocht don Choiste Stiúrtha Áitiúil Nascadh Saoil chun Féinmharú a Chosc, faoi stiúir FSS
- Tacaíocht don Choiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga, faoi stiúir TUSLA

**Clár Aoisbhá**

Tá Clár Contae Aoisbhá an Chabháin á stiúradh ag comhghuaillíocht de phríomhghníomhaireachtaí na hearnála poiblí, ionadaithe na ndaoine scothaosta agus eagraíochtaí eile.

I measc na ngníomhaíochta aoisbháúla suntasacha in 2020 bhí:

- Forbraíodh agus ceadaíodh Straitéis Nua Aoisbhá 2021 go 2023 le linn 2020.
- Bhí seisiúin *buail isteach* Chomhairle Daoine Scothaosta an Chabháin ar siúl ar líne gach seachtain ó Bhealtaine go Samhain le haoichainteoirí éagsúla ar thopaicí ó Mheabhairshláinte, beathú, titim a chosc, nasc le seirbhisí áitiúla go dtí ginealas.

- Bhí ranganna simplí aclaíochta ar siúl ar líne ó Bhealtaine go Nollaig.
- Foilsíodh an chéad eagrán de Nuachtlitir Chomhairle Daoine Scothaosta an Chabháin.
- Ullmhaíodh agus seachadadh pacáistí eolais aoisbháúla Covid19 agus pacáistí ina raibh bronntanais Nollag i gcomhar leis na gníomhaireachtaí go léir a bhfuil ionadaíocht acu ar Chomhghuaillíocht Aoisbhá an Chabháin – thug CLG, na gardaí agus an LDC pacáistí chuig daoine aosta a bhí leochaileacha agus gearrtha amach i gContae an Chabháin.
- Thug an Clár Aoisbhá, i gcomhpháirtíocht le hOifig Ealaíon an Chabháin, 'The Festival in a Van' go dtí 6 theach altranais, agus siamsaíochta ceoil á chur ar fáil acu do na cónaitheoirí agus don fhoireann.
- Bronnadh €10,000 ar Chlár Cairdiúil na nAosach i gcomhpháirt le hOifig Ealaíon an Chabháin faoi Chiste Dúshlán Um Aosú Dearfach agus Folláine Chruthaitheach Éire Ildánach chun Clár Ealaíon a fhorbairt do chónaitheoirí i dTeach Altranais.

**Grúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil**

Déanann an Roinn Pobail, Fiontar agus Turasóireachta comhordú ar Ghrúpa Idirghníomhaireachta lucht siúil an Chabháin. Is grúpa reachtúil é seo a thugann freagra idirghníomhaireachta ar fhadhbanna eisiaimh shóisialta i measc an Lucht Siúil.

Tacaíonn Comhairle Contae an Chabháin le seirbhís forbartha pobail a chuireann Gluaiseacht Lucht Siúil an Chabháin [CTM] ar fáil. I measc na bpríomhréimsí oibre linn 2020 bhí:

- Cruinnithe míosúla ag Grúpa Idirghníomhaireachta lucht siúil an Chabháin.
- Rinne foghrúpaí obair ar chur i bhfeidhm mholtaí an Mheasúnaithe ar Riachtanais Óige an Lucht Siúil.

Athbhunaíodh an foghrúpa oideachais agus aontaíodh na téarmaí tagartha– Rinneadh athbhreithniú ar an mballraíocht agus tugadh baill bhreise isteach lena n-áirítear Oifigeach Idirchaidrimh Baile Scoile, Múinteoirí Idirchaidrimh Pobail

Baile, Oibrí Tionscadail Athstiúrtha Óige faoi Garda 365, Coiste Cúram Leanaí Chontae an Chabháin and Youthreach. Tá an grúpa dírithe ar:

- Go mbeadh Ógánaigh an Lucht Siúil ag dul isteach san earnáil oideachais go rathúil agus ag fanacht ann go rathúil, idir 2 agus 24 bliana d'aois.
- Abhcóideacht a dhéanamh le haghaidh freagraí cuí d'fhonn an Lucht Siúil a choinneáil sa chóras oideachais ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.
- Samhlacha dea-chleachtais a aithint i dtaca leis an Lucht Siúil a choinneáil sa chóras oideachais agus maoiniú a lorg chun cláir a chur i bhfeidhm go háitiúil.

- Úsáid Aitheantóirí eitneacha a chur chun cinn agus seirbhísí oideachais agus seirbhísí don óige á sholáthar.
- Bunaíodh foghrúpa fostaíochta – d'oibrigh an grúpa seo ar thaighde a dhéanamh chun deiseanna fostaíochta do thaistealaithe a aithint agus iad a fhorbairt.
- Bunaíodh foghrúpa sláinte– áirítear ar an mballraíocht cuimsiú Sóisialta an FSS, Extern, CTM – chun cabhrú leis an lucht siúil déileáil le Covid19– agus tá sé i gceist aige díriú ar thionscnaimh mheabhairshláinte don Lucht Siúil sa bhliain atá amach romhainn chomh maith le cuidiú leis an lucht siúil déileáil le tionchar COVID19.

**An Fóram Drugaí agus Alcóil**

Bunaíodh Drugaí agus Alcól an Chabháin in 2016 mar ghníomh faoi Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail an Chabháin mar gheall ar an imní a bhí nuair a cruthaíodh go raibh fadhb le mí-úsáid substaintí sa chontae. Ó shin i leith, tá an grúpa ilghníomhaireachta seo ag teacht le chéile go rialta agus iad tiomanta do dhul i ngleic le mí-úsáid na ndrugaí agus an alcóil ag an leibhéal áitiúil. Cuireann Fóram Drugaí agus Alcóil an Chabháin deiseanna líonraithe ar fáil do na seirbhísí ábhartha agus cuireann sé plean oibre i bhfeidhm. Tá ionadaíocht ag thart ar 25 eagraíocht idir seirbhísí FSS, gníomhaireachtaí san earnáil phoiblí, seirbhísí drugaí agus alcóil, agus seirbhísí tacaíochta don óige, don phobal agus don teaghlach.

Le linn 2020, tionóladh cruinnithe den Fhóram Drugaí agus Alcóil gach ráithe. Bunaíodh Foghrúpa nua cumarsáide drugaí agus alcóil an Chabháin agus

Mhuineacháin agus tá sé ag obair ar chomhordú a dhéanamh ar eolas a roinnt i dtaobh na seirbhísí atá ar fáil, ar oiliúint agus na feachtais áitiúla agus náisiúnta a chur chun cinn. Tháinig an Foghrúpa um Chosc agus Oideachas le chéile go rialta, agus é ag obair ar nasc a chruthú leis an Tionscnamh *Planet Youth*, atá beartaithe. D'éirigh leo maoiniú a fháil agus cuireadh tús le Clár Tacaíochta Piaraí maidir le Drugaí agus Alcóil i 10 meánscoil ar fud an chontae.

**Comhchoiste Póilíneachta Chontae an Chabháin (JPC)**

Is í feidhm an Chomhchoiste Póilíneachta oibriú mar fhóram le haghaidh comhairliúcháin, plé agus moltaí i dtaobh ábhair a mbíonn tionchar acu ar phóilíneacht i limistéar riaracháin an Údaráis Áitiúil. Tháinig Comhchoiste Póilíneachta Chontae an Chabháin le chéile trí huaire in 2020. Cuireadh Oiliúint Mharcála Maoine faoin Tionscnamh Marcála Maoine ar fáil i mí an Mhárta do 9 nGrúpa Foláirimh Pobail agus 5 bhall den Gharda Síochána.

**Comhairle na nÓg**

Bhí Cruinniú Cinn Bhliana Chomhairle na nÓg 2020 ar siúl ar líne Dé hAoine an 13 Samhain 2020.

D'éirigh thar barr leis an gCruinniú Cinn Bhliana ar líne agus rinneadh ionadaíocht ar gach ceann de na 11 iar-bhunscoil atá i gContae an Chabháin. Roghnaíodh 25 ball nua le bheith páirteach i gComhairle na nÓg 2021/22.

Bhí sárthaispeántas náisiúnta Chomhairle na nÓg ar siúl ar líne Dé Sathairn an Nollaig. Ghlac 10 mball de Chomhairle an Chabháin páirt san imeacht seo.

Is iad seo a leanas na hábhair atá le cur chun cinn ag Comhairle na nÓg do 2021:

- 52 cúis ar cheart cuairt a thabhairt ar an gCabhán (ar lean ó 2020)
- Meabhairshláinte dhearfach
- Tuiscint níos fearr ar LGBTQ+ a chur chun cinn
- Aghaidh a thabhairt ar an easpa áiseanna do dhaoine óga/ iad a aithint agus dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le mí-úsáid substaintí.

**AN CLÁR TACAÍOCHTA SPEISIALTA UM SHÍOCHÁIN AGUS ATHMHUINTEARAS (PEACE PLUS) 2021-2027**

Is clár nua maoinithe é PEACE PLUS atá deartha chun tacú leis an tsíocháin agus an rath a chur chun cinn ar fud Thuaisceart Éireann agus i gcontaetha teorann na hÉireann, ag tógáil ar obair na gClár PEACE agus INTERREG a bhí ann roimhe seo. Léiríonn an dearadh atá air an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht chun an tsíocháin a chothú, ach freisin an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí a chuirfidh go dearfach leis an ngeilleagar, a chothóidh rathúnas agus a chuidíonn linn dul i dtaithí ar an timpeallacht nua agus ar na dúshláin atá amach romhainn.

Forbróidh gach Comhpháirtíocht Síochána Pobail Áitiúil plean gníomhaíochta bunaithe ar thosaíochtaí dá cheantar féin agus nuair a chuirfear iad ar fad le chéile cruthóidh siad Plean Gníomhaíochta PEACE Plus foriomlán do gach ceann de na 17 gceantar údaráis áitiúil atá sa réigiún. Cuimseoidh na gníomhaíochtaí a bheidh sna pleananna áitiúla réimse na n-idirghabhálacha sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha atá san áireamh sa Chlár PEACE Plus.

Go príomha, áfach, beidh na pleananna dírithe ar thrí phríomhthéama:

- Athghiniúint agus claochlú pobail;
- Pobail rathúla, shíochánta; agus
- Cultúr, éagsúlacht agus cuimsiú a cheiliúradh.

Cuirfidh an cuspóir seo ar chumas na gcomhpháirtíochtaí de phobail áitiúla, agus tabharfaidh sé an cumhacht dóibh, a bheith muiníneach agus tionscadail tosaíochta a sheachadadh ar bhonn trasphobail. Mar thoradh air seo tiocfaidh feabhas ar na seirbhísí agus ar na háiseanna go háitiúil agus cuirfear go mór leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas ar fud an réigiúin.

**Mórtas Ceantair 2020**

Déanann an comórtas seo ceiliúradh ar phobail agus ghlac na céadta laochra gan aitheantas ó gach cearn d'Oileán na hÉireann páirt i nGradaim Fhíorúla Mhórtas Ceantair Árachais IPB 2020 Dé Sathairn an 21 Samhain 2020.  Bhí na gradaim, arna n-óstáil ag Marty Morrissey, ar siúl ar líne mar gheall ar phaindéim Covid agus bhí 6,000 duine logáilte isteach ó gach cearn d'Éirinn le go bhfeicfidís grúpaí pobail ag fáil na nduaiseanna.

Ainmníodh trí ghrúpa as Contae an Chabháin:

- Práinnfhreagairt Bia Fhorbairt Áitiúil Chontae an Chabháin- Tionscnamh Folláine
- Tionscadal Conair Aislinge Oileán Tairbirt, Béal Tairbirt– Tionscnamh Áit Ildánach
- Tionscnamh Reilig Dhroim Ghormáin  – Tionscnamh Turasóireachta Pobail

Bunaíodh Práinnfhreagairt Bia Fhorbairt Áitiúil Chontae an Chabháin i mBéal Tairbirt chun cabhrú le bia a dháileadh le linn éigeandáil Covid agus bronnadh mórdhuais air ag gradaim Mhórtas Ceantair na hÉireann.

**Scéim Deontas Pobail**

Tá sé mar aidhm ag na Scéimeanna Deontas Pobail eagraíochtaí agus grúpaí a spreagadh chun tionscadail a chur i bhfeidhm ina bpobal áitiúil a chabhróidh le feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála na saoránach áitiúil agus cur leis an mórtas pobail an chontae. Is é cuspóir na scéime ná beagán tacaíochta i bhfoirm deontais a thabhairt do thionscadail nach bhfuair maoiniú ó aon fhoinsí eile. Bronnadh maoiniú €214,400 ar 83 grúpa pobail in 2020.

**Scéim Soilse na Nollag**

Mar scéim aonuaire do Nollaig 2020, tá maoiniú á chur ar fáil do bhailte agus do shráidbhailte sa Chabhán chun íoc as cuid den chostas a bhaineann le Soilse Nollag a crochadh. Maoiníodh é seo ón scéim deontais d'fhéilte, nár úsáideadh toisc nár ritheadh na féilte mar gheall ar shrianta COVID.

Fuair 34 Baile agus Sráidbhaile faomhadh do Dheontais ó € 500 go € 2,250 agus las siad an Cabhán don Nollaig.

**Clár Feabhsúcháin Pobail**

In 2020 fógraíodh dhá chlár Feabhsúcháin Pobail agus bhí sé mar aidhm ag an maoiniú seo feabhas a chur ar phobail agus aghaidh a thabhairt ar an míbhuntáiste mar a aithníodh i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail an Chabháin.
Faoin gcéad chlár, bronnadh maoiniú €57,025 ar Chomhairle Contae an Chabháin. Fuair 38 grúpa Pobail san iomlán deontais. Bhí an t-airgead seo ann do thionscadail chaipitil bheaga agus tionscadail ar mheánmhéid.
Faoin dara clár a fógraíodh san fhómhar, bronnadh maoiniú €120,039 ar Chomhairle Contae an Chabháin chun uasghrádú a dhéanamh ar Ionaid Phobail agus ar Fhoirgnimh Phobail.
Bhain 26 grúpa pobail tairbhe as an gclár seo.

| **Táscairí Seirbhíse NOAC** | **2019** | **2020** |
|---|---|---|
| Céatadán na scoileanna áitiúla a bhí páirteach i scéim áitiúil na Comhairle Óige/Chomhairle na n-Óg | 100% | 100% |
| Líon na n-eagraíochtaí atá cláraithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí | 295 | 375 |

**Líonra Rannpháirtíochta Poiblí an Chabháin (PPN an Chabháin)**

Bunaíodh Líonra Rannpháirtíochta Poiblí an Chabháin i mí Iúil 2014 agus tá beagnach 200 grúpa cláraithe anois mar chuid dá líonra. Tá Coiste ann ar a bhfuil 24 ionadaí pobail ó Rúnaíocht PPN an Chabháin agus ionadaíocht á comhlíonadh acu ar 19 mbord agus coiste. Tagann na hionadaithe seo ó na trí earnáil faoi na téamaí Comhshaoil, Cuimsiú Sóisialta agus Pobal/Deonach agus ó thrí earnáil gheografacha -Ceantar Bardasach An Chabháin-Bhéal Tairbirt, Ceantar Bardasach Bhaile Shéamais Dhuibh agus Ceantar Bardasach Choill an Chollaigh -Mhuinchille. Cuidíonn PPN an Chabháin le nuacht agus eolas faoi imeachtaí pobail a scaipeadh trí Ríomh-Nuachtlitreacha a fhoilsiú agus trí nuashonruithe ar na meáin shóisialta.

Chomh maith leis sin eagraíonn an PPN seisiúin oiliúna agus ionadaíocht ghníomhach ar chomhlachtaí éagsúla freisin.
Cuireadh tús le hathbhreithniú iomlán agus cuimsitheach ar rialachas an PPN in 2020 agus críochnófar é in 2021. Cuirfear tús leis an obair maidir leis na moltaí a tháinig ón athbhreithniú a chur i bhfeidhm, chun rialachas an PPN a neartú.

**Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin (CSP)**

D'éirigh le Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin 135 chlár a sheachadadh in 2020, lena ardáin ar líne i gceist mar fhreagairt ar COVID 19, rud a chuir ar chumas an LSP níos deis níos fearr a thabhairt do gach duine sa chontae páirt a ghlacadh i Spórt agus i nGníomhaíocht Choirp.
Bhronn Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin €85,793 san iomlán ar chlubanna agus ar ghrúpaí pobail sa chontae, chun cabhrú le clubanna filleadh ar a ngníomhaíochtaí go sábháilte. Scaipeadh an maoiniú trí 3 scéim, Deontas Spórt Éireann um PPE Covid na gClub, Deontas CSP (PPE) um Fhilleadh ar Ghníomhaíocht na gClub agus Deontas CSP um Fhilleadh ar Ghníomhaíocht na gClub (Rannpháirtíocht).
D'oibrigh CSP i gcomhar le Spórt Éireann chun daoine a choinneáil gníomhach le linn na srianta trí fheachtais náisiúnta ar nós “In This Together”, “Keep Well” agus “Be Active”
Bhí Seachtain Náisiúnta na Rothar ar siúl i mí Mheán Fómhair agus cuireadh 10 n-imeacht ar siúl i 7 n-ionad éagsúla, rud a chinntigh go raibh siad scaipthe go maith fud fad an chontae. Fuair gach duine de na 166 rannpháirtí féiríní Sheachtain Náisiúnta na Rothar.
Mar fhreagra ar phaindéim COVID-19 forbraíodh clár bunscoileanna *'Explore Cavan Challenge'* a raibh sé mar aidhm aige cur leis an ngníomhaíocht choirp i measc leanaí bunscoile agus ghlac 6 scoil agus 3323 dalta san iomlán páirt sa tionscnaimh.
Lean ciste na gcuntas díomhaoin ar aghaidh ag tacú le hobair mhoil ghníomhaíochta Chill na Leice agus Bhéal Tairbirt agus chomh maith leis sin cuireadh ardaitheoir nua inrochtana ar fáil d'ionad fóillíochta Choill An Chollaigh chun daoine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu a spreagadh le níos mó snámha a dhéanamh.
D'fhorbair CSP i bpáirt le Meabhair-Shláinte Éireann agus Bodywhys an clár 'Walk to

Wellness', a bhí dhírithe ar an Idirbhliain agus ar dhaltaí na chéad bhliana sna meánscoileanna, chun cabhrú le déagóirí i réimse na gníomhaíochta coirp, na meabhairshláinte agus na híomhá coirp. Cuireadh an clár ar fáil go fíorúil do na scoileanna a bhí páirteach. Cuireadh an clár píolótach ar fáil le Naomh Mogue agus le Naomh Bricin agus chríochnaigh 140 mac léinn san iomlán an clár. Cuirfear an clár ar fáil ar fud an chontae ar fad in 2021.




An Clár *Walk to Welness* do na meánscoileanna



Yoga Lasmuigh do Dhaoine Scothaosta ag Mainistir Bhaile an Chabháin

**Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte**

Sheol an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail scéim athnuachana bailte agus sráidbhailte 2020 an 27 Bealtaine, le maoiniú a chur ar fáil do thionscadail a chuidíonn lenár mbailte agus ár sráidbhailte tuaithe a dhéanamh níos tarraingtí agus níos inbhuanaithe. Bhí 2 ghné ag baint le Scéim 2020 (1) an Scéim Athnuachana Traidisiúnta do Bhailte & Sráidbhailte (2) Beart nua deifrithe.

Bhí an beart deifrithe dírithe ar théarnamh eacnamaíoch agus sóisialta na mbailte agus na sráidbhailte mar fhreagairt ar COVID-19. Fuarthas leithdháileadh €462,193 faoin mbeart nua do 16 thionscadal ar fud an Chontae.



Cootehill.ie launched by Minister Heather Humphreys on 16/3/2021

Pubaill a ceannaíodh faoin mbeart deifiithe in úsáid ag Margadh na Nollag 2020 i mBaile Shéamais Dhuibh.

Sheol an tAire Heather Humphreys gréasáin nua don Mhuinchille https://www.cootehill.ie/

D'éirigh le seacht mbaile maoiniú €704,705 a fháil eatarthu faoin bpríomhscéim; bronnadh €199,800 ar Bhéal Tairbirt, bronnadh €100,000 an ceann ar Choill an Chollaigh, Baile Shéamais Dhuibh, Muinchille agus Achadh an Iúir, tugadh €54,727 do Ármhach agus fuair Searcóg €49,548. Críochnófar na hoibreacha faoi scéim athnuachana caighdeánach na mBailte agus na Sráidbhailte in 2022.

**Foirne Baile**

Faoi Ghníomh 8.1a den Phlean Pobail Eacnamaíochta Áitiúil, gheall Comhairle Contae an Chabháin, mar Phríomhpháirtí, 'Foirne Baile' a bhunú i roinnt bailte ar fud an Chontae. Tá Foirne Baile ag feidhmiú anois sa Chabhán, i Muinchille agus in Achadh an Iúir agus tá roinnt gníomhaíochtaí ar bun ag gach foireann acu. Tá riachtanais, mianta agus fís na bpobal áitiúil ag croílár na bPleananna Baile.

**Scéim Péinteála Bhaile an Chabháin**

Mar thoradh ar thionscnamh nua a seoladh i mí an Mhárta 2020, tá breis agus 40 aghaidh siopa úrphéinteáilte, daite i gcroílár an bhaile. Chuir an Scéim Phéinteála cúnamh deontais ar fáil, le tacaíocht ó Fleetwood Paints, d'áitribh i mBaile an Chabháin ar mhian leo aghaidheanna a bhfoirgnimh a phéinteáil. Is sampla iontach í an scéim seo de ghnó áitiúil, Foireann Baile agus Údarás Áitiúil a bheith ag teacht le chéile chun athruithe dearfacha a dhéanamh laistigh dár bpobal.




Foireann Bhaile an Chabháin i gcomhar le Comhairle Contae an Chabháin ag cur cuma breá dathannach ar Bhaile an Chabháin le linn Shamhradh 2020

**Pleananna Athbheochana na mBailte & na Sráidbhailte**

Choimisiúnaigh Comhairle Contae an Chabháin Gaffney & Cullivan Architects i gcomhar le Tyréns, speisialtóirí ar an athnuachan uirbeach, le Pleananna Athbheochana Bailte & Sráidbhailte a leagan amach d'fhiche baile agus sráidbhaile i gContae an Chabháin.  Ba é aidhm na bpleananna seo feabhsuithe a mholadh a d'fhéadfadh feabhas a chur ar an mbaile nó ar an sráidbhaile le go mbeadh sé ina áit a dtaitneodh le daoine a bheith ag maireachtáil nó ag obair ann. Is iad na bailte agus na sráidbhailte atá san áireamh ná An Cabhán, Achadh an Iúir, Coill an Chollaigh, Baile Shéamais Dhuibh, Muinchille, Dún an Rí, Béal Tairbirt, An Mullach, Béal Átha Conaill, Béal Átha na nEach, Béal Átha hÉis, Searcóg, Cill na Seanrátha, Ármhach, Cill na Leice, An Muileann Iarainn, Butlersbridge, An Blaic, Gowna agus An Damhshraith.  Feidhmeoidh na pleananna mar chatalaíoch le feabhas a chur ar bhailte Chontae an Chabháin agus cuirfidh sé teimpléad ar fáil don athbheochan agus don fhorbairt ar gach baile.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis na feabhsuithe atá molta sna pleananna seo a chur i bhfeidhm le linn 2020.

Bunaíodh grúpa oibre tras-rannach inmheánach in 2020 chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bPleananna Athbheochana Bailte & Sráidbhailte agus comhordú a dhéanamh ar na hiarrachtaí atá ar bun ar fud an údaráis áitiúil le bailte agus sráidbhailte fud fad an chontae a athbheochan, go príomha trí uasmhéadú a dhéanamh ar an maoiniú faoin RRDF, Baile agus Sráidbhaile agus scéimeanna eile le haghaidh tionscadail a fhéachann le beocht a chruthú i lár na mbailte le go mbeidh siad gnóthach arís.

**Straitéis Bia**

Tá sé mar aidhm ag Straitéis Bia an Chabháin 2017 - 2022 cur chuige níos comhordaithe agus níos comhoibríche a chur chun cinn ó thaobh 'Táirge Bia an Chabháin' a fhorbairt. De bharr go bhfuil na ngníomhaíochtaí atá leagtha amach sa straitéis á gcur i bhfeidhm táimid ag neartú ár dtionscnaimh bhia reatha, ag spreagadh gníomhaíochta nua agus ag tacú leis an dream ar fad a bhfuil baint acu le hearnáil an bhia sa Chabhán.

Tháinig an Grúpa Oibre Seachtrach, ar a raibh ionadaithe ón tionscal agus lena n-áirítear cócairí, táirgeoirí agus an earnáil oideachais, mar aon le baill foirne de chuid Chomhairle Contae an Chabháin le chéile le linn 2020 chun na gníomhaíochtaí a bhí aitheanta mar thosaíochtaí de chuid Straitéis Bia an Chabháin a chur chun cinn – agus d’fhág paindéim Covid-19 gur ar líne a bhí na cruinnithe ar bun.
I mí Feabhra 2020 sheol an Cócaire Neven Maguire branda láidir nua féiniúlachta le gluaiseacht bia an Chabháin a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá foireann uirlisí branda curtha ar fáil atá ag treorú úsáid an bhranda ar fud na n-ardán cumarsáide margaíochta ar fad. Foilsíodh an chéad eagrán d'eolaire táirgeoirí bia agus dí an Chabháin agus taispeánann sé seo go bhfuil an- éagsúlacht ag baint leis na tháirgí bia den scoth a bhfuil fáil orthu i gContae an Chabháin.

Bhronn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara páirtmhaoiniú faoin gCiste um Nuálaíocht agus Forbairt Tuaithe (RIDF) ar thionscnaimh in 2020 a fuair tacaíocht ó Chomhairle Contae an Chabháin lena n-áirítear:

- Margaíocht Dhigiteach le go mbeadh sroicheadh níos fearr ar na meáin shóisialta ag na hardáin don bhranda nua. Ba iad na príomhtheachtaireachtaí a bhí taobh thiar den fheachtais an tionscal bia áitiúil a chur chun cinn agus tomhaltóirí a spreagadh le go dtabharfaidís níos mó tacaíochta do ghnólachtaí áitiúla, go háirithe ós rud é go raibh tionchar chomh dona ag paindéim Covid-19 ar an earnáil.
- Físeán agus ábhar le haghaidh 'Cruthaithe sa Chabhán',
- Nithe a bhaineann le bia a d'fhéadfadh a bheith ina ndíol spéise do thurasóirí i gContae an Chabháin a aithint agus a fhorbairt.
- D'fhorbair Comhairle Contae an Chabháin an láithreán gréasáin www.createdincavan.ie i gcomhpháirtíocht le Líonra Bia an Chabháin. Cruthaíonn an láithreán gréasáin seo pointe faisnéise cuimsitheach ar líne do gach rud a bhaineann le bia agus deoch sa Chabhán agus cuireann sé le próifíl tomhaltóra na dtáirgeoirí bia agus dí sa Chabháin.

Reáchtáladh imeacht ar líne de chuid Líonra Bia an Chabháin dar teideal "Earnáil Bhia an Chabháin - Seimineár Aisghabhála Díolacháin 2021" Dé Céadaoin an 18 Samhain agus d'fhreastail 25 geallsealbhóir bia air.




Tugann an Cócaire Cáiliúil Neven Maguire, ó Theach agus Bialann macNean, aitheasc d'aíonna ag seoladh an bhranda nua bia agus dí do Chontae an Chabháin 'Created in Cavan/ Cruthaithe sa Chabhán'.
Grianghraf le Lorraine Teevan

# Turasóireacht

## Straitéis Turasóireachta

Tá Turasóireacht an Chabháin ag leanúint ar aghaidh ag cur Straitéis Turasóireachta an Chabháin 2017 – 2021 i bhfeidhm, straitéis a bhfuil sé mar aidhm aici cur le líon na rudaí is féidir a dhéanamh sa chontae agus líon na n-oícheanta agus an méid a chaitheann cuairteoirí sa chontae a mhéadú. Tacaíonn an turasóireacht sa Chabhán le 3200 post agus gineann sí €95M don gheilleagar áitiúil.

## Maoiniú / Forbairt ar Tháirgí

Críochnaíodh an obair in 2020 ar an gcosán siúil agus rothaíochta 12km '*Bealach Choillidh Chaoin'* a nascann Cill na Seanrátha le Páirc Foraoise Choillidh Chaoin. Críochnaíodh an obair chomh maith ar chosán siúil nua 7km a nascann baile Dhún an Rí le Páirc Foraoise Dhún an Rí. Ina theannta sin, críochnaíodh Glasbhealach Uirbeach nua 1.25m Bhaile an Chabháin, ag nascadh tailte an ospidéil i mbaile an Chabháin le Carrickcane.



*Conair rothaíochta nua 'Bealach Choillidh Chaoin'*

**Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh 2020 (ORIS)**

In 2020 bhí dea scéal ann nuair a fógraíodh cistiúcháin le haghaidh Measúnú ar Roghanna Cosáin do Bhéal Átha Conaill agus An Chorrchoill (Loic 1); Conláiste Loch Bharr na gCnó, Muinchille; uasghráduithe ar chosáin pháirceála agus rothaíochta ag Páirc Foraoise Choillidh Chaoin agus Cothabháil ar Gheopháirc UNESCO ar fud an iliomad suíomhanna. Fuarthas an maoiniú dóibh seo faoi Bheart 1 den Scéim um Bonneagar Áineasa Lasmuigh 2020 (ORIS) agus bronnadh thart ar €20,000 ar gach tionscadal. D'éirigh le Comhairle Contae an Chabháin maoiniú €139,596 a fháil le haghaidh obair uasghráduithe ar Shlí an Chabháin agus €200,000 do Ghlasbhealach Dromore. Maoiníodh an dá thionscadal seo faoi Bheart 2 de ORIS 2020. D'éirigh le hiarratas ar thionscadal amháin faoi Bheart 3, chun an droichead coisithe i gCoillidh Chaoin a uasghrádú, maoiniú €323,130 a fháil ón scéim chéanna.

**Bailte Cinn Scríbe**

Leanadh leis an obair i rith 2020 mar a bhain le tionscadal na mBailte Cinn Scríbe a sheachadadh i mbaile An Chabháin. Fuair Comhairle Contae an Chabháin deontas €404,389 ó Fháilte Éireann. Nuair a chuirtear an maoiniú meaitseála €139,129 san áireamh ciallaíonn sé seo gur infheistíodh €540,518 san iomlán i mbaile An Chabháin in 2020 agus i dtús 2021.

**Ardáin Fáis Fháilte Éireann**

Tá pleananna leagtha síos chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Pháirc Bhoirne an Chabháin agus ar Log na Sionna agus cuireadh iarratas ilmhilliún euro faoi bhráid Fháilte Éireann faoin scéim deontas caipitil 'Ardáin Fáis'. Chuaigh an tionscadal ar aghaidh go dtí an tríú céim meastóireachta in 2020 agus táthar ag fanacht le cinneadh ina leith.

Lean Turasóireacht an Chabháin ag obair go dlúth le Coillte in 2020 maidir le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar pháirceanna foraoise agus láithreáin de chuid Coillte sa chontae a bhfuil tábhacht straitéiseach leo dála Dún an Rí, Coillidh Chaoin, Páirc na bhFianna, Boireann an Chabháin, Caisleán Saunderson agus Loch an Chaisleáin i gCoill an Chollaigh.

**Comhoibriú le LEADER**

Choimisiúnaigh Comhairle Contae an Chabhán, i gcomhpháirt le Comhairlí Contae Lú agus Mhuineacháin tuarascáil ina moltar go ndéanfaí idirghabhálacha ag roinnt suíomhanna oidhreachta in Oirthear an Chabháin. De bhun mholtaí na tuarascála, cuireadh iarratas faoi bhráid LEADER le maoiniú a fháil le haghaidh Máistirphlean do Pháirc Foraoise Dhún an Rí agus do staidéir chaomhnaithe i bhForaois na bhFianna, Achadh an Iúir.

**Treoirleabhair**

Lean Turasóireacht an Chabháin ar aghaidh ag táirgeadh agus ag dáileadh raon léarscáileanna agus treoirleabhair. Ina measc seo tá Treoirleabhar nua Siúil; Treoir Slatiascaireachta; léarscáil do chuairteoirí; Treoir maidir le Contae an Chabháin agus treoirleabhar nua *'Trí Lá sa Chabhán'.* Ina theannta sin, táirgeadh earraí bolscaireachta ar nós málaí gualainne, seaicéid, suaitheantais, mugaí, eochracha, pinn agus pinn luaidhe.




*Cuid de na h-earraí bolscaireachta a tháirg This is Cavan*!

Rinneadh an greamán 'clean and safe' le haghaidh gach gnólacht sa Chabhán atá ag cloí le treoirlínte FSS agus an rialtais a tháirgeadh, a dháileadh agus a chur ar taispeáint.




***Aistreog a táirgeadh do ghnólachtaí turasóireachta an Chabháin in 2020***

**Fógraíocht**

Chaith Sarah Finucane, scríbhneoir taistil leis an iris líonraithe de chuid de hÉireann /na Ríochta Aontaithe '*The Craic is Back'* dhá lá ag fámaireacht thart sa chontae agus d'fhoilsigh sí alt ar Chontae an Chabháin agus ar Ghlao an Chabháin in eagrán mhí an Mhárta. Tá leathanach dúbailte ar Chontae an Chabháin le feiceáil in eagrán Eanáir/Feabhra den iris *'Ireland of the Welcomes'*. Reáchtáladh feachtas raidió áitiúil le Shannonside / Northernsound chun daoine a spreagadh le tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí turasóireachta áitiúla. Fuair an Cabhán poiblíocht náisiúnta i mí Lúnasa le tuairiscí teilifíse ó Ireland AM, gnéalt ar Extra.ie, leathanach dúbailte i rannóg taistil an Irish Times agus clúdach ar na meán sóisialta ó 2FM DJ Jenny Greene a thug cuairt ar an gCabhán i mí Lúnasa. Fuair an contae poiblíocht náisiúnta bhreise i mí Mheán Fómhair agus eolas i dtaobh Músaem an Chabháin, Caisleán Saunderson, Loch Uachtar, Ionad Eachtraíochta an Chabháin agus Turais Eachtraíochta Tuaithe le fáil in iris a chuir Fáilte Éireann isteach sna páipéir náisiúnta. Bhí leathanach dúbáilte ag *This is Cavan!* sa bhforlíonadh turasóireachta a bhí ag an ngrúpa Celtic Media, lena n-áirítear trí pháipéar réigiúnach i mí Mheán Fómhair – The Anglo Celt, Meath Chronicle agus The Connaught Telegraph.

**Glao an Chabháin**

Bhí baint ag Turasóireacht an Chabháin le scaipeadh eolais i dtaobh i dtaobh agus le cur chun cinn Ghlao an Chabháin - féile nua a bheidh ar siúl i mí Mheán Fómhair 2020 ar mhaithe le diaspóra an Chabháin a mhealladh abhaile. D'éirigh go maith leis an gcomórtas a reáchtáladh ar líne chun an ócáid a chur chun cinn, ach cuireadh an fhéile ar athló mar gheall ar Covid-19.

### Seónna Trádála

D'fhreastail Líonra Turasóireachta an Chabháin ar an **Holidayworld Show** san RDS i mí Eanáir 2020. Bhí deich ngnó ón gCabhán i láthair, lena n-áirítear Óstán Slieve Russell, Farnham Estate, Óstán Crover House, Óstán Cavan Crystal, Óstán Breffni Arms, Ionad Eachtraíochta an Chabháin, Outdoors & Dirty,  Músaem Chontae an Chabháin, An Gheopháirc agus This is Cavan! Baineadh úsáid as seastán modúlach nua-dheartha.




*Baill de lucht trádála na turasóireachta ón gCabhán le Sarah McCarthy, Failte Ireland ag seastán turasóireachta This is Cavan! ag an seó taistil Holidayworld sa RDS 2020*

### Na Meáin Dhigiteacha

Ceapadh cuideachta a oibríonn sna Meáin Dhigiteacha le feachtais sna meáin shóisialta a chur ar fáil a chuideodh leis an tionscal athoscailt agus teacht chuige féin ó COVID 19. Shroich feachtas bolscaireachta an tSamhraidh 967,000 duine ar mheáin shóisialta ar íocadh astu. Cuireadh dhá fhíseán fógraíochta nua ar fáil freisin le húsáid ar líne freisin agus breathnaíodh orthu seo 85,000 uair. B'ionann iomlán na hinfheistíochta seo agus €20,000. D'eagraigh This is Cavan! comórtas grianghraf i mí na Nollag, tháinig breis agus 450 iontráil isteach agus scaipeadh iad ar This is Cavan!.

**An Grúpa Stiúrtha Turasóireachta**

Bunaíodh grúpa stiúrtha ar a raibh ionadaithe ó thionscal na turasóireachta sa Chabhán i dtús na bliana 2020. Tháinig an grúpa seo le chéile go minic i rith 2020 agus cruthaíodh fóram luachmhar trínar fhéad an t-údarás áitiúil agus an tionscal líonrú agus a bheith i dteagmháil le chéile le linn na paindéime.

**Fáilte Ireland**

Tionóladh an chéad chruinniú líonra den cheathrú thuaidh de Ireland's Hidden Heartlands in 2020. Ghlac breis agus 30 gnó turasóireachta as Iarthar an Chabháin, Liatroma agus Ros Comáin páirt ann.

**Máistirphlean na Sionainne**

Ghlac Comhairle Contae an Chabháin páirt sa phróiseas chun Máistirphlean na Sionainne, a bhí faoi stiúir Fáilte Éireann agus Uiscebhealaí Éireann, a leagan amach. Tugadh an plean chun críche in 2020.

**Turasóireacht Bhia**

Tá an tOifigeach Turasóireachta ina bhall Ghrúpa Oibre um Straitéis Bhia agus tacaíonn sé leis an obair a bhíonn ar bun ag comhordaitheoir na straitéise bia mar a bhaineann le tionscnaimh bhia agus dí a fhorbairt do na táirgeoirí áitiúla sa Chabhán agus lean sé ar aghaidh ag obair le Fáilte Éireann chun eispéiris bhia a fhorbairt sa Chabhán.

**COVID-19 "An Glao Pobail" iarracht mhór dheonach ar fud na tíre**

D'fhógair an Rialtas an Glao Pobail, mórthionscnamh a nascann an rialtas áitiúil agus náisiúnta leis na hearnálacha pobail agus deonacha, ag deireadh mhí an Mhárta 2020. Is slógadh nach bhfacthas a leithéid riamh cheana é an Glao Pobail agus acmhainní stáit agus deonacha araon á gcur chun oibre chun dul i ngleic le tionchar COVID-19.

Ba é cuspóir an Ghlao Pobail na gníomhaíocht phobail a chomhordú, cúnamh a thabhairt díreach chuig an áit ar theastaigh sé sa phobal, agus fuinneamh na n-oibrithe deonacha sa tír a eagrú.

Díríodh i dtús báire ar dhaoine scothaosta agus ar na daoine ba leochailí, agus ar mhearfhreagairt a chur chun cinn i ngach contae lena chinntiú gur tugadh aire do gach duine. De réir mar a lean an phaindéim ar aghaidh i rith 2020, leathnaíodh an fócas le díriú ar fholláine ár sochaí agus an chaoi a bhféadfadh pobail oibriú le chéile chun cabhrú leis an tír teacht trí ghéarchéim COVID-19.

## Geopháirc Dhomhanda UNESCO

### Plean Forbartha na Geopháirce

In 2020 faomhadh Plean Forbartha na Geopháirce 2020 – 2030, an plean straitéiseach agus oibriúcháin don Gheopháirc ina leagtar amach ár Misean, Luachanna agus Fís bunaithe ar chreat straitéiseach na 6 cholún (Rialachas, Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara, Oideachas, Turasóireacht, Pobal, Caomhnú & Áineas). Tá an Plean Gníomhaíochta gaolmhar á chur i bhfeidhm i gcónaí i gcomhréir le srianta Covid.

### Athstruchtúrú ar Rialachas

Ó 2019 i leith, tá Athbhreithniú críochnúil córasach déanta ar Rialachas agus ar Bhainistíocht na Geopháirce agus tháinig an dá Chomhairle rialaithe le chéile chun foireann thiomnaithe trasteorann, ar a bhfuil 8 faoi láthair, a bhunú don Geopháirc agus le lároifig don Geopháirc a bhunú sa Bhlaic, Contae an Chabháin faoi bhainistíocht Bhainisteoir na Geopháirce.
Mar chuid den athstruchtúrú sin in 2020 ceapadh Oifigeach Forbartha Turasóireachta agus Gnó nua don Geopháirc.
Mar chuid den infheistíocht i mol pobail Ionad Acmhainní MacNean sa Bhlaic, críochnaíodh iarfheistiú iomlán ar an bhfoirgneamh agus mar chuid de tá oifigí nua agus ionad athstruchtúraithe d’foireann na Geopháirce don am atá amach romhainn. Cuimsíonn an suíomh spás oideachais, mol cothabhála láithreáin agus seomraí cruinnithe.




Pictured at the handover of MacNean Resource Centre to the Marble Arch Caves UNESCO Global Geopark, are (from right), Councillor John Paul, Feeley, Cathaoirleach, Cavan Belturbet Municipal District; Gráinne O'Connor, Manager, Marble Arch Caves UNESCO Global Geopark; Andrew Elliott, Board of Education, Church of Ireland, Kilmore Diocese, and MacNean Resource Centre; Eileen Forde, Killinagh Community Council, and Michael McLoughlin, Killinagh Community Council. PHOTO: LORRAINE TEEVAN

**Athbhrandáil ar an nGeopháirc /Suíomh Gréasáin Nua**

Le linn 2020 ceapadh comhairleoirí chun tabhairt faoi athbhrandáil a dhéanamh ar Gheopháirc Dhomhanda UNESCO An Áirse Mharmhair, chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar an teorainn atá ann cheana agus ar a oiriúnaí atá sí. Comhthreomhar leis seo cuireadh tús leis an bhforbairt ar shuíomh gréasáin nua a thabharfaidh léargas ar an athbhrandáil atá déanta ar an Geopháirc. Chuathas i gcomhairle le raon leathan páirtithe leasmhara, leis an bpobal i gcoitinne agus le Coiste na Geopháirce mar chuid den athbhreithniú seo a rinneadh i mí na Samhna 2020.

**Cothabháil Láithreán**

Tá foireann na Geopháirce, le cúnamh ó Cheantar Bardasach an Chabháin/Bhéal Tairbirt, ag leanúint de bheith ag cothabháil os cionn 25 láithreán ar fud na Geopháirce lena n-áirítear cothabháil ar riain, áiseanna léirmhínitheacha agus comharthaí slí chomh maith le hoibreacha forbartha. Chomh maith le 27 láithreán eile i gContae Fhear Manach, atá á gcothabháil ag foireann Mhaor Páirce na Geopháirce, tá muid i rith an ama ag soláthar áiseanna atá ar ardchaighdeán ó thaobh áineasa agus léirmhínitheach do chuairteoirí agus do mhuintir na háite araon.

**RDP Tionscadal Comhoibrithe RDP – Eispéireas Sléibhe Bhinn Chuilceach**

D'éirigh leis an Geopháirc Maoiniú Forbartha Tuaithe a fháil faoin Tionscadal Comhoibrithe le haghaidh 'Eispéireas Sléibhe Bhinn Chuilceach. Is tionscadal

comhoibritheach €400,000 é seo idir Comhairle Contae an Chabháin agus Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí agus is é an Gheophairc an mheicníocht seachadta chuige seo. Beidh an tionscadal i bhfeidhm go dtí Meán Fómhair 2021 agus cuirfidh sé feabhas ar na háiseanna áineasa agus na bonneagair ag na suíomhanna Geopháirce seo a leanas Bellavalley ( pointe rochtana ar Thalamh Ard Chuilceach), Eas Thulaigh Dhiarmada, Ionad Amhairc Ailt an Chuilinn chomh maith le forbairt a dhéanamh ar chonair ísealchríocha Chuilceach in aice leis An Muileann Iarainn. I bhFear Manach, tá an maoiniú dírithe ar ionad nua páirceála agus ionad léirmhínithe thógáil ag Tearmann Dúlra Killykeegan. Maoiníodh clár Inbhuanaitheachta Gnó na Geopháirce, athbhrandáil na Geopháirce agus an láithreán gréasáin faoin tionscadal seo freisin.

**Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh 2020 (ORIS)**

D'éirigh leis an Geopháirc arís Ciste Bonneagair Áineasa Lasmuigh a fháil faoi Bheart 1 agus 2 araon. Faoi Bheart 1 fuair an Gheopháirc €20,000 le haghaidh obair chothabhála agus le feabhas a chur ar an léirmhíniú ag roinnt láithreán, lena n-áirítear Canáil Bhéal Átha Conaill agus Loch Gharbhachaidh.

D'éirigh leis an Geopháirc freisin maoiniú €139,596 a fháil le haghaidh uasghrádú a dhéanamh ar Shlí an Chabháin, ionad áineasa dílis atá lárnach do na príomhláithreáin straitéiseacha ar nós Páirc Bhoirne an Chabháin agus Log na Sionna.





*Tuiscint ealaíontóra ar Dhíon Ionad Fionnachtana Log na Sionna agus ar Ardán Féachana Pháirc Bhoirinn an Chabháin atá beartaithe*

**Ardáin Fáis Fháilte Éireann**

Rinne foireann na Geopháirce maoirseacht ar iarratas ilmhilliún a cuireadh faoi bhráid Fháilte Éireann faoin scéim deontas caipitil *'Ardáin fáis'* chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Pháirc Bhoirne an Chabháin agus ar Log na Sionna. Tá dhá ghné ag baint leis an eispéireas seo do chuairteoirí atá beartaithe agus a bhaineann le láthair úrnua suaitheanta a lonnú ag Log na Sionna, foinse Abhainn na Sionainne, chun cuairteoirí a mhealladh agus feabhas a chur ar Pháirc Bhoirne an Chabháin atá ann cheana, lena n-áirítear ardán féachana ardaithe a chur ann. Beidh infheistíocht gar do €6.6m i gceist leis an áis nua ilghnéitheach seo chun cuairteoirí a mhealladh agus lorgófar €4.9m ó Fháilte Éireann faoin gClár Ardáin Fáis agus déanfaidh Comhairle Contae an Chabháin infheistíocht de €1.7m ann chomh maith le tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil.
Tá an tionscadal atá beartaithe anois ag an gcéim dheiridh den mheastóireacht agus táthar ag súil le cinneadh i dtús mhí an Mheithimh 2021.

**Sonraí áirithe Daoine**


Tá  an Gheopháirc ag leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar chuairteoirí chuig láithreáin ar fud na Geopháirce agus úsáid á bhaint as áiritheoirí feithiclí agus coisithe araon ag láithreáin ar nós Páirc Foraoise Choillidh Chaoin, Binn Chuilceach, Páirc Bhoirne an Chabháin, Caisleán Saunderson agus Log na Sionna. Tá fás suntasach tagtha ar na figiúirí le roinnt blianta anuas agus in 2020, in ainneoin srianta Covid, taifeadadh os cionn 371,017 cuairteoir ag suíomhanna Geopháirce ar fud an Chabháin agus Fhear Manach. Tá an Gheopháirc ag obair faoi láthair ar mhonatóireacht a dhéanamh ar shuíomhanna breise dála Canáil Bhéal Átha Chonaill, Eas Thulaigh Dhiarmada agus Oileán Tairbirt chun go mbeidh anailís níos cuimsithí ar fáil maidir le líon na gcuairteoirí agus ar na bonneagair atá riachtanach.

**Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara**

Tá an Gheopháirc ag leanúint de bheith ag obair le páirtithe leasmhara ábhartha ar nós Coillte, Uiscebhealaí Éireann agus Fáilte Éireann chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thionscadail ar fud na Geopháirce.

**Athbhailíochtú UNESCO**

Mar chuid de chreidiúnú na Geopháirce, tarlaíonn próiseas athbhailíochtú gach 4 bliana chun a chinntiú go bhfuil caighdeán na struchtúr á gcothabháil de réir threoirlínte UNESCO. Bhí sé beartaithe measúnú athbhailíochtaithe a dhéanamh ar an Geopháirc i mí Iúil 2020 ach cuireadh é sin ar athló mar gheall ar Covid-19.



Searmanas Bronnta Céime Ar Líne – Clár Oiliúna um Inbhuanaitheacht Ghnó

**Clár Rannpháirtíochta Gnó**

Le linn 2020, chuir an Gheopháirc a Clár Píolótach Rannpháirtíochta Gnó i bhfeidhm mar a bhí maoinithe faoin Tionscadal Um Chomhar um Fhorbairt Tuaithe. San iomlán chríochnaigh 8 ngnó ón gCabhán agus ó Fhear Manach an Clár.  Bhí 5 phríomhshnáithe oiliúna sa chlár:

1. Bainistiú Inbhuanaithe ar Oiliúint Acmhainní (Dramhaíl, Uisce, Fuinneamh)
2. Oiliúint ar Chód Cleachtais Geopháirce
3. Oiliúint Shaincheaptha Duine le Duine
4. Turas Allamuigh chun sampla dea-chleachtais a fháil.
5. Acmhainní inbhuanaitheachta ar líne

I measc na dtorthaí foriomlána a d'eascair as an oiliúint tá;

- Ráiteas Inbhuanaitheachta do gach gnó.
- Córas bainistíochta dramhaíola, uisce agus fuinnimh.

- Cás-Staidéar Gnó Geopháirce do gach gnó.
- Sraith ar thaisteal sa Geopháirc le húsáid ar shuíomh gréasáin nua na Geopháirce agus ina bhfógraí ag gnólachtaí.
- Ábhar le haghaidh preaseisiúintí agus deiseanna meán do gach gnó as féin.
- Leabharlann ina bhfuil íomhánna a d'fhéadfaí a úsáid mar dheiseanna PR nó margaíochta amach anseo.

**Ambasadóirí na Geopháirce**

Chríochnaigh 12 Ambasadóir Geopháirce nua a n-oiliúint chreidiúnaithe in 2020 faoi thionscadal maoinithe Chomhpháirtíocht Tírdhreacha Loch Éirne. Tá na hAmbasadóirí Geopháirce an-ghníomhach i rith an ama agus d'éascaigh siad forbairt agus seachadadh ar chlár uathúil fisiciúil (nuair a cheadaigh na treoirlínte ) agus clár rannpháirtíochta fíorúil le linn phaindéim Covid 19. Táimid ag leanúint orainn ag neartú na nasc lenár bpobail Gheopháirce trí thionscnaimh éagsúla.

**Cur Chun Cinn agus Fógraíocht**

D'fhreastail foireann na Geopháirce ar an Seó Domhanda Saoire san RDS i mí Eanáir 2020 agus táthar ag leanúint de bheith á chur chun cinn le clúdach ar go leor meán, na meáin chlóite agus dhigiteacha araon chomh maith le go raibh píosa faoi Log na Sionainne le feiceáil ar *World's Most Scenic River Journeys* ar Channel 5.

Rinne na hÚdaráis Áitiúla maoirseacht agus bainistiú go háitiúil ar an Glao Pobail, faoi stiúir Phríomhfheidhmeannaigh an chontae. Sa Chabhán, cuireadh An Rannóg Fiontraíocht Pobail agus Turasóireacht i gceannas ar an bhfreagairt agus ar chomhordú a dhéanamh ar bhunú Fóram Tiomnaithe Freagartha Pobail chun an réimse leathan seirbhísí agus tacaíochtaí a bhfuil fáil orthu a chomhordú agus a nascadh. Tá liosta fada d'eagraíochtaí stáit agus deonacha i gCabhán ar an bhfóram agus tháinig siad le chéile láithreach chun aire a thabhairt do na daoine ba leochailí sa chontae. Rinne Pobail, Fiontair agus Turasóireachta comhordú ar bhunú an Fhóraim Freagartha Pobail agus lean an Fóram ar aghaidh ag teacht le chéile uair sa choicís i rith 2020.

Ina theannta sin, bunaíodh Líne Chabhrach ar leith don fhreagairt phobail lena chinntiú go mbeadh an cúnamh a theastaigh ar fáil do gach duine sa Chabhán le linn ghéarchéim Covid-19 agus chun comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt urghnách phobail a bhí ann mar a bhain le teacht i gcabhair ar an dream ba mhó a bhí i ngátar. Bhíodh an Líne Chabhrach Freagartha Pobail ar oscailt i dtosach ó 8am seacht lá na seachtaine agus an fhoireann sa Rannóg Pobail, Fiontair agus Turasóireacht agus i rannóga eile de chuid Chomhairle Contae an Chabháin ina bhun. Ag an am ba ghnóthaí a bhí sé, bhíodh an líne chabhrach ag déileáil le 40 glao ar an meán in aghaidh an lae. Lean an Líne Chabhrach ar aghaidh ag feidhmiú i rith 2020.
Thug an líne chabhrach le chéile raon leathan de pháirtithe leasmhara áitiúla agus iarracht urghnách pobail agus dheonach a chabhraigh le saoránaigh a bhí leochaileacha agus/nó scoite amach le:

- Bailiú agus seachadadh bia, earraí riachtanacha tí, breosla agus cógais.
- Córas iompair chuig ionaid tástála pobail, moil mheasúnaithe chliniciúla, lia-chleachtóirí ginearálta agus coinní ospidéil.
- Tacaíochtaí agus rannpháirtíocht Leithlisithe Shóisialta.
- Béilí agus seachadadh béilí.
- Riachtanais leighis/riachtanais sláinte eile.

## OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL (LEO)

Le tacaíocht a thabhairt don daonlathas áitiúil agus é a fheabhsú agus rannpháirtíocht agus comhoibriú lenár saoránaigh a chur chun cinn, cinntíonn an Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) go mbíonn cur chun cinn agus soláthar a chuid seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do gach saoránach sa phobal agus go mbíonn comhionannas deiseanna á chur ar fáil do chách.

Tá ról tábhachtach ag LEO an Chabháin, mar phríomhchuid de Chomhairle Contae an Chabháin, mar a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe, fiontraíocht agus turasóireacht a éascú agus a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm ag OFÁ fiontraíocht a chur chun cinn, gnólachtaí nuathionscanta a chothú agus micreaghnóthais agus

gnólachtaí beaga atá ann cheana féin a fhorbairt ar mhaithe le poist a chruthú agus tacaíochtaí inrochtana ar ardchaighdeáin a chur ar fáil do smaointe nua le haghaidh gnó. Feidhmíonn sé mar chatalaíoch agus cuireann sé chun cinn an cultúr fiontraíochta atá bunaithe ar dhea-chleachtais a chothú i measc gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí beaga, leis an bhfiontraíocht agus an fhéinfhostaíocht a chur chun cinn mar rogha gairme inmharthana i measc an phobail i gcoitinne.

Oibríonn LEO i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara fiontraíochta agus straitéiseacha, lena n-áirítear grúpaí gnó agus pobail, san iarracht le timpeallacht láidir atá dírithe ar an bhfiontar a chur chun cinn chun cuidiú leis an gcontae a chumas eacnamaíoch a bhaint amach.

Ba é an fócas a bhí againn do 2020 ná tacaíochtaí agus seirbhísí ábhartha ar ardchaighdeán a chur ar fáil a spreagfadh agus a chothódh gnólachtaí nuathionscanta. Tá muid i gcónaí ag tabhairt tús áite do chabhrú le gnólachtaí atá ann cheana leathnú agus fás agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá rompu, lena n-áirítear Breatimeacht agus tionchair phaindéim Covid-19, agus iad ag iarraidh dul san iomaíocht sa bhaile agus go hidirnáisiúnta. Bhí ár gcláir oiliúna agus meantóireachta, a cuireadh ar fáil go fíorúil, ina n-idirghabháil thar a bheith tábhachtach do na gnólachtaí a raibh tionchar ag an ndianghlasáil orthu i dtús na bliana 2020.

Bhí ról lárnach ag Líonra LEO maidir le roinnt tacaíochtaí agus tionscnamh de chuid Fhreagairt an Rialtais ar COVID-19 a bhí dírithe ar ghnólachtaí ar cuireadh as dóibh agus iad ag tabhairt aghaidh ar go leor dúshlán mar thoradh ar an bpaindéim, a sheachadadh. D'fhaomh LEO Cavan 368 Dearbhán Leanúnachais Ghnó a chuir ar chumas gnólachtaí a samhail ghnó reatha a phleanáil agus a chur in oiriúint le go bhfeadfaidís maireachtáil agus oscailt arís go comhlíontach tar éis na dianghlasála. Táimid ag leanúint orainn ag cur tacaíochtaí ar fáil do ghnólachtaí agus iad ag iarraidh a n-oibríochtaí gnó a éagsúlú agus a ailíniú sa tréimhse trádála dheacair a bheidh ann suas go deireadh 2020 agus i dtús 2021.

Tá dúshláin Breatimeachta fós ann do gach gnólacht agus tá LEO ag plé leis an gceist go gníomhach ar mhaithe le tacú le gnólachtaí ullmhú don timpeallacht trádála nua, go háirithe mar a bhaineann le custaim. Beidh sé seo ina phríomhthosaíocht ag na hOifigí Fiontair Áitiúla i dtosach na bliana 2021, tráth a mbeidh gnólachtaí ag iarraidh dul in oiriúint do na hathruithe rialála a bhaineann leis an trádáil amach agus isteach ón 1 Eanáir, 2021. Tá éagsúlú agus iniúchadh ar dheiseanna nua easpórtála ríthábhachtach i gcónaí dár gcliaint mar thoradh ar Bhreatimeacht agus toisc nach bhfuiltear ag braith an oiread céanna ar mhargadh na Ríochta Aontaithe. Tá LEO an Chabháin, mar aon leis na Oifigí Fiontair Áitiúla i gcontaetha na Teorann ag seachadadh sraith de Chláir Spreagtha BREXIT le linn 2020 agus i dtús na bliana 2021 chun tacú leis na gnólachtaí sin trádáil a dhéanamh go hidirnáisiúnta.

Cuidíonn tionscnaimh náisiúnta LEO ar nós an tSeachtain Fhiontraíochta Áitiúil, an Clár Fiontar Mac Léinn agus na Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta leis an bhfiontraíocht a chur chun cinn agus a oiread aird agus is féidir a tharraingt orthu.




***Seoladh Sheachtain Na Fiontraíochta Áitiúla 2020***

***Tommy Ryan, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae an Chabháin, ag fógairt seoladh an tSeachtain Fhiontraíochta Áitiúil 2020 le Marcella Rudden, Ceann Fiontair agus Tara Smith, Comhairleoir Gnó, LEO an Chabháin***

Bhí an cur chuige comhoibríoch atá againn i dtaca le comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí agus le páirtithe leasmhara a fhorbairt agus a neartú chun gur féidir tuilleadh cláir bhreisluacha agus/nó idirghabhálacha breise a sholáthar dár gcliaint, mar chuid lárnach dár straitéis do 2019 agus 2020. Leanadh den chomhpháirtíocht ar an gClár Comhnuálaíochta faoi a bhí faoi stiúir InterTradeIreland agus a raibh baint ag an sé LEO i Réigiún na Teorann leis, le deis a thabhairt do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide atá nuálach rochtain a fháil ar thacaíochtaí taighde agus forbartha. Tá níos mó ná 50 gnólacht sa Chabhán tar éis páirt a ghlacadh sa chlár seo ó cuireadh tús leis in 2017.

Glacann LEO Cavan páirt réamhghníomhach ar Choiste an Phlean Fiontraíochta Réigiúnaí  agus fáiltíonn sí roimh an deis comhoibriú le LEOanna, le Cistí Fiontair Contae agus le gníomhaireachtaí eile sa Réigiún, chun giaráil chistí faoi Ghlaonna Iomaíocha atá ar na bacáin a shainaithint agus a scrúdú chun cur le tarraingteacht an réigiúin mar áit le h-infheistíocht ghnó a shuí ann.

Ag an leibhéal trasteorann agus an leibhéal Eorpach, tá LEO an-ghafa le roinnt gníomhaíochtaí atá dírithe ar ghníomhaíocht fiontraíochta agus eacnamaíoch a spreagadh agus tacú léi. Bíonn LEO an Chabháin ag comhoibriú go fiúntach agus ag obair i bpáirt le LEOanna agus le hÚdaráis Áitiúla eile sa réigiún mar a bhaineann le tionscnaimh agus cláir, atá dírithe ar tacaíochtaí agus seirbhísí breisluacha a chur ar fáil dá bhonn cliant, a sheachadadh agus a chur i bhfeidhm go céimneach.

Le linn 2020 lean LEO an Chabháin de bheith ag cur an Líonra Fiontar Eorpach (EEN) chun cinn ar mhaithe le naisc agus deiseanna comhpháirtíochta gnó agus trádála a d’fhéadfaí a fhorbairt a éascú ar fud an Aontais.

Tá LEO an Chabháin ag leanúint de bheith ag forbairt Mol Digiteach an Chabháin agus ag cur na gcuspóirí a bhaineann leis i bhfeidhm ar bhonn céimneach. Bunaíodh Mol Digiteach an Chabháin le deiseanna fostaíochta a spreagadh san earnáil dhigiteach, áit a bhféadfadh daoine aonair agus cuideachtaí a bhfuil fócas

digiteach acu líonrú agus fás laistigh de phobal tacaíochta agus cruthaitheachta. Is iad na cuspóirí an geilleagar digiteach a chur chun cinn sa Chabhán agus sa cheantar máguaird, réitigh sholúbtha oibre a chur ar fáil do chuideachtaí, spás goir a sholáthar do ghnólachtaí nuathionscanta digiteacha le cur ar a gcumas dul ó neart go neart agus fás, agus oibriú le comhghleacaithe, an líonrú piaraí agus an comhoibriú a éascú. Ó osclaíodh é i mí an Mheithimh 2019, chabhraigh LEO an Chabháin le Mol Digiteach an Chabháin roinnt gnólachtaí nua a aimsiú mar tionóntaí chomh maith le lear mór imeachtaí ardphróifíle a óstáil don réigiún i gcomhar leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus leis an IDA.

Cuireann LEO an Chabháin le cuspóir Chomhairle Contae an Chabháin uasmhéadú a dhéanamh ar infheistíocht agus ar bhonneagar an chontae a fheabhsú chun deiseanna forbartha a spreagadh ar mhaithe le poist a chruthú agus an caighdeán maireachtála a fheabhsú. Comhoibríonn LEO le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara ó thaobh spás goir a fhorbairt d'fhiontair agus mar a bhaineann le pleanáil d'fhorbairtí fiontraíochta agus tionsclaíocha sa todhchaí, rud a spreagfaidh gnólachtaí nuathionscanta agus a chuideoidh leo leathnú amach sa Chontae. Is cruthú í an obair ar thionscnaimh dála Mol Digiteach an Chabháin den chaoi a gcuidíonn LEO an Chabháin leis an gcuspóir bailte agus sráidbhailte níos láidre a fhorbairt agus a chur chun cinn d'fhonn cur ar a gcumas a bheith go mór taobh thiar air den spreagadh don fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus phobail ar fud an chontae.

Is tosaíochtaí do LEO Cavan iad an nuálaíocht, an éifeachtúlacht, luach ar airgead agus ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí. Tá foireann OFÁ tiomanta go hiomlán do Chairt Seirbhíse do Chustaiméirí na hOifige Fiontair Áitiúil, rud a chinntíonn go gcuirtear seirbhís atá ar ardchaighdeán ar fáil i gcónaí don chustaiméir. Bhí LEO an Chabháin an-ard ó thaobh na rátálacha sástachta foriomlána de nuair a rinneadh suirbhé cúram custaiméirí ar chliaint ar fud Líonra LEO in 2020.

Tá gach oibríocht de chuid OFÁ á rialú ag Lámhleabhar Nósanna Imeachta OFÁ a d'fhorbair Ionad Barr Feabhais Fhiontraíocht Éireann i gcomhar le Líonra OFÁ.

Ullmhaíodh an Lámhleabhar Nósanna Imeachta chun dea-chleachtas comhsheasmhach a chinntiú maidir le seachadadh tacaíochtaí OFÁ agus déanfar athbhreithniú bliantúil air. Tá sé ar fáil lena scrúdú ag an leibhéal ar bharr sa Chascáid um Bainistiú agus Rialú Airgeadais i.e. An tÚdarás Deimhniúcháin, an tÚdarás Bainistíochta, Ciste Sóisialta na hEorpa agus Aonaid Rialaithe Airgeadais Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), na hAonaid Iniúchta Inmheánaigh, an Coimisiún Eorpach nó a ghníomhairí.

Cinntíonn Straitéis Cumarsáide OFÁ go bhfuil ardán cuimsitheach, oscailte agus inrochtana ann chun eolas i dtaobh  seirbhísí agus gníomhaíochtaí an OFÁ a scaipeadh go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta agus ar an mbealach seo an Contae a chur chun cinn mar ionad le haghaidh gníomhaíochtaí nua ghnó agus gheilleagrach.

Tá prótacail fhoirmiúla i bhfeidhm ag Líonra OFÁ le Micrea-Airgeadas Éireann, An Oifig Athbhreithnithe Creidmheasa, An Roinn Coimirce Sóisialaí, na Coimisinéirí Ioncaim, Cumann Náisiúnta na nIonad Fiontar Pobail, na Boird Oideachais & Oiliúna agus Fáilte Éireann, lena rialaítear scaipeadh faisnéise, comharthaíocht faisnéise agus atreorú idirghníomhaireachta.  Tá teagmháil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil ag OFÁ an Chabháin leis na gníomhaireachtaí seo agus oibríonn sé go dlúth leo chun cabhair agus tacaíocht a thabhairt i dtaca le poist a chruthú sa chontae.

***<u>Príomhghníomhaíochtaí Straitéiseacha Fiontraíochta & Tionscadail Eacnamaíochta in 2020:</u>***

Bhí an séú **Seachtain Fiontair Áitiúil**  ar siúl ón 2 Márta go dtí an 6 Marta  2020 arna eagrú ag Líonra na nOifigí Fiontair Áitiúla ar fud na tíre. Mheall an tSeachtain Fiontair Áitiúil sa Chabhán 350 rannpháirtí, a d'fhreastail ar 9 n-imeacht fiontair agus clár oiliúna i rith na seachtaine.

Nuair a bhí an tSeachtain Fiontair Áitiúil 2020 ar bun, fógraíodh go raibh Cootehill Precision Engineering tar éis **Gradaim Fiontraíochta Chontae an Chabháin** a thabhairt leo agus bhí siad le dul ar aghaidh chun ionadaíocht a dhéanamh ar an

gCabhán ag na Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta i dTeach an Ardmhéara, Baile Átha Cliath i mBealtaine na bliana 2020. Mar gheall ar shrianta Covid-19 áfach, cuireadh an searmanas náisiúnta moltóireachta agus na gradam deiridh ar athló. Bhí an mholtóireacht ar siúl i mí na Samhna 2020 agus fógraíodh na buaiteoirí Náisiúnta in 2021.

- Faoi Scéim na **nDearbhán Trádála ar Líne** de chuid **LEO**, cheadaigh OFÁ an Chabháin €325,304 san iomlán do 163 gnó áitiúil in 2020. Tugann an scéim seo, arna maoiniú ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, deis do ghnólachtaí beaga tacaíocht airgeadais agus saineolas a fháil chun a láithreacht ar líne a fhorbairt;

- D'fhaomh OFÁ an Chabháin €303,570 i gcúnamh airgeadais faoi Bheart 1 do thrí ghnó déag; d'éascaigh sé seachadadh 58 Clár Oiliúna Fiontraíochta, imeachtaí agus seimineáir, ar fhreastail 722 rannpháirtí orthu; ceadaíodh 136 seisiún meantóireachta d'úinéir/bainisteoirí gnó; bhain 7 ngnó sa Chabhán leas as an gclár **LEO Lean for Micro** trína bhfuair siad cabhair le bheith níos éifeachtúla, a dtáirgiúlacht a mhéadú, dramhaíl a laghdú agus a n-éifeachtúlacht ó thaobh costais a fheabhsú;

- Ar an 14 Deireadh Fómhair 2020 ghlac CBWC agus OFÁ an Chabháin páirt in imeacht rathúil ar líne chun **Lá Fiontraíochta Náisiúnta na mBan** a chomóradh, imeacht ar fhreastail 1,641 banfhiontraí agus mná atá i mbun gnó ar fud na tíre air. Bunaíodh tionscnamh de chuid LEO an Chabháin, Club Ban Ghnó an Chabháin in 2013 le fiontraithe ban sa Chontae a chur chun cinn agus tacú leo agus tá thart ar 70 ball gníomhach aige;

- Cuireadh tús in 2020 le **Clár Braisle Ríomhthráchtála an Oirthuaiscirt**, tionscnamh comhoibríoch ar éirigh leis na hOFÁ sa Chabhán, i Muineachán, i Lú agus sa Mhí maoiniú a fháil dó faoi Chiste Iomaíoch OFÁ. Cuireann an clár tacaíocht agus oideachas ar fáil do mhiondíoltóirí a dhíolann earraí ar líne. Go dtí seo, tá tacaíocht á fáil ag 10 ngnóthas sa Chabhán faoin tionscnamh seo in 2020;

- Cuireadh i gcrích go rathúil **Páirc Fiontraíochta Mhuinchille**, tionscnamh de chuid Chomhairle Contae an Chabháin faoin gCiste Forbartha um Athghiniúint Tuaithe. Is í seo an chéad chéim den fhorbairt, a bhaineann le bóthar rochtana nua agus seirbhísí a chur ar fáil don pháirc. Tá PQE Engineering Ltd, an chéad chuideachta ó Mhuinchille, tar éis tús a chur leis an obair ullmhúcháin agus tá siad ag súil go mbeidh an obair thógála ar an bhfoirgneamh tionsclaíoch nua curtha i gcrích ar shuíomh cúig acra faoi dheireadh 2021/i dtús na bliana 2022. Fuarthas léirithe spéise ó ghnólachtaí déantúsaíochta áitiúla eile atá ag iarraidh a gcuid oibríochtaí a leathnú ó 2022 go 2024, rud a chabhróidh le maoiniú a fháil chun dul ar aghaidh go dtí céim a dó d'acmhainneacht forbartha an láithreáin.

**Is tionscnamh de chuid Chomhairle Contae an Chabháin é Mol Digiteach an Chabháin**, arna mhaoiniú ag an gCiste Forbartha Fiontair Réigiúnach faoi Thionscadal Geilleagair Todhchaí na Sionainne Uachtaraí /Loch Éirne i gcomhpháirtíocht le Comhairlí Contae Liatroma agus an Longfoirt, agus an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. Tá Mol Digiteach an Chabháin comhlíontach go hiomlán anois le rialacha COVID-19 agus mar chuid dá straitéis margaíochta amach anseo, agus mar fhreagairt ar an bpaindéim agus ar thimpeallacht shóisialta agus eacnamaíoch iar-COVID, féachfaidh sé lena bhfuil á thairiscint aige a chur in oiriúint i bhfianaise an éilimh athraitheach ó oibrithe atá ag obair go cianda. Beidh cothú agus bunú comhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara ar fud réigiún an Oirthuaiscirt agus níos faide i gcéin, ríthábhachtach chun a stádas mar phríomháis Dhigiteach sa chontae seo a neartú, agus beidh ról lárnach aige maidir le pobal d'fhiontraithe TF a bheidh nasctha agus an dearcadh céanna acu a

sholáthar, chomh maith le gnólachtaí nuathionscanta digiteacha don todhchaí, a mbeidh tacaíocht agus cothú acu ón Oifig Fiontair Áitiúil.



**Gradaim Fiontar Chontae an Chabháin 2020**

**Na buaiteoirí foriomlána, Cootehill Precision Engineering, na buaiteoirí catagóire Compliplus agus Fire Safety Doors, in éineacht le Marcella Rudden, Ceann Fiontair agus Andrea Corrigan, Oifigeach Forbartha Fiontair Sinsearach, OFÁ An Cabháin**

# Airgeadas, TFC, Seirbhísí Éigeandála

## Airgeadas

Tá soláthar faisnéise airgeadais atá cruinn agus tráthúil i bhfeidhm i dtaca le seirbhísí uile na Comhairle agus cinntítear go bhfuil nósanna imeachta atá cuí agus éifeachtach i bhfeidhm. Tá ról tábhachtach ag an Roinn Airgeadais mar a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí agus iad a sheachadadh. Bíonn An Roinn Airgeadais ag plé le hobair an údaráis a bhainistiú ó thaobh airgeadais, ioncaim agus caipitil araon, agus í a mhaoiniú, sna Rannáin Seirbhíse ar fad.

Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- Cuspóirí airgeadais Phlean Corparáideach na Comhairle a bhaint amach.

- An bhainistíocht agus na cleachtais airgeadais is fearr a sholáthar agus a chur chun cinn ar fud na Comhairle.
- Cúrsaí airgeadais na Comhairle a bhainistiú.
- A chinntiú go gcloítear leis na prionsabail cuntasaíochta reachtúla agus airgeadais ar fad a bhaineann le hidirbhearta de chuid na Comhairle Contae.
- A chinntiú go bhfuil rialuithe inmheánacha leordhóthanacha i bhfeidhm le sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus cruinneas agus iontaofacht na dtaifead a chinntiú.
- A chinntiú go mbaintear luach ar airgead amach ar fud na hEagraíochta.

**Iasachtaí**

Bhí 169 iasacht ag an gComhairle, agus mar thoradh air sin bhí íocaíochtaí morgáiste €417,000 i gceist le linn 2020. Le linn 2020, lean Comhairle Contae an Chabháin ar aghaidh ag plé go réamhghníomhach le custaiméirí a fuair iad féin sa chás go raibh riaráistí neamh-inbhuanaithe acu.

**Feidhm Phárolla a Sholáthar**

Is éard atá i gceist leis an tseirbhís seo ná pá agus tuarastail a phróiseáil agus a íoc don fhoireann ar fad, lena n-áirítear asbhaint P.A.Y.E., P.R.S.I., asbhaintí reachtúla agus neamhreachtúla eile agus na tuairisceán ábhartha ar fad a chríochnú. Tá thart ar 509 fostaí ar chlár párolla Chomhairle Contae an Chabháin. Chomh maith leis sin, próiseálann an fheidhm Phárolla íocaíochtaí do Phinsinéirí agus do Chomhaltaí Tofa na Comhairle. B'ionann iomlán na gcostas párolla agus €27.69 m in 2020.

**Rátaí**

Eisíodh 2,481 Éileamh Ráta don bhliain 2020, rud a d’fhág go raibh tobhach iomlán €16,504,484 i gceist. Ba é €82,111,862 an luacháil éifeachtach i gContae an Chabháin mar thoradh ar an athluacháil a rinne an Oifig Luachála in 2019 agus ba é 0.201 an t-iolraitheoir a shocraigh na comhaltaí tofa do 2020. Fuarthas suim €10,699,860 i ndáil le rátaí tráchtála don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020.

Chun tionchar Covid-19 ar ghnólachtaí incháilithe le linn 2020 a mhaolú, d'fhógair an Rialtas scéim tarscaoilte rátaí ar feadh 9 mí. Rinne an Roinn Rátaí tarscaoileadh iomlán arbh fhiú €5,927,211 é a phróiseáil do ghnólachtaí incháilithe i gCo. an Chabháin agus tuairiscítear é seo san fhigiúr thuas.

Lean roinnt custaiméirí rátaí, a bhí i dteideal tarscaoileadh rátaí agus a fuair é, a gcuid rátaí a íoc in 2020 rud a d'fhág go raibh iarmhéideanna creidmheasa suntasacha mar thoradh ar a gcuntais rátaí. Mar gheall ar fhadhbanna a bhain le uainiú, níor aisíocadh na híocaíochtaí ráta seo le custaiméirí. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm Chiorclán Fin 02/2021 - Cóireáil Chuntasaíochta i ndáil le Bailiú Rátaí 2020 cuireadh córas cuntasaíochta i bhfeidhm a chuir na fáltais seo siar go dtí 2021 agus, ar an gcaoi sin, laghdaíodh an céatadán de na rátaí tráchtála a bailíodh in 2020 ó 83% go 76%.

Le linn 2020, sheachaid an Rannóg Rátaí an Deontas Atosaithe, Deontais Plus Atosaithe agus Deontais Bhreisithe Athosaithe thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ranníocaíocht a bhí sa deontas i dtreo an chostais a bhain le gnó a athoscailt nó a choinneáil ar oscailt agus nasc a athchruthú le fostaithe agus le custaiméirí le linn phaindéim Covid. Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí 1,056 gnó tar éis na Deontais Atosaithe a fháil ón Roinn Rátaí agus b'ionann é seo agus €9,735,771. Rinneadh iarmhéid na n-íocaíochtaí deontais a íoc amach i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2021. Íocadh €9,851,417 san iomlán i nDeontas Atosaithe le 1,068 gnó.

**Soláthar**

**Ár Ráiteas Misin**

"A chinntiú go gcomhlíontar feidhm Soláthair Chomhairle Contae an Chabháin le ionracas, trédhearcacht agus cuntasacht, go gcloítear le Dlíthe an Aontais /Dlíthe Náisiúnta agus leis na treoirlínte náisiúnta, agus go mbíonn sé ag feidhmiú ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí le luach ar airgead a chinntiú agus ag an

am céanna na caighdeáin riachtanacha a shroicheadh, ionas gur féidir seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do shaoránaigh Chontae an Chabháin".

**Soláthar**

Tá feidhm soláthair na Comhairle nasctha go dlúth le prionsabail agus cuspóirí straitéiseacha Phlean Corparáideach na heagraíochta agus leagann an Plean Corparáideach Soláthair síos na prionsabail agus an bunús cuí faoina bhfeidhmeoidh feidhm soláthair na Comhairle.
Mar gheall ar COVID – 19 bhain go leor dúshláin leis an mbliain 2020. In ainneoin na dianghlasála agus na srianta éagsúla, d'éirigh leis an Oifigeach Soláthair agus le foireann an Lár-Aonaid Riaracháin **(An t-Aonad CTA),** prótacail Soláthair a chur i bhfeidhm agus comhairle agus tacaíocht ábhartha i dtaca le soláthar a chur ar fáil don lucht bainistíochta agus don fhoireann i rith an ama.

Bhí sé thar a bheith deacair teacht ar Threalamh Cosanta Pearsanta (PPE) agus bhí sé ina fhadhb ar fud an domhain. D'oibrigh an tOifigeach Soláthair, an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta agus Roinn Stórais na Comhairle Trealamh Cosanta Pearsanta i ndlúthpháirt, faoi threoir an SMT chun Trealamh Cosanta Pearsanta a chur ar fáil don fhoireann le dul i ngleic le Covid-19.

Le linn 2020, thug an tOifigeach Soláthair agus an tAonad CTA tacaíocht agus treoir leanúnach maidir le soláthar d'fhoireann an CTA. Cuireadh cúnamh i dtaca le Luachanna agus Tairiscintí ar fáil do gach Roinn agus Rannóg ar fud na hEagraíochta m.sh. Pobal agus Fiontar, Na hEalaíona, Tógáil Tithe, Bóithre, An Comhshaol, Pleanáil, An tSeirbhís Dóiteáin, Seirbhísí Leabharlainne agus an Oifig Fiontair Áitiúil.

Bhí cruinnithe ag an Oifigeach Soláthair leis na Cinn Roinne agus chuir sé caint Athnuachana ar fáil don fhoireann i mí Eanáir 2020 lena a chinntiú go mbeadh prótacail agus straitéis soláthair na comhairle á gcur i bhfeidhm mar ba cheart. Reáchtáladh cruinnithe den Ghrúpa Stiúrtha Soláthair ar líne i rith na bliana.

Sheol an tOifigeach Soláthair agus I.T an córas leictreonach nua Aip Ráithiúil na Tuarascála Monatóireachta ar Sholáthar Poiblí. Tugann an aip léargas uair sa ráithe don Príomhfheidhmeannach (CE) maidir le comhlíonadh soláthair na Ranna uile laistigh den eagraíocht.

Leanadh den fhorbairt ar fheidhm soláthair na Comhairle le linn 2020 agus tar éis don Bhainistíocht Sinsearach agus don Oifigeach Soláthair athbhreithniú breise a dhéanamh ar struchtúr soláthair agus feidhm soláthair na Comhairle, cuireadh Plean Corparáideach Soláthair nua 2019 – 2022 - Leagan 2 agus Lámhleabhar nua ar Nósanna Imeachta an tSoláthair -Leagan 5 i bhfeidhm ón 21/12/2020.

**Comhlíonadh leanúnach maidir leis an gCód Caiteachais Phoiblí**
In 2020, chomhordaigh, thiomsaigh an tOifigeach Soláthair tuarascáil na Comhairle um Dhearbhú Cáilíochta do 2019 agus sheol é chuig an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) mar a éilítear faoi **Chód Caiteachais Poiblí** na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tugadh faoi deara sa tuarascáil gur léirigh na seicliostaí a chuir Comhairle Contae an Chabháin i gcrích go raibh ardleibhéal comhlíonta ann mar a bhain leis gCód Caiteachais Poiblí agus níor léirigh na dian-sheiceálacha a rinneadh ar rogha tionscadal /clár aon mhórfhadhbanna a chaithfeadh amhras ar chomhlíonadh an Chóid ag an gComhairle.

I dTuarascáil Chomhairle Contae an Chabháin a chomhordaigh an tOifigeach Soláthair bhí: -

- D'aithin liosta fardail do 2019 **(€695,498,043.40san iomlán) 112** Tionscadal / Clár **(33** Caiteachas Reatha agus **79** Caiteachas Caipitil), ar sháraigh a gcaiteachas/a gcostas saoil measta €0.5m.

As **112** Tionscadal/clár: -

- Bhí **38** tionscadal / clár á mbreithniú in 2019

- Bhí 70 tionscadal / clár a thabhaigh caiteachas in 2019
- Tháinig deireadh le **4** thionscadal / clár in 2019

- Tugtar achoimre ar gach soláthar os cionn €10m.

- Bhí sraith seicliostaí (7 san iomlán) don eagraíocht ar fad bunaithe ar **18 sampla** a tógadh ar fud na heagraíochta, arbh ionann é agus **46%** den chaiteachas ábhartha iomlán i liosta fardail 2019.

Is ionann na mionseiceálacha a rinne na hIniúchóirí Inmheánacha agus: -

- **3%** de luach iomlán na dtionscadal / na gclár Reatha (ioncaim) a aithníodh sa liosta Fardail don bhliain 2019 agus
- **44%** de luach iomlán na dtionscadal / na gclár Caipitil go léir a aithníodh sa liosta Fardail don bhliain 2019

**Iniúchadh Inmheánach**

Soláthraíonn Iniúchadh Inmheánach feidhm bhreithmheasa neamhspleách a bhfuil sé de chúram air athbhreithnithe a dhéanamh ar bheartais, ar phleananna, ar nósanna imeachta, ar chleachtais agus ar fheidhmíocht na hEagraíochta. Is é an príomhchuspóir atá leis measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha laistigh de Chomhairle Contae an Chabháin. Cabhraíonn ról na hIniúchóireachta Inmheánaí le hacmhainní a úsáid ar bhealach eacnamaíoch agus éifeachtach agus is gné lárnach é den dea-rialachas corparáideach chun príomhthosaíochtaí Phlean Corparáideach na Comhairle a bhaint amach.

I measc na bpríomhréimsí rialaithe a scrúdaíodh tá:

- Córais chuntasaíochta agus bhainistíochta
- Rialuithe inmheánacha a bheith á gcomhlíonadh

- Leordhóthanacht agus sláine na sonraí airgeadais a chuirtear ar fáil
- Dlíthe agus rialacháin a bheith á gcomhlíonadh
- Nochtadh do chalaois agus/nó d'éilliú
- Sócmhainní á n-úsáid agus á gcosaint go héifeachtach
- Acmhainní á n-úsáid agus á gcosaint go héifeachtach

Tá sé mar pholasaí ag Comhairle Contae an Chabháin feidhm iniúchta inmheánach ar ardchaighdeán a chothabháil agus tacú léi de réir na Cairte Iniúchta Inmheánaigh. Tagann gníomhaíochtaí agus seirbhísí uile na Comhairle faoi shainchúram na hIniúchóireachta Inmheánaí. Tuairiscíonn an tIniúchóir Inmheánach, uair sa ráithe, díreach chuig an bPríomhfheidhmeannach agus chuig an gCoiste Iniúchóireachta.

**Luach ar Airgead**

Feidhmíonn údaráis áitiúla lena n-áirítear Comhairle Contae an Chabháin i dtimpeallacht a éilíonn cuntasacht agus trédhearcacht i leith na gcinntí bainistíochta ar fad a ghlactar. Ní mór don Chomhairle a chinntiú go n-oibríonn a cuid seirbhísí ar bhealach eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach le tuilleadh béime ar Luach ar Airgead a bhaint amach agus na leibhéil feidhmíochta a uasmhéadú ar fud na heagraíochta.

**Plean Iniúchta Bliantúil 2020**

Leagadh amach sa Phlean Iniúchta Bliantúil do 2020, a d'fhaomh feidhmeannas na Comhairle, athbhreithnithe sonracha bunaithe ar na hacmhainní foirne a bheith ar fáil agus na rioscaí féideartha a d'aithin na Stiúrthóirí Seirbhíse, an Coiste Iniúchóireachta agus an tIniúchóir ón Rialtas Áitiúil.

**Obair Iniúchta Inmheánach - 2020**

Ar an obair iniúchóireachta a rinneadh in 2020 bhí cigireachtaí rialaithe san Oifig Mótarchánach, in Amharclann Ramor agus i Músaem an Chontae. Ar na hathbhreithnithe iniúchtaí ar leith bhí an Conradh Seirbhísí Tréidliachta arna bhainistiú ag an gComhairle, Córas Táillí Páirceála Bhaile an Chabháin, nósanna

imeachta LVPC, na Nósanna Imeachta Forfheidhmiúcháin Um Bainistiú Dramhaíola, MARP (Próiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste), Scéim Leithdháilte Deontas Lánroghnach na gCeantar Bardasach, Struchtúr Rialachais PPN an Chabháin, an tAthbhreithniú Bliantúil ar SICAP- an Clár Gníomhachtaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta arna bhainistiú ag An Clárfheidhmeóir thar ceann an LCDC agus Athbhreithnithe Doimhne faoin gCód um Rialála ar Chaiteachas Poiblí ar 1) Tionscadal Caipitil Bóithre an N3, Sheachbhóthar Achadh an Iúir atá beartaithe 2) Leabharlann an Chabháin & Clár Ioncaim na Cartlainne.

Thug Iniúchadh Inmheánach chomh faoi iniúchadh ar Nósanna Imeachta Seiceála Maoinithe Leader na Comhairle atá riachtanach faoi Airteagal 48, lena raibh 34 iarratas tionscadail dar luach €2,399,404 i gceist lena n-áirítear 30 éileamh ar chaiteachais arbh ionann iad agus €1,301,382.
Próiseáladh iarratais éagsúla iniúchóireachta a tháinig ó na hIniúchóirí Rialtais Áitiúil agus dar le measúnú Iniúchóra an Rialtais Áitiúil bhí éifeachtacht an Iniúchta Inmheánaigh ina ghné tábhachtach de thimpeallacht rialaithe an Údaráis Áitiúil.

**An Coiste Iniúchóireachta**
Chuir an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 éifeacht reachtúil ar fáil don Chlár Gníomhaíochta maidir le Rialtas Áitiúil éifeachtach agus leag sé amach athuair na forálacha reachtacha a bhaineann le coistí iniúchóireachta.

Tá ról neamhspleách ag an gCoiste Iniúchóireachta maidir le comhairle a chur ar an gComhairle i dtaobh próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus cúrsaí iniúchta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais Chomhairle Contae an Chabháin.

Bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta reatha trí rún ar ainmniúchán ó Ghrúpa Beartais Chorparáidigh an Údaráis Áitiúil agus tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach. Tá a dtéarma oifige i gcomhthráth le téarma oifige na Comhairle tofa a thosaigh an 1 Meitheamh 2019 agus a dtiocfaidh críoche leis an 31 Bealtaine 2024.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta (AC):

| ***AC Nua Meitheamh 2019 – Bealtaine 2024*** |
| --- |
| • Sonia McEntee (Cathaoirleach) |
| • Con Dolan |
| • Sean Corcoran |
| • An Comhairleoir Madeleine Argue |
| • An Comhairleoir Clifford Kelly |

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile trí Microsoft Teams 4 huaire in 2020. Tá ról ríthábhachtach acu mar a bhaineann le creat rialachais Chomhairle Contae an Chabháin, go háirithe i gcomhthéacs acmhainní gann, bainistíocht riosca, agus cuntasacht na hearnála poiblí.
I rith na bliana bhuail an coiste leis an bPríomhfheidhmeannach, an tUasal Tommy Ryan agus le bainisteoirí líne éagsúla chun raon leathan saincheisteanna a phlé. I measc na réimsí tosaíochta bhí na Buiséid Bhliantúla agus na Ráitis Airgeadais, na Cairteacha Iniúchóireachta Inmheánacha, an Clár Oibre Iniúchta Bliantúil agus Táscairí Feidhmíochta Bliantúla na Comhairle.

**Forbhreathnú ar an Iniúchadh Inmheánach**

Tá Iniúchadh Inmheánach ag obair go réamhghníomhach leis an mbainistíocht chun dearbhú a thabhairt gur leor na rialuithe agus na próisis inmheánacha atá ann cheana chun barr feabhais a chur ar na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach. Leagtar béim sa tuarascáil bhliantúil seo ar chuid de na príomhghníomhaíochtaí a rinne an tIniúchadh Inmheánach in 2020 agus atá ríthábhachtach chun aon rioscaí suntasacha atá roimh an gComhairle a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

Mar is gnáth, tá Iniúchadh Inmheánach tiomanta do aghaidh a thabhairt ar éilimh athraitheacha Údarás Áitiúil an Chabháin agus féachfaidh sé barr feabhais a chur ar a rannchuidiú leis an eagraíocht ó thaobh gcomhréir leis an bPlean Iniúchta Straitéiseach.

Bunaithe ar na hathbhreithnithe iniúchóireachta a rinneadh, tugadh dearbhú réasúnta do na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad go gcuimsíonn oibríochtaí agus struchtúir rialachais na heagraíochta dea-chleachtais bhainistíochta, prionsabail luacha ar airgead, cuntasacht agus trédhearcacht lena chinntiú go bhfuiltear chomh héifeachtach agus is féidir.

## Mótarcháin

Tá Rannóg Mótarchánach Chomhairle Contae an Chabháin freagrach as:

- Ceadúnas Feithicle a Eisiúint
- Leabhair Chlárúcháin, Admhálacha agus Plátaí Trádála dúblacha a eisiúint do thrádálaithe mótair
- Athrú úinéireachta agus aisíocaíochtaí a phróiseáil
- Teastais S103 agus CT53 a eisiúint

Léiríodh an laghdú leanúnach a tháinig ar líon na ndaoine a bhí ag freastal ar an Oifig Mótarchánach in 2020 chun a ngnó a dhéanamh in ioncam de €2,972,730, sin laghdú €1,370,074 (31.55%) ó 2019 (€4,342,804), go príomha mar gheall ar an méadú leanúnach a tháinig ar idirbhearta Mótarchánach ar líne in 2020 agus toisc gur dúnadh iad don phobal ó am go ham le linn Covid-19.

**Miondealú ar ioncam agus ar idirbhearta:**

| Catagóir | Iomlán na nIdirbheart | Ioncam Iomlán |
|---|---:|---:|
| Ceadúnais Feithicle | 13,976 | €2,692,301 |
| Ceadúnais Trádála | 64 | €22,592 |
| Fáltais Ilghnéitheacha | 1,754 | €13,541 |
| Riaráistí | 2,827 | €244,296 |
| **Iomlán** | **18,621** | **€2,972,730** |

**Mótarcháin Ar Líne:**

Ina theannta sin, próiseáladh 71,169 idirbheart ar líne rud a ghin €9,784,299 in ioncam. Tá an tSeirbhís Mótarchánach Ar Líne ar fáil d'úinéirí carranna príobháideacha, gluaisrothair, tarracóirí talmhaíochta, feithiclí díolmhaithe, mótarcharbháin agus feithiclí tráchtála chun gur féidir leo athnuachan a dhéanamh. Moltar do chustaiméirí leas a bhaint as an tseirbhís ar líne trí logáil isteach ar www.motortax.ie.

**Táscairí Seirbhíse**

| **M.1 Líon & Céatadán na nIdirbheart Mótarchánach** | **2020** |
|---|---|
| Líon a ndéileáiltear leo thar an gcuntar | 11,152 |
| Líon a ndéileáiltear leo tríd an bpost | 6,574 |
| % a ndéileáiltear leo thar an gcuntar | 62.91% |
| % a ndéileáiltear leo tríd an bpost | 37.09% |
| **M.2 An t-achar a thógann sé Iarratais Mótarchánach a thagann tríd an bPost a Phróiseáil** | |
| An líon a ndéileáiltear leo an lá a fhaightear an t-iarratas | 5,574 |
| Líon a ndéileáiltear leo ar an 2ú nó an 3ú lá tar éis dóibh a bheith faighte | 794 |
| Líon a ndéileáiltear leo ar an 4ú nó an 5ú lá tar éis dóibh a bheith faighte | 57 |
| Líon a déileáiltear leo níos mó ná 5 lá tar éis dóibh a bheith faighte | 149 |
| % a ndéileáiltear le ar an lá a a mbíonn siad faighte | 84.79% |
| % a ndéileáiltear leo ar an 2ú nó an 3ú lá tar éis dóibh a bheith faighte | 12.08% |
| % a ndéileáiltear leo ar an 4ú nó 5ú lá tar éis dóibh a bheith faighte | 0.87% |
| % a ndéileáiltear leo níos mó ná 5 lá tar éis dóibh a bheith faighte | 2.27% |
| **M.4 Uaireanta oscailte poiblí** | |
| Meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine | 32.5 |

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Tuairiscíonn an Rannóg TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) don Cheann Airgeadais agus agus tá sé freagrach as bainistiú a dhéanamh ar bhonneagar TFC na heagraíochta, na suíomhanna gréasáin, feidhmchláir bhogearraí, córais GIS agus tionscnaimh claochlaithe dhigitigh. Áirítear leis sin líonraí áitiúla (LAN) agus líonraí réimse leathan (WAN), ina bhfuil naisc shreangaithe agus naisc gan sreang a chuireann cumarsáid gutha agus cumarsáid sonraí ar fáil don eagraíocht.

Chomh maith leis na gníomhaíochtaí rialta dála slándáil sonraí, córais agus bonneagar cumarsáide a chothabháil agus a uasghrádú agus tacaíocht a chur ar fáil d'úsáideoirí agus do ríomhairí deisce le linn 2020, bhí ról lárnach ag an rannóg TF freisin maidir leis an gcianobair a chumasú mar chuid de fhreagairt na Comhairle ar phaindéim Covid19.

**Córais Faisnéise Geografaí.**

Cumasaíonn an rannóg GIS forbairt agus úsáid GIS laistigh den Chomhairle. Is éard atá i gceist leis seo ná tacú leis na riachtanais GIS i ngach  rannóg trí iarratais, ardáin, oiliúint agus feasacht ar chumas an GIS a sheachadadh. Ina theannta sin, déanann an rannóg GIS idirchaidreamh le comhpháirtithe taobh amuigh den eagraíocht agus glacann sé páirt i dtionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha. Ba iad seo a leanas na príomhthionscadail GIS le linn 2020:

- Córas deasc chabhrach a fhorbairt chun glaonna chuig aonad Tacaíochta Pobail Covid a logáil.
- Tuarascálacha fillte na Roinne a chur ar fáil don Líne Cabhrach Pobail.
- Sonraí oidhreachta a ghlanadh.
- Soláthar le haghaidh réiteach Bainistíochta Sócmhainní.
- Nuashonrú Eircode ar iHouse ionas go bhfuil ceangal le hÉirchód anois ag 97% den stoc tithíochta beo.
- Tacair sonraí a sholáthar le haghaidh seachbhóthar Achadh an Iúir.
- Córas GIS M.App.

- I measc na ngníomhaíochtaí laethúla GIS bhí gabháil sonraí, cothabháil tacair sonraí tríú páirtí agus tacaíocht a thabhairt do réimsí gnó na Comhairle i dtaca le teicneolaíochtaí GIS.

**Bonneagar Líonra**

Tá an roinn I.S. freagrach as bonneagar líonra na Comhairle agus as a chinntiu go bhfuil fáil ar ar na córais agus na seirbhísí TFC agus go bhfuil siad slán. Bhí críochnú na himirce ó LGMA National Forest agus imirce iomlán na gcrua-earraí agus athchur na gcóras oidhreachta ar na príomh ghnéithe a cuireadh i bhfeidhm in 2020.

I measc na dtionscadal sa réimse seo bhí:

- Rinneadh uasghrádú iomlán ar an ionad sonraí lena n-áirítear an bonneagar lárnach freastalaí a athchur.
- Críochnaíodh an imirce ó LGMA National Forest.
- Críochnaíodh tairiscint SD-WAN, agus rinneadh suiteálacha nua chun seanbhonneagar a athchur ag dhá shuíomh cianda.
- Rinneadh athchóiriú TF in oifig ceantair Bhéal Tairbirt.
- Cuireadh bonneagar TF i isteach in oifig na Geopháirce sa Bhlaic.
- Rinneadh uasghrádú ar réiteach cartlainne ríomhphoist agus comhad.
- Leathnaíodh an líonra Wi-Fi fad le Moynehall
- Bhí athchóiriú déanta ar bhonneagar TFC Mhúsaem an Chontae.
- Cuireadh córas teileafóin néalbhunaithe isteach go tapa le haghaidh deasc chabhrach Covid.

**An Fhoireann um Chlaochlú Digiteach**

Díríonn an fhoireann um Chlaochlú Digiteach ar an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda a sheachadadh sa Chabhán, gníomhaíochtaí atá sa Straitéis Dhigiteach a chur chun cinn agus cur le soghluaisteacht agus le feasacht dhigiteach na foirne sa Chomhairle. Tugtar tosaíocht freisin do sheirbhísí níos fearr a sholáthar don phobal agus saoránaigh a bheith páirteach sa chlaochlú digiteach.

- Rannpháirtíocht leis an NBI agus tacaíocht leanúnach dó, chun cabhrú leis an PNL a seachadadh go háitiúil. Bhí an Cabhán ar cheann de na chéad

chontaetha sa tír a thairg naisc thráchtála faoi fheidhmiú céimneach snáithín an PNL.

- Tionscadal Phointe Nasctha Leathanbhanda (BCPanna): Bhí 5 as 12 BCPanna sa Chabhán beo ag NBI ag deireadh 2020 agus 3 cinn eile beagnach críochnaithe.
- Bhí an leagan deiridh den Straitéis Dhigiteach do Chontae an Chabháin curtha i gcrích.
- Cuireadh an tionscnamh WiFi4EU i bhfeidhm, tá 15 as 60 pointe rochtana Wi-Fi saor in aisce suiteáilte i mbaile Achadh an Iúir agus i mBaile Shéamais Dhuibh.
- Forbairt an tSoláthair in O365.
- Rannpháirtíocht i gclár slándála Teams a bhí urraithe ag Microsoft.
- Bhí rath ar iarratas ar mhaoiniú chun bonneagar BCP a fheabhsú trí scéim mhaoinithe T&V.
- Rinneadh cúrsaí foghlama ar líne a sheachadadh trí bhogearraí LMS365.

**Slándáil TFC**

Cinntíonn slándáil TFC sábháilteacht agus slándáil ár sonraí agus ár gcóras agus tá sé ar cheann de na feidhmeanna is tábhachtaí de chuid na Roinne TF. Áirítear le slándáil TF na teicneolaíochtaí, na próisis agus na cleachtais atá ceaptha chun líonraí, feistí, cláir agus sonraí a chosaint ar ionsaí, damáiste, nó rochtain neamhúdaraithe. Agus an chianobair á cur i bhfeidhm go tapa in 2020, chaithfeadh an tslándáil sonraí an timpeallacht nua seo a aithint.

- Cuireadh fíordheimhniú ilfhachtóiriúil i bhfeidhm ar gach nasc cianda.
- Bhí bogearraí nua bainistíochta críochphointe suiteáilte le go bhféadfaí ciantacaíocht a thabhairt agus nuashonrú na gcóras uile a cheadú.
- Cuireadh cúltaca nua lasmuigh, a bhí óstáilte ar néal & réiteach DR i bhfeidhm.
- Bhí oiliúint chibearshlándála san áireamh mar chuid d'ionduchtú foirne nua.

**Oibríochtaí**

Tá réimse oibriúcháin na Roinne TF freagrach as an tacaíocht theicniúil a chur ar fáil

ó lá go lá do gach úsáideoir foirne agus do bhaill tofa Chomhairle Contae an Chabháin.

- Oiliúint ar MS Teams don fhoireann agus do chomhaltaí tofa agus é a chur i bhfeidhm.
- Cianobair a bhunú agus a imlonnú go tapa.
- Níos mó ná 120 ríomhaire glúine cumraithe agus curtha ar fáil don fhoireann.
- Suíomh gréasáin agus bogearraí deontais ReStart curtha i bhfeidhm.
- Gléasanna táibléid tugtha do thithe altranais áitiúla.
- Tháinig méadú os cionn 28% ar líon na nglaonna chuig an bpríomhdheasc cabhrach ag iarraidh tacaíochta 3,288 in 2019 go dtí 4227 in 2020.
- Tairseach nua foghlama foirne *Tech4Staff* forbartha don fhoireann.

## Seirbhísí Éigeandála




*Téann baill de Sheirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin agus Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin i bpáirt lena gcomhghleacaithe sa tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna agus sa Gharda Síochána chun tacú leis na Cúramóirí Sláinte Líne Tosaigh le linn "Shine A Light" ag Ospidéal Ginearálta an Chabháin an 11 Aibreán 2020*

### Seirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin

Ag deireadh na bliana 2020 bhí 93 comhraiceoir dóiteáin fostaithe ag Comhairle Contae an Chabháin i 10 stáisiún dóiteáin atá lonnaithe ar fud an Chontae. Le linn 2020 chuaigh triúr comhraiceoir dóiteáin ar scor ón tSeirbhís Dóiteáin, thosaigh naonúr nua agus chríochnaigh siad an chéad chéim dá gcuid oiliúna.

**Táscairí Seirbhíse**

***F1: Costas per Capita na Seirbhíse Dóiteáin*** €47.68

| **F2:** ***Slógadh Seirbhíse*** | **Tine** | **Neamh-Dóiteáin** |
|---|---|---|
| Meán-am a thóg sé, i nóiméid, leis an mbriogáid dóiteáin a thabhairt le chéile | 5:53 | 6:02 |

| ***F3: Céatadán Amanna Freastail ag Láithreacha*** | **Tine** | | **Neamh-Dóiteáin** | |
|---|---|---|---|---|
| | % | Líon | % | Líon |
| An chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad | 24.28 | 42 | 30.49 | 111 |
| An chéad fhreastal ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 56.07 | 97 | 48.08 | 175 |
| An chéad fhreastal ar an láthair tar éis 20 nóiméad | 19.65 | 34 | 21.43 | 78 |

**Glaonna ar an tSeirbhís Dóiteáin**

| **An Cineál Glao / Líon na** n**Glaonna** | **2013** | **2014** | **2015** | **2016** | **2017** | **2018** | **2019** | **2020** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tinte simléir i dTithe | 64 | 40 | 45 | 47 | 32 | 35 | 36 | 37 |
| Tinte Tí Eile | 36 | 40 | 60 | 33 | 41 | 44 | 30 | 34 |
| Tinte eile | 37 | 35 | 28 | 47 | 45 | 47 | 39 | 36 |
| Tinte Portaigh/Foraoise | 38 | 12 | 17 | 17 | 39 | 18 | 9 | 34 |
| Tinte Mótarfheithiclí | 23 | 25 | 28 | 19 | 20 | 21 | 16 | 10 |
| Timpistí Tráchta ar Bhóithre | 55 | 82 | 73 | 69 | 58 | 67 | 72 | 52 |
| Tuilte | 8 | 15 | 16 | 4 | 14 | 11 | 28 | 28 |
| Teagmhais Cheimiceacha | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Seirbhísí Speisialta (Eile) | 194 | 147 | 218 | 244 | 338 | 377 | 261 | 335 |
| Rabhadh Bréige (Dea-rún) | 20 | 19 | 18 | 51 | 36 | 50 | 57 | 57 |
| Rabhadh Breige (Mailíseach) | 4 | 1 | 3 | 2 | 2 | 2 | 6 | 3 |
| **Iomlán na nGlaonna** | **456** | **479** | **416** | **506** | **533** | **594** | **554** | **626** |

D’fhreagair an tSeirbhís Dóiteáin 693 glao a bhain le 626 teagmhas in 2020, rud atá chóngarach do líon na bhfreagraí in 2019.



Tacaíocht comhrac dóiteáin ón aer le linn tine foraoise taobh amuigh de Bhéal Átha Conaill i mBealtaine 2020

**Clár Caipitil**

Ar an 29 Nollaig 2020, cheadaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Fearas Dóiteáin nua do Sheirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin sa Chlár Caipitil 2021 – 2023. Cuirfear tús le hobair dheartha don fheithicil nua seo i dtús na bliana 2021.

Aithníodh Stáisiún Dóiteáin nua do Bhaile Shéamais Dhuibh mar cheann de 16 thionscadal tosaíochta nua i gClár Caipitil na Seirbhíse Dóiteáin 2016 – 2020. D'athdhearbhaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an gealltanas seo i gClár Caipitil na Seirbhísí Dóiteáin 2021 – 2025 a fógraíodh an 29 Nollaig 2020. Ar an 26 Feabhra 2020, cheadaigh baill Cheantar Bardasach Bhaile Shéamais Dhuibh cead pleanála Chuid VIII don stáisiún nua. Le linn an dara leath de 2020, lorgaíodh tairiscintí do chéim na tógála agus rinneadh iad a mheas. Cuireadh tuarascáil mhionsonraithe faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag iarraidh cead tús a chur leis an obair thógála.



*Baill de Cheantar Bardasach Bhaile Shéamais Dhuibh agus de Chomhairle Contae an Chabháin nuair a tugadh cead pleanála Chuid VIII do Stáisiún Dóiteáin nua Bhaile Shéamais Dhuibh.*

**Paindéim COVID-19**

Bunaithe ar threoir ón Rialtas, ó FSS agus ón Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála, forbraíodh plean freagartha Covid-19 le haghaidh Seirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin. Tá baill gach criú roinnte ina n-aonaid bheaga chun freastal ar na stáisiúin dóiteáin d'fhonn a chinntiú go raibh siad ullmhaithe mar ba cheart le dul i mbun oibre agus chun steiriliú a dhéanamh ar an trealamh agus ar na foirgnimh go léir. Bhíothas in ann freagairt go hiomlán do gach teagmhas i rith an ama. Agus iad ag freagairt, bíonn bearta breise i bhfeidhm chun ar an scaradh fisiciúil a fheabhsú agus an seans neamhchosanta a laghdú.

Tá na seirbhísí ar fad fós á gcur ar fáil go hiomlán, bíonn oifigeach sinsearach amháin lonnaithe sa Cheanncheathrú gach lá agus rochtain iomlán ag an gcuid eile den fhoireann ar gach córas agus iad ag obair go cianda.

**Pleanáil do Mhóréigeandáil**

Eisíodh an chéad Phlean Móréigeandála de chuid Chomhairle Contae an Chabháin faoi Chreat 2006 um Pleanáil Éigeandála i Meán Fómhair 2008 agus rinneadh athbhreithniú ar an bPlean is déanaí agus eisíodh é ag tús na bliana 2016. Rinneadh athbhreithniú ar aguisíní an phlean i rith 2019 chun athruithe foirne a léiriú. Is é

Teach na Cúirte sa Chabhán an tIonad Comhordúcháin Áitiúil i gcás Móréigeandála sa Chontae. Mar gheall ar Phaindéim Covid-19 níor tugadh faoi aon Oiliúint Mhóréigeandála le linn 2020.

Chuir Comhairle Contae an Chabháin a Foireann Bainistíochta Géarchéime (CMT) i mbun gnímh chun freagairt eagraíochtúil chomhleanúnach agus éifeachtúil ar phaindéim Covid-19 a chinntiú. Bhíodh éagsúlacht ann mar a bhain le minicíocht na chruinnithe an CMT ag brath ar riachtanais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Bhí an CFO Noel O'Reilly agus an ACFO Robert Dunne ina mbaill den CMT. Reáchtáladh cruinnithe rialta den Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnach (RSG) agus den Ghrúpa Oibre Réigiúnach (RWG) go fíorúil le comhordú a dhéanamh ar comhfhreagairt na ngníomhaireachtaí go léir.

Shocraigh an Grúpa Náisiúnta Idirghníomhaireachta PPE a dháileadh ar Stiúrthóirí Sochraide. Laistigh den Chabhán rinne an tSeirbhís Dóiteáin éascaíocht air seo. Rinneadh teagmháil le gach Stiúrthóir Sochraide taobh istigh den chontae agus má theastaigh aon PPE breise uathu tugadh dóibh iad.

**Athbhreithniú ar Chumas na Seirbhíse Dóiteáin**

Thug an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin & Éigeandála faoi Athbhreithniú Cumais leathlae ar an tSeirbhís Dóiteáin an 29 Iúil 2020. Áiríodh a dtorthaí i dtuarascáil náisiúnta uathrialaithe, dar teideal *Response, Resilience and Recovery – A Review of the Impact of Covid-19 on Irish Fire Services.*

**Oiliúint**

In 2020, chuir paindéim Covid-19 an-srian ar na gníomhaíochtaí oiliúna a bhí beartaithe do Sheirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin. Cuireadh stop le gach oiliúint, lena n-áirítear oiliúint ar sa stáisiún (oícheanta druileála) ar feadh cúig mhí. Agus iad ina stad cuireadh an oiliúint seo a leanas ar fáil: Oiliúint Iompair maidir le hUrrann Tine Comharthaí, Soilsiú & Cosaint, Caighdeán Tiomána na Seirbhísí Éigeandála, Cinnteoireacht Éifeachtach d'Oifigigh Dóiteáin, Teagmhais Thromchúiseacha a Bhainistiú, Gaireas Análaithe Initial Wearers, Athnuaitheoirí

Gaireas Análaithe, Pump Operator Instructor, Seimineár Gréasáin maidir le hInnealtóireacht Sábháilteachta Dóiteáin, Feasacht Covid-19.

Cuireadh tús le Cúrsa Scileanna Comhrac Dóiteáin trí seachtaine a raibh creidiúint QQI aige i Stáisiún Dóiteáin Achadh an Iúir ar an 9 Samhain 2020. D'fhreastail naonúr comhraiceoir Dóiteáin as Chontae an Chabháin ar an gcúrsa seo agus bheirt as Contae Mhuineacháin.




*Cúrsa Scileanna Comhrac Dóiteáin le Creidiúnú QQI, Samhain 2020*
*An Líne Cúil (C go D): John Flynn (S.O. Béal Tairbirt), John Lovett (S.O. Baile Shéamais Dhuibh), Robert Dunne (A.C.F.O.), Patrick Farrelly (S.O. Achadh an Iúir ), Martin Kelly (S.O. Dún an Rít),*
*An Líne Láir: Christian Fuglsang (Dún an Rí), Daryll McNulty (Béal Átha Conaill), Brendan McGovern (Dowra), Michael Clamp (Dún an Rí), Colm O'Reilly (Cill na Seanrátha),*
*An Líne Tosaigh: Philip Morgan (Achadh an Iúir ), Patrick Duffy (Carraig Mhachaire Rois), Aaron Pickens (Muinchille), Conal Johnson (Baile Shéamais Dhuibh), Rory McPartland (Dowra)*

## Cosc Dóiteáin

Déantar cigireacht gach bliain ar thithe poiblí, óstáin, bialanna, hallaí pobail, clubanna agus stáisiúin pheitril mar gheall ar riachtanais reachtacha agus le próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais deochanna meisciúla, ceadúnais rince, ceadúnais club, ceadúnais substaintí contúirteacha agus Ceadúnais Chearrbhachais agus Chrannchuir.

Mar gheall ar phaindéim Covid-19, cuireadh an clár sábháilteachta dóiteáin pobail,

clár na mbunscoileanna agus an clár aláraim deataigh de chuid Sheirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin ina stad don bhliain 2020.

Faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, teastaíonn Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán sula dtógtar, leathnaítear nó sula ndéantar aon athrú ábhartha ar fhormhór na bhfoirgneamh, seachas tithe cónaithe agus foirgnimh talmhaíochta. Fuarthas 51 Iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán san iomlán i 2020 agus táillí arbh fhiú €75,012 iad.




An Cathaoirleach, An Comhairleoir Sarah O'Reilly le Conor Harrington FF, SO Joey McDonald & CFO Noel O'Reilly nuair a cuireadh Teach na Cúirte faoi shoilse dearga chun Seachtain na Sábháilteachta Dóiteáin a chomóradh

**Sláinte agus Sábháilteacht**

Is obair leanúnach atá sa phróiseas a dhéanann athbhreithniú ar chaighdeáin inniúlachta agus sábháilteachta na gconraitheoirí agus na soláthraithe seirbhíse atá ag an tSeirbhís Dóiteáin. Tá Scéim Sláinte Gairme ag an gComhairle Contaeagus

déantar scrúdú leighis ar na Comhraiceoirí Dóiteáin faoi Chomhaontú Náisiúnta na gComhraiceoirí Dóiteáin.

Déantar gach feithicil a sheiceáil agus a thástáil go neamhspleách lena chinntiú go bhfuil siad ródacmhainneach.

**Daoine sa tSeirbhís Dóiteáin a chuaigh ar scor**

Chuaigh Patrick McGrail, Oifigeach Stáisiúin, Briogáid Dóiteáin Dowra, Derek Crowe, Tiománaí, Briogáid Dóiteáin Bhéal Átha Chonaill agus Gary Crosby, Comhraiceoir Dóiteáin, Briogáid Dóiteáin Dhún an Rí, ar scor in 2020. Thug siad 65 bliain seirbhíse agus tiomantais don tSeirbhís Dóiteáin eatarthu.

Gabhaimid buíochas le Patrick, Derek agus Gary as gach rud a rinne siad do Sheirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin.

## Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin

Ní raibh bliain ar nós 2020 ann riamh cheana i stair na Cosanta Sibhialta mar gur tháinig géarchéim Covid-19 i mí an Mhárta agus mar gheall ar an dúshlán a bhain leis seo ba í an bhliain seo an bhliain ba ghnóthaí a bhí ag Cosaint Shibhialta an Chabhán ó bunaíodh í i 1951.

**Dualgais**

Chríochnaigh Saorálaithe Chosaint Chontae an Chabháin 662 tasc le linn 2020 agus bhí siad ar cheann de na haonaid ba ghníomhaí in Éirinn ar fad. Thosaigh 2020 amach mar a bheadh aon bhliain eile ann agus dualgais lena n-áirítear imeachtaí pobail, cluichí peile agus cuardaigh le comhlíonadh. I mí eabhra thaistil 22 Oibrí Deonach go Baile Átha Cliath agus thug siad faoi dídean do dhaoine gan dídean an Chosaint Shibhialta ar Ché Wolf Tone a reáchtáil ar feadh 7 n-oíche agus níos déanaí sa mhí bhí Oibrithe Deonacha ag caitheamh laethanta fada, lena n-áirítear deireadh seachtaine, i mbun oibre arís ag iompar teaghlaigh a bhí sáinnithe isteach agus amach as a dtithe trí bhóithre a bhí faoi thuilte thar thréimhse11lá.



*Teaghlaigh a n-iompar trí bhóithre a bhí faoi thuilte i mí Feabhra/Márta*

Nuair a thosaigh srianta Covid agus an dianghlasáil bhí Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin, mar aon le Príomhoide Mheánscoil Naomh Bricin i mBéal Tairbirt agus Forbairt Áitiúil Chontae an Chabháin, lárnach ó thaobh tús a chur leis an Mol Bia agus suas go dtí mí Lúnasa bhailigh, phacáil agus sheachaid Óglaigh Cosanta Sibhialta Chontae an Chabháin beartáin bhia chuig na céadta teaghlach a bhí i ngátar ar fud an chontae. Bhí Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin ar thús cadhnaíochta freisin mar a bhain le Béilí ar Rothaí a bhunú ar fud an chontae agus bhí Oibrithe Deonacha ag tabhairt béilí fud fad an chontae ar feadh breis agus sé mhí. Aistríodh an dá thasc chuig ár gcomhpháirtithe sa tionscadal, Forbairt Áitiúil Chontae an Chabháin a bhí in ann foireann a fuair íocaíocht a chur ar fáil ansin chun na seirbhísí seo a reáchtáil. Mar sin féin, tá Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin fós ag bailiú bia gach Máirt ón Néal Bia i mBaile Átha Cliath do Mhol Bia an Chabháin.

Chabhraigh Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin freisin le hOspidéal Ginearálta an Chabháin othair a raibh Covid orthu a iompar chuig agus ón ospidéal le haghaidh scagdhealú agus chuig Tithe Altranais agus Ionaid Aonraithe d'fhonn leapacha a choinneáil saor do na hothair ar theastaigh siad go géar uathu.



***Na trí otharcharr Cosanta Sibhialta taobh amuigh d'Ospidéal Chabhán Ginearálta agus iad i mbun othair Covid a iompar***

Bhíomar an-chúramach mar a bhain le sláinteachas agus PPEanna agus caithfidh muid  buíochas a ghlacadh le Seirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin agus le Siopaí Chomhairle Contae an Chabháin as PPE den scoth a chur ar fáil dúinn. Fuair Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin tabhartas de threalamh cosanta pearsanta freisin ó Portwest.  Ar ámharaí an tsaoil ní bhfuair aon Oibrithe Deonacha Covid-19 agus iad ag comhlíonadh a ndualgais le Cosanta Sibhialta.




Oibrí Deonach de chuid Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin feistithe amach in éide iomlán PPE réidh le haghaidh dualgais a bhain le Covid

Bhunaigh Comhairle Contae an Chabháin líne chabhrach chun cuidiú le daoine a bhí i ngátar (córas iompair, siopadóireacht, etc.) Bhí Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin páirteach ó thús, agus na tascanna ar fad á ndéanamh acu i dtosach go dtí go raibh oiliúint curtha ar an hOibrithe Deonacha áitiúla agus grinnfhiosrúcháin

déanta orthu ag na Gardaí. Ina dhiaidh sin rinne siad formhór na dtascanna iompair go háirithe ag tabhairt daoine leochaileacha chuig coinní ospidéil i mBaile Átha Cliath, i nDroichead Átha, san Uaimh agus i Sligeach.

Chabhraigh Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin leis an tSeirbhís Fuilaistriúcháin ag a gclinicí ar fud an chontae agus chuidigh sé leis an tSeirbhís Leabharlainne beartáin leabhar a thabhairt chuig daoine a bhí scoite amach.



Oibrí Deonach de chuid Chosaint Sibhialta Chontae an Chabháin ag cabhrú ag an gClinic Fuilaistriúcháin in Achadh an Iúir



Bronnadh ón IBTS mar chomhartha buíochais as an gcabhair a thug Oibrithe Deonacha Chosaint Sibhialta Chontae an Chabháin i rith na bliana

Chabhraigh Oibrithe Deonacha Chontae an Chabháin le Foireann Cúraim Phríomhúil

FSS freisin trí dhaoine a iompar chuig an Ionad Tástála agus chuig an Mol Measúnaithe agus earraí leighis a thabhairt chuig daoine scothaosta agus béilí chuig daoine a bhí ag aonrú mar gheall ar Covid-19.

I gcaitheamh na bliana, chabhraigh Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin le Simon Outreach Bhaile Átha Cliath agus le Teach Oscail an Chabháin trí córas iompair a chur ar fáil, bhailigh sé PPE do Chomhairle Contae an Chabháin i mBaile Átha Cliath agus chabhraigh sé le Seirbhís Phríosúin na hÉireann, a d'iarr go dtabharfaí plandaí ceapaí agus soithigh le haghaidh bláthanna chuig daoine scothaosta ón ngairdín margaidh atá acu i dTeach Loughan.



Cuid de na bláthanna agus na plandaí a bhronn an tSeirbhís Phríosúin ar dhaoine scothaosta agus a dháil Cosaint Shiabhalta an Chabháin

Chuidigh foireann an SUA (Drón) leis  An nGarda  Síochána  le cuardaigh i Muineachán agus chabhraigh an tSeirbhís Dóiteáin le tine aitinn in aice le Achadh an Iúir. Chuidigh siad freisin leis Rannóg Innealtóireachta Chomhairle Contae an Chabháin le suirbhéanna a dhéanamh ón aer le linn na dtuilte i mí Feabhra/Márta. Thug Foireann na mBád cabhair don tSeirbhís Dóiteáin le heachtraí a bhain leis an abhann i mBéal Átha Conaill agus i mBéal Tairbirt.



Cavan County Civil Defence Drone images of a forrest fire on 3rd June 2020.
(LHS: normal view, RHS: Infra-red view)

**Oiliúint**

Gearradh siar go mór ar an oiliúint mar gheall ar Phaindéim Covid-19. Chríochnaigh triúr Oibrí Deonach cúrsa Teicnící Marthanais Pearsanta i gceanncheathrú an Chabhlaigh i Rinn an Scidígh i gCorcaigh i mí Eanáir, bhí 24 Oibrí Deonach athcháilithe san oiliúint ar láimhsiú i mí Dheireadh Fómhair agus d'éirigh le seisear Oibrí Deonach a gcuid scrúduithe Céad Fhreagróir Éigeandála a bhaint amach i mí na Samhna. Athdheimhníodh na píolótaí Drone ag lá oiliúna i mBaile Mhic Gormáin i Mí Mheán Fómhair agus chríochnaigh ár dteagascóirí ceithre chúrsa Céad Fhreagróir d'Fhoireann na Comhairle. Cuireadh tús arís le hoiliúint bád i rith an tSamhraidh nuair a mhaolaíodh na srianta ach cuireadh stop leo arís le linn an Gheimhridh, tráth ar tháinig an dara dianghlasáil i bhfeidhm.

**Trealamh**

I rith na bliana fuair Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin Ford Ranger Jeep nua in ionad na sean feithicle agus maoinigh Brainse Cosanta Sibhialta é seo trí Chistí na gCuntas Díomhaoin. Fuair siad freisin otharcharr Renault 131 nach dteastaíonn ach ceadúnas "B" chun é tiomáint agus baineadh an-úsáid as an bhfeithicil seo i rith na bliana.

Cheannaigh Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin meaisín "déanta ceo" freisin cabhrú le feithiclí agus seomraí oiliúna a steiriliú sa chaoi is go mbeadh an obair a bhaineann leis an níochán láimhe idir gach tasc níos éasca.

I dtreo dheireadh na bliana fuair Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin áitreabh i Pullamore a bheidh ina cheanncheathrú agus ina ionad oiliúna don chontae. Le linn 2021 cuirfear feistiú an fhoirgnimh seo chun cinn. Is tuar dóchais don todhchaí é do na hOibrithe Deonacha go bhfuil an dul chun cinn seo déanta ar an gceanncheathrú nua agus ar an ionad oiliúna.

**Foireann/Oibrithe Deonacha**

Mar gheall ar gur tháinig méadú ar an ualach oibre ceapadh Oifigeach Cúnta Cosanta Sibhialta sealadach ar feadh ceithre mhí ag tosú i mí Aibreáin agus murach an chabhair a thug sí ní fhéadfadh Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin an leibhéal seo gníomhaíochtaí a choinneáil ar bun.

Tá suas le 200 Oibrí Deonach gníomhach ag Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin ach gan amhras, mar gheall ar chúinsí pearsanta, ní fhéadfadh gach duine acu seo a bheith páirteach i ndualgais a bhain le Covid. Rinneadh gach iarracht na hOibrithe Deonacha seo a choinneáil ar an eolas agus deis a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh in oiliúint ar líne nuair a d'fheil.

Ghlac os cionn 60 Oibrí Deonach páirt i dtascanna i rith na bliana agus iad bródúil as a bheith ábalta cuidiú le daoine a bhí i ngátar ar fud an chontae agus táimid an-bhuíoch de na hOibrithe Deonacha ar fad as a dtiomantas agus as an obair iontach a rinne siad.

Tá gach iarracht déanta ag Cosaint Shibhialta an Chabháin cabhrú leo siúd ar fad a d'iarr a gcabhair agus tá a gcion déanta acu ó thaobh cabhrú leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha agus le muintir an Chontae le linn na tréimhse dúshlánaí seo.

## RÁITEAS CUNTAS

**Comhairle Contae an Chabháin – AFS 2020 Neamh-iniúchta**

**ACHOIMRE AR CHAITEACHAS IONCAIM AGUS AR AN gCUNTAS IONCAIM 2020**

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Caiteachas (A)** | **92,459** | **70,157** |
| | | |
| **Fáltais** | | |
| Deontais Stáit | 49,646 | 30,651 |
| Earraí & Seirbhísí | 16,679 | 15,967 |
| Rátaí Tráchtála | 16,481 | 13,884 |
| Údaráis Áitiúla Eile | 173 | 174 |
| Ciste Rialtais Áitiúil | 9,480 | 9,481 |
| **Ioncam Iomlán (B)** | **92,459** | **70,157** |
| | | |
| **(Easnamh)/Barrachas (B-A=C)** | 0 | 0 |
| | | |
| **Ioncam Tosaigh** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir (D) | 1,743 | 1,743 |
| Ioncam Deiridh | | |
| **Iarmhéid Deiridh amhail an 31 Nollaig (C+D+E)** | **1,743** | **1,743** |

**Caiteachas Ioncaim 2020**

| | €'000 | % den Chaiteachas Iomlán |
|---|---|---|
| Tithíocht agus Tógáil | 9,599 | 10.38% |
| Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht | 25,296 | 27.36% |
| Soláthar Uisce agus Séarachas | 9,177 | 9.93% |
| Dreasachtaí Forbartha agus Rialú | 18,040 | 19.51% |
| Seirbhísí Comhshaoil | 7,597 | 8.22% |
| Áineas agus Conláiste | 5,351 | 5.79% |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | 681 | 0.74% |
| Ilghnéitheach | 11,621 | 12.57% |
| Aistriú chuig Caipiteal | 5,097 | 5.51% |
| **Iomlán** | **92,459** | **100.00%** |

**Ioncam 2020**

| | €'000 | % den Ioncam Iomlán |
|---|---|---|
| Tithíocht agus Tógáil | 10,469 | 11.32% |
| Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht | 17,883 | 19.34% |
| Soláthar Uisce agus Séarachas | 9,040 | 9.78% |
| Dreasachtaí Forbartha agus Rialú | 13,993 | 15.13% |
| Seirbhísí Comhshaoil | 2,625 | 2.84% |
| Áineas agus Conláiste | 1,322 | 1.43% |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | 483 | 0.52% |
| Ilghnéitheach | 10,684 | 11.55% |
| Rátaí | 16,481 | 17.82% |
| Ciste Rialtais Áitiúil | 9,480 | 10.25% |
| **Iomlán** | **92,459** | **100.00%** |

**ACHOIMRE AR CHAITEACHAS CAIPITIL AGUS AR AN gCUNTAS IONCAIM 2020**

| **Grúpa na gClár** | **2020 Caiteachas €'000** | **2020 Ioncam €'000** |
|---|---|---|
| Tithíocht agus Tógáil | 11,290 | 11,106 |
| Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht | 5,384 | 5,153 |
| Soláthar Uisce agus Séarachas | 1,041 | 1,041 |
| Dreasachtaí Forbartha agus Rialú | 3,340 | 3,838 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 419 | 219 |
| Áineas agus Conláiste | 2,124 | 3,392 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | 0 | 0 |
| Ilghnéitheach | 1,823 | 396 |
| **Iomlán** | **25,420** | **25,145** |

| | **2020 €'000** |
|---|---|
| **Iarmhéid Tosaigh (Dochar)/Creidmheas amhail an 1 Eanáir** | 18,776 |
| Caiteachas | 25,420 |
| Ioncam | 25,145 |
| Aistrithe chuig Ioncam | 698 |
| Glan-Aistrithe ón gCuntas Ioncaim | 3,615 |
| **Iarmhéid Deiridh (Dochar)/Creidmheas amhail an 31 Nollaig** | **21,417** |